

# Scéimeanna agus Seirbhísí 2006-2007

Scéimeanna agus Seirbhísí 2006-2007





## AN ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA - PRÍOMHOIFIGÍ

Príomhoifig -Teach Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

Lóghlao: 1890 200 510 nó 01 6072000

Oifig an Chabháin -Foirgnimh an Rialtais, Sráid Fhearnáin, An Cabhán, Co. an Chabháin.

Lóghlao: 1890 200 508 nó 049 4368200

Oifig Mhaigh Nuad – Campas Gnó Mhaigh Nuad, Bloc B, Maigh Nuad, Co. Chill Dara

01 5053300

Oifig Phort Laoise - Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co Laoise.

Lóghlao: 1890 200 506 nó 057 8674400

Lóghlao: 1890 200 566 (Scéim na hAoníocáíochta)

Oifig Loch Garman -Eastát Chaisleáin Bhaile Sheonach, Loch Garman.

Lóghlao: 1890 200 509 nó 053 9163400

Féach **Aguisíní 1A go 1F** le haghaidh sonraí teagmhála iomlána d'oifigí na Roinne, saotharlanna srl.

Féach **Aguisín 2** le haghaidh sonraí teagmhála iomlána do Choláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta Teagasc agus Seirbhísí Comhairleoireachta agus Traenála na gContaetha.

## SCÉIMEANNA AGUS SEIRBHÍSÍ 2006-2007

Tá cóipeanna den leabhrán seo ar fáil ar iarratas  
ó oifigí áitiúla na Roinne, ó Oifigí Teagasc,  
trí ríomhphost ó [publications@agriculture.gov.ie](mailto:publications@agriculture.gov.ie), nó sa phost ón  
Rannóg um Ghnóthaí Corparáideacha,  
An Roinn Talmhaíochta agus Bia,  
Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

Ar fáil freisin ar láithreán gréasáin na Roinne: [www.agriculture.gov.ie](http://www.agriculture.gov.ie)

© AN ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA 2006

Tá an leabhrán seo ceaptha mar threoir amháin ar na scéimeanna agus seirbhísí feidhmithe ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí ábhartha eile agus níl aon stádas dlíthiúil aige.

**Ar mhaith leat trácht a dhéanamh ar Scéimeanna agus Seirbhísí 2006-2007**

Táimid de shíor ag lorg slite chun ár bhfoilseacháin a fheabhsú agus bheimis an bhuíoch as ucht do chuid aiseolais ar chur i láthair, leagan amach agus ábhar an leabhráin seo.

Is féidir leat do thuairimí a thabhairt dúinn trí **scríobh** chuig

An Rannóg um Ghnóthaí Corparáideacha (Scéimeanna agus Seirbhísí)

Bloc 6E

An Roinn Talmhaíochta agus Bia

Teach Talmhaíochta

Sráid Chill Dara

Baile Átha Cliath 2.

Nó trí **ríomhphost** chuig:

[publications@agriculture.gov.ie](mailto:publications@agriculture.gov.ie)

*Go Raibh Maith Agat*

# CLÁR NA NÁBHAR

## BROLLACH ÓN AIRE

### 1. EOLAS GINEARÁLTA

Idirlíon	12
ríomhSheirbhísí	12
Seirbhís do Chustaiméirí	13
Cairt Um Chearta Le hAghaidh Feirmeoirí	14
Ráiteas Íocaíochta Bliantúil na bhFeirmeoirí	14
Íocaíochtaí Sochair Dhíreacha	14
Saoráil Faisnéise	15
Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2006	16
Oifig Achomhairc Talmhaíochta	17
Painéal Idirchaidrimh Tomhaltóra	18
Idirchaidreamh Sábháilteachta Bia	18

### 2. ÍOCAÍOCHTAÍ TACAÍOCHTA D'FHEIRMEOIRÍ

Scéim na hAoníocaíochta	22
An Cúlchiste Náisiúnta	23
Trádáil/Aistríú Teidlíochtaí Aoníocaíochta	24
Modhnú	24
Traschomhlíonadh	24
Nósanna Imeachta Achomhairc	25
Scéim Liúntais Cúitimh do Limistéir Faoi Mhíbhuntáiste Bunaithe sa Limistéir	25
Cúnamh Limistéir	27
Dea-Chleachtas Feirmeoireachta	27

### 3. BEARTA TACAÍOCHTA MARGAIDH

Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta	30
Idirghabháil Mhairteola	30
Idirghabháil Arbhair	30
Im Idirghabhála agus Púdar Baine Bhearrtha (Smp)	31
Idirghabháil Siúcra	31
Cúnamh do Stóráil Phríobháideach	31
Beartais Tacaíochta na Margáil Baine AE Eile	32

### 4. COMHSHAOL TALMHAÍOCHTA

An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS)	34
Feirmeoireacht Orgánach	37

## 5. FORAOISEACHT

Deontais Coillteoireachta agus Rátaí Préimhe	40
Cláir Oibriúcháin Réigiúnacha 2000-2006	41
Nós Imeachta Achomhairc an tSeirbhís Foraoiseachta	43
Rialú Leagain	44
Cosaint Lotnaide agus Galair Foraoiseachta	44
Onnmhairiú Pacáistiú Adhmaid (Pailléid, Ciseanna, srl.) – Uimh. ISPM 15	45
Ábhar Atáirgeadh Foraoiseachta	45

## 6. FEABHSÚCHÁIN STRUCHTÚRTHA

Scéim um Luathscor ó Fheirmeoireacht.	48
Scéim um Chúnamh Suiteála	49
Scéim um Chúnamh Infheistíochta do Bhainistíocht Dramaíl Feirme	49
Scéim um Chúnamh Infheistíochta do Fheabhsúcháin Caighdeáin Sláinteachais Déiríochta	50
Scéim um Chúnamh Infheistíochta i bhFiontair Mhalartacha (Áiseanna Tithíochta agus Láimhseála)	51
Scéim um Chúnamh Dheontais d'Fheabhsúcháin i gCaighdeáin Leasa Ainmhithe (Tithíocht Cránach)	51

## 7. INRIANAITHÉACHT AINMHITHE

Córas Sainaitheanta do Bheithígh Éireannacha (CMMS)	54
An Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola (NBAS)	55
An Scéim Náisiúnta Sainaitheanta Caorach (NSIS)	55
Córas Náisiúnta Sainaitheanta agus Rianaithe Muc (NPITS)	56
An Scéim Náisiúnta Sainaitheanta Gabhar (NGIS)	57
Clibeanna agus Soláthraithe Clibeanna	58
Soláthraithe Formheasta Clibeanna	59

## 8. TÁIRGEADH/TÁIRGÍ AINMHITHE

### Eallaigh

Ceadúnais A.I. 'Déan Féin É'	62
Ceadúnais Seirbhíse Allamuigh	62
Ceadúnais do Theicneoirí A.I.	63
Ceadúnais do Dháileadh Seamhan Buaibheach	63
Formheas Ionaid Stórála Seamhan Buaibheach	64
Formheas Ionaid Bailiúcháin Seamhan Buaibheach	64
Formheas Foirne Bailiúcháin nó Táirgeadh Uibheacha/Suthanna Buaibheach	65
Bailiúcháin Seamhan Buaibheach ar an bhFeirm	65
Tástálacha Réamh-Iontrála do Thairbh chuig Stáisiúin A.I.	65
Scéim Eallaigh Chiarraí	66
Leabhair Tréada	66
Tástáil Feidhmíochta Lárnach	67
Polasaí Beostoic Glan	67
Scéim Rangú Conablach Mairteola an AE	67
Lipéadú Mairteola	68

<b>Bainne</b>	
Cuótaí Bainne	69
Caihdeáin an AE d'Fheirmeacha Déiríochta agus do Bhainne Díolta do Thomhaltas ag Daoine	69
Táille Cigireachta Déiríochta	70
Cur Chun Cinn/Bolscaireacht	70
<b>Caoraigh</b>	
Cláir Feabhsúchán Póir	70
Ceadúnas chun Inseamhnú Saorga agus Aistriú Sutha a Chleachtadh i gCaoirigh	70
Ionaid Bailiúchán Seamhan Formheasta	70
Leabhar-Tréada Caora agus Gabhair Ionpóraithe	71
Rangú Conablach Uain	71
<b>Muca</b>	
Ionaid Bailiúchán Seamhan Muice Formheasta	71
Leabhar-Tréada agus Clár Póru Muice	71
Grádú Conablach Muice	72
Córas Rialaithe Salmonella Muice	72
<b>Sláinteachas Feola</b>	<b>72</b>
<b>Éanlaith Chlóis agus Uibheacha</b>	
Gorlanna Éanlaithe Chlóis agus Feirmeacha Soláthar Goradh Uibhe	73
Margaíocht Feoil Éanlaithe Chlóis	73
Rialacháin Margaíochta Uibheacha	73
Táirgí Uibhe	73
<b>Capaill</b>	
Formheas Leabhair-Graí	74
Clárú Capall	74
Bord na gCapall	75
Capaill Tarraingthe Éireannach	75
Clár Capall na hÉireann	75
Forbairt Tionscal na gCapall	76
<b>9. SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE</b>	
Galair Infhógartha	78
Scéimeanna um Dhíothaithe Eitinne agus Brúsáloise	79
Eitinn Bhuaibheach	79
Brúsálois Bhuaibheach	80
Réim Chúitimh do Eitinn agus do Bhrúsálois	80
Scéim Luachála Margaidh ar an bhFeirm	81
Fluí Éanúil	85
Scráibeach	86
Clár Náisiúnta Géinitíopa	86

Galar Scrathach Caorach	87
BSE	87
Péirseog	88
Puchán Ae	88
Liúcóis	88
Galar Aujeszky	88
Rialú Bodarnach	88
Scéim Bhailithe Ainmhithe Tite	89
Cníogairí	89
Seirbhísí Saotharlainne Tréidliachta	90
Cógais Tréidliachta	90
Formheas agus Clárú Déileálaithe	91
Rialacháin a Rialaíonn Díolachán Ainmhithe ag Margáí Beostoic	92
Rialacháin a Rialaíonn Ionaid Tionólta	93
Allmhaire agus Onnmhairiú d'Ainmhithe Feirme Beo	93
Allmhaire d'Ainmhithe Neamh-Thrádálach	94
Allmhairiú do Tháirgí Ainmhithe	94
Leas Ainmhithe	96
<b>10. RIALÚ ÁBHAR BEATHÚCHÁIN</b>	
Rialú Déantúis	100
Riachtanais Lipéadú	100
Teorannú ar Úsáid Phróitéiní Áirithe	100
Sláinteachas Beathaithe	101
Breiseáin in Ábhair Bheathúchain	101
Substaintí Neamh-Imhianaithe	101
Luach Cothaithe	102
Seirbhís Sampláil agus Anailísiú d'Fheirmeoirí	102
<b>11. BARRAÍ AGUS GORTÓIREACHT</b>	
<b>Barraí</b>	<b>104</b>
Scéim Deimhnithe Síolta	104
Cúnamh Deontais (Prátaí Póir)	104
Clárú Cineál	105
Seirbhís Tástála Síolta	105
Clár Tástála Cineál Barraí	105
Acmhainní Géiniteacha Plandaí	106
Prátaí	106
Scéimeanna Cúnaimh	106
Torthaí agus Glasraí	107
<b>Beachaireacht</b>	<b>108</b>

<b>Sláinte agus Trádáil/Lotnaidicíde Plandaí</b>	<b>108</b>
Rialacha an AE	109
Cosaint Plandaí agus Táirgí Bithicídí	109
Clárú agus Údarú	109
Leibhéil Fuílligh	110
<b>Aolchloch Mheilte agus Leasacháin</b>	<b>110</b>
Seirbhísí Anailíteacha	110
<b>12. TIONSCAL BIA AGUS DEOCH</b>	
Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2006	112
Teoracha agus Rialacháin Bia	112
Ceadúnais Allmhairiú Fíona	113
Ceadúnais Allmhairiú Alcól Eitile	113
<b>13. COMHLACHTAÍ AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ STÁIT</b>	
Teagasc	116
Bord Bia	125
Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta	126
Gníomhaireacht Náisiúnta Bainne	126
Coillte Teoranta	127
COFORD	127
<b>14. SEIRBHÍSÍ RIALTAIS EILE</b>	
<b>An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasoíreachta</b>	<b>130</b>
Bord Na gCon	130
Rásaíocht Chapall Éireann	130
<b>An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe Agus Gaeltachta</b>	<b>132</b>
Leader +	132
An Clár Forbairt Tuaithe Náisiúnta LEADER	132
Clár	133
Scéim Shóisialta Tuaithe	134
<b>An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta</b>	<b>136</b>
Íosmhéid Íocaíochta agus Coinníollacha Fostaíochta d'Oibrithe Talmhaíochta	136
<b>An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil</b>	<b>137</b>
Scéim Fheabhsúcháin Áitiúla: Oibreacha Bóthair Feirme	137
Cánachas agus Úsáid Tarracóirí	137
Clár Uisce Tuaithe	138
<b>An Roinn Iompair</b>	<b>140</b>
Sábháilteacht Tarracóra	140
<b>An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta</b>	<b>141</b>

<b>Clárlann na Talún</b>	<b>142</b>
<b>Met Éireann</b>	<b>143</b>
<b>Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim</b>	<b>144</b>
Impleachtaí Cánacha Scéime na hAoníocaíochta	144
Cáin Ioncaim/Cáin Chorparáide/Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	144
Faoiseamh Talmhaíochta ó Cháin Fháiltais Caipitiúil	144
Dleachtanna Stampála	145
Cáin Bhreisluaicha	148
<b>Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann</b>	<b>151</b>
<b>An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh</b>	<b>153</b>
Scéim um Chúnaimh Feirme	153
Comhpháirtíochtaí Feirme/ÁSPC do Chéilí Feirme	154
<b>Coimisiún Forbartha an Iarthair</b>	<b>156</b>
<b>Aguisíní</b>	
1A Oifigí na Roinne	158
1B Oifigí Áitiúla na Roinne	162
1C Cigireacht na Seirbhíse Foraoiseachta	167
1D Saotharlanna agus Stáisiúin Allamuigh	171
1E Foireann Deimhniú Práta Póir	172
1F Cigirí Sláinte Plandaí	174
2 Coláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta Teagasc agus Oifigí Comhairleoireachta agus Traenála na gContaetha	175



**Máire Ní Chochláin T.D.,**  
*An tAire Talmhaíochta agus Bia.*



**Breandán Mac Gabhann T.D.,**  
*Aire Stáit (le freagracht as Bia agus Gortóireacht)*



**Máire de Bhailís, T.D.,**  
*Aire Stáit (le freagracht as an bhforaíocht)*

## BROLLACH ÓN AIRE

Cuireann sé an-áthas orm príomhleabhrán eolais mo Roinne "Scéimeanna agus Seirbhísí 2006-2007" a thionscnamh, soláthraíonn sé treoir chuimsitheach chuig na seirbhísí atá ar fáil do na pobail feirmeoireachta agus na pobail agraí-ghnó agus tuaithe níos leithne.

Ba chloch mhíle suntasach í 2005 do thalmhaíocht na hÉireann le híocaíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta ag teacht ar fheirmeoirí don chéad uair. Tá an t-athrú go híocaíochtaí díchúpláilte mar cheann de an hathruithe nó an athrú indibhidiúil is tábhachtaí i dtalmhaíocht na hÉireann ón uair a tháinig Éire isteach san CEE i 1973. Tabharfaidh sé an cumas do dheiseanna agus do dhúshlán éachtacha araon d'fheirmeoireacht, d'fhoraoiseacht agus don earnáil agraibhia. Sa chomhthéacs seo, beidh nuálaíocht, iomaíocht agus fócas tomhaltóra mar bhreithniúcháin ríthábhachtacha d'eilimintí uile laistigh den earnáil.

Ba mhór an tabhairt faoi a bhí san athrú chuig an aoníocaíocht thar aon chaighdeán agus bhí iarracht ollmhór ó mo Roinn riachtanach. Léirigh feirmeoirí toilteanas iontach chun glacadh leis an scéim nua freisin de réir mar a tháinig a bhuntáistí chun solais.

D'fhoilsigh mé an Chairt um Chearta le haghaidh Feirmeoirí 2005/2007 ag deireadh 2005. Tá feabhsú caighdeán na seirbhísí soláthartha do chustaiméirí feirmeora fós mar cheann de mo thosaíochtaí agus tá an Chairt nua mar an cheann is déanaí i sraith de thionscail Seirbhís Chustaiméara Ardchaighdeán atá glactha ag mo Roinn. Táirgeadh an Chairt i gcomhairle leis na páirtíochtaí sóisialta feirmeoireachta agus leagann sí amach spriocanna ar leith a bhí le baint amach le haghaidh go leor seirbhísí agus íocaíochtaí scéime chuig custaiméirí feirmeora na Roinne. Clúdaíonn an Chairt an Scéim Aoníocaíochta Feirme chomh maith le réimse scéimeanna eile lena áirítear Foraoiseacht, Erad agus scéimeanna sláinte ainmhí eile don chéad uair. Déanfaidh coiste athbhreithnithe monatóireacht ar dhul chun cinn faoin Chairt.

Ar deireadh an bhféadfainn gach rath a ghuí ar gach duine bainteach leis na hearnálacha Agraibhia agus Foraoiseachta sa bhliain atá amach romhainn.

*Máire Ní Chochláin*

**Máire Ní Chochláin T.D.,**  
*An tAire Talmhaíochta agus Bia*





## 1. EOLAS GINEARÁLTA

### IDIRLÍON

#### “Le haghaidh rochtain láithreach ar uile atá ag tarlú i dTalmhaíocht agus Bia”

Tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin ag [www.agriculture.gov.ie](http://www.agriculture.gov.ie)

Le haghaidh eolas ar

- Scéimeanna agus Seirbhísí na Roinne;
- Preas Ráitis agus Óráidí;
- Nótaí Eolais ar cheisteanna reatha;
- Uimhreacha Teagmhála d'Oifigí Roinne;
- Foilseacháin.

Is féidir leat ceisteanna a chur ar an **ríomhphost** chuig [info@agriculture.gov.ie](mailto:info@agriculture.gov.ie)

### RÍOMHSHEIRBHÍSÍ

Tá roinnt ríomhSheirbhísí ag an Roinn atá ar fáil do chliant faoi láthair agus gur féidir teacht orthu tríd a láithreán gréasáin ag [www.agriculture.gov.ie](http://www.agriculture.gov.ie). Áirítear leo seo:

- iMap - a sholáthraíonn rochtain chuig eolas d'iarraais Cúnaimh Limistéir lena n-áirítear
  - Sonraí Iarratais Achoimre, Sonraí an Bhirt agus fiosrúchán Íocaíochta Arúil;
  - Fiosrúchán cáipéise ag taispeáint íomhánna scanta de do chomhfhreagracht Cúnaimh Limistéir leis an Roinn (is féidir iad seo ar fad a phriontáil);
  - Mapáil daite le haghaidh do bhearta talaimh, ar féidir a phriontáil freisin.
- AIM - a sholáthraíonn rochtain chuig an gcóras Sainaithe agus Gluaiseacht Ainmhithe, lena n-áirítear:
  - Áis Clárú Breith Laonna, a cheadaíonn duit breith laonna a chlárú ar líne;
  - Fiosrúchán Próifíl Tréada, a cheadaíonn duit sonraí na n-ainmhithe i do thréad a fheiceáil ar CMMS, chomh maith le gluaiseachtaí isteach agus amach ón tréad;
  - Áis Teastais Chomhlíonta, a cheadaíonn duit iarratas a chur isteach ar líne le haghaidh teastas comhlíonta CMMS, atá riachtanach le haghaidh gluaiseacht ainmhí áirithe.

Molann an Roinn go láidir dá cliant clárú ar a láithreán gréasáin ([www.agriculture.gov.ie](http://www.agriculture.gov.ie)) le haghaidh seirbhísí eiseacha agus seirbhísí an todhchaí trí an íocón ríomhSheirbhísí a chliceáil agus na treoracha simplí a leanúint. Is féidir le feirmeoirí dul i dteagmháil freisin leis an Deasc Chabhrach ríomhSheirbhísí (uimhir lóghlao 1890 252 118) chun clárú thar an bhfón nó chun foirm iarratais a fháil. Gheobhaidh tú Cód Rochtain Phearsanta agus pasfhocal le haghaidh idirghníomh sábháilte leis an Roinn. Nuair atá cliant tar éis clárú le haghaidh ríomhSheirbhísí, beidh rochtain acu ar áiseanna nua uile tugtha isteach ag an Roinn a bhaineann leis an gnó atá acu. Chomh maith le háiseanna ar líne a sholáthar, beidh áiseanna á chur ar fáil ag an Roinn freisin sa todhchaí ag úsáid teicneolaíocht fóin phóca, mar chuid dár ngealltanas leanúnach chuig feabhsúchán ár Seirbhísí Chustaiméara.

## SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tá ardchaighdeán na seirbhíse soláthartha chuig ár gcustaiméirí uile mar thosaíocht ag an Roinn, agus táimid de shíor ag lorg slíte chun éifeachtacht agus caighdeán an tseachadta a fheabhsú.

Go dtí seo tá Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméara soláthartha againn (ag clúdach na tréimhse 2005-2007) agus Cairt do Chustaiméirí, ag leanúint ar aghaidh ó phleananna gníomhaíochta roimhe seo táirgthe ó 1998. Tugann an Chairt gealltanais don chustaiméir maidir leis an leibhéal agus ardchaighdeán seirbhíse gur féidir a bheith ag súil léi ina d(h)éileálacha leis an Roinn. Leathnaíonn an Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméara ar na gealltanais seo, ag leagadh amach conas mar a dhéanfaidh an Roinn seachadadh agus monatóireacht orthu. Tá comhairleoireacht agus aiseolas ón ár gcliaint riachtanach i gcabhrú linn ár seachadadh seirbhíse a fheabhsú i ngach slí gur féidir.

### AONAD SEIRBHÍSE ARDCHAIGHDEÁIN

Tá an tAonad Seirbhíse Ardchaighdeáin, atá faoi cheannas Oifigeach Seirbhíse Ardchaighdeáin, freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn faoin Phlean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméara agus an Chairt do Chustaiméirí, chomh maith le gníomhaíocht a chomhordú ar fheabhsúcháin breise i seachadadh seirbhísí ag an Roinn chuig a chustaiméirí.

Mar úsáideoir dár seirbhísí, tá tú suite go foirfe chun tairbhe do thairbhí a thabhairt dúinn agus chun cúnaimh a thabhairt dúinn i bpictiúr cruinn a fháil de chaighdeán ár seirbhísí agus chun limistéir ina bhfuil feabhsúcháin riachtanach a aithint ionas go leanann an Roinn ar aghaidh ag freastal ar do riachtanais athraitheacha. Má tá aon rud le rá agat, dearfach nó diúltach, faoi na seirbhísí atá faighte agat agus/nó má tá aon mholtaí agat ar conas is féidir an tseirbhís a fheabhsú, ba mhaith leis an Oifigeach Seirbhíse Ardchaighdeáin scéal a fháil uait. Tá Cárta Tuairime Custaiméara ar fáil ó oifigí uile na Roinne agus díreach ón Aonad Seirbhíse Ardchaighdeáin in Oifig Phort Laoise na Roinne.

### GEARÁIN

Má tá tú míshásta leis an seirbhís a fhaigheann tú, is féidir leat úsáid a bhaint as Nós Imeachta um Ghearáin Chustaiméara na Roinne trí an t-ábhar a tharchur chuig an Oifigeach Seirbhíse Ardchaighdeáin a dhéanfaidh cigireacht iomlán agus neamhchlaon air. D'fhéadfaí gearáin a dhéanamh i bpearsa, i scríbhinn, ar an teileafón agus trí ríomhphost.

Tá cóipeanna den Phlean Gníomhaíochta 2005-2007, den Chairt do Chustaiméirí agus de bhileog ag míniú an Nós Imeachta um Ghearáin Chustaiméara ar fad ar fáil ó oifigí uile na Roinne nó díreach ón Aonad Seirbhíse Ardchaighdeáin ag an seoladh thíos, nó trí láithreán gréasáin na Roinne ag [www.agriculture.gov.ie](http://www.agriculture.gov.ie)

*Tá tuilleadh eolais le fáil ón Aonad Seirbhíse Ardchaighdeáin, Rannóg na gCúrsaí Corparáideacha, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Pailliún B, Páirc Ghnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise. Teil: 057 8694330, Facs 057 8694381 nó ríomhphost: [qualityserviceunit@agriculture.gov.ie](mailto:qualityserviceunit@agriculture.gov.ie)*

## CAIRT UM CHEARTA LE HAGHAIDH FEIRMEOIRÍ

Aontaíodh an Chairt um Chearta le haghaidh Feirmeoirí leis na heagraíochtaí feirmeoireachta agus tógann sí áit an Prótacal ar Íocaíochtaí Dhíreacha d'Fheirmeoirí a bhí i bhfeidhm ó 2000 faoin Chlár um Rathúnas agus Cothroime.

Leagann an Chairt amach spriocanna ar leith atá le baint amach ag ár gcustaiméirí feirmeora agus clúdaíonn sí na seirbhísí seo a leanas:

- Scéim na hAoníocaíochta;
- Liúntais Cúiteach do Limistéir faoi Mhíbhuntáiste;
- Scéim um Bainistíocht Dramhaíl Feirme;
- Scéim Sláinteachas Déiríochta;
- Scéim na bhFiontar Malartach;
- Scéim um Chúnaimh Suiteála;
- Scéim Leasa Muice;
- Scéim um Luathscor;
- An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS);
- Deontais Coillteoireachta agus Scéim Phréimhe;
- ERAD agus Scéimeanna Íocaíochta Sláinte Ainmhí eile.

Leanann an Chairt ár ngealltanas ar aghaidh chuig an 12 phrionsabal Seirbhíse Chustaiméara Ardchaighdeáin leagtha amach in ár bPlean Gníomhaíochta Seirbhíse Chustaiméara agus Cairt. Déanann coiste athbhreithnithe a bhuaileann le chéile go rialta faoi chathaoirleach neamhspleách monatóireacht ar dhul chun cinn faoin Chairt. Tá an coiste déanta suas d'ionadaithe ó heagraíochtaí feirme agus foireann Roinne.

*Is féidir tuilleadh eolais maidir le Cairt um Chearta le hAghaidh Feirmeoirí a fháil ón Aonad Seirbhíse Ardchaighdeáin, Rannóg na gCúrsaí Corparáideacha, Pailliún B, Páirc Ghnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co Laoise. Teil: 057 8694330. Teil: 057 8694330. Tá cóipeanna den Chairt le fáil ag Oifigí uile na Roinne.*

## RÁITEAS ÍOCAÍOCHTA BLIANTÚIL NA bhFEIRMEOIRÍ

Mar aon le gealltanas na Roinne sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméara chun eolas soiléir agus cruinn a sholáthair, eisítear Ráiteas Íocaíochta Bliantúil chuig chliaint feirmeora uile atá tar éis íocaíochtaí a fháil ón Roinn. Is liosta ilchodach é an ráiteas d'íocaíochtaí uile eisithe ag an Roinn chuig (agus fiacha cruinnithe ag an Roinn ó) feirmeoir in aon bhliain féilire. Eiseofar an Ráiteas Íocaíochta Bliantúil do 2005, ag tabhairt sonraí d'íocaíochtaí agus de chruinnithe uile déanta i 2005, i dtreo deireadh Eanáir 2006.

## ÍOCAÍOCHTAÍ SOCHAIR DHÍREACHA

Eisíonn an Roinn roinnt mhaith íocaíochtaí d'fheirmeoirí trí Shochar Díreach anois. Faoin mhodh íocaíochta seo aistrítear airgead go leictreonach díreach isteach i gcuntas bainc ainmnithe an feirmeora. Ag an am céanna eisíonn duilín íocaíochta sa phost chuig an bhfeirmeoir le dearbhú na híocaíochta agus sonraí an idirbhirt. Moltar d'fheirmeoirí úsáid a bhaint as an rogha íocaíochta áiseach agus costéifeachtach seo ar roinnt chúiseanna:

## **SÁBHÁIL AMA/NÍOS ÁISIÚLA**

Seachnaítear am caite ag dul chuig an banc agus sa scuaine chun seiceanna a shóinseáil nó a lóisteáil.

## **MODH ÍOCAÍOCHTA NÍOS TAPÚLA**

Tríd an chóras seo tugtar sochar do na cuntais seo níos tapúla. Faoin mhodh íocaíochta Sochair Dhíreach, aistrítear airgead díreach isteach sa chuntas ainmnithe.

## **NÍOS SÁBHÁILTE**

Díothaíonn íocaíochtaí Sochair Dhíreacha chuig cuntais bainc an féidearthacht de chailteanas nó goid seiceanna agus an iarracht agus moill a bhíonn i gceist le hionadú a lorg.

## **FÓGRA ÍOCAÍOCHTAÍ FÓS EISITHE**

Fógraítear lóisteálacha sa phost chuig an bhfeirmeoir mar dhuilín íocaíochta le sonraí iomlána an aistrithe.

Táthar ag scríobh chuig feirmeoirí ag cur comhairle orthu faoi fáil an rogha íocaíochta seo agus ag iarraidh orthu sonraí a gcuntais bainc a chur ar aghaidh ar an bhfoirm údarú ábhartha chuig an Roinn. Tá sé i gceist freisin leanúint ar aghaidh ag cur an rogha Sochair Dhíreach chun cinn ag imeachtaí talmhaíochta agus taispeántais móra.

*Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha údaraithe don mhodh íocaíochta seo a fháil ón Rannóg Íocaíochtaí Banc, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368283*

## **AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE**

Soláthraíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 go bhfuil an ceart ag gach duine rochtain a lorg ar eolas pearsanta coinnithe fúthu ag comhlachtaí poiblí le neamhchead ar cathain a cruthaíodh iad agus ar thaifid eile a cruthaíodh i ndiaidh 21 Aibreán 1998. Leasaíodh an tAcht maidir le rudaí áirithe i 2003.

Faoin Acht tá an ceart ag gach duine:

- rochtain a lorg ar thaifid coinnithe ag an Roinn;
- ceartú a lorg ar eolas pearsanta maidir leis an duine féin coinnithe ag an Roinn, áit atá sé mícheart, easnamhach nó míthreorach;
- cúiseanna a fháil ar chinntí déanta ag an Roinn áit a bhíonn tionchar díreach ag chinntí dá leithéid

Nuair atá iarratas um Shaoráil Faisnéise á dhéanamh tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara:

- go gcaithfidh an t-iarratas a bheith i scríbhinn agus caithfear a thaispeáint go lorgaítear an t-eolas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise;
- go gcaithfidh a t-iarratas go leor sonraí a sholáthar chun gur féidir na taifid a lorgaítear a aithint. Má tá deacracht agat leis na taifid beachta atá uait a aithint, tabharfaidh baill foirne cúnaimh duit in ullmhú d'iarratais;
- má tá eolas pearsanta á lorg agat, ba chóir go mbeadh foirm aitheantais éigin, m.sh cóip de theastas tiomána, pas srl. a bheith i dteannta d'iarratas;
- áit atá eolas ag teastáil i bhformáid ar leithligh .i. fótachóip, diosc ríomhaire, srl. ba chóir go mbeadh sé seo léirithe i d'iarratas, freastalófar ar do thosaíocht chomh fada agus atá féideartha go réasúnta.

Cuimhnigh go bhféadfadh go mbeadh na taifid atá uait ar fáil go poiblí cheana féin. Má tá, níl aon gá iarratas foirmiúil um Shaoráil Faisnéise a dhéanamh.

I bhformhór cásanna, caithfidh an Roinn a chinneadh maidir le hiarratas a thabhairt laistigh de cheithre seachtaine (.i. 20 lá oibre) ó é a fháil (áit a bhaineann comhairleoireacht tríú pháirtí, soláthraítear do thrí seachtaine breise).

Níl aon chostas ar eolas pearsanta a lorg. Le héifeacht ó 7 Iúil 2003, tá táillí le híoc roimh ré le haghaidh iarratais d'eolas neamhphearsanta. Is í an táille reatha caighdeánach ar an gcéad iarratas d'eolas neamhphearsanta ná €15. Baineann táille laghdaithe de €10 d'iarrthóirí le cárta leighis.

Soláthraíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise freisin go bhféadfaí táille a ghearradh ar iarrthóirí maidir le taifid neamhphearsanta don t-am caite ag cuardach agus ag cruinniú taifid dá leithéid chomh maith le costais fótachóipeáil. Is iad na costais reatha ná €20.95 in aghaidh na huaire le haghaidh cuardach agus cruinniú taifid agus €0.04 in aghaidh na cóipe de gach leathanach soláthartha. Áit atá an costas meastacháin níos mó ná €50.79, déanfar an iarrthóir a mholadh i scríbhinn agus lorgófar taisce de 20% den táille iomlán sula bpróiseáiltear an t-iarratas. Ní dócha go dtiocfadh na táillí seo chun cinn má tá d'iarratas ar eolas pearsanta.

*Ba chóir iarratais d'eolas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a sheoladh chuig: Aonad na Saorála Faisnéise, Paillíun B, Páirc Ghnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise. Teil: 057 8694327; Facs: 057 8694381; ríomhphost: foi@agriculture.gov.ie*

### PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA 2000 – 2006

Soláthraíonn an Plean Forbartha Náisiúnta maoiniú de €5.5 billiún do thalmhaíocht, do bhia agus d'fhorbairt tuaithe coibhneasach. Cuimsítear beartais ábhartha sa Phlean Forbartha Tuaithe CAP comh-mhaoinithe ag an AE, Clár Oibriúcháin Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus Iarthar, Clár Oibriúcháin an Deiscirt agus Oirthir, agus Clár Oibriúcháin na hIdir-Réigiúnach don Earnáil Táirgthe agus Forbairt Fostaíochta/Acmhainní Daonna. Cuireann siad seo béim ar:

- fheabhsúchán struchtúir feirme;
- fheabhsúchán pórú, leas, sláinteachas agus caighdeán ainmhí;
- fhócasú ar tháirgí ardchaighdeáin agus sábháilteacht bia ag leibhéal próiseáil agus cúnaimh i bhforbairt breise an tionscal bia;
- fhorbairt seirbhísí tuaithe agus tacaíocht fiontair tuaithe agus an cur chun cinn d'fhiontair mhalartach ar agus as an bhfeirm;
- sholáthar tacaíocht ioncaim dhíreach d'fheirmeoirí i limistéir faoi mhíbhuntáiste ainmnithe;
- fheabhsúchán na timpeallachta;
- sholáthair taighde thaca, comhairle agus traenáil i réimsí na Talmhaíochta agus an Bhia.

*Déileálar leis na beartais faoi chaibidlí iomchuí san fhoilseachán seo. Tá achoimre de na beartais soláthraithe chomh maith i leabhráin mhíniúcháin atá ar fáil, saor in aisce, ó oifigí áitiúla na Roinne (féach Aguisín 1b) nó trí phost ó Rannóg na gCúrsaí Corparáideacha, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Baile Átha Cliath 2 nó ar láithreán gréasáin na Roinne ag [www.agriculture.gov.ie](http://www.agriculture.gov.ie)*

## MODHNÚ

Is próiseas é modhnú ina laghdaítear Aoníocaíocht gach feirmeoir le céatadán socraithe (3% i 2005, 4% i 2006 agus 5% i 2007). Is féidir suas le 80% de chistí ginte trí mhodhnú a bheith coinnithe in Éirinn le caitheamh ar bheartais Forbartha Tuaithe áirithe. Beidh an céad tráinse maoinithe (timpeall €18.5 milliún) ar fáil i 2006 agus bainfidh feirmeoirí i Limistéir Mhídeisiúla tairbhe as íocaíocht bhreise aon uaire faoin Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir faoi Mhíbhuntáiste.

## OIFIG ACHOMHAIRC TALMHAÍOCHTA

Is gníomhaireacht í an Oifig Achomhairc Talmhaíochta a sholáthraíonn an tseirbhís achomhairc d'fheirmeoirí atá míshásta le cinntí na Roinne Talmhaíochta agus Bia maidir lena dteidlíochtaí faoi scéimeanna áirithe.

### Roinnt de ghnéithe na hoifige

- Tá Oifigigh Achomhairc neamhspleách i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna;
- Caithfidh achomhairc **a bheith lóisteáilte laistigh de 3 mhí ó chinneadh na Roinne**. Caithfidh gach achomhairc **a bheith déanta i scríbhinn** agus caithfidh ráiteas na bhfíoras a bheith iontu agus caismirtí ar a bhfuil sé i gceist ag an achomhairc óir braith orthu;
- Sealbhaítear gach cás d'Oifigeach Achomhairc indibhidíúil a thógann an fhianaise ar fad san áireamh agus a dhéanann cinneadh ansin. Eisíonn litir cinnidh cuimsitheach chuig an achomhairc óir agus an Roinn araon;
- Tá an ceart ag achomhairc óir d'éisteacht bhéil, le bheith tionóla i láthair neodrach atá áisiúil don achomhairc óir. Tionóltar éisteachtaí bhéil go príobháideach agus tá siad chomh neamhfhoirmiúil agus atá féideartha. Is féidir leis an t-achomhairc óir duine a thabhairt leis/léi mar ionadaí ag an éisteacht bhéil agus bíonn ionadaí ag an Roinn ag an éisteacht freisin.

Déileálann an Roinn le hachomhairc faoi réimse scéimeanna lena áirítear iad seo a leanas:

- Scéim na hAoníocaíochta;
- Scéim Cúitimh Bunaithe sa Limistéir (aitheanta roimhe seo mar íocaíochtaí Stoic);
- An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS);
- Scéim um Luathscor;
- Feirmeoireacht Orgánach;
- Scéimeanna Infheistíochta ar an bhFeirm (lena áirítear Bainistíocht Dramhaíl Feirme, Feabhsúchán i gCaighdeán Sláinteachais Déiríochta agus Fiontair Mhalartacha);
- Clár Feabhsúcháin Feirme (lena áirítear Gortóireacht);
- Cúnaimh Suiteála;
- Gnéithe neamh-luachála de Scéimeanna Dhíothaithe Eitinne agus Brúsalóise.

Tá foirm 'Nóta Eolas agus Fógra Achomhairc' na hOifige Achomhairc Talmhaíochta ar fáil ó oifigí áitiúla na Roinne, ón Oifig féin, nó ar láithreán gréasáin na hOifige, **[www.agriappeals.gov.ie](http://www.agriappeals.gov.ie)**, a chuimsíonn eolas eile faoin Oifig.

*Do thuilleadh eolais déan teagmháil le Oifig Achomhairc Talmhaíochta, Cúirt Kilminchy, Port Laoise, Co. Laoise. Lóghlao: 1890 671671; Teileafón: 057 8667167; Facs: 057 8667177  
ríomhphost: [appeals.office@agriculture.gov.ie](mailto:appeals.office@agriculture.gov.ie) láithreán gréasáin: [www.agriappeals.gov.ie](http://www.agriappeals.gov.ie)*

### **PAINÉAL IDIRCHADRIMH TOMHALTÓRA**

Bunaíodh an Painéal Idirchaidrimh Tomhaltóra chun cumarsáid idir an tomhaltóir agus an Roinn a láidriú. Tá tuairim an tomhaltóra riachtanach do thodhchaí tionscal talmhaíochta ilfheidhmeach forásach, ag iamh ní hamháin an fheidhm bhunúsach de tháirgiú bia ach sábháilteacht bia, caighdeán bia, ceisteanna timpeallachta agus leasa ainmhí. Sa chomhthéacs seo bunaíodh an painéal, iona daí de thomhaltóirí ginearálta, chun:

- Comhthadhaill ar cheisteanna ginearálta tomhaltóir agus cliant bhunaithe maidir le gníomhaíochtaí na Roinne Talmhaíochta agus Bia;
- Trácht ar an sruth eolais chuig agus ón pobal araon.

Buileann an painéal le chéile go rialta chun ionchur agus aiseolas i dtuairim an tomhaltóra a sholáthair chuig an Roinn agus freisin chun a bheith mionteagasctha ar ghníomhaíochtaí na Roinne.

*Is féidir le tomhaltóirí a bhfuil fonn orthu cumarsáid a dhéanamh leis an bPainéal é a dhéanamh trí dul i dteagmháil le Rúnaíocht Painéil Idirchaidrimh na dTomhaltóirí, f/ch An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Teach Talmhaíochta (6E), Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. 01-6072569, Facs. 01-6621165 nó trí ríomhphost chuig [consumer@agriculture.gov.ie](mailto:consumer@agriculture.gov.ie)*

### **IDIRCHADRIMH SÁBHÁILTEACHT BHIA**

Tá an tairgeadh de bhia chuig na caighdeáin is airde sábháilteachta féideartha laistigh de chórais feirmeoireachta inbhuanaithe mar cheann de spriocanna mhóra na Roinne. Baintear na caighdeáin arda seo amach trí réimse leathan gníomhartha:

- An feidhmiú de chaighdeáin rialaitheach dochta maidir le clárú, aithint agus lipéadú, ionchur feirme, sláinte ainmhí, leas ainmhí, sláinteachas tréidliachta, leigheasanna ainmhí, sláinte plandaí agus lotnaidicíde;
- An feidhmiú de rialacha an AE agus náisiúnta maidir le iompar, ionaid margaíochta, monarcha próiseála, oibriúcháin stórála agus dáilte;
- An smachtú d'allmhairí agus onnmhairí ainmhithe agus plandaí agus a dtáirgí;
- An taighde agus faireachas de phataiginí iompartha in ainmhí agus i mbia bainte amach i saotharlanna taighde tréidliachta na Roinne, saotharlanna eolaíochta déiríochta, saotharlann lotnaidicíde agus saotharlanna príobháideacha formheasta;
- Comhoibriú dlúth le Gníomhaireachtaí Rialtais ar cheisteanna sábháilteacht bhia;
- An soláthar deontais chuig comhlachtaí bia, gníomhaireachtaí stáit agus institiúidí taighde sa réimse de shábháilteacht bhia.

Tá eolas ar na gníomhaíochtaí seo clúdaithe le níos mó sonraí i leabhrán sábháilteachta bhia an Roinne **'The Safe Food Chain.....Every Link is Vital'**, atá ar fáil ó Rannóg Idirchaidrimh Sábháilteacht Bhia na Roinne agus ar láithreán gréasáin na Roinne.

Is é an tÚdarás um Shábháilteacht Bia na hÉireann (FSAI) an comhlacht náisiúnta le freagracht foriomlán faoin Acht FSAI 1998 d'fheidhmiú gach reachtaíocht sábháilteacht bhia maidir le próiseáil agus dáileadh. Is gníomhaíocht reachtúil, neamhspleách, eolaíocht bhunaithe é atá tiomnaithe do shláinte phoiblí agus spéis an tomhaltóra a chosaint i réimse sábháilteachta agus sláinteachais bia. Baineann an FSAI amach a théarmaí tagartha trí chonarthaí seirbhíse le roinnt mhaith gníomhaireachtaí rialtais. Tá conarthaí seirbhíse ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia leis an FSAI i sláinteachas feola, bainne agus táirgí bainne, uibheacha agus táirgí uibhe, smachtú lotnaidicíde, poist cigireachta teorainn, an clár monatóireachta fuilligh, treoir na zónóisí agus lipéadú bia. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an FSAI ag 01 8171300 trí cuairt a thabhairt ar a láithreán gréasáin ar [www.fsai.ie](http://www.fsai.ie).

Comhoibríonn an Roinn leis an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia freisin (FSPB, aitheanta freisin mar **Safefood**) i seachadadh a théarmaí tagartha. Is é an misean atá ag an FSPB, a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, ná chun muinín a uchtú agus a choinneáil i seachadadh bia in oileán na hÉireann, trí obair i gcomhpháirtíocht le daoine eile chun sláinte an phobail a chosaint agus a fheabhsú.

*Do thuilleadh eolais, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Rannóg Idirchaidrimh Sábháilteachta Bia, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072443 nó 01 6072046*





## *2. ÍOCAÍOCHTAÍ TACAÍOCHTA D'FHEIRMEOIRÍ*

### SCÉIM NA hAONÍOCAÍOCHTA

Tar éis foilsíú Rialacháin Comhairle AE 1782/2003 i Meán Fómhair 2003 agus le haird ar thoradh na gcomhairlí le feirmeoirí agus páirtithe eile le spéis acu, bheartaigh an tAire go ndéanfaí na Scéimeanna Prémheanna Beostoic agus Cúnaimh Churaíochta a dhíchúpláil go hiomlán ó tháirgeadh le héifeacht ó 1 Eanáir 2005.

Is iad na Scéimeanna Prémheanna, a déanadh díchúpláil orthu ó tháirgeadh, ná:

- Préimh Mhairteola Speisialta, ainmhithe 1ú agus 2ú aois,
- Préimh Mhairteola Speisialta – Tairbh,
- Scéim Phréimhe na mBó Diúil,
- Scéim na Prémhe Caorach,
- Préimh Chaorach Forlíonach (Domhan Tuaithe),
- Scéim na Prémhe Maraithe,
- An Phréimh Fhairsingithe,
- Breisiúcháin Clúdaigh Náisiúnta maidir leis an bPréimh Chaorach, Bearach Tirim, Bearach tar éis Breith, agus Bearaigh Maraithe,
- Scéim um Chúnamh Churaíochta.

### **Tá Scéim na hAoníocaíochta nua tar éis áit na scéimeanna seo ar fad a thógáil agus tugadh isteach in Éirinn í ar 1 Eanáir 2005.**

Thosaigh íocaíocht faoi Scéim na hAoníocaíochta 2005 ar 1 Nollaig 2005.

### **INCHÁILTHEACHT**

Go ginearálta, baineann Scéim na hAoníocaíochta le feirmeoirí a bhí gníomhach i bhfeirmeoireacht sna blianta tagartha 2000, 2001 agus 2002, a íocadh Prémheanna Beostoic agus/nó Cúnamh Curaíochta leo i gceann amháin nó níos mó de na blianta sin agus a lean ar aghaidh ag feirmeoireacht i 2005.

Tá an Aoníocaíocht comhlán bunaithe ar an meán uimhir d'ainmhithe agus/nó an meán uimhir heicteáir (i gcás Cúnamh Curaíochta) ar a déanadh íocaíochtaí sa trí bliana tagartha.

Ba é 15 Bealtaine 2006 an dáta deiridh d'íarratais faoi Scéim na hAoníocaíochta 2006.

### **PRÉIMH DHÉIRÍOCHTA**

Tugadh isteach Préimh Dhéiríochta nua i 2004. Déanadh í a chúpláil le táirgeadh bainne i 2004 (bunaithe ar chuóta bainne ag 31 Márta 2004), ach déanadh í a dhíchúpláil ó tháirgeadh bainne i 2005 (bunaithe ar chuóta bainne ar 31 Márta 2005) agus, nuair ba chúí, cuireadh le haon teidlíochtaí eisigh bunaithe faoi Scéim na hAoníocaíochta í.

Na rialacha ginearálta a bhaineann le incháilitheacht chuig an Préimh Dhéiríochta díchúpláilte i 2005 ná go gcaithfidh feirmeoir (a) cuóta bainne a bheith aige/aici ar 31 Márta 2005, ach amháin má tá léas sealadach tar éis a bheith ceadaithe ar bhonn force majeure/cuinsí eisceachtúla agus (b) a bheith tar éis bainne a sheachadadh ar a g(h)abháltas i rith bliain an chuóta bainne 2004/2005 nó roimh 15 Bealtaine 2005.

## PRÉIMH AN BHAIRR PRÓITÉINE

Déanfar íocaíocht préimhe forlíonach de €55.57 in aghaidh an heicteáir le hiarratasóirí a fhógraíonn próitéiní ar a bhfoirm iarratais Cúnamh Churaíochta.

## CÚNAMH DO BHARRA FUINNIMH

Déanfar cúnamh do bharr fuinnimh ag an ráta de €45 in aghaidh an heicteáir le hiarratasóirí a fhógraíonn barra fuinnimh ar a bhfoirm iarratais Cúnamh Churaíochta.

## CÚITEAMH BIATAIS SIÚCRA

D'aontaigh Comhairle Airí an AE ar leasú an Chórais Siúcra déanach i 2005, ina dhiaidh uchtaíodh na Rialacháin a rialaíonn ionchorprú an chúiteamh biatais siúcra isteach i Scéim na hAoníocaíochta. Tar éis roinnt comhairliúcháin, bheartaigh an tAire go ndéanfaí na Teidlíochtaí a ríomh ar bhonn an meán mhéid faighte a bhí ag duine aonair le Siúcra Éireann Teoranta i dTréimhse Tagartha 2001, 2002 agus 2004. Íocfar na Teidlíochtaí seo mar chuid de Scéim na hAoníocaíochta 2006.

## AN CÚLCHISTE NÁISIÚNTA

Tá sé d'obleagáid ar gach Ballstáit Cúlchiste Náisiúnta a bhunú, ag úsáid, suas le 3% de luach na teidlíochtaí bunaithe d'fheirmeoirí a bhí ag feirmeoireacht i rith an tréimhse tagartha 2000 - 2002.

*D'fhéadfaí teidlíochtaí a bheith riartha ar chatagóirí áirithe d'fheirmeoirí. Bunaíodh Coiste Comhairleoireachta Aoníocaíochta (déanta suas d'ionadaithe na heagraíochtaí feirmeoireachta, agus na Roinne agus Teagasc) chun comhairle a thabhairt don Aire ar cheistanna ar nós:*

- An céatadán asbhainte le bheith curtha i bhfeidhm chun an Cúlchiste Náisiúnta a bhunú
- Catagóirí faoina féidir le feirmeoirí iarratas a chur isteach ar an gCúlchiste
- Critéir le haghaidh uimhir agus luach na teidlíochtaí le bheith riartha a ríomh.
- An mheicníocht le bheith úsáidte chun an cúlchiste a athlíonadh.

Faoi Cúlchiste Náisiúnta 2005, tugadh cuireadh d'iarratais ó 4 phríomhchatagóir:

**Catagóir A:** Feirmeoirí a fuair gabháltas le hoidhreacht ó fheirmeoir a scoir nó a fuair bás roimh 16 Bealtaine 2005 áit a léasaíodh an gabháltas amach go tríú pháirtí i rith an tréimhse tagartha.

**Catagóir B:** Feirmeoirí a dhéan infheistíocht trí cheannach nó léasú talún fadtéarmach nó a dhéan infheistíocht i gcearta chuóta Prémhe na mBó Diúil nó Caorach nó a dhéan infheistíocht eile idir 1 Eanáir 2000 agus 19 Deireadh Fómhair 2003, ina raibh méadú i gcumas táirgeadh mar thoradh.

**Catagóir C:** Feirmeoirí a dhíol a gcuóta bainne isteach sa scéim athstruchtúrú cuóta bainne idir 1 Eanáir 2000 agus 19 Deireadh Fómhair 2003 agus a d'aistrigh go hearnáil feirmeoireachta go mbeadh íocaíocht dhíreach faoi na Scéimeanna Beostoic agus/nó Cúnamh Churaíochta iníoctha maidir leis na blianta 2000 go 2002.

**Catagóir D:** Iontrálaithe nua don bhfeirmeoireacht ó 31 Nollaig 2002 agus feirmeoirí a thosaigh feirmeoireacht i 2002 ach ná fuair aon íocaíochtaí dhíreacha sa bhliain sin agus nár chuaigh a n-ioncam thar €40,000 agus nár chuaigh aon ioncam lasmuigh den bhfeirm thar €20,000. Cáilíochtaí feirmeoireachta riachtanach don chatagóir seo.

Sainíonn Rialacháin AE a rialaíonn scéim na hAoníocaíochta an cuimsiú de chatagóir sainordaitheach amháin faoi **Chúlchiste Náisiúnta 2006** .i.:

**Catagóir A:** Feirmeoirí a fuair gabháltas le hoidhreacht ó fheirmeoir a scoir nó a fuair bás roimh 16 Bealtaine 2005 áit a léasaíodh an gabháltas amach go tríú pháirtí i rith an tréimhse tagartha.

Déanfar cinneadh ar chuimsiú aon chatagóirí neamh-shainordaitheacha breise do Chúlchiste Náisiúnta 2006 in am trátha i ndiaidh comhairliúcháin leis an gCoiste Comhairleoireachta Aoníocaíochta.

Déanfar an Cúlchiste Náisiúnta a athlónadh trí:

- Aisghlámhadh ó dhíolacháin teidlíochtaí;
- Forghéilleadh teidlíochtaí neamhghníomhachtaithe agus gan úsáid chuig an Cúlchiste Náisiúnta.

### **TRÁDÁIL/AISTRÍÚ TEIDLÍOCHTAÍ AONÍOCAÍOCHTA**

D'fhéadfaí teidlíochtaí a dhíol le nó gan talamh ach ní féidir léasadh a dhéanamh orthu gan uimhir coibhéiseach de heicteáir a bheith in éineacht leo. Baineann céatadán aisghlámtha don Chúlchiste Náisiúnta le díolacháin uile de theidlíochtaí ach amháin má bhaineann díolachán go hiontrálaí nua go feirmeoireacht leis an t-idirbheart .i. duine aonair gan baint acu le feirmeoireacht sa chúig bliana roimhe sin nó má faightear an gabháltas le hoidhreacht nó faighte mar bhronntanas. Ní bheidh aon aisghlámhadh ó theidlíochtaí léasaithe.

*I gcás athrú úinéireachta ghabháltais caithfidh an t-iaratasóir iarratas ar leithligh a chur isteach chuig Aonad na hAoníocaíochta i bPort Laoise má tá athruithe riachtanach le déanamh ar shonraí clárúcháin teidlíochtaí Aoníocaíochta. Tá Foirmeacha Iarratais agus Téarmaí agus Coinníollacha maidir le trádáil/aistríú teidlíochtaí ar fáil ó oifigí Roinne agus ar láithreán gréasáin na Roinne.*

### **MODHNÚ**

Is próiseas é modhnú ina laghdaítear Aoníocaíocht gach feirmeoir le céatadán socraithe (3% i 2005, 4% i 2006 agus 5% i 2007). Is féidir suas le 80% de chistí ginte trí mhodhnú (timpeall €34 milliún sa bhliain 2007) a bheith coinnithe in Éirinn le caitheamh ar bheartais Forbartha Tuaithe áirithe. Na príomhbheartais Forbartha Tuaithe riartha faoi láthair ag an Roinn seo ná an Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir Faoi Mhíbhuntáiste, an Scéim um Luathscor ó Fheirmeoireacht, an Scéim Chosanta Chomhshaoil Tuaithe agus an Scéim Phréimhe Foraoiseachta. Soláthraíonn an Rialachán Comhairle nua go bhféadfaí beartais forbartha tuaithe nua a thabhairt isteach ó 2006 i réimsí (a) caighdeán bia, (b) ag comhlíonadh caighdeáin, agus (c) leas ainmí. Tá an céad tráinse maoiniú ar fáil i 2006 agus úsáidfear é chun maoiniú a dhéanamh ar íocaíocht aon uaire de €18.6m faoin Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir Faoi Mhíbhuntáiste.

### **TRASCHOMHLÍONADH**

Baineann dhá eilimint ríthábhachtach le traschomhlíonadh:

- Riachtanas d'fheirmeoirí roinnt riachtanais bainistíochta reachtúla (SMR) a chomhlíonadh atá leagtha síos i reachtaíocht AE ar an dtimpeallacht, ar shábháilteacht bia, ar shláinte ainmí, ar leas, agus ar shláinte plandaí; agus
- Riachtanas chun an fheirm a choinneáil i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (GAEC). Chomh maith beidh oibleagáid ar an mBallstát chun a chinntiú nach bhfuil aon laghdú suntasach i méid na talún féaraigh bhuan trí thagairt don achar iomlán talún féaraigh bhuan i 2003.

Tá na riachtanais um thraschomhlíonadh á chéimniú isteach thar tréimhse trí bliana. Tugadh isteach ocht SMR traschomhlíonadh i 2005 mar aon leis na riachtanais Dea-Riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil d'Éirinn. Tá 7 SMR breise á thabhairt isteach le héifeacht ó 1 Eanáir 2006 leis an 3 chinn deiridh le bheith tugtha isteach le héifeacht ó 1 Eanáir 2007.

D'fhoilsigh an Roinn leabhrán eolais dar teideal *"The Single Payment Scheme – Guide to Cross Compliance"* a eisíodh chuig gach táirgeoir in Aibreán 2005. Leag an leabhrán seo amach na Caighdeáin agus Riachtanais go raibh ar na feirmeoirí a chomhlíonadh maidir leis an gcéad ocht Ceanglas Bainistíochta Reachtúil (SMR) ó 1 Eanáir 2005. Tá na sonraí faoi conas ar chóir d'fheirmeoirí meas a bheith acu ar Dhea-Riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil leagtha amach freisin.

Tá tréithe tábhachtacha na gCeanglas Bainistíochta Reachtúil le haghaidh Traschomhlíonadh le bheith curtha i bhfeidhm ar 1ú Eanáir 2006 agus 1ú Eanáir 2007, tar éis a bheith scaipthe go feirmeoirí i leabhrán eolais breise.

## **NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC**

Bhunaigh an tAire Talmhaíochta agus Bia Coiste Achomhairc Aoníocaíochta chun déileáil le hachomhairc ó feirmeoirí maidir lena dteidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta agus ábhair eile maidir le feidhmiú na Scéime. Tá Cathaoirleach neamhspleách ag an gCoiste agus cuimsítear Oifigigh Achomhairc ón Oifig Achomhairc Talmhaíochta.

Ba chóir go mbeadh achomhairc seolta chuig Aonad na hAoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Títhe an Rialtais, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise.

*Is féidir tuilleadh eolais maidir le Scéim na hAoníocaíochta a fháil ó Aonad na hAoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Oifig an Rialtais, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise, Lóghla: 1890 200 566*

## **SCÉIM LIÚNTAIS CÚITIMH DO LIMISTÉIR FAOI MHÍBHUNTÁISTE BUNAITHE SA LIMISTÉIR**

Tá íocaíocht bunaithe ar limistéir foráiste incháilithe atá ainmnithe mar Limistéir le Míbhuntáiste Níos Géire (ísealchríoch), Gan Míbhuntáiste Chomh Géire (ísealchríoch)/Chósta le Míbhuntáistí ar leith nó Cineál Féarach Sléibhe. Caithfear na tailte a úsáid le haghaidh féarach eallaigh, caorach, capaill, gabhair nó fia.

### **Caithfidh iarratas ar an Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir Faoi Míbhuntáiste i 2006 a bheith déanta ar fhoirm iarratais Aoníocaíochta 2006.**

Tá an Scéim seo comh-mhainithe ag an Aontas Eorpach.

#### **Incháilitheacht don Scéim**

Chun cáiliú, caithfidh iarratasóir:

- a bheith mar úinéir thréada d'aois 18 mbliana nó os a chionn ag a bhfuil uimhir thréada faoi láthair eisithe ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia
- a bheith ag áitiú agus ag saothrú íosmhéid de 3 heicteáir de thalamh foráiste i Limistéir Faoi Míbhuntáiste ainmnithe;

## 2. ÍOCAÍOCHTAÍ TACAÍOCHTA D'FHEIRMEOIRÍ

- a bheith ag cónaí laistigh d'fhaid iomalartú lae (70 míle) den ghabháltas ar a bhfuil Liúntas Cúitimh á éileamh;
- glacadh chun fanacht i bhfeirmeoireacht ar feadh 5 bliana ón chéad íocaíocht de Liúntas Cúitimh;
- Dea-Chleachtas Feirmeoireachta a chomhlíonadh mar atá leagtha síos ag an Roinn ina leabhrán “*Good Farming Practice*”;
- Treoracha Hormóin an AE 96/22/EC agus 96/23/EC a chomhlíonadh;
- dlús stoic íosta de mheán 0.15 aonad beostoic in aghaidh an heicteáir foráiste a bheith acu sa bhliain féilire. Caithfidh an dlús stoic íosta a bheith coinnithe ar feadh íosthréimhse de 4 mhí leanúnach i 2006. I ríomh an dlús stoic meánach ar an ngabháltas ar mhaithe leis an íosriachtanas 0.15 Aonad Beostoic/ Ha, tógfar na meáin coibhéisigh Aonad Beostoic buaibheach ag 5 dháta i rith na bliana. D'fhéadfadh nach mbainfeadh an íosleibhéal stoic áit ina bhfuil dlús stoic níos ísle riachtanach do chomhshaoil talmhaíochta nó beartais chomhshaoil aitheanta eile ar an mbonn go bhfuil an talamh atá i gceist tar éis a bheith díghrádaithe nó i ndainséar a bheith díghrádaithe;
- an beostoic riachtanach chun an dlús stoic íosta a bhunú ar a g(h)abháltas a bheith faoi úinéireacht, i seilbh agus á choinneáil.

I gcás iarratasóirí céad uaire ar an Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir Faoi Mhíbhuntáiste beidh an dlús stoic íosta ar an ngabháltas, ríofa mar atá leagtha amach thuas, bunaithe ar dlús stoic tríd síos 2006.

### AONAD BEOSTOIC

- Beithígh os cionn 2 bhliain d'aois = 1 Aonad Beostoic an ceann;
- Beithígh 2 bhliain d'aois agus faoina bhun = 0.6 Aonad Beostoic an ceann;
- Láracha Pórú cláraithe in ainm an iarratasóra i gClár Capall na hÉireann nó leis an gCumann Tógálaithe Capaillín Chonamara = 1 Aonad Beostoic an ceann;
- Fianna Pórú Baineann = 0.3 Aonad Beostoic an ceann;
- Caoirigh agus Gabhair = 0.15 Aonad Beostoic an ceann.

Caithfidh an beostoc riachtanach chun an dlús stoic íosta a bhunú a bheith faoi úinéireacht, i seilbh agus á choinneáil ag an t-iarratasóir ar a g(h)abháltas.

### CÚNAMH AR FÁIL

Soláthraíonn an scéim d'íocaíochtaí mar seo a leanas:

- **Talamh de chineál sléibhe**  
€101.58 ar an gcéad 10 heicteáir nó cuid de agus €88.88 in aghaidh an heicteáir ar heicteáir fágtha faoi réir buaic íocaíochta foriomlán de 45 heicteár.
- **Míbhuntáiste Níos Géire (ísealchríoch)**  
€88.88 in aghaidh an heicteáir ar suas le 45 heicteár.
- **Gan Míbhuntáiste Chomh Géar (ísealchríoch) agus Limistéir le Míbhuntáistí ar leith (Limistéir Chósta)**  
€76.18 in aghaidh an heicteáir ar suas le 45 heicteár.

Le haghaidh 2006, mar bheart aon uaire, caithfear cistí modhnaithe de thart ar €18m sna Limistéir faoi mhíbhuntáiste agus beidh an éifeacht aige seo de na leibhéil íocaíochta a mhéadú in aghaidh an heicteáir i 2006 – ó €88.88 go €95.02, ó €76.18 go €81.44 agus ó €101.58 go €108.00

Áit atá meascán de na tailte thuas ag feirmeoir íoctar é/í ar thalamh de chineál sléibhe ar dtús, ísealchríoch (Míbhuntáiste Níos Géire) sa dara háit, agus ísealchríoch (Gan Míbhuntáiste Chomh Géire) agus Limistéir le Míbhuntáistí ar leith (Limistéir Chósta) ar deireadh, faoi réir buaic íocaíocht foriomlán de 45 heicteár.

I gcás féarach comóna, íocfar liúntais in aghaidh an heicteáir ar sciar céatadán de choimíneacht úsáidte.

## CÚNAMH LIMISTÉIR

Tá géilleadh d'Iarratas Cúnamh Limistéir mar riachtanas ó fheirmeoirí ag cur iarratas isteach ar aon cheann de na scéimeanna seo a leanas i 2006.

- Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir Faoi Míbhuntáiste;
- Scéim na hAoníocaíochta;
- An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS);
- Scéim um Chúnamh Infheistíochta Do Bhainistíocht Dramháil Feirme;
- Scéim um Chúnamh Infheistíochta Do Fheabhsúcháin Caighdeáin Sláinteachais Déiríochta;
- Scéim um Chúnamh Infheistíochta I bhFiontair Mhalartacha;
- Scéim um Luathscor;
- Scéim um Chúnamh Suiteála;
- Scéim Fodair Triomaithe;
- Scéim Phrémhe Coillteoireachta.

## DEA-CHLEAGHTAS FEIRMEOIREACHTA

Is feirmeoireacht gnáthchiall é Dea-Chleachtas Feirmeoireachta a thugann aire don chomhshaoil agus a chomhlíonann íoschaighdeáin sláinteachais agus leas ainmhí. Freisin baineann comhlíonadh leis an dlí ar an gcomhshaoil, ar shláinteachas, ar leas ainmhithe, sainaitheint agus clárú ainmhithe agus sláinte ainmhithe.

Ar mhaithe le Rialachán Comhairle EC1257/99 ar thacaíocht d'Fhorbairt Tuaithe sainmhínítear “gnáth dea-chleachtas feirmeoireachta”, mar, an caighdeán feirmeoireachta a leanfadh feirmeoir ciallmhar sa réigiún i gceist. Leag leabhrán na Roinne dar teideal “*Good Farming Practice*” amach go mion na hoibleagáidí ar fheirmeoirí agus na pionóis a gcuirfí i bhfeidhm do shárú dea-chleachtas feirmeoireachta.

Leanfaidh Dea-Chleachtas Feirmeoireachta ar aghaidh ag baint leis na scéimeanna seo a leanas do 2006:

- Scéim Liúntais Chúitimh do Limistéir Faoi Míbhuntáiste;
- Scéim um Chúnamh Suiteála;
- Scéimeanna Infheistíochta Ar An bhFeirm;
- An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS);
- Scéim um Luathscor ó Fheirmeoireacht (aistrithe).





### ***3. BEARTA TACAÍOCHTA MARGAIDH***

#### AISIÓCAÍOCHTAÍ ONNMHAIRÍOCHTA

Is fóirdheontais iad aisíocaíochtaí onnmhairíochta, go bhféadfadh a bheith íochta maidir le mairteoil, eallach beo, bainne agus táirgí bainne, siúcra, arbhar, muiceoil, éanlaith chlóis agus táirgí uibhe agus táirgí próiseáilte áirithe atá á onnmhairiú lasmuigh den AE. Tá méid an fhóirdheontais, gur féidir a bhraith ar cheann scríbe an táirge, deartha chun an difríocht idir margadhphraghas an AE agus na margadhphraghsanna domhanda níos ísle a chlúdach agus chun na praghsanna arda ionchuir nó amhábhair atá le fáil san Aontas Eorpach a thógáil san áireamh. Cumasaíonn an scéim d'onnmhaireoirí an AE dul in iomaíocht níos fearr ar mhargáil domhanda.

- Tá ar onnmhaireoir ceadúnas onnmhairíochta a bheith aige/aici chun na táirgí seo a onnmhairiú agus chun iarratas a chur isteach ar aisíocaíochtaí onnmhairíochta;
- Tá coinníollacha éagsúla a bhaineann le ceadúnú agus aisíocaíochtaí lena áirítear méideanna, teorainneacha ama, slándáileacha, srl. go gcaithfidh an onnmhaireoir a chomhlíonadh;
- Tá rialacháin AE cothrománacha agus earnála a rialaíonn ceadúnú agus an scéim aisíocaíochta onnmhairíochta;
- Cuimsíonn iarratais ar aisíocaíochtaí dearbhuithe onnmhairíochta, a cuirtear ar dtús chuig an t-údarás custaim (.i. an Coimisinéirí Ioncaim). Ansin déantar na dearbhuithe onnmhairíochta seo (aitheanta mar SADS) a dheimhniú agus a aistriú chuig an Roinn Talmháiochta agus Bia;
- Anois is féidir le honnmhaireoir ag úsáid seirbhís ROS ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim na dearbhuithe seo a dhéanamh ar líne;
- Bunaíonn coistí bainistíochta atá faoi chathaoirleacht agus á fheidhmiú ag an gCoimisiún Eorpach rátaí aisíocaíochta ó am go ham; tá rátaí faoi réir athrú ag am ar bith.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta, An Roinn Talmháiochta agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil 053 9163400.*

#### IDIRGHABHÁIL MHAIRTEOLA

Is córas í idirghabháil gur féidir a úsáid chun praghsanna mairteola a thacú trí farasbairr mairteola a ruaigeadh ón mhargadh, agus é a chur in stóráil. Díoltar an mairteoil níos déanaí ó idirghabháil nuair atá margadh phraghsanna an AE tar éis chobhsú ag leibhéal inghlactha. Gníomhaíonn an Roinn do Choimisiún an AE i gceannach táirge d'idirghabháil.

#### IDIRGHABHÁIL ARBHAIR

Tá an córas idirghabhála d'arbhar, atá mar scéim tacaíochta margaidh, oscailte idir 1 Samhain agus 31 Bealtaine, na bliana dar gcionn, faoi réir íosmhéid á thairiscint agus an gráinne ag sroicheadh na sonraíochtaí cáilíochta leagtha amach. Déantar an praghas idirghabhála íochta leis an dtáirgeoir a mhéadú trí bhreiseanna míosúla socraithe. Faoi láthair is é an praghas íochta do ghráinne de cháilíocht caighdeánach ná €101.77 mar aon le 46 cent sa bhreis le haghaidh gach mí ó mhí na Samhna, ag braith ar mhí an táthcheangail. Déantar bónais nó asbhaintí ag braith ar cháilíocht an ghráinne.

## **IM IDIRGHABHÁLA AGUS PÚDAR BAINNE BHEARRTHA (SMP)**

Tá an córas idirghabhála deartha chun praghsanna do tháirgí bunúsacha a thacú trí farasbairr ime agus SMP a ruaigeadh ón mhargadh. Ó Márta go Lúnasa, déantar ceannach idirghabhála d'im a thruicear i mBallstát nuair a thiteann an margadhphraghas faoi bhun 92% den phraghas idirghabhála ime ar feadh dhá sheachtain leantach sa Bhallstát atá i gceist. Ní cheannaítear im ach amháin nuair atá an áis ar oscailt. Stopfaidh ceannach-isteach nuair a théann na cáilíochtaí tairgthe i 2006 thar 50,000 tonna i ngach Ballstát. Sa leithéid seo de chásanna, d'fhéadfadh ceannach-isteach a tharlú ag baint úsáid as córas tairisceana. Cuirtear ceannach idirghabhála d'im ar fionraí nuair atá an margadhphraghas tuairiscithe d'im cothrom le nó níos airde ná 92% de phraghas idirghabhála ar feadh dhá sheachtain leantach. Feidhmíonn ceannach-isteach idirghabhála do phúdar bainne bearrtha ó Márta go Lúnasa gach bliain. D'fhéadfaí méideanna suas le teorainn de 109,000 tonna in aghaidh na bliana a cheannach ar an bpraghas idirghabhála - ina dhiaidh sin d'fhéadfadh córas tairisceana a bheith bainteach.

## **IDIRGHABHÁIL SIÚCRA**

Tá an córas idirghabhála deartha chun praghsanna do tháirgí bunúsacha a thacú trí farasbairr táirge a ruaigeadh ón mhargadh. Ritheann bliain an mhargaidh do shiúcra ó 1ú Iúil go 30ú Meitheamh na bliana dar gcionn. Is féidir le siúcra déanta i rith bliain mhargaidh a bheith tairgthe-isteach go hidirghabháil i rith na bliana sin nó am ar bith suas chuig an 30ú Meán Fómhair dar gcionn. Caithfear glacadh le tairiscintí déanta, faoi réir íosmhéid thairgthe agus an siúcra ag sroicheadh na sonraíochtaí cáilíochta leagtha amach laistigh de na rialacháin.

*Is féidir tuilleadh eolais ar na Scéimeanna Idirghabhála a fháil ó Infheistíocht Ar An bhFeirm, an Rannóg Fóirdheontais agus Stórála, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil 053 9163400.*

## **CÚNAMH DO STÓRÁIL PHRÍOBHÁIDEACH**

Tá na Scéimeanna do Chúnamh le Stóráil Phríobháideach d'im, uachtar agus cháis, mhúiceoil, chaoireoil agus mhairteoil mar bheartais tacaíochta margaidh tugtha isteach ag an gCoimisiún AE nuair a thagann neamhchothroime shéasúrach chun cinn idir sholáthar agus éileamh sna margáí ime, uachtair agus cáise nó i gcás múiceoil, caoireoil agus mairteoil nuair a thiteann an praghas faoi bhun leibhéal tagarmhairc in aon cheann de Bhallstáit an AE.

Is í aidhm na Scéimeanna ná chun na táirgeoirí a éascú chun na táirgí seo a stóráil ar feadh tréimhse stórála ordaithe. Ag deireadh an tréimhse stórála faigheann an stórálaí cúnamh ag ráta, atá tar éis a bheith socraithe roimh ré.

Is ailtéarnach iad d'idirghabháil poiblí sa mhéid is go bhfanann na táirgí mar dhílseánacht na stóráilaithe le díol ag a ndiscreíd neamhsrianta ag deireadh an tréimhse stórála.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Cúnamh um Stóráil Phríobháideach, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil 053 9163400.*

## BEARTAIS TACAÍOCHTA NA MARGAÍ BAINNE AE EILE

### CÁISÉIN AGUS CÁISÉINEÁIT

Soláthraíonn rialachán 2921/90 le haghaidh fóirdheontas go táirgeoirí cáiséine agus cáiséineáite déanta ó bhainne bearrtha (SM) nó ó cáiséin amh tógtha ó bhainne de bhunús AE. Éagsúlaíonn an fóirdheontas de réir an chineál cáiséine táirgthe.

### SCÉIMEANNA DIÚSCAIRT PÚDAR BAINNE BHEARTHHA (SMP)

Soláthraíonn rialachán 2799/99 d'íocaíocht cúnaimh le haghaidh ionchorprú nó dínádúrú SMP isteach i mbia ainmhithe. De ghnáth caithfidh an ábhair bheathaithe chomhdhúile a bheith déanta suas de idir 50% agus 80% SMP, gan a bheith níos lú ná 5% de shail neamh-ime agus ar a laghad 2% stáirse. Baintear amach táirgeadh faoi fheithoireacht Roinne.

### IM TAOSRÁIN DON TIONSCAL MILSEOGRA AGUS ÚSÁID DHÍREACH

Soláthraíonn rialachán 2571/97 do cheadú cúnaimh d'uachtar, im agus im tiubhaithe ón margadh d'úsáid i dtáirgeadh táirgí taosráin, uachtar reoite agus ábhair bheathaithe eile. Ó am go ham, cuirtear im idirghabhála ar fáil ag praghas laghdaithe ar mhaithe leis an rud céanna.

Difríonn na rátaí cúnaimh agus praghsanna ceannaigh de réir an cineál táirge deiridh déanta agus tá siad socraithe ag breithniú na dtairiscintí ag chruinnithe Coiste Bainistíochta Bainne Coimisiúin an AE.

Soláthraíonn rialachán 429/90 do dhíolachán, ag praghsanna laghdaithe, d'im idirghabhála ceaptha le bheith le haghaidh tomhailt dhíreach i bhfoirm im tiubhaithe agus a iardhíolachán in asraonta miondíola.

### SCÉIM BHAINNE DO SCOILEANNA

Soláthraíonn rialachán 2707/2000, mar atá leasaithe ag Rialachán 816/2004, do chúnamh ar dhíolachán bainne agus táirgí bainne soláthartha do dhaltaí scoile. Tá cead ag gach leanbh .25 lítir bainne in aghaidh an lae scoile. Tá an scéim seo comh-mhaoinithe ag an AE agus an Státchiste.

### IM D'EAGRAÍOCHTAÍ NEAMHBHRABÚSACHA

Soláthraíonn rialachán 2191/81 do cheannach ime ag praghas laghdaithe ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha áirithe .i. ospidéal, institiúidí leasa agus eagraíochtaí eile a sholáthraíonn béilí mar bhunchuid dá seirbhís.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Rannóg na Fóirdheontais, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil 053 9163400*



## 4. COMHSHAOL TALMHAÍOCHTA

### **AN SCÉIM UM CHAOMHNÚ AN CHOMHSHAOIL FAOIN TUATH (REPS)**

Tá an Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS) mar chuid de Phlean Forbartha Tuaithe CAP na hÉireann 2000-2006. Tugadh isteach am scéim reatha, REPS 3 i Meitheamh 2004.

Is iad aidhmeanna REPS ná:

- Cleachtas feirmeoireachta agus modhanna táirgeadh a bhunú a frithchaitheann an imní atá ag méadú faoi chaomhnú, faoi chosaint tírdhreacha agus faoi fadhbanna comhshaoil níos leithne;
- Chun gnáthóga fiadhúlra agus speicis i mbaol de flóra agus fána a chosaint; agus
- Chun bia ardchaighdeán a tháirgeadh i slí fairsing agus neamhdhíobhálach don chomhshaoil.

Tá an Scéim ar fáil d'fheirmeoirí uile agus tá sí comh-mhainithe ag an tAontas Eorpach agus an Státchiste Náisiúnta.

Faoi REPS, tá sé riachtanach d'fheirmeoir páirteach plean bainistíochta cothaitheach agus plean bainistíochta féaraigh a dhréachtú dá f(h)eirm. Caithfidh pleananna riachtanach don Scéim a bheith dréachtaithe ag pleanáil/gníomhaireacht pleanála formheasta ag an tAire.

#### **ROGHANNA BITHÉAGSÚLACHTA**

Tá 11 bheartas bunúsach i REPS atá éigeantach. Chun bithéagsúlacht méadaithe a bhaint amach ag leibhéal na feirme, tá feabhsú na 11 Beartais bhunúsacha inmhianaithe. Trí feirmeoirí a sholáthar le rogha ó shraith de ghnóthais roghnacha, tugtar an deis do gach feirmeoir na hoibreacha is oiriúnaí do thréithe chomhshaoil nó tírdhreacha na feirme a roghnú.

Caithfidh iarrthóirí scéime glacadh le dhá rogha, le ar a laghad ceann amháin ag teacht ó Chatagóir 1.

#### **ROGHANNA CATAGÓIR 1:**

- Cruthú Gnáthóige Nua;
- Athnuachan Fál Sceach;
- Athnuachan Fál Sceach Nua;
- Cothabháil Balla Cloiche Breise;
- Bunú Clúdaigh Glais;
- Bainistíocht Chomhshaoil de Chur i leataobh;
- Imill Churaíochta Méadaithe.

#### **ROGHANNA CATAGÓIR 2:**

- Móinéir Féir Traidisiúnta;
- Féarach Saibhir i Speicis;
- Imeall Sruthchúrsa Méadaithe;
- Eisiaigh Rochtain Buaibheach uile ar Shruthchúrsaí;
- Plandáil Crainn Leathanduilleacha;
- Pasáistí Nádúir;
- Méadú i gCriosanna Maoláin Seandálaíochta;
- Bainistíocht de Shuíomhanna Seandálaíochta Inrochtana go Poiblí;
- Tírdhrechtú a sholáthair timpeall an chlóis feirme.

Caithear gach gnóthas áirithe i bplean REPS na bhfeirmeoirí a bheith i bhfeidhm ar feadh tréimhse cúig bliana.

#### **BEARTAIS FORLÍONACHA:**

- Gnáthóga na dTraonach;
- Úllóird Traidisiúnta na hÉireann;
- Caomhnú Póir Uathúla;
- Criosanna Bruachánacha;
- Gnáthóga na nGEALBHAN;
- Feirmeoireacht Orgánach.

#### **BEARTAIS FORLÍONACHA:**

Tá siad seo deartha chun aird a thabhairt ar an riachtanas chun fadhbanna comhshaoil ar leith a réiteach, ar nós cosaint suímh gnáthóige tábhachtacha agus chun an deis a thabhairt d'fheirmeoirí chun freagairt d'éilimh margaidh ar sholáthar bia orgánach.

D'fhéadfadh feirmeoirí glacadh leis an oiread Beartais Forlíonacha gur mian leo; mar sin féin ní íocfar iad ach le haghaidh aon Bheart Forlíontach amháin nó íoctha ar dhá Bheartais Forlíonacha áit a glactar le ceann ó hÚllóird Traidisiúnta, Ghnáthóga na nGEALBHAN nó chriosanna Bruachánacha agus a glactar le ceann ó Phóir Uathúla, Fheirmeoireacht Orgánach nó Ghnáthóg Traonaigh.

Áit ina bhfuil rannpháirtí ag baint leas as íocaíocht faoi Bheart A, ní fhéadfaí íocaíocht a thiomsú le híocaíocht faoin Bheart Forlíonach Orgánach ar an ndáileacht talún céanna.

Caitheadh feirmeoirí gur mian leo glacadh le Beart(ais) Forlíonach(a) an beart (na beartais) a chomhlíonadh ó dháta tosaigh an phlean.

**RÁTAÍ ÍOCAÍOCHTA REPS**

<p><b>Talamh Limistéir Neamh -Sprice</b> Clár Ginearálta REPS</p>	<p>€200/ha don chéad 20 ha €175/ha don chéad 20 ha eile suas go 40 ha €70/ha don chéad 15 ha eile suas go 55 ha €10/ha do limistéir os cionn 55 ha</p>
<p><b>Talamh Limistéir Sprice</b> Beart A</p>	<p>€242/ha don chéad 40 ha €24/ha don chéad 40 ha eile suas go 80 ha €18/ha don chéad 40 ha eile suas go 120 ha €5/ha do limistéir os cionn 120 ha</p>
<p><b>Beartais Forlíonacha:</b> Póir Uathúla Úlloird Traidisiúnta Bruachánach (Uas-achar de 2.5ha) Gnáthóg Traonaigh Tionscnamh GEALBHAIN (Uas-achar de 2.5ha)</p> <p><b>Feirmeoireacht Orgánach</b> Feirmeacha níos mó ná 3 ha</p> <p><b>Gabháltais Gairneoireachta Orgánaigh</b> 3 ha nó níos lú agus ar a laghad 1 ha faoi thorthaí nó ghlasraí (ag eisiamh leasuithe glas)</p>	<p>€200 in aghaidh Aonad Beostoic €150 in aghaidh an úlloird €724.50/ha €100/ha (breisiú) €700/ha an céad ha €400/ha don chéad 1.5 ha eile</p> <p>€181/ha i gclaochlú suas go 55 ha €30/ha i limistéar claochlaithe os cionn 55 ha €91/ha stádas orgánach iomlán suas go 55 ha €15/ha limistéir stádais orgánach iomlán os cionn 55 ha</p> <p>€242/ha i gclaochlú €121/ha stádas orgánach iomlán</p>

*Tá sonraí agus foirmeacha iarratais le fáil ó "Oifigí Talmhaíochta, Comhshaoil agus Struchtúr (AES)" áitiúla na Roinne. (Féach Aguisín 1B)*

## FEIRMEOIREACHT ORGÁNACH

Is córas ar leith feirmeoireachta í Fheirmeoireacht Orgánach go bhfuil sé mar aidhm aici bia ardchaighdeán a tháirgeadh i slí tairbheach don chomhshaoil agus d'fhiadhúla. Cleachtann feirmeoirí orgánacha feirmeoireacht de réir caighdeán atá tar éis a bheith deartha do tháirgeadh bairr agus beostoic. Is é sá na gcaighdeán seo ná chun córas feirmeoireachta a fhorbairt a chomhseann le córais eile, a chothaíonn torthúlacht talún agus a thugann cosaint don timpeallacht, d'fhiadhúla agus d'acmhainní neamh-inathnuaite.

Tá an earnáil orgánach rialaithe ag Rialachán Comhairle (CEE) Uimh. 2092/91. Rialaíonn an Rialachán seo táirgeadh agus ullmhú bia orgánach. Rialaíonn sé freisin an allmhairiú ó thríú thíortha de bharr agus táirgí ainmhí neamh-phróiseáilte, táirgí talmhaíochta próiseáilte ceaptha le bheith do thomhailt dhaonna, agus bia ainmhithe, áit a léiríonn an lipéadú, ábhar fógraíochta nó cáipéisí tráchtála gur táirgeadh an táirge de réir an Rialacháin. Faoi Rialachán 2092/91 tá sé mar riachtanas ar oibreoirí orgánach freisin an Roinn a chur ar an eolas maidir leis na gníomhaíochtaí feirmeoireachta agus a fiontar nó a fhiontar a chur faoi bhráid cigireachta.

## CÚNAMH D'FHORBAIRT AN EARNÁLA

- **An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS)**

Soláthraíonn Beart Forlíonach 6 (SM6) den Scéim Chosanta Comhshaoil Tuaithe (REPS) íocaíochtaí breise d'fheirmeoirí REPS gur mian leo aistriú go nó leanúint ar aghaidh le modhanna feirmeoireachta orgánaigh. Is í an aidhm ná chun táirgeoirí i REPS a spreagadh chun freagairt don éileamh margaidh do bhia táirgthe go horgánach.

Chun a bheith incháilitheach don bheart seo, caithfidh feirmeoirí a chur faoi bhráid cigireachta faoi na socruithe cigireachta formheasta ag an Roinn, caithfear clárú leis an Roinn agus caithfear feirmeoireacht de réir plean comhshaoil talmhaíochta dréachtaithe ag gníomhaireacht pleanála REPS formheasta ar feadh tréimhse 5 bliana.

- **Scéim um Chúnamh-Dheontais d'Fhorbairt an Earnála Orgánach**

Soláthraíonn an scéim seo, a bhí formheasta faoi Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006, cúnamh deontais i dtreo infheistíochtaí i dtrealamh agus in áiseanna do tháirgeadh, ullmhú, ghrádú, phacáil agus stóráil táirgí orgánacha. Tá tionscnaimh ar an bhfeirm agus lasmuigh den bhfeirm ar an incháilithe

Le haghaidh tionscnaimh infheistíochta ar an bhfeirm ag costáil os cionn €2,540, soláthróidh an Roinn cúnamh deontais 40%, suas go huasmhéid de €50,790. Le haghaidh tionscnaimh infheistíochta lasmuigh den bhfeirm ag costáil os cionn €2,540, arís tá cúnamh deontais 40% ar fáil suas go huasmhéid de €508,000.

*Tá tuilleadh eolais le fáil ó Aonad Orgánach, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Loch Garman.  
Lóghlao: 1890 200 509 nó 053 9163400, Facs: 053 9143965 nó ríomhphost: [organics@agriculture.gov.ie](mailto:organics@agriculture.gov.ie)*





## 5. FORAOISEAHT

## DEONTAIS COILLTEOIREACHTA AGUS RÁTAÍ PRÉIMHE

Faoi na Scéimeanna Deontais Coillteoireachta agus Rátaí Préimhe, tá deontais suas le €7,335.28 in aghaidh an heicteáir agus préimheanna bliantúla suas le €499 in aghaidh an heicteáir ar fáil dóibh siúd ag plandáil na shéasúr reatha. Tá caiteachas ar na scéimeanna seo comh-mhainithe ag an AE.

### RÁTAÍ DEONTAIS (ÉIFEACHTACH Ó 01.01.05)

	Deontas Coillteoireachta <sup>1</sup>	Dara Deontas Thráthchoda <sup>1</sup>	Deontas lomlán
	€/ha	€/ha	€/ha
<b>Talamh Neamhniata</b>	2,214.42	761.21	2,975.63
<b>Talamh Iniata agus Feabhsaithe</b>			
Cónaiféir neamh-éagsúla	2,214.42	761.21	2,975.63
20% cónaiféir éagsúla	2,352.82	761.21	3,114.03
Cónaiféir éagsúla	2,629.63	830.41	3,460.04
<b>Leathanduilleach</b>			
Speicis Formheasta Seachas Dair/Feá 100% coinnithe	3,999.67	1,199.90	5,199.57
Dair 75- 100% coinnithe	5,259.25	1,660.82	6,920.07
Feá 80%-100%	5,536.06	1,799.22	7,335.28

### Nóta

*1 Tá na céad Deontais Thráthchoda uile bunaithe ar chostas. Is iad na rátaí taispeánta thuas na huasmhéid iníoctha. Íoctar dara deontas tráthchoda 4 bhliain tar éis go gcomhlíontar oibreacha tosaigh faoi réir bunú sásúil.*

### RÁTAÍ PRÉIMHE FORAOISEACHTA

Catagóir Deontais/Préimhe (GPC)	Préimh Fheirmeora (íocaíocht bhliantúil, 20 bliain) €/ha			Préimh Neamh- fheirmeora (íocaíocht bhliantúil, 15 bliana) €/ha
	Achar plandála			
	< 6ha	≥ 6ha	≥ 12ha	
GPC 1 - Neamhniata	209.51	209.51	209.51	171.41
GPC 2 - Sprús Síteach/péine contórtach	336.48	349.18	361.88	
GPC 3 - 20% Meascán éagsúil	391.08	403.78	416.47	
GPC 4 - Éagsúil	416.47	429.17	441.87	
GPC 5 - Leathanduilleach (seachas dair & feá)	441.87	454.57	467.26	184.11
GPC 6 - Dair	473.61	486.31	499.01	
GPC 7 - Feá	473.61	486.31	499.01	

Ar mhaithe le haidhmeanna foraoiseachta ilfheidhmeacha, d'fhéadfaí rátaí cúnaimh leathanduilleacha a leathnú go talamh neamhniata ar bhonn cás ar chás.

*Is féidir sonraí iomlána na deontas a fháil ón Seirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil: 053 9160200, Lóghlao: 1890 200 223, Facs: 053 9143834*

## **AN COMHSHAOL**

Tá sé mar choinníoll de chúnamh deontais, faoi Scéim Choillteoireachta CAP 2000-2006, go mbeadh forbairt comhoiriúnach le cosaint an chomhshaoil. Áiríonn breithniúcháin an chomhshaoil ag am iarratais caighdeán an uisce, gnáthóga ainmnithe, seandálaíocht, tírdhreach agus méid an limistéir Déantar comhairliú le gníomhaireachtaí poiblí agus leis an bpobal ginearálta maidir le hiarratais ar dheontais foraoiseachta i limistéir d'íogaireacht comhshaoil speisialta. Tá treoirínte tar éis a bheith táirgthe ar:

- “Foraoiseacht agus Seandálaíocht”,
- “Foraoiseacht agus Caighdeán an Uisce”,
- “Foraoiseacht agus Bithéagsúlacht”,
- “Sábháil Foraoiseachta agus Treoirínte an Chomhshaoil”,
- “Foraoiseacht agus an Tírdhreach”,
- “Treoirínte Cosanta Foraoiseachta”.

Spregtar éagsúlacht i bplandáil agus i bplandáil leathanduilleach, ach go háirithe, trí dhifreálacha na scéime deontais Is í an sprioc do phlandáil leathanduilleach ná 30% d'iomlán an phlandáil nua faoi dheireadh an chláir reatha i 2006.

Tá sé riachtanach go mbainfí amach Measúnú Tionchair Timpeallachta ar limistéir os cionn 50 heicteár, agus ar limistéir faoi bhun an tairsí 50 heicteár áit a samhlaítear go bhfuil tionchar timpeallachta suntasach ag forbairt molta.

Déantar comhairliú le húdaráis áitiúla ar iarratais coillteoireachta uile os cionn 25 heicteár agus déantar iad a chomhairliú maidir le hiarratais coillteoireachta uile laistigh de limistéir scéimhe príomha i bPlean Forbairtí an Chontae nó laistigh de limistéar liostaithe i bhFardal na dTírdhreach sárscéimhe.

## **CLÁIR OIBRIÚCHÁIN RÉIGIÚNACHA 2000-2006**

### **FEABHSÚCHÁN COILLEARNAÍ**

Tá an fo-bheart seo dírithe ar:

- fheabhsúchán caighdeán foriomlán an eastáit foraoiseachta;
- shaibhriú agus fhorleathnú an coillearnach dúchasach agus leathdhúchasach;
- bhunú áis agus coillearnach uirbeach;
- athbhunú coillearnaí loite.

Soláthróidh an fo-bheart cúnamh-deontais faoi na scéimeanna seo a leanas:

- Coillearnach Dúchasach;
- Adhmad Comharsana;
- Athbhunú Coillearnaí;
- Feabhsúchán Coillearnaí
- Deilbhiú Leathanduilligh;
- Sciotadh Ard Cónaiféir.

Tá an beart seo comh-mhaoinithe ag an AE.

### **FORBAIRT FORAOISEACHTA**

Cuirfidh an fo-bheart seo le forbairt foraoiseachta trí:

- rannpháirtíocht a spreagadh san earnáil foraoiseachta;
- thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh agus do chumainn de shealbhóirí foraoiseachta dírithe ar fhorbairt foraoiseachta mar fhiontar inbhuanaithe agus éifeachtach;
- éagsúlú de gníomhaíochtaí talmhaíochta a spreagadh;
- phróiseáil agus mhargú táirgí foraoiseachta a fheabhsú;
- úsáidí nua do tháirgí foraoiseachta a chur chun cinn;
- thacaíocht taca a sholáthar d'fheidhmiú éifeachtach an chláir trí chumadh córas faisnéise foraoiseachta bunaithe i ríomhaire nua-aimseartha.

Soláthróidh an fo-bheart cúnamh-deontais faoi na catagóirí seo a leanas:

- Cur Chun Cinn;
- Plandlanna;
- Cúnamh do chomharchumainn agus Chumainn foraoiseachta;
- Staidéar Foraoiseachta;
- Tionscnaimh agus Tionscadail;
- Cur Chun Cinn Troscaín Éireannach Adhmad-Bhunaithe.

### **BÓITHRE FORAOISEACHTA**

Tá an fo-bheart seo deartha chun rochtain a cheadú d'fhorbairt plandála foraoiseachta, do chothabháil agus chosaint tine agus d'éascú baint adhmaid.

### **CLÁR OIBRIÚCHÁIN FORBARTHA FOSTAÍOCHTA AGUS ACMHAINNÍ DHAONNA**

Soláthraíonn an clár seo maoiniú do thraenáil san earnáil foraoiseachta. Tá traenáil clúdaithe sna limistéir liostaithe thíos:

- Bunú agus Cothabháil Foraoiseachta;
- Plandlanna agus Sábháil Foraoiseachta;
- Margaíocht Táirge Foraoiseachta;
- Cúrsaí eile measta mar a bheith riachtanach d'fheidhmiú éifeachtach na scéimeanna.

## **CLÁR OIBRÍÚCHÁIN UM THAIGHDE, FORBAIRT TEICNEOLAÍOCH AGUS NUÁLAÍOCHT**

Soláthraíonn an clár seo maoiniú do thaighde agus fhorbairt san earnáil foraoiseachta faoi na fo-bheartais seo a leanas:

- Tionscnaimh Taighde;
- Aistriú Teicneolaíochta;
- Traenáil agus soghluaisteacht taighdeora;
- Comhordú taighde agus forbairt foraoiseachta.

*Do thuilleadh eolais déan teagmháil leis an tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil: 053 9160200 Lóghlao: 1890 200 223 Facs: 053 9143836*

## **NÓS IMEACHTA ACHOMHAIRC DON tSEIRBHÍS FORAOISEACHTA**

Déanann aonad riaracháin den tSeirbhís Foraoiseachta an nós imeachta Achomhairc sa Seirbhís Foraoiseachta a láimhseáil. D'fhéadfadh custaiméirí achomharc a dhéanamh in aghaidh aon chinneadh a dhéanann an tSeirbhís Foraoiseachta a chuireann isteach ar a dteidíochtaí faoi na scéimeanna deontais agus préimhe. Baineann formhór na n-achomharc láimhsithe ag an Aonad le diúltú formheasa réamh-phlandála agus diúltú nó laghdú i ndeontais.

Tá an áis ag an bpobal agus eagraíochtaí timpeallachta freisin chun achomharc a dhéanamh in aghaidh moltaí coillteoireachta i suímh íogaire timpeallachta áirithe. Faoi Rialachán timpeallachta i bhfeidhm ó 2001, tá gnáthamh comhairliúcháin an-fhairsing a caithfear a bheith glactha ag an tSeirbhís Foraoiseachta sula bhformheasann sé coillteoireacht i limistéir ainmnithe mar íogair timpeallachta. Cuirtear preas fógraí sna páipéir áitiúla chun cuireadh a thabhairt do thuairimí an phobail ar mholtaí coillteoireachta i limistéir ainmnithe mar aon cheann díobh seo a leanas:

- Limistéar Oidhreacht Náisiúnta, Limistéar Caomhantais Speisialta, Limistéar Cosanta Speisialta nó Páirc Náisiúnta molta;
- Limistéir ina bhfuil suíomh nó gné seandálaíochta le dian úsáid poiblí;
- Limistéir scéimhe príomha i bPlean Forbartha Chontae nó liostaithe i bhFardal na dTírdhreach Sárscéimhe.

Déantar comhairliú díreach le hÚdarás Áitiúla agus heagraíochtaí timpeallachta freisin maidir leis na hiarratais seo. Má chuireann an pobal nó aon cheann de na heagraíochtaí seo in aghaidh an moladh plandála tógtar a gcuid tuairimí agus agóidí san áireamh i bplé na Seirbhíse Foraoiseachta ar an moladh. Má chiallaíonn an cinneadh ar an moladh nár seasadh lena hagóidí, tairgtear an deis dóibh chun achomharc a dhéanamh laistigh de 21 lá.

*Caithfidh achomhairc a dhéanamh maidir le nós imeachta comhairliúcháin a bheith lóisteáilte laistigh de 21 lá ó admháil cinneadh na Seirbhíse Foraoiseachta.*

*Ba chóir achomhairc i gcoinne aon cinneadh eile a chuireann isteach ar theidlíochtaí na dtomhaltóirí faoi na scéimeanna deontais agus prímhe a lóisteáil chomh luath agus is féidir tar éis fógra an cinneadh áibhirseach ag an Seirbhís Foraoiseachta.*

*Caithfidh gach achomhairc a bheith déanta i scríbhinn, ag leagadh amach forais an achomhairc agus seolta chuig: Anonad Achomhairc, An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Lóghlao 1890 200 223*

### RIALÚ LEAGAIN

Faoi Rannóg 37 den Acht Foraoiseachta 1946 tá sé mídhleathach crann os cionn deich mbliana a stoitheadh, nó crann d'aon aois a ghearradh síos, nó crann d'aon aois a ghortú gan Ceadúnas Leagtha. Caithfear fógra rúin chun crann a leagadh nó a stoitheadh a thabhairt i scríbhinn ar fhoirm ar a dtugtar Fógra Leagain. Ar fháil Fógra Leagain comhlíonta, eisítear Ordú ag cosc leagan crainn. Cosnaíonn sé seo na crainn atá i gceist fad a déantar breithniúchán ar eisíuint ceadúnas leagtha. D'fhéadfaí aon duine ag stoitheadh nó ag gearradh síos crann gan ceadúnas leagtha a chúiseamh trí na Cúirteanna. Is féidir pionóis dian a thabhairt do leaganacha mídhleathacha agus in éineacht le fineálacha gearrtha ag an gCúirt, d'fhéadfadh an tAire, trí Ordú, iachall a chur ar an duine ciontaithe chun athphlandáil.

*Is féidir Fógra Leagain a fháil ó aon Stáisiún Garda nó go díreach ón Rannóg Leagain, An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman, Teil: (053) 9160170/9160174/9160175/9160181.*

### COSAINT LOTNAIDE AGUS GALAIR FORAOISEACHTA

Tá an tSeirbhís Foraoiseachta freagrach as feidhmiú na gnéithe foraoiseachta de Threoir na Comhairle 2000/29/EC ar bheartais cosanta in aghaidh tabhairt isteach sa Chomhphobal d'orgánaigh díobhálach do phlandaí nó táirgí plandaí agus in aghaidh a scaipeadh laistigh den Chomhphobal. Feidhmíonn an tSeirbhís Foraoiseachta na soláthairtí maidir le adhmaid, pacáistiú adhmaid, plandaí foraoiseachta agus crainn Nollag. Tá lorgaireacht luath de lotnaid nó galar nuathionscanta riachtanach agus spreagtar úinéirí foraoiseachta agus an tionscal foraoiseachta chun a bheith faireach in aimsiú a leithéid de thabhairt isteach. Má bhreathnaítear aon lotnaid nó galar neamhghnách déan teagmháil leis an tSeirbhís Foraoiseachta le do thoil. Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- Clárú allmhairceoirí (allmhairiú ó Thíortha neamh AE) d'adhmaid, de tháirgí adhmaid agus plandaí foraoiseachta rialaithe;
- Clárú táirgeoirí ábhair foraoiseachta ar nós plandlanna foraoiseachta;
- Seirbhís diagnóiseach lotnaide agus galair foraoiseachta;
- Comhairle maidir le rialacháin allmhairiú maidir le hadhmaid, pacáistiú adhmaid, plandaí foraoiseachta agus crainn Nollag;
- Eisíuint Teastais Fíteashláintíocha d'onnmhairiú ábhar foraoiseachta.

## **ONNMHAIRIÚ PACÁISTIÚ ADHMAID (PAILLÉID, CISEANNA, SRL.) – UIMH. ISPM 15**

Maidir le honnmhairí, tá an tSeirbhís Foraoiseachta freagrach as feidhmiú an Chaighdeán Idirnáisiúnta nua do Bheartais Fíteashláintíocha (ISPM) Uimh. 15. Treoirlínte le haghaidh pacáistiú adhmaid a rialú i dtrádáil idirnáisiúnta. Míníonn ISPM Uimh. 15 beartais fíteashláintíocha chun an baol de thabhairt isteach agus/nó scaipeadh loitnaidí choraintín a samhlaítear le pacáistiú adhmaid déanta ó adhmaid amh, in úsáid i dtrádáil idirnáisiúnta a laghdú. I gcleachtas caithfidh pacáistiú adhmaid (pailléid, ciseanna, boscaí srl.) déanta ó adhmaid amh neamhphróiseáilte agus úsáidte i dtacú, i gcosaint nó in iompar tráchtearra, a bheith teaschóireáilte nó toirithe i slí sainithe agus caithfidh an pacáistiú a bheith stampáilte ar dhá thaobh ar a laghad leis an marc formheasta oifigiúil ag fíorú na cóireála agus ag ionchorprú uimhir chláráithe an táirgeora den phacáistiú. Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil maidir le ISPM Uimh. 15:

- Clárú táirgeoirí pacáistiú adhmaid, oibreoirí tornóige agus comhlachtaí toitríú;
- Comhairle do tháirgeoirí pacáistiú adhmaid, do chomhlachtaí toitríú agus d'oibrithe tornóige maidir le ISPM Uimh. 15;
- Comhairle do chomhlachtaí onnmhairí maidir le Uimh. ISPM 15.

*Do thuilleadh eolais maidir leis an rud thuas déan teagmháil le do thoil le - An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Teach Talmhaíochta (3 Thiar), Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 607 2651, Facs: 01 607 2545, ríomhphost: [forestprotection@agriculture.gov.ie](mailto:forestprotection@agriculture.gov.ie), láithreán: [www.agriculture.gov.ie/forests-service](http://www.agriculture.gov.ie/forests-service)*

## **ÁBHAR ATÁIRGEADH FORAOISEACHTA**

Is téarma comhchoiteann é Ábhar Atáirgeadh Foraoiseachta (FRM) chun cur síos a dhéanamh ar shíolta, ar phlandaí agus ar ghearradh atá tábhachtach ar mhaithe le foraoiseacht. Tá an tSeirbhís Foraoiseachta freagrach as cur i bhfeidhm Treoir na Comhairle 1999/105/EC ar an margáiocht de FRM. Is í aidhm an reachtaíocht ná chun a chinntiú go bhfuil FRM atá margaithe tagtha ó fhoinsí formheasta oiriúnacha agus go bhfuil sé lipéadaithe agus aitheanta tríd síos an gnáthamh ar fad ó bhailiú síl go próiseáil, stóráil, táirgeadh planda agus seachadadh chuig an úsáideoir deiridh. Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- Clárú soláthraithe d'ábhar atáirgeadh foraoiseachta -bailitheoirí síl, plandlanna, allmhaireoirí síl agus plandaí;
- Clárú seastáin síolta le chúnadh COFORD. (féach Rannóg 13 le haghaidh eolais ar COFORD);
- Eisiúint Teastais Dualfhoinsé do bhailiúcháin síl;
- Comhairle ar rialacháin síl agus plandaí foraoiseachta.

*Do thuilleadh eolais maidir leis an rud thuas déan teagmháil le do thoil le - An tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Teach Talmhaíochta (3 Thiar), Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 607 2651, Facs: 01 607 2545, ríomhphost: [forestprotection@agriculture.gov.ie](mailto:forestprotection@agriculture.gov.ie), láithreán: [www.agriculture.gov.ie/forests-service](http://www.agriculture.gov.ie/forests-service)*





## 6. FEABHSÚCHÁIN STRUCHTÚRTHA

### SCÉIM UM LUATHSCOR Ó FHEIRMEOIREACHT (1994-1999)

Faigheann rannpháirtithe sa chéad Scéim seo íocaíochtaí pinsin ar feadh deich mbliana nó go dtí a 70ú lá breithe, pé acu atá níos luaithe, chomh fada agus a leanann siad siúd agus na haistriúcháin atá acu ar aghaidh ag comhlíonadh lena ngnóthais. Soláthraíonn an Scéim freisin do phinsin d'fheirmeoirí imithe ar scor. Ba é an dáta deiridh a bhí ann d'íarratais faoin Scéim seo ná 31 Nollaig 1999 agus tugadh isteach Scéim um Luathscor nua isteach i Samhain 2000 (féach sonraí thíos).

### SCÉIM UM LUATHSCOR Ó FHEIRMEOIREACHT (2000-2006)

Tugadh isteach an Scéim um Luathscor reatha chun baint leis an dtréimhse ó 2000 go 2006 ar 27 Samhain 2000. Tá sé mar cheann de na beartais i bPlean Forbartha Tuaithe CAP na hÉireann 2000-2006. Soláthraíonn an Scéim do phinsean le haghaidh oibreoirí feirme atá ag imeacht ar scor i gcúinsí áirithe. Tá an Scéim nua comh-mhainithe ag an AE.

### AIDHMEANNA

Chun ioncam a sholáthair d'fheirmeoirí níos sine (idir na haoiseanna de 55 agus 66) a bheartaíonn chun éirí as an bhfeirmeoireacht;

Spreagadh a thabhairt d'ionadú na feirmeoirí níos sine dá leithéid le feirmeoirí ábalta inmharthanacht an ghabháiltais talmhaíochta fágtha a fheabhsú, áit atá sé riachtanach;

Chun talamh talmhaíochta a aththaisealbhadh d'úsáidí neamhthalmhaíochta áit nach féidir feirmeoireacht a dhéanamh air faoi choinníollacha sásúla d'inmharthanacht eacnamaíoch

### PRÍOMHGHNÉITHE

- **Teorainneacha aoise**

Caithfidh an feirmeoir (aistreoir) atá ag imeacht ar scor a bheith idir aois 55 agus 66 bliana. Caithfidh aistrí feirmeoireachta a bheith idir aois 18 agus 40 d'íarratais faighte suas go deireadh 2006.

- **Fad an Phinsin**

Íocfar an pinsean ar feadh suas le 10 mbliana nó go dtí 66ú lá breithe an iarratasóra, pé acu atá níos luaithe.

- **Méid Iníochta**

Cuimseoidh an pinsean bunráta de €5,403 móide €338 in aghaidh an heicteáir de Limistéir Talmhaíochta Úsáideach suas go huasmhéid de 24 heicteár. Is í an uasíocaíocht faoin Scéim ná €13,515 in aghaidh na bliana.

- **Pinsin Scoir Náisiúnta**

Íoctar an Pinsean Scoir Náisiúnta mar fhorlíonadh ar aon phinsean scoir náisiúnta go bhféadfadh a bheith iníochta. Dá bharr sin, caithfidh méid aon phinsean scoir náisiúnta a bheith asbhainte ón Pinsean um Luathscor. Áiríonn an sainmhíniú de phinsean scoir náisiúnta Pinsean Seanaoise (Ranníocach agus Neamh-Ranníocach), Pinsean Easláinte, Pinsean Scoir agus Pinsin Baintrí Ranníocach agus Neamh-Ranníocach. Ar mhaithe leis an Scéim um Luathscor, ní glactar leis na Pinsin Baintrí mar phinsin scoir náisiúnta go dtí go bhfuil an aois scoir náisiúnta (66 bliana) sroichte ag na faighteoirí.

- **Ag Déanamh Dearbhú IACS**

Caithfidh feirmeoirí ag cur isteach ar an Scéim a dtailte uile (cibé an bhfuil siad faoi úinéireacht nó léasaithe) a bheith cláraithe ar Chóras Rialúcháin agus Riarachán Comhtháthaithe na Roinne (IACS). Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh siad iarratas Cúnamh Limistéir a dhéanamh fiú mura shíleann siad go gcáileoidh siad le haghaidh Cúnamh Limistéir.

*Tá cáipéis agus foirm iarratais na Scéime le fáil ó oifigí áitiúla na Roinne (féach Aguisín 1B), nó ón Rannóg Luathscor, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman (Teil 053 9163400). Caithfidh iarratais faoin Scéim a dhéanamh go dtí an Rannóg Luathscor i Loch Garman. Tá an cháipéis ar láithreán gréasáin na Roinne chomh maith ag [www.agriculture.gov.ie](http://www.agriculture.gov.ie)*

## **SCÉIM UM CHÚNAMH SUITEÁLA**

Tá sí mar aidhm ag an scéim seo daoine óga a spreagadh chun dul i mbun feirmeoireachta.

### **COINNÍOLLACHA**

Faoin Scéim, tá préimh de €9,523 iníochta d'fheirmeoirí faoi bhun 35 bliana ag am an bhunaithe:

- a ghineann íosmhéid de 20 aonad ioncain ó fheirmeoireacht ag bunú, nó laistigh de 12 mhí ón dáta sin ar a dhéanaí, agus go bhfuil ioncam iomlán, lena áirítear ioncam neamh-fheirme, de ar a laghad 50 aonad ioncain laistigh de 2 bhliain ó dháta an bhunaithe;
- a chomhlíonann, ag am an bhunaithe ar an bhfeirm nó laistigh de dhá bhliain ón dáta sin ar a dhéanaí, riachtanais áirithe maidir le scil agus éifeachtacht cheirde;
- a fuair teideal/teideal léasach chuig an talamh agus a dhearbhaíonn go raibh costais bhunaithe maidir le haistriú na feirme faighte;
- a chuireann isteach iarratas tosaigh laistigh de 6 mhí ó bhunú i bhfeirmeoireacht ar dtús agus a chuireann isteach iarratas iomlán le cáipéisíocht thaca laistigh de 30 mí ó bhunú.

Tá an Scéim seo comh-mhainithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 agus ag Ciste Eorpach um Threoir agus Rátháocht Talmhaíochta an Aontais Eorpach.

## **SCÉIM UM CHÚNAMH INFHEISTÍOCHTA DO BHAINISTÍOCHT DRAMHAÍL FEIRME**

### **AIDHM**

Tá sí mar aidhm ag an Scéim seo, a seoladh ar 23ú Márta 2006, an bhainistíocht de dhramhaíl feirme a éascú trí cúnamh deontais a sholáthair d'fheirmeoirí le haghaidh infheistíochtaí in áiseanna stórála do shadhlas agus dramhaíl talmhaíochta, tithíocht ainmhithe, eilimintí sábháilteachta agus trealamh do chur i bhfeidhm dramhaíl feirme. Tá an scéim tar éis a bheith leathnaithe chun capaill, fianna, gabhair, muca agus éanlaithe chlóis, agus muirín beacáin a áireamh.

### **INCHÁILITHEACHT**

Tá an scéim oscailte d'fheirmeoirí ag a bhfuil:

1. íosmhéid de 3 heicteár atá tar éis a bheith dearbhaithe faoi Scéim na hAoníocaíochta Feirme/Cúnamh Limistéir/Córas Rialúcháin agus Riarachán Comhtháthaithe agus
2. Aonaid loncaim nach bhfuil os cionn 650 lena áirítear ioncam lasmuigh den bhfeirm, gan aon teorainn ioncaim uachtarach á chur i bhfeidhm i gcás feirmeoirí muice agus éanlaithe chlóis.

Baineann ráta deontais caighdeánach de 60% le haghaidh tithíocht ainmhithe agus stóráil sciodair araon le 70% á chur ar fáil sa cheithre chontaetha Creasa C (An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim agus Muineacháin). Chomh maith, beidh deontais “breisiúcháin” ar fáil d'fheirmeoirí óga i gcásanna áirithe.

Baineann ráta deontais 40% le ceannach trealamh speisialaithe le buntáistí timpeallachta ar leith, tancaer scaipeadh sciodair agus trealamh coibhneasach. Tugtar cúnamh deontais ag 20% do cheannach trealamh soghluaiste caighdeánach.

Is é an uasmhéid d'infheistíocht incháilithe le haghaidh cúnamh deontais faoin Scéim ná €120,000 in aghaidh an ghabháiltais.

Tá an Scéim seo comh-mhaoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 agus ag Ciste Eorpach um Threoir agus Ráthaíocht Talmhaíochta an Aontais Eorpaigh.

### **SCÉIM UM CHÚNAMH INFHEISTÍOCHTA DO FHEABHSÚCHÁIN CAIGHDEÁIN SLÁINTEACHAIS DÉIRÍOCHTA**

#### **AIDHM**

Is í aidhm na Scéime ná chun cúnamh a thabhairt d'fheirmeoirí déiríochta in uasghrádú na háiseanna déiríochta ar a bhfeirmeacha, chun cloí leanúnach le chaighdeáin AE a chinntiú agus chun feabhsú breise a dhéanamh ar chaighdeáin sláinteachais déiríochta ar an bhfeirm chun freastal ar éilimh sláinteachais an tomhaltóra.

### **INCHÁILITHEACHT**

Tá an scéim oscailte d'fheirmeoirí ag a bhfuil íosmhéid de 30 Aonad loncaim agus gan níos mó ná 450 Aonad loncaim, lena n-áirítear ioncam lasmuigh den bhfeirm. Caitheadh ar a laghad 20 de na hAonaid loncaim teacht ó fheirmeoireacht. Beidh an ráta de chúnamh deontais iníochta faoin scéim ag 40% de na costais formheasta.

Chomh maith, cáileoidh feirmeoirí óga traenáilte faoi bhun 35 bliana atá tar éis tosú ag feirmeoireacht sa tréimhse cúig bliana roimh iarratais le haghaidh cúnamh breise ag an ráta de 15% i Limistéir Mhídhéisiúla agus 5% sa chuid eile den tír.

Is é an uasmhéid d'infheistíocht incháilithe le haghaidh cúnamh deontais faoin Scéim ná €50,000 in aghaidh an ghabháiltais.

Tá an Scéim seo comh-mhaoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 agus ag Ciste Eorpach um Threoir agus Ráthaíocht Talmhaíochta an Aontais Eorpaigh.

## **SCÉIM UM CHÚNAMH INFHEISTÍOCHTA I bhFIONTAIR MHALARTACHA (ÁISEANNA TITHÍOCHTA AGUS LÁIMHSEÁLA)**

### **AIDHM**

Is í aidhm na Scéime ná chun fiontair talmhaíochta a chur chun cinn agus a choinneáil, ní i bhfarasbarr, trí chúnamh deontais a sholáthair d'fheirmeoirí le haghaidh infheistíocht in áiseanna tithíochta/láimhseála do chapaill, fhianna, choiníní, ghabhair agus speicis inghlactha neamh-chuóta eile.

### **INCHÁILITHEACTH**

Tá an scéim oscailte d'fheirmeoirí ag a bhfuil íosmhéid de 30 Aonad loncaim agus gan níos mó ná 200 Aonad loncaim lena áirítear ioncam lasmuigh den bhfeirm. Caithfidh ar a laghad 20 de na hAonaid loncaim teacht ó fheirmeoireacht. Beidh an deontas srathach - is é 40% an ráta cúnaimh dheontais iníochta faoin scéim d'fheirmeoirí gan níos mó ná 150 Aonad loncaim mar chéatadán de chostais formheasta. Le haghaidh iarratasóirí le os cionn 150 Aonad loncaim acu agus gan níos mó ná 200 Aonad loncaim beidh an ráta cúnaimh dheontais iníochta faoin scéim ag 20% de na costais formheasta.

Is é an uasmhéid d'infheistíocht incháilithe le haghaidh cúnamh deontais faoin Scéim ná €31,743 in aghaidh an ghabháltais maidir le capaill agus fianna agus €6,349 maidir le speicis eile.

Tá an Scéim seo maoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

## **SCÉIM UM CHÚNAMH DHEONTAIS D'FHEABHSÚCHÁIN I gCAIGHDEÁIN LEASA AINMHITHE (TITHÍOCHT CRÁNACH)**

### **AIDHM**

Is í aidhm na Scéime ná chun cúnamh a thabhairt d'fheirmeoirí in uasghrádú agus aistriú a dtithíocht cránach eiseach chun comhlíonadh caighdeáin leasa ainmhithe an AE a chinntiú.

### **INCHÁILITHEACTH**

Tá an Scéim oscailte d'fheirmeoirí ag a bhfuil íosmhéid de 60 aonad acu ó tháirgeadh muice. Beidh an ráta caighdeánach de chúnamh deontais iníochta ag 40% de na costais formheasta.

Chomh maith leis sin tá cúnamh deontais ar fáil le haghaidh ullmhú do Mheasúnuithe Tionchair Timpeallachta agus Ráitis Tionchair Timpeallachta atá riachtanach maidir leis na hinfeistíochtaí iarchuirthe, agus atá iníochta ag ráta de 12% suas go huasmhéid deontais de €20,000.

Is é an uasmhéid deontais iníochta faoin Scéim ná €120,000 in aghaidh an ghabháltais lena áirítear aon deontas íochta maidir le Measúnú Tionchair Timpeallachta agus/nó Ráiteas Tionchair Timpeallachta.

Tá an Scéim seo maoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

*Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais do na Scéimeanna a cuirtear síos orthu sa rannóg seo a fháil ó do "Oifig Talmhaíochta, Comhshaoil agus Struchtúir (AES)" áitiúil. (Féach Aguisín 1B le haghaidh sonraí iomlána)*





## *7. INRIANAITHEACHT AINMHITHE*

### CÓRAS SAINAITHEANTA DO BHEITHÍGH ÉIREANNACHA (CMMS)

Tá ceithre chuid sa Chóras Sainaitheanta do Bheithígh Éireannach: clibeáil, pasanna beithíoch, cláir thréad bólachta ar an bhfeirm agus bunachar sonraí ríomhairithe.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe an chórais aitheanta:

- **Clibeáil**

Éilíonn an córas clibeála go ngreamódh an té ag a bhfuil na hainmhithe dhá chlib phlaisteacha bhuí a bhfuil na huimhreacha céanna orthu ar chluasa gach lao a bheirtear ar an ngabháltas laistigh de fiche lá ó bheirtear iad. Ní mór do lucht coimeáda na n-eallach oiread chlibeanna cluas a ordú ó sholáthraí formheasta ag an Roinn is a bheidh ag teastáil uathu don bhliain. Déantar é seo trí an carta orduithe clibeanna a sheolann an soláthraí chucu a chomhlánú agus é a sheoladh ar ais leis an táille cuí. Nuair a ghreamaítear péire clibeanna do lao ní mór don choimeádaí foirm iarratais cláraithe a chomhlánú a bhfuil na huimhreacha céanna uirthi is atá ar an bpéire clibeanna is a cuireadh ar fáil mar aon leo.

- **Clárú agus Pasanna**

Tá sé de dhualgas ar choimeádaíthe breith gach lao a chlárú ar bhunachar sonraí lárnach breitheanna. Déanann siad é seo trí an fhoirm iarratais thuasluaite a chomhlánú agus í a sheoladh go gníomhaireacht ainmnithe ag an Roinn laistigh de seacht lá ó chlibeáil an lao. Eisíonn an gníomhaireacht pas don choimeádaí le haghaidh an ainmhí atá i gceist nuair a fhaightear an fhoirm iarratais comhlánaithe. Ní mór an pas seo a chur ar aghaidh leis an ainmhí aon uair a aistrítear é. Ní mór gach gluaiseacht an ainmhí sin i rith a shaoil a thaifeadadh ar an bpas.

- **Cláir Thréad Bólachta**

Ní mór do choimeádaíthe eallaí cláir thréad bólachta a choinneáil maidir lena ngabháltas. Ní mór na cláir seo a choinneáil suas le dáta agus ní mór faisnéis a thaifeadadh iontu faoi na laonna a bheirtear ar an ngabháltas mar aon le sonraí na n-ainmhithe a chuirtear leis an dtréad nó a thógtar de nó a fuair bás ar an ngabháltas.

- **An Bunachar Sonraí - An Córas Faireacháin ar Ghluaiseacht Eallaí (CMMS)**

An Córas Faireacháin ar Ghluaiseacht Eallaí (CMMS) a thugtar ar an mbunachar sonraí. Déanann sé rianú ar gach beithíoch Éireannach ó bhreith go marú agus taifead ar gach breith, gluaiseacht agus díúscairt. Tá an bunachar sonraí seo go lánoibríoch ó 2000 i leith.

Tá sonraí sa chóras faoi na milliúin gluaiseacht ainmhithe in aghaidh na bliana, agus baintear leas as an bhfaisnéis seo chun bunús, aitheantas agus scéal a mbeatha a fhíorú i gcás na n-eallaí atá ag dul isteach sa slabhra bia. Baintear leas as an mbunachar seo le seiceáil an sásaíonn na heallaí na critéir incháilitheachta maidir le Scéim na hAoníocaíochta Feirme. Is féidir an bunachar a úsáid freisin le cabhrú maidir le rianú teagmhála agus deimhniúcháin tréidliachta agus chun faisnéis staitistiúil a sholáthar faoi eanáil na n-eallaí.

### FÓGRAÍ A THABHAIRT DON CHÓRAS FAIREACHÁIN

Tá dualgas ar lucht coimeáda eallaí fógra a thabhairt don Roinn faoi ghluaiseacht eallaí isteach ar a ngabháltas nó amach as. Má tá eallaí le díol go príobháideach ní mór don choimeádaí réamhtheastas ceada a fháil ón nGníomhaireacht Fógra um Ghluaiseacht Eallaigh sula ngluaiseann aon ainmhí ón ngabháltas. Ní mór don choimeádaí bunaigh agus an té a fhaigheann iad a dheimhniú ina dhiaidh sin ar aistríodh iad nó nár aistríodh. Ní mór do choimeádaíthe an Roinn a chur ar an eolas faoi bhásanna ar an bhfeirm.

## ÁISEANNA AR LÍNE AGUS AR THEILEAFÓIN PHÓCA D'FHEIRMEOIRÍ LE BEITHÍGH

Is féidir le feirmeoirí roinnt áiseanna ar líne a úsáid faoin gCóras Aitheanta agus Gluaiseachta Ainmhithe. Cuireann siad seo ar chumas na bhfeirmeoirí:

- Breith Laonna a Chlárú;
- Cur isteach ar Theastas Dearbhaithe (chun eallaí a aistriú ó fheirm go feirm);
- Seiceáil ar eallaí an tréada de réir an chórais fhaireacháin;
- Déanamh cinnte go bhfuil gach gluaiseacht isteach sa thréad agus amach as taifeadta sa chóras;
- Stair gach ainmhí díobh a léamh go dtí go bhfágann siad an tréad.

Beifear in ann cuid den obair seo a dhéanamh ar theileafón póca go luath i 2006.

Ní mór d'fheirmeoirí clárú le ríomhSheirbhísí na Roinne chun leas a bhaint as na seirbhísí ar líne agus teileafóin phóca atá saor in aisce. Is féidir é seo a dhéanamh trí chiceáil ar an deilbhín ríomhSheirbhísí ar láithreán gréasáin na Roinne [www.agriculture.gov.ie](http://www.agriculture.gov.ie) agus na treoracha simplí a leanúint. Is féidir le feirmeoirí dul i dteagmháil freisin leis an Deasc Chabhreach ríomhSheirbhísí (uimhir lóglaio 1890 252 118) chun clárú thar an bhfón nó chun foirm iarratais a fháil.

## AN SCÉIM NÁISIÚNTA DEARBHAI THE MAIRTEOLA (NBAS)

### AIDHM

Is í aidhm na scéime ná a chinntiú go bhfuil mairteoil agus tairgí mairteola slán trí:

- chóras éifeachtach sainaitheanta agus rianaithe ainmhithe a fheidhmiú;
- ardchaighdeáin tairgthe agus phróiseála a fhorbairt;
- na caighdeáin seo a chur i bhfeidhm trí chóras cláraithe agus formheasa.

Nuair a chuirfead an scéim seo i bhfeidhm beidh córas cigireachta agus formheasa ann do gach duine a bhfuil baint aige nó aici le tairgeadh príomhúil eallaí agus mairteola (feirmeoirí, marglanna, seamlais, próiseálaithe feola, lucht cumaiscthe beathú d'ainmhithe buaibheacha agus lucht coimeádta eallaí). Cinnteoidh sé seo go gcloífead leis na caighdeáin riachtanacha.

*Is féidir tuilleadh eolais faoi na bearta thuas a fháil ó Rannóg na Scéime Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Contae Chill Dara. Teil: 01 5053300*

## AN SCÉIM NÁISIÚNTA SAINAITHEANTA CAORACH (NSIS)

Tá na rialacha maidir leis feidhmiú na Scéime Náisiúnta Sainaitheanta Caorach (NSIS) leagtha síos san Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Córas Náisiúnta Sainaitheanta Caorach) Ordú, 2001 – I. R. Uimh. 281 de 2001.

Tugadh feidhm don Scéim Náisiúnta Sainaitheanta Caorach (NSIS) ar 21 Meithimh 2001. De réir an chórais seo ní foláir clibeanna a chur ar gach caora, agus sonraí faoi na caoirigh go léir atá ar fheirmeacha mar aon lena ngluaiseachtaí a thaifeadadh go cruinn. Ní mór do phróiseálaithe lipéid a cheangal don chonablach próiseáilte a léireoidh thír a bhunús, tréadumhir agus uimhir an ainmhí féin. Bainfidh an córas seo le tairgeoirí, marglanna, monarchana feola agus eile agus beifear in ann rianú iomlán a dhéanamh ar gach caora in Éirinn don chéad uair riamh.

### DOICIMÉID SEOLTA/GLUAISCEACHTA

De réir riachtanais na scéime ní foláir d'úinéir na gcaorach doiciméad seolta/gluaiseachta a chomhlíonadh agus iad ag fágáil na feirme agus é seo a chur ar aghaidh leo. Léireoidh sé seo líon na gcaorach atá á n-aistriú, uimhir clibe gach caorach díobh, tréaduumhir na feirme sin ónár tháinig siad an uair dheireanach, agus ainm agus seoladh an úinéara féin.

Tá trí chuid sa doiciméad seolta/gluaiseachta. Ba chóir an chóip bhán uachtair a chur leis na caoirigh atá ag fágáil na feirme is á dtabhairt don cheannaí. Ba chóir an chóip bhándearg lárnach a chur leis na caoirigh má tá siad le díol i marglann. Beidh sí seo ag teastáil le haghaidh taifid na marglainne féin agus ba chóir don díoltóir an chóip bhuí íochtair a choinneáil dá t(h)aifid féin.

Is féidir Leabhair Seolta/Gluaiseachta a fháil ó Oifigí Thréidliachta Dúiche na Roinne (féach liosta ag Agusín 1B).

### CLÁR TRÉADA

Tá sé de dhualgas dhlíthiúil faoin scéim ar gach duine a bhfuil caoirigh aige nó aici ar ghabhálas chláráithe taifid a dhéanamh de na huimhreacha aitheanta ar chlibeanna na n-ainmhithe. Tá sé de dhualgas dhlíthiúil freisin taifead a choinneáil i scríbhinn de ghluaiseachtaí ainmhithe isteach ar an ngabháltas agus amach as. Eísíodh Cláir nua Tréad do gach úinéir tréada le cabhrú leo na sonraí seo a thaifeadadh.

*Ba chóir iarratais ar Chláir Thréada a sheoladh chuig Aonad na dTionscadal Speisialta, An Rannóg Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Teach Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Líne Chabhrach: 1890 504 604 nó 01 6072827*

### REACHTÁÍOCHT NUA AN AE

Tháinig Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 21/2004, a chuireann córas aitheanta agus cláráithe ar fáil do chaoirigh agus do ghabhair, i bhfeidhm ar **9 Iúil 2005**.

Tá foráil sa chóras armónaithe nua seo do **shainaithe leictreonach** gach caora faoi leith trí clibeáil dúbailte, mar aon le bunachar sonraí lárnach ag taifead a ngluaiseachta ar bhonn baisceanna. Tá an córas seo le chur i bhfeidhm i mí Eanáir 2008, ach déanfar athbhreithniú ar an dáta forfheidhmhithe nuair a eiseofar tuarascáil an Choimisiúin i 2006. Idir an dá linn rinneadh roinnt mionathruithe ar an gcóras reatha i mí Iúil 2005 lena chur in oiriúint don chóras nua armónaithe. I measc na n-athruithe seo bhí athrú ar fhormaid na tréaduumhreach lena dhéanamh lán-uimhriúil agus mionathruithe do Dhoiciméid Seolta agus do Chláir Thréada.

*Is féidir breis eolas a fháil faoi ghné ar bith den Scéim Náisiúnta Sainaitheanta Caorach nó faoin gcóras nua armónaithe trí scríobh chuig aonad NSIS na Roinne Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Líne Chabhrach: 1890 504 604 nó 01 6072827*

### CÓRAS NÁISIÚNTA SAINAITHEANTA AGUS RIANAITHE MUC (NPITS)

D'fhorbair an Roinn Córas Náisiúnta Sainaitheanta agus Rianaithe Muc de réir na riachtanas dlíthiúil agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Iúil 2002. Is éard a dhéantar go bunúsach sa chóras seo na gach muc a aistrítear ó fheirm a aithint le clib cluaise nó marc buailte agus uimhir faoi leith a thabhairt do gach ainmhí tógála. Ní mór gach gluaiseacht muc a thaifeadadh ar bunachar sonraí lárnach.

Níl cead ag aon duine muca a dhíol nó a cheannach gan tréaduumhreacha bailí muc a bheith acu.

Ní mór clibeanna agus marcanna buailte a ordú ó chomhlacht formheasta – tá liosta de na gcomhlachtaí sin le fáil ar leathanach 59.

*Ba chóir d'úinéirí tréada muc ar mhian leo go gclárófaí iad ar an Bunachar Náisiúnta Sonraí dul i dteagmháil le hAonad na dTionscadal Speisialta de chuid na Roinne. Líne Chabhrach: 1890 504 604 nó 01 6072827*

## **AN SCÉIM NÁISIÚNTA SAINAITHEANTA GABHAR (NGIS)**

Cuireadh córas aitheanta gabhar ar fáil ar fud an AE faoi Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 21/2004. Rud suntasach é seo d'earnáil gabhar na hÉireann. Nuair a chuirfeadh an scéim i bhfeidhm beidh córas náisiúnta maidir le aithint gabhar ar fáil in Éirinn atá ríachtanach do rialú galar mar aon le agus córas rianaithe agus dearbhú do chustaiméirí. Tá an córas bunaithe ar:

- Clibeáil dúbailte a dhéanamh ar gach gabhar roimh aois a sé mhí nó roimh aistriú ón bhfeirm, cibé acu is túisce;
- Leas a bhaint as cláir thréad chun líon na ngabhar ar an ngabháltas a thaifeadh mar aon le sonraí gluaiseachta;
- Doiciméid seolta a úsáid chun gluaiseachtaí a thaifeadh.

### **CLÁRÚ**

Ó 9 Iúil 2005 ar aghaidh, ní mór do gach duine a bhfuil gabhair aige nó aici sa Stát seo cur isteach ar Oifig Thréidliachta Áitiúil na Roinne chun a g(h)abháltas a chlárú.

### **CLÁIR THRÉAD BÓLACHTA**

Ní mór do gach úinéir tréada clár tréada a choinneáil sa bhformáid sin a sholáthraíonn an Roinn.

Ón 15 Meán Fómhair 2005 ar aghaidh ní mór sonraí a thaifeadh sa chlár tréad ar bhonn baisce (agus ní ar bhonn gach ainmhí faoi leith) faoi gach gluaiseacht gabhar isteach sa ghabháltas agus amach as. Ón 1 Nollaig 2005 ní mór sonraí ar bonn baisce a bheith ar an gclár tréad faoi gach gabhar ar an ngabháltas atá os cionn aois sé mhí. Dar ndóigh is féidir na taifid seo a choinneáil ar bhonn gach ainmhí faoi leith más é sin is mian le úinéir an tréada.

Ní mór sonraí faoi chlibeanna athsholáthair a thaifeadh i gclár an tréada.

### **SAINITHINT GABHAR**

Ón **15 Meán Fómhair 2005** ar aghaidh ní mór clibeanna dúbailte a bheith ar gach gabhar a aistrítear ón ngabháltas (is é sin le rá clib in gach cluas) le clibeanna bána a léireoidh sainuimhir tréad gabhar an úinéara (atá ar fáil ón Oifig Thréidliachta Áitiúil) agus a s(h)ainuimhir féin. Ní mór doiciméad seolta a chur le gach gluaiseachta.

Má cheannaíonn duine gabhair bha chóir dó/di a chinntiú go bhfuil clibeanna orthu agus go bhfaigheann sé/sí doiciméad seolta le cur lena c(h)uid taifead. Ní gá aon chlibeáil eile a dhéanamh mura gcailltear clib díobh.

Ní foláir clibeáil dúbailte a dhéanamh ar gach gabhar ar an ngabháltas atá os cionn sé mhí d'aois ó **1 Nollaig**

**2005.** Ón dáta sin ar aghaidh ní mór clibeáil a dhéanamh ar gabhair roimh aois sé mhí nó roimh aistriú, cibé acu is túisce.

Eiseofar clibeanna d'úinéir an tréada ar a bheidh a sainuimhir 7 ndigit a t(h)réada agus uimhir an ainmhí féin ag tosú le 1. Ní bheidh ar an úinéir na **huimhreacha faoi leith** seo a thaifeadadh ar an doiciméid seolta nó i gclár na dtréada murar mian leis/léi é sin a dhéanamh.

Má tharlaíonn sé go gcailleann gabhar clib ní mór d'úinéir an tréada clib athsholáthair a chur ina háit a luaithe agus is féidir, **agus sainuimhir an tréada agus uimhir an ainmhí féin** a bheith air. Ní mór an clib (bhuí) athsholáthair seo a ordú ón soláthraí clibeanna agus an uimhir ar chóir a bheith air a insint dóibh.

Má chailleann gabhar an dá chlib ba chóir don úinéir dá chlib athsholáthar a chur ina n-áit ar a bheidh sainuimhir an tréada agus uimhir an ainmhí féin díreach mar a bhí ar na clibeanna a cailleadh.

Ba chóir sonraí faoi clibeanna athsholáthair a thaifeadadh i gclár an tréada. Tá gach eolas faoin gcaoi chun é seo a dhéanamh le fáil i gclár an tréada.

Ní mór clibeanna a ordú ó chomhlacht formheasta – tá liosta na gcomhlachtaí sin le fáil ar leathanach

### **DOICIMÉAD GLUISEACHTA**

Ón 15 Meán Fómhair 2005 ar aghaidh ní mór sonraí a thaifeadadh sa chlár tréad ar bhonn baise (agus ní ar bhonn gach ainmhí faoi leith) faoi gach gluaiseacht gabhar isteach sa ghabháltas agus amach as. Ón 1 Nollaig 2005 ní mór sonraí ar bonn baise a bheith ar an gclár tréad faoi gach gabhar ar an ngabháltas atá os cionn aois sé mhí. Dar ndóigh is féidir na taifid seo a choinneáil ar bhonn gach ainmhí faoi leith más é sin is mian le úinéir an tréada.

Ní mór sonraí faoi clibeanna athsholáthair a thaifeadadh freisin i gclár an tréada.

### **ALLMHAIRÍ**

Beidh clibeanna dúbailte ar ghabhair a allmhairítear ó Bhallstát eile agus ní bheidh aon chlibeáil eile riachtanach. Ní bheidh aon athrú ar na riachtanais leighis tréidliachta atá ann faoi láthair. Ní mór clibeanna dearga allmhairithe a chur ar ainmhithe ó thíortha lasmuigh den AE.

*Is féidir breis eolais a fháil ó Aonad na dTionscadal Speisialta, de chuid na Roinne Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Líne Chabhrach: 1890 504 604 nó 01 6072827*

### **CLIBEANNA AGUS SOLÁTHRAITHE CLIBEANNA**

Tugadh cead roinnt clibeanna éagsúla a úsáid faoi na scéimeanna NSIS, NPITS agus NGIS. Tá clibeanna le ceannach ó cheann ar bith den ocht soláthraí formheasta clibeanna. Tá sé ceadaithe clibeanna fadtéarmacha agus gearrthéarmacha, a úsáid ach ba choir cuimhneach nach féidir na clibeanna caighdeánacha gearrthéarmacha caorach a úsáid **ach amháin** ar uain a bheidh á gcur **go díreach** chun a mharaithe. Is féidir clibeanna caighdeánach fadtéarmacha caorach a chur ar na caoirigh go léir.

Clibeanna bána a bhíonn ar chaoirigh agus ar ghabhair ach amháin i gcás na gclibeanna dearga allmhairithe agus na gclibeanna buí athsholáthair.

Dath glas atá ar chlibeanna muc.

Is féidir clibeanna a ordú ó roinnt soláthraithe éagsúla agus is tríd an bpost amháin a sheolfar na horduithe go díreach chuig úinéir an tréada a ordáíonn iad. Féach liosta na gcomhlachtaí formheasta ar leathanach 59.

**AN SCÉIM NÁISIÚNTA AITHEANTA CAORACH - NSIS**  
**AN CÓRAS NÁISIÚNTA SAINAITHEANTA AGUS RIANAITHE MUC - NPITS**  
**AN SCÉIM NÁISIÚNTA SAINAITHEANTA GABHAR - NGIS**  
**SOLÁTHRAITHE FORMHEASTA CLIBEANNA - 2005/2006**

Is é seo leanas liosta den na comhlachtaí formheasta chun clibeanna aitheanta cluaise a sholáthar d'ainmhithe faoi na scéimeanna thuasluaite don bhliain 2005/2006.

<b>Ainm &amp; seoladh an Chomhlachta</b>	<b>Córas aitheanta Ceadaithe</b>	<b>Teileafón</b>	<b>Facs</b>	<b>Seoladh Ríomhphoist/ Gréasáin</b>
<b>Agrihealth Ltd.</b> Bóthar Chluain Eois Mhuineacháin Co. Mhuineacháin	NSIS NPITS NGIS	1890 515151 047 71800	047 74190	eartags@agrihealth.ie www.eartags.ie
<b>Co-Operative Animal Health Ltd.</b> Eastáit Tionsclaíochta na Tuláí An Tulach Co. Cheatharlach	NSIS NPITS NGIS	059 9151251	059 9151856	nbyrne@cahl.ie www.cahl.ie
<b>Cormac Sheep Tagging</b> Sráid an Bhiocáire An Tuaim Co. Na Gaillimhe	NSIS NPITS NGIS	093 28231	093 28019	sheeptagging@eircom.net
<b>Dalton I.D. Systems (Ireland) Ltd.</b> Caireál Chill Tuathail Conmhaigh Co. Dhún na nGall	NSIS NPITS NGIS	074 9101962	074 9101959	md@dalton.co.uk holden@dalton.ie www.dalton.ie
<b>Eurotags</b> Comharchumann Mhuileann na hUamhan Muileann na hUamhan Co. Thiobraid Árann	NSIS NPITS NGIS	052 53357	052 53289	mdwyer@mull-coop.ie
<b>Quicktag</b> 7A Churchfield Road Ballycastle Antrim BT54 6PJ Tuaisceart Éireann	NSIS NPITS NGIS	048 2076 8696	028 2076 8699	info@quicktag.net www.quicktag.net
<b>Ritchey Tagg plc</b> Fearby Road Masham Ripon North Yorkshire HG4 4ES Sasana	NSIS NPITS NGIS	0044 1765 689541	0044 1765 689851	john.robinson@ritchey.co.uk www.ritcheytagg.com
<b>Merko nv</b> Leo Baekelandstraat 7 Unit 5 B-2950 Kapellen An Bheilg	NPITS	00 32 3 360 2670	00 32 3 326 3398	merko@merko.be





## 8. TÁIRGEADH/TÁIRGÍ AINMHITE

### EALLAIGH

#### CEADÚNAIS A.I. 'DÉAN FÉIN É'

##### Aidhm Ghinearálta de Bheart na Scéime

Chun a chinntiú go bhfuil traenáil iomchuí ag daoine a bhfuil fonn orthu Insheamhnú Saorga a chleachtadh ina dtréad bólachta agus nach mbaintear úsáid ach as seamhan ó fhoinsí formheasta amháin sa phróiseas.

##### Coinníollacha Scéime/Birt

Is iad seo a leanas cuid de na coinníollacha a bhaineann le heisiúint ceadúnais:

- Ní thabharfaidh an tAire Talmhaíochta agus Bia a formheas do dhuine ar bith seachas úinéar an tréada, nó a fhostaí lánaimseartha, a bhfuil clár formheasta traenála i gcleachtadh Inseamhnaithe Shaorga críochnaithe go sásúil aige, chun inseamhnaithe a dhéanamh laistigh den tréad sin;
- Beidh inseamhnithe ag úinéir tréada nó ag a fhostaí lánaimseartha teoranta don tréad sainithe sa cheadúnas;
- Beidh an méid seamhain gur féidir leis a bheith curtha ar fáil do úinéar tréada ar bith faoi na socrúcháin seo a bheith bainteach le líon na mbó sa tréad atá i gceist agus ní sháróidh sé 2.5 cochán do gach bó in aghaidh na bliana;
- Caithfidh úinéirí cúrsaí traenála nó cúrsaí athnuachana A.I. 'Déan Féin É' a áirithint le comhlacht ceadúnaithe ag an Roinn chun a leithéid de chúrsaí a réachtáil;
- Tugtar cead do shealbhoirí Ceadúnais A.I. 'Déan Féin É' méideanna teoranta de sheamhan a stóráil ar an bhfeirm.

##### Conas iarratas a dhéanamh

Déantar iarratais ar Fhoirm **DIY A.I.**

Eisítear le gach foirm iarratais tacar iomlán coinníollacha a bhaineann le ceadúnas A.I. 'Déan Féin É'. Tá liosta de na comhlachtaí a fhorálfaidh cúrsaí ar fáil ach é a iarraidh.

#### CEADÚNAIS SEIRBHÍSE ALLAMUIGH

##### Aidhm Ghinearálta de Bheart na Scéime

Fórlann sealbhóirí ceadúnais seirbhíse allamuigh inseamhnaithe shaorga (A.I.) buaibheach de ardchaighdeán ar feadh na bliana do fheirmeoirí trí líonra de theicneoirí A.I. traenáilte.

##### Coinníollacha Scéime/Birt

Caithfidh an sealbhóir Ceadúnais Seirbhíse Allamuigh:

- a chinntiú go gcloíonn an eagraíocht le dea-cleachtais agus nósanna imeachta tréidliachta;
- seamhan a úsáid ó fhoinsí formheasta amháin;
- taifid sásúla a choinneáil;
- éascú a dhéanamh ar thairbhíocht, thástáil, mheasúnú géiniteach agus ar fhoilsiú torthaí tarbh do chuspóirí tástála.

##### Conas iarratas a dhéanamh

Déantar iarratais don chéad uair le Foirm **FSL 1**.

Déantar iarratais athnuachana le Foirm **FSL 2**.

Eisítear le gach foirm iarratais tacar iomlán coinníollacha a bhaineann le Ceadúnas Seirbhíse Allamuigh.

### **CEADÚNAIS TEICNEOIRÍ A.I.**

#### **Aidhm Ghinearálta de Bheart na Scéime**

Is í aidhm na scéime go príomha ná chun seirbhís A.I. buaibheach d'ardchaighdeán a sholáthar. tríd an líonra Seirbhíse Allamuigh ceadúnaithe ag coinneáil caighdeán sláinte agus leasa ainmhithe agus inrianaitheacht an táirgthe an t-am ar fad.

#### **Coinníollacha Scéime/Birt**

Is iad seo a leanas cuid de na coinníollacha a bhaineann le heisiúint ceadúnais:

- caithfidh teicneoirí A.I. agus pearsanra díolacháin a bheith fostaithe ag Sealbhóir Ceadúnais Seirbhíse Allamuigh;
- caithfidh teicneoirí A.I a bheith inchoinraithe i ngach tráth;
- caithfidh teicneoirí A.I a bheith fostaithe ag sealbhóir ceadúnais Seirbhíse Allamuigh ainmnithe ar an gceadúnas.

#### **Conas iarratas a dhéanamh**

Déantar iarratas do Cheadúnas Sealadach Theicneoirí A.I. ar Fhoirm **AI PROV**.

Déantar iarratais do Cheadúnas Iomlán Theicneoirí ar Fhoirm **AI FUL**.

Eisítear le gach foirm iarratais tacar iomlán coinníollacha a bhaineann le ceadúnas A.I 'Déan Féin É'.

### **CEADÚNAIS DO DHÁILEADH SEAMHAN BUAIBHEACH**

#### **Aidhm Ghinearálta de Bheart na Scéime**

D'fhonn a chinntiú go bhfuil eagraíochtaí nó daoine aonarach a bhfuil fonn orthu seamhan buaibheach a thrádaíl, ceadúnaithe go hiomchuí ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia chun fostú i ndáileadh seamhan buaibheach agus mar sin ag cosaint sláinte agus leasa ainmhithe agus inrianaitheacht an táirgthe.

#### **Coinníollacha Scéime/Birt**

Is iad seo a leanas cuid de na coinníollacha a bhaineann le heisiúint ceadúnais:

- Caithfidh dáileoirí taifid sásúla a choinneáil;
- Caithfidh seamhan a bheith soláthartha do cheadúnaithe A.I. 'Déan Féin É' amháin;
- Tá an ceadúnaí faoi réir rialú foriomlán tréidliachta agus zótheicniúil na Roinne Talmhaíochta agus Bia.

#### **Conas iarratas a dhéanamh**

Déantar iarratas den chéad uair do dháileadh seamhan buaibheach ag allmhaireoir cláraithe de sheamhan buaibheach le Foirm **DC 1** .Déantar iarratais athnuachana le Foirm **DC 2** .Eisítear le gach foirm iarratais tacar iomlán coinníollacha a bhaineann le ceadúnas.

Déantar iarratas do cheadúnas chun seamhan a dhíol agus a dháileadh thar ceann comhlachta AI ag duine aonarach ar Fhoirm **DBSL 1**.

### *FORMHEAS IONAIÐ STÓRÁLA SEAMHAN BUAIBHEACH*

#### **Aidhm Ghinearálta de Bheart na Scéime**

Chun a chinntiú go gcloíonn áitreabh ina bhfuil seamhan stóráilte le sainchaighdeáin leagtha amach in I.R. 499 de 2004.

#### **Coinníollacha Scéime/Birt**

Is iad seo a leanas cuid de na coinníollacha a bhaineann le heisiúint formheasa:

- Caithfidh an t-ionad a bheith curtha faoi mhaoirseacht bhuan de ionad tréidliachta formheasta ag an Aire Talmhaíochta agus Bia;
- Caithfidh an t-ionad a bheith tógtha nó leithlisithe ionas go gcuirfí bac ar theagmháil le hainmhithe ón taobh amuigh;
- Caithfidh an t-ionad a bheith tógtha ionas gur féidir áiseanna stóráilte a ghlanadh agus a dhíghalrú;
- Caithfear taifid sásúla a bheith coinnithe;
- Déanfar cigireacht ar an ionad stóráilte ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia dhá uair sa bhliain ar a laghad chun measúnú a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le coinníollacha formheasa agus maoirseachta.

#### **Conas iarratas a dhéanamh**

Déantar iarratais ar Fhoirm **SCC**.

### *FORMHEAS IONAIÐ BAILIÚCHÁN SEAMHAN BUAIBHEACH*

#### **Aidhm Ghinearálta de Bheart na Scéime**

Chun a chinntiú go gcloíonn áitreabh ina bhfuil seamhan stóráilte le sainchaighdeáin leagtha amach in I.R. 112 de 1996, arna leasú.

#### **Coinníollacha Scéime/Birt**

Is iad seo a leanas cuid de na coinníollacha a bhaineann le heisiúint formheasa:

- Caithfidh an t-ionad a bheith tógtha nó leithlisithe ionas go gcuirfí bac ar theagmháil le hainmhithe ón taobh amuigh;
- Caithfidh an t-ionad a bheith tógtha ionas gur féidir áiseanna stóráilte a ghlanadh agus a dhíghalrú;
- Caithfidh an t-ionad comhlíonadh le coinníollacha formheasa, maoirseachta, gluaiseachta ainmhithe, a chomhlíonadh chomh maith le gnáththástálacha agus coinníollach cóireála atá chun a bheith curtha i bhfeidhm i dtaobh gach beithígh san Ionad;
- Caithfidh anailís ar bith a bheith déanta i saotharlanna formheasta;
- Déanfar cigireacht ar an ionad stóráilte ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia dhá uair sa bhliain ar a laghad chun measúnú a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le coinníollacha formheasa agus maoirseachta.
- Caithfear taifid sásúla a bheith coinnithe.

Tabhair faoi deara go moltar do dhaoine a bhfuil fonn orthu formheas a fháil do ionad bailiúcháin sheamhain teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ón tús ionas go bhfaighidís eolas iomlán ar an bpróiseas formheasa (féach sonraí teagmhála thíos).

#### **Conas iarratas a dhéanamh**

Déantar iarratais ar Fhoirm **SCC**.

## **FORMHEAS FOIRNE BAILIÚCHÁIN NÓ TÁIRGEADH UIBHEACHA/SUTHANNA BUAIBHEACH**

### **Aidhm Ghinearálta de Bheart na Scéime**

Chun a chinntiú nach bhfeidhmíonn ach amháin foireann ceadaithe ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia don chuspóir de tháirgeadh agus nó bailiú ubhán beithígh/suthanna a leithéid de sheirbhís.

### **Coinníollacha Scéime/Birt**

Is iad seo a leanas cuid de na coinníollacha a bhaineann le heisiúint formheasa:

- Ní mór nach ndéanfaí bailiú, próiseáil agus stóráil suthanna ach amháin ag pearsanra atá cáilithe go hiomchuí;
- Caithfidh foireann bailiúcháin suthanna a bheith faoi mhaoirseacht ag tréidlia oifigiúil;
- Caithfidh saotharlanna buana nó soghluaiste a bheith ar fáil.

### **Conas iarratas a dhéanamh**

Déantar iarratais ar Fhoirm **ECT 1**.

## **BAILIÚCHÁN SEAMHAN BUAIBHEACH AR AN bhFEIRM**

### **Aidhm Ghinearálta de Bheart na Scéime**

Chun úinéirí tréada a cheadú chun folaíocht a dtréad bólaachta a chaomhnú trí bhailiú seamhan óna dtréad féin do úsáid laistigh a dtréad féin.

### **Coinníollacha Scéime/Birt**

- Ní féidir bailiú ar an bhfeirm de sheamhan buaibheach a bheith déanta ach amháin ag ionad bailiúcháin sheamhain bhuaibheach;
- Ní mór do iarrthóirí nó a fhostaithe do bhailiú ar an bhfeirm ceadúnas A.I. 'Déan Féin É' a bheith acu chun seamhan a stóráil agus ní féidir leo ach méid áirithe seamhain a stóráil (bailithe ar an bhfeirm nó i slí eile) de réir an uasmhéid atá ceadaithe ag a c(h)eadúnas;
- I gcás nach bhfuil ceadúnas A.I. 'Déan Féin É' ag an iarrthóir caithfidh an seamhan atá bailithe a bheith stóráilte ag ionad formheasta agus scaoilte amháin do úsáid ina t(h)réad féin ag inseamhnaitheoir comhlachta A.I. ceadúnaithe.

### **Conas iarratas a dhéanamh**

Déantar iarratais ar Fhoirm **OFC 1**.

## **TÁSTÁLACHA RÉAMH-IONTRÁLA DO THAIRBH GO STÁISIÚIN A.I.**

### **Aidhm Ghinearálta de Bheart na Scéime**

Is í aidhm na scéime ná chun a chinntiú go bhfreastalaíonn seamhan buaibheach do úsáid in A.I. ar gach riachtanais sláinte ainmhithe.

### Coinníollacha Scéime/Birt

Caitheadh tairbh pas a fháil i roinnt sainthástálacha sláinte sula bhféidir leo a bheith ligthe isteach i Stáisiún A.I.

### Conas iarratas a dhéanamh

Déantar iarratais ar Fhoirm **HT 1**.

### SCÉIM EALLAIGH CHIARRAÍ

#### Aidhm Ghinearálta de Bheart na Scéime

Chun Pór Eallaigh Chiarraí a chaomhnú.

#### Coinníollacha

Tá tréad incháilithe chun rannpháirtíocht a ghlacadh sa scéim má:

- tá an úinéir ina bhall de Chumann Eallaigh Chiarraí na hÉireann;
- tá an tréad lonnaithe laistigh críocha an Stáit agus cuimsíonn sé cúig ainmhí póru;
- tá baineannaigh cláraithe i leabhar Tréada Chumann Eallaigh Chiarraí na hÉireann;
- tá gach ba Ciarraíocha sa tréad á fhreastail ag tairbh an phóir Chiarraí ceachtar trí sheirbhís nádúrtha nó trí inseamhnú saorga;
- tá siolrach na mba Ciarraíocha sa tréad curtha isteach do fhógra breithe/chlárú i Leabhar Tréada Eallaigh Chiarraí;
- tá na hainmhithe faoi réir iarratais do phréimh tagtha ar an saol i dtréad an iarrthóra.

### Conas iarratas a dhéanamh

Déantar iarratais ar Fhoirm **K1**.

### Rátaí/Modhanna íocaíochta

€76.18 i aghaidh an lao.

*Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais do na Scéimeanna agus na Seirbhísí a gcuirtear síos orthu thuas a fháil ón Rannóg Tógála Beostoic, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán.*

#### Teileafón

*Ceadúnais A.I. 'Déan Féin É': 049 4368295 nó 049 4368200 folíne399; Ceadúnais Seirbhíse Allamuigh, Ceadúnais do Theicneoirí A.I., Ceadúnais do Dháileadh Seamhan Buaibheach, Formheas Ionaid Stórála Seamhan Buaibheach agus Formheas Ionaid Bailiúcháin Seamhan Buaibheach, Formheas Foirme Bailiúcháin nó Táirgeadh Uibheacha/Suthanna Buaibheach, Scéim Eallaigh Chiarraí: 049 4368296 nó 049 4368200 fo-líne 413; Bailiúcháin Seamhan Buaibheach ar an bhFeirm, Tástálacha Réamh-Iontrála do Thairbh chuig Stáisiún A.I.: 049 4368297 nó 049 4368200 fo-líne 415.*

*Facs: 049 4361486 Ríomhphost: bovineai@agriculture.gov.ie*

## LEABHAIR TRÉADA

Is é is brí le leabhar-tréada ná leabhar, clár, comhad nó meán sonraí ar bith atá á chothabháil ag eagraíocht aitheanta agus ina bhfuil beithígh cláraithe le tagairt dá sinsir go léir a bhfuil eolas ann fúthu. Tá feidhmiú

leabhar-tréada á rialú faoi Rialacháin (Trádáil i bPóru Beithigh a Seamhan, Uibheacha agus Suthanna) na gComhphobal Eorpacha 1996 I.R. Uimh. 112 de 1996.

Is í an Roinn an tÚdarás Inniúil chun formheas a thabhairt faoin reachtaíocht seo faoi réir comhlíonadh an iarrthóra leis an gcritéir do fhorhmeas. Tagann Téarmaí agus Coinníollacha i gceist.

*Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais a fháil ón Rannóg Tógála Beostoic, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368292 Facs: 049 4361486 Ríomhphost: zootechnics@agriculture.gov.ie*

## **TÁSTÁIL FEIDHMÍOCHTA LÁRNACH**

Feidhmíonn Cónaidhm Phóru Eallaigh na hÉireann (ICBF) stáisiún tástála feidhmíochta tarbh ag Tulach, Co Chill Dara. Is í príomhchuspóir na seirbhíse ná chun tairbh mairteoil den chaighdeán is airde a aithint do úsáid sa tseirbhís A.I. agus ag Póruíthe folúla mar aithreacha i dtréada folúla. Maireann an tástáil ar feadh thart ar 200 lá agus i rith an am sin cothaítear agus feirtear na tairbh óga faoi chomhchoinníollacha. Déantar measúnú ar thairbh do ráta fáis, comhshó beathaithe, tomhais agus cruth coirp. Baintear úsáid as scanóir ultrasonach chun achar geir dhroime agus matáin súile a thomhais. Tá na táillí iníoctha ar fáil le téarmaí agus coinníollacha ar iarratas ón ICBF.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Chónaidhm Phóru Eallaigh na hÉireann, Teach Highfield, Droichead na Bandan, Co Chorcaí. Teil: 023 20222 Facs: 023 20229 Ríomhphost: bwickham@icbf.com*

## **POLASAÍ BEOSTOIC GLAN**

Tugadh rialacháin isteach i 1998 chun polasaí beostoic glan a chur i bhfeidhm ag gach áitreabh a dhéanann ainmhí a mharú do thomhaltas ag daoine. D'fhorleathnaigh na Rialacháin, a leasaíonn Acht na Seamlas, 1988 (Scrúdú Tréidliá) Rialacháin, 1992, na forais gur féidir le cigire tréidliá dearbhú a dhéanamh go bhfuil ainmhí neamhiomchuí le haghaidh marú do thomhaltas daonna, chun coinníoll seithe, craicinn nó lomra an ainmhí a chuimsiú. Cuirtear ainmhithe i gcatagóirí éagsúla de réir glaineachta na seithe, an chraicinn nó an lomra, idir Chatagóir 1 (Oiriúnach) go Catagóir 5 (Colfair).

*Is féidir breis eolais a fháil ón Rannóg Sláinteachas Feola, Rannóg Sláinteachas Feola agus Fo-Tháirgí Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072830*

## **SCÉIM RANGÚ CONABLACH MAIRTEOLA AN AE**

### **AIDHM**

Is í aidhm Scéim Rangú Conablach Mairteola an AE ná chun córas tuairisciúil coitianta a chur ar fáil do chonablaigh mairteola ar fud an Aontais Eorpaigh. Cuireann sé seo le cumas an AE tuairisciú praghais caighdeánaithe do mhairteoil a fheidhmiú ó na Ballstáit go léir, ag éascú trádáil agus ag cur le tionscnamh Scéimeanna Tacaíochta Margaidh an AE nuair atá gá leis.

Tá an critéir don rangú mar seo a leanas:

- Cruth (cruth agus forbairt an chonablaigh): tá sé sonraithe ag na litreacha E, U, R, O, P le E mar an ceann is fearr agus P mar an ceann is measa;

- Geir: tá méid na geire sonraithe ag na huimhreacha 1, 2, 3, 4, 5 de réir méithe mhéadaitheach;
- Catagóir ghnéis: Sonraithe ag na litreacha A (tarbhán), B (tarbh), C (bullán), D (bó) agus E (bearach).

Cuirtear eolas rangaithe thar n-ais chuig an soláthraí.

Rangaítear níos mó ná 90% de chonablaigh trí mhodhanna meicniúla. Rangaítear an fuilleach ag fostaithe monarchana traenáilte, ar ceadúnaíodh iad ag an Roinn chun an obair seo a dhéanamh. I gcás rangú meicniúil, baintear úsáid as Anailís Íomhá Físteipe chun roinnt tomhasanna ar an gconablach a thógáil agus cinneadh a dhéanamh ar an rangú. Ós rud é go bhfuil an rangú sa chás seo oibiachtúil, ní féidir achomharc a dhéanamh. I monarchana níos lú ina ndéantar rangú ag rangaitheoirí ceadúnaithe, is féidir leis an soláthraí achomharc a dhéanamh ar chinneadh an tsoláthraí don seamlas.

*Is féidir breis eolais a fháil ó Rannóg Rangaithe Mairteola, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman, Teil 053 9163400*

### LIPÉADÚ MAIRTEOLA

Is é an tAire Talmhaíochta agus Bia an t-údarás inniúil d'fhonn na rialacháin a chur i bhfeidhm dá rialaíonn lipéadú mairteola agus táirgí mairteola.

Faoi na rialacháin seo, caithfidh oibreoirí nó eagraíochtaí bainteach le margú mairteola mairteoil a lipéadú ionas go bhforálfai an t-eolas seo a leanas do thomhaltóirí

- Uimhir thagartha nó cód tagartha ag ceadú aithint ainmhithe nó grúpa ainmhithe arb as a théarnaíodh an mhairteoil;
- Uimhir fhorhmeasa agus tír an tseamlais - ba chóir a bheith scríofa ar an táscaire: 'Rinneadh an marú in' (ainm an Bhallstáit nó tríú Tír) (Uimhir fhorhmeasa);
- Uimhir fhorhmeasa agus tír an halla díchnámhaithe - ba chóir a bheith scríofa ar an táscaire: 'Gearradh in' (ainm an Bhallstáit nó tríú Tír) (Uimhir fhorhmeasa);
- An Ballstát nó tríú tír ina raibh an t-ainmhí rugtha, méathaithe agus arna mharaíodh é (Bunús).

Soláthraíonn na rialacháin do scéim lipéadaithe deonaí chomh maith sa chaoi nach bhfuil oibreoirí a theastaíonn uathu eolas forlíontach a chur ar lipéadaithe in ann é a dhéanamh ach amháin faoi réir formheasa na Roinne.

Faoi láthair tá an Roinn i mbun forleathnú a dhéanamh ar na dlíthe lipéadaithe mairteola atá ann ionas go mbeadh sé riachtanach eolas ar 'thír an bhunúis' den mhairteoil a bheith curtha ar fáil do na tomhaltóirí go léir ag pointe na rogha i mbialanna, óstáin, pubanna agus asraonta lónadóireachta na hÉireann atá eisiata faoi láthair. Tá na soláthairtí riachtanacha san áireamh i leasuithe do Bhille Bhord Leighis na hÉireann (Foráil Ighnéitheach) 2005 atá os comhair an Oireachtais faoi láthair. Tabharfaidh na leasuithe molta san áireamh déantús rialacháin chun an riachtanas a shásamh, faoi réir formheasa an AE. Táthar ag súil go mbeidh na Rialacháin seo i bhfeidhm i 2006. Beidh siad curtha i bhfeidhm ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Beartas Feola, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil 01 607 2880*

## BAINNE

### CUÓTAÍ BAINNE

Soláthraíonn Rialacháin an Chuóta Baine do íocaíocht tobhaigh, a bhfuil aithne air mar an “t-olltobhach”, ar sheacdaí bainne i bhfarasbarr ar chuóta náisiúnta bliantúil na hÉireann. Sonraítear dlíteanas na dtáirgeoirí aonaracha a sháraigh a gcuid cuóta, a léirítear i dtéarma an ábhair toirte agus geire, i ndiaidh athdháileadh cuóta nár úsáideadh é.

Tá na scéimeanna dáilte cuóta seo a leanas á fheidhmiú ag comharchumann/déiríthe de réir na rialacha leagtha síos ag an Aire:

- **Scéim Athchóirithe Cuóta Baine** - oibríthe ag tús gach bliain chuóta bainne. Is í an Scéim Athchóirithe Cuóta Baine an príomh-mhodh trína bhfaightear cuóta bainne breise ag táirgeoirí. Faoin scéim, is féidir le táirgeoirí cuóta bainne a dhíoladh le stór athchóirithe a gcuid comharchumann/déirí agus is féidir le táirgeoirí eile leis an gcomhairchumann/déirí sin iarratas a dhéanamh chun cuóta a cheannach ón stór.
- **Scéim Léasaithe Sealadach** - oibríthe le linn bliain an chuóta bhainne. Faoin Scéim Léasaithe Sealadach is féidir le táirgeoirí tairiscint a dhéanamh chun chuid dá gcuóta nach n-úsáidfidh siad le linn na bliana cuóta bainne seo dar leo a léasú do stór a gcuid comharchumann/déirí. Is féidir le duine a chuóta lán a léasú amháin nuair atá ceadú bronnta air/uirthi chun é a dhéanamh ag an Roinn mar gheall ar chúinsí eisceachtúil dá c(h)ás. Is féidir le táirgeoirí eile, a bhfuil cuóta breise ag teastáil uathu don bhliain sin, iarratas a dhéanamh do chuóta léasaithe sealadacha ón stór. Téann an tréimhse léasaithe as feidhm i ngach cás ar an 31 Márta.
- **Athdháileadh an Chuóta Nár Úsáideadh é** - á riaradh i ndiaidh deireadh na bliana cuóta bainne. I gcás go raibh barraíocht táirgthe thar chuóta ag leibhéal náisiúnta, déantar athdháileadh ar chuóta nach n-úsáideadh do tháirgeoirí thar-chuóta incháilithe. Tá aithne ar an gcóras seo mar “flexi-milk”.

Chomh maith leis sin, feidhmítear scéim do dháileadh bainne breise ón gCúlchiste Náisiúnta ag an Roinn. Déantar measúnú ar larratais ar fhorais Cruatain agus Galar Ainmhithe ag an mBinse Achomhairc Cuóta Baine, dá ndéanann moltaí don Aire.

Déantar cinneadh ar chritéir mionshonraithe do fheidhmiú na Scéimeanna seo ag an Aire agus fógraítear iad sa mheán náisiúnta.

*Tá sonraí na socruithe seo le fáil freisin do thairgeoirí ar a ndéiríthe/comharchumann ón ar iarratas ón Rannóg Beartas Baine, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.  
Teil: 01 6072857*

### CAIGHDEÁIN AN AE D'FHEIRMEACHA DÉIRÍOCHTA AGUS DO BHAINNE DÍOLTA DO THOMHALTAS AG DAOINE

Leagtar amach rialacha cosaint sláinte poiblí agus sláinteachas do tháirgeadh agus próiseáil táirgí bainne agus déiríochta i sraith cúig Rialacháin ceaptha ag an gCoimisiún Eorpach agus tá siad infheidhmíte ar an Aontas. Leagann siad caighdeáin síos do gach rud ó tháirgeadh ámhbhainne ar fheirmeacha do phacáil agus lipéadú na dtáirgí déiríochta críochnaithe a fhágann na bunaíochtaí próiseála.

### TÁILLE CIGIREACHTA DÉIRÍOCHTA

Tá tobhach iníoctha ar an mbaíne uile a ceannaítear do phróiseáil faoin Acht Baine (Foráil Ilghnéitheach), 1979. Tá sé mar aidhm ag an tobhach costais réim chigireachta na Roinne a chlúdach laistigh de na rannóga déiríochta. Seasann ráta an tobhaigh faoi láthair ag 0.1 cent an lítear.

### CUR CHUN CINN/BOLSCAIREACHT

Cuirtear maoiniú AE ar fáil do chur chun cinn aicmeach thomhaltas bainne agus táirgí bainne. Tá an maoiniú curtha ar fáil de réir moltaí arna chur faoi bhráid an Choimisiúin agus réachtáiltear é taobh le taobh feachtas chur chun cinn agus bolscaireachta aicmí ar bith.

## CAORAIGH

### CLÁIR FEABHSÚCHÁN PÓIR

Is é cuspóir an Chláir Feabhsúcháin Póir Chaorach atá á fheidhmiú ag an Roinn chun feabhas a chur ar ráta fáis fíocháin tanaí agus matánach i bpóir chríocheithreacha (feol) caoraigh in Éirinn. Ionchorpraíonn sé taifeadadh feidhmiúcháin agus tomhas ultrasonach de dhoimhne matáin agus geire. Tá na gnéithe seo san áireamh i luach folaíochta iomlán darb ainm an tInnéacs Truafeola (L.M.I.). Tá rannpháirtíocht ar oscailt do thógálaí pórchaoirigh ar bith le tréad caorach de 10, nó níos mó, caoirigh folúla.

I gcás Chláir Feabhsúcháin Chaorach Folúla na Gaillimhe, is iad na cuspóirí ná:

- chun taifead a dhéanamh ar fheidhmíocht bhreithe uain de gach caora folúil atá i dtéadanna cláraithe na Gaillimhe;
- chun rangú a dhéanamh ar na caoirigh agus a shliocht de réir ranganna fiúntais ghéinitigh i dtaobh torthúlacht;
- chun úsáid an eolais seo a spreagadh maidir le roghnú stoic thógála, agus mar sin feabhas géiniteach a chur chun cinn do thorthúlacht i dtréada folúla cláraithe na Gaillimhe.

### CEADÚNAS CHUN INSEAMHNÚ SAORGA AGUS AISTRÍÚ SUTHA A CHLEACHTADH I gCAOIRIGH

Tá cosc ar chleachtadh Inseamhnaithe Saorga agus Aistriú Sutha i gcaoirigh ach amháin faoin Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Galar Crúib agus Béil) (Rialú ar Inseamhnú Saorga agus Aistriú Sutha i gCaoirigh) Ordú, 2001, I.R. Uimh. 381 de 2001. 01.

Ní bronnfar ceadúnais chun inseamhnú saorga agus aistriú sutha a chleachtadh i gcaoirigh ach amháin ar thréidlianna cláraithe.

### IONAID BAILIÚCHÁN SEAMHAN FORMHEASTA

Bíonn ionaid bailiúcháin seamhan úbhain á rialú faoi Rialacháin (Trádáil in Ainmhithe agus Seamhan, Ubháin agus Suthanna Ainmhithe) na gComhphobal Eorpacha, 1996 I.R. Uimh. 12 de 1996. Caithfidh trádáil i seamhan ubháin a bheith déanta de réir na Rialacháin seo.

*Is féidir tuilleadh eolais faoi na seirbhísí thuas a fháil ón Rannóg Tógála Beostoic, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368292 Facs: 049 4361486 Ríomhphost: zootechnics@agriculture.gov.ie*

## **LEABHAR-TRÉADA CAORA AGUS GABHAIR IONPÓRAITHE**

Is é is brí le leabhar-tréada ná leabhar, clár, comhad nó meán sonraí ar bith atá á chothabháil ag eagraíocht aitheanta agus ina bhfuil beithígh cláraithe le tagairt dá sinsir go léir a bhfuil eolas ann fúthu. Tá feidhmíú leabhair-thréada á rialú faoi Rialacháin (Leabhar-tréada do Chaoirigh Folúla agus do Ghabhair) na gComhphobal Eorpacha, 1994 I.R. 16 de 1994.

Is í an Roinn an tÚdarás Inniúil chun formheas a thabhairt faoin reachtaíocht seo faoi réir comhlíonadh an iarrthóra leis an gcritéir do fhorpheas. Tagann Téarmaí agus Coinníollacha i gceist.

*Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais a fháil ón Rannóg Tógála Beostoic, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368292 Facs: 049 4361486 Ríomhphost: zootechnics@agriculture.gov.ie*

## **RANGÚ CONABLACH UAIN**

Leagann Rialachán Comhairle 2137/92 amach an cuspóir chun úsáid na heangaí AE éigeantach do gach Seamlas AE atá formheasta.

Rangaítear conablaigh uain de réir measúnú:

- Cruth (cruth agus forbairt an chonablaigh): a shonraítear ag na litreacha E, U, R, O, P le E mar an ceann is fearr agus P mar an ceann is measa;
- Geir: tá méid na geire sonraithe ag na huimhreacha 1, 2, 3, 4, 5 de réir méithe méadaithí;

Tá scéim rangaithe conablaigh uain go hiomlán de réir eangach AE i bhfeidhm i mórmhór na seamlas uain atá formheasta do onnmhairiú.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Beostoic, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Bloc B, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053300*

## **MUCA**

### **IONAID BAILIÚCHÁN SEAMHAN MUICE FORMHEASTA**

Tá ionaid bailiúcháin seamhan muice á rialú faoi na Rialacháin (Trádáil i Seamhan Muice-Sláinte Ainmhithe) na gComhphobal Eorpacha, 1993 I.R. Uimh. 242 de 1993. Ní féidir trádáil a dhéanamh i seamhan muice ach amháin de réir na Rialacháin seo.

Tabhair faoi deara go moltar do dhaoine a bhfuil fonn orthu formheas a fháil do ionad bailiúcháin sheamhain teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ón tús ionas go bhfaighidís eolas iomlán ar an bpróiseas formheasta.

### **LEABHAR-TRÉADA AGUS CLÁR PÓRÚ MUICE**

Formheas Roinne do eagraíocht chun leabhar-tréada nó clár a chothabháil faoi Rialacháin (Leabhar-Tréada agus Clár Póru Muice) na gComhphobal Eorpacha, 1994 I.R. Uimh. 151 de 1994.

*Is féidir tuilleadh eolais faoi na seirbhísí thuas a fháil ón Rannóg Tógála Beostoic, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368292 Facs: 049 4361486 Ríomhphost: zootechnics@agriculture.gov.ie*

### GRÁDÚ CONABLACH MUICE

Cuirtear corás an AE do ghrádú conablaigh muice i bhfeidhm in Éirinn ag na Rialacháin (Grádú) Conablach Muice, 1988 go 2001. Caithfidh gach seamlas muice, ina mharaítear níos mó ná 200 muc sa tseachtain ar an meán i rith na bliana, conablaigh muice a ghrádú de réir a ábhair truafeola. Caithfidh grádú a bheith déanta de réir ceann de na modhanna formheasta ag an gCoimisiún AE do úsáid in Éirinn. Beidh Grád Léirithe ar chraiceann na lorga nó an liamháis ag uimhir atá mar an t-ábhar truafeola measta nó an litir grádaithe comhfhreagartha. Is é cuspóir an chórais ghrádaithe ná chun trédhearcacht a éascú i réimse praghsála agus chun íocaíocht cothrom a chúnadh de réir caighdeán an chonablaigh. Caithfidh oibreoir an tseamlais ráiteas a thabhairt do sholáthraithe muice, maidir le gach muc, ag taispeáint uimhir an chonablaigh, meáchan an chonablaigh, meastachán ar chéatadán an ábhair truafeola agus an praghas iomlán a íocadh.

### CÓRAS RIALAITHE SALMONELLA MUICE

Is é cuspóir an chláir seo ná chun laghdú a dhéanamh ar riosca ar bith de fhadhbanna sláinte poiblí a éiríonn as thomhaltas muiceola agus táirgí feola muice. Faoi Acht na Seamlas 1988 (Scrúdú Tréidlia) (Leasú) Rialacháin 2002, caithfidh gach táirgeoir muice cinntiú a dhéanamh go bhfuil siad i seilbh teastais bhaile de chatagóiríú dá dtréada muice.

*Is féidir tuilleadh eolais faoi na seirbhísí thuas a fháil ón Rannóg Beartas Feola, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072735*

### SLÁINTEACHAS FEOLA

Caithfidh bunaíochtaí a bhaineann le marú ainmhithe (eallaigh, caoirigh, muca, éanlaithe, gabhair, fianna, géim fiáin agus géim feirmeoireachta) agus próiseáil táirgí feola, mionfheoil, ullmhú feola a bheith formheasta. Is féidir le hoibreoir gnó bia táirgí de bhunadh ainmhithe a mhargú amháin dá mbeadh siad ullmhaithe agus láimhseáilte go heisiach i mbunaíochtaí formheasta don chuspóir sin. Déanfar machnamh ar iarratais do fhorghas faoi Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar 29 Aibreán 2004 [IO Uimh. L226 de 25.6.2004, Ich 22].

*Is féidir breis eolais a fháil ón Rannóg Sláinteachas Feola, Rannóg Sláinteachas Feola agus Fo-Tháirgí Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072830*

**Déantar scrúdú eolaíochta ar fheoil agus tháirgí feola ag Saotharlann Rialaithe Lárnach Feola na Roinne, Cros an tSiúnaigh, Cill Droichid, Co. Chill Dara. Teileafón: 01-6157368**

## ÉANLAITH CHLÓIS AGUS UIBHEACHA

### GORLANNA ÉANLAITHE CHLÓIS AGUS FEIRMEACHA SOLÁTHAR GORADH UIBHE

Caithfidh gach gurlanna éanlaithe fostaithe i dtáirgeadh sicíní lá amháin d'aois, éin turcaí nó éin lachan do tháirgeadh éin boird nó athsholáthar ealtaí breithe a bheith ceadúnaithe ag an Roinn. Ní féidir ach uibheacha gortha arna fháil de réir ceada eisithe ag an Roinn a bheith goraithe ag goradh éanlaithe ceadúnaithe. Caithfidh stoc tógála uile ag feirmeacha soláthair a bheith faighte ó fhoinsí tógála formheasta agus tá siad faoi réir cigireacht agus tástáil-foila chun saoirse a chinntiú ó ghalair tromchúiseach éanlaithe.

Tá sé riachtanach ó gach goradh éanlaithe agus ó fheirmeacha soláthair a bhaineann le trádáil AE maidir le éanlaithe beo agus uibheacha gortha formheas a fháil ón Roinn. Caithfear cigireacht a bheith déanta ar gach lastas do onnmhairiú agus a bheith á thionlacain ag teastas sláinte atá sínithe ag tréidlia oifigiúil

### MARGAÍOCHT FEOIL ÉANLAITHE CHLÓIS

Caithfidh circeoil a margaítear san AE a bheith rangaithe mar rang A nó rang B de réir a chaighdeán agus a bheith pacáilte, lipéadaithe, iompraithe agus curtha i láthair de réir riachtanais an AE agus reachtaíocht náisiúnta a rialaíonn caighdeán margaíochta do éanlaithe. Caithfidh méid an uisce ghafa in éanlaithe titim faoi bhun teorainneacha sonraithe. Is féidir le circeoil a bheith margaithe mar 'shaor-raoin', 'tógtha i mbanrach', 'saor-raoin traidisiúnta' nó 'saor-raoin-saoirse iomlán', nó is féidir le héanfheoil tagairt a choinneáil maidir leis an ráta bia a úsáideadh, chomh fada agus a fhreastalaítear ar chritéir áirithe. Tá sé riachtanach ar tháirgeoirí agus seamlais a bhfuil fonn orthu na téarmaí a úsáid clárú leis an Roinn Talmhaíochta agus taifid iomchuí a choinneáil dá bhfuil faoi réir cigireachta Roinne oifigiúla.

### RIALACHÁIN MARGAÍOCHTA UIBHEACHA

Caithfidh uibheacha boird arna mhargú san AE a bheith grádaithe de réir caighdeán agus meáchain, lipéadaithe, stóráilte, iompraithe agus á thairiscint dá ndíoladh de réir reachtaíocht náisiúnta agus AE maidir le caighdeán margaíochta do uibheacha. Caithfidh uibheacha a bheith margaithe agus ba chóir do uibheacha a bheith pacáilte in ionad paiceála-uibheacha cláraithe. Tugtar uimhir suaithiantais do gach ionad pacála cláraithe agus tá sé riachtanach dóibh táille bhliantúil a íoc maidir lena gclárú. Caithfidh pacáí uibheacha treoir a thabhairt maidir leis an modha feirmeoireachta agus dáta 'b'fhéarr roimh' a bheith air. Tá an dáta seo 28 lá i ndiaidh breithe ach is é an dáta is déanaí gur féidir leis na huibheacha a bheith díolta leis an tomhaltóir ná 21 lá i ndiaidh breithe. Ní féidir le huibheacha gortha a bheith díolta do thomhaltas daonna.

Is féidir go mbeadh uibheacha margaithe faoi na téarmaí 'saor-raoin', 'caighean', 'perchery/banrach' nó 'orgánach' chomh fada agus a rinneadh freastal ar riachtanais na reachtaíochta. Tá coinníollacha i bhfeidhm chomh maith i gcásanna nuair atá eolas maidir le conas a mbeatháítear na gcearc ar uibheacha agus pacáí. Caithfidh táirgeoirí agus paiceáilte a úsáideann na téarmaí agus na leideanna seo a bheith cláraithe leis an Roinn agus caithfidh siad taifid iomchuí a choinneáil.

D'ainneoin an méid atá thuas, is féidir le táirgeoirí a gcuid uibheacha féin a dhíol go díreach leis an tomhaltóir óna bhfeirm féin agus trí dhíolachán ó dhoras go doras chomh fada agus nach bhfuil na huibheacha grádaithe nó paiceáilte i modh atá leagtha amach de réir na reachtaíochta um chaighdeán margaíochta.

### TÁIRGÍ UIBHE

Sonraíonn Rialacháin (Táirgí Uibhe) na gComhphobal Eorpacha, 1991 agus 1992 (IR Uimh. 293 de 1991 agus IR Uimh. 419 de 1992) na riachtanais sláinte agus sláinte a bhaineann le táirgeadh agus táirgí uibhe a chur

ar an margadh do thomhaltas daonna dhíriigh nó do dhéantús earraí bia. Leagann an reachtaíocht amach na coinníollacha do fhorghéas áitribh, sláinte, sláinteachas agus maoirseacht táirgthe agus do stóráil agus comharthaí uibhe.

*Is féidir tuilleadh eolais faoi na seirbhísí thuas a fháil ón Rannóg Beartas Feola, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072263*

### CAPAILL

#### FORMHEAS LEABHAIR-GRAÍ

Is é is brí le leabhar-graí ná leabhar, clár, comhad nó meán sonraí ar bith atá á chothabháil ag eagraíocht aitheanta agus ina bhfuil beithígh cláraithe le tagairt dá sinsir go léir a bhfuil eolas ann fúthu. Tá feidhmiú leabhair-ghraí á rialú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Leabhar-graí Eachaí agus Comórtais), 2004 I.R. Uimh. 399 de 2004.

Is í an Roinn an tÚdarás Inniúil chun formheas a thabhairt faoin reachtaíocht seo faoi réir comhlíonadh an iarrthóra leis an gcritéir do fhorghéas. Tagann Téarmaí agus Coinníollacha i gceist.

*Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais a fháil ón Rannóg Tógála Beostoic, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368292 Facs: 049 4361486  
Ríomhphost: zootechnics@agriculture.gov.ie*

#### CLÁRÚ CAPALL

Caithfidh gach equidae in Éirinn ina n-áirítear asail, gearrchapaill, agus séabraí a bheith aitheanta de réir Rialacháin (Leabhar-Tréada Capaill agus Iomaíocht) na gComhphobal Eorpacha 2004 (I.R. Uimh. 399 de 2004). Feidhmíonn na Rialacháin seo Cinneadh AE 2000/68, agus ciallaíonn siad:

- go gcaithfidh gach equidae a bheith á thionlacain ag cáipéis aitheantais nuair atá siad á ngluaiseacht amach as gabháltas. San áireamh lena leithéid de ghluaiseachtaí beidh gluaiseacht idir áitribh, ag iontráil ar chomórtais, d'fhonn porú, ag fágáil na hÉireann, á ndíol nó á gcur amach i gcomhair mharaithe;
- go gcaithfidh cógas áirithe tugtha do equidae atá ann do thomhaltas daonna a bheith curtha i gcáipéis aitheantais ag an tréidliá a thugann an cógas;
- ón 1 Eanáir 2005, go gcaithfidh gach equidae atá á chur ar fáil do mharú d'fhonn tomhaltas daonna a bheith á thionlacan ag cáipéis aitheantais a eisíodh 6 mhí ar a laghad sula gcur amach do mharú.

Is é Bord Capaill na hÉireann (IHB) an t-údarás do eisiúint cáipéisí aitheantais do equidae nach mbeidh incháilithe do iontráil i leabhar-graí. Is féidir le duine teagmháil a dhéanamh le Bord Capall na hÉireann ag (01) 5053584. Ba chóir do eagraíochtaí eile ag lorg formheas chun cáipéisí aitheantais a eisiúint foirm iarratais a lorg ó Rannóg Tógála Beostoic.

*Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais a fháil ón Rannóg Tógála Beostoic, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368292 Facs: 049 4361486  
Ríomhphost: zootechnics@agriculture.gov.ie*

## **BORD NA gCAPALL**

Bunaíodh Comharchumann Bhord na gCapall i 1993.

Is iad cuspóirí an Bhoird ná:

- chun Clár Capall na hÉireann a chothabháil;
- chun feabhas a chur ar cháilíocht Chapall Spóirt na hÉireann;
- chun margáí a aithint agus chun capall na hÉireann a chur chun cinn sna margáí seo;
- chun traenáil na dtógálaithe a chur chun cinn ó thaobh gnéithe teicniúla de agus chun cúnamh a thabhairt maidir le cur chun cinn turasóireacht eachaí;
- chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann leasa na dtógálaithe ar roinnt comhlachtaí, ina n-áirítear comhphléanna leis na Ranna Rialtais.

*Le haghaidh tuilleadh sonraí agus foirmeacha iarratais ar bhallraíocht déan teagmháil le: Bord Capall na hÉireann, Bloc B, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053353*

## **CAPAILL TARRAINGTHE ÉIREANNACH**

Tá Bord na gCapaill formheasta chun leabhar-graí bunaidh Chapall Oibre na hÉireann a chothabháil agus riarann sé Scéim Choinneála Bromaiigh Chapall Oibre na hÉireann agus an Deontas Searraigh Oibre na hÉireann.

*Le haghaidh tuilleadh sonraí déan teagmháil le: Bord Capall na hÉireann, Bloc B, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053584, Facs: 01 5053562, ríomhphost [ihb@ihb.ie](mailto:ihb@ihb.ie)*

## **CLÁR CAPALL NA hÉIREANN**

Aistríodh Clár Capaill na hÉireann go foirmiúil chuig Comharchumann Bhord Capaill na hÉireann Teo ar an 1 Eanáir 1995. Cothaíonn an Clár na taifid leabhair-ghraí do Chapail Oibre agus Spóirt na hÉireann.

*Is féidir eolas maidir le clárúcháin srl., lena n-áirítear an Liosta Staile reatha (ina bhfuil Staileanna Ceadaithe agus Forlíonacha) a fháil ó Chlár Capall na hÉireann, Bord na gCapall, Bloc B, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad Co Chill Dara, Teil: 01 5053584, Facs: 01 5053562, ríomhphost [ihb@ihb.ie](mailto:ihb@ihb.ie).*

*Tá foilseacháin déanacha uile lena n-áirítear "Approved Stallions 2004-2005", Preas Ráitis, agus foirmeacha iarratais srl., ar fáil ar an láithreán gréasáin ag [www.irishhorseboard.com](http://www.irishhorseboard.com).*

### FORBAIRT TIONSCAL NA gCAPALL

#### PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA 2000-2006

##### Feabhsúcháin i gCáilíocht Eachaí

Cuirtear tacaíocht ar fáil faoin bPlean Forbartha Naisiúnta chun cúnaimh a thabhairt do fheirmeoirí i dtáirgeadh capall go roghnaíoch, agus úsáid bainte as critéir ardchaighdeán dochta. San áireamh leis an bhfo-bheartas tá cúnaimh deontais do na gníomhaíochtaí seo a leanas san earnáil neamhfhóil:

- Tástáil Feidhmíochta Staile;
- Ceannach staileanna den scoth do úsáid san earnáil neamhfhóil;
- Comórtais Lárach de Ardchaighdeán.

*Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais a fháil ón Rannóg Tógála Beostoic, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368291*

##### Feabhsúcháin Bhonneagair

Tá cúnaimh deontais á fhoráil faoin bPlean Forbartha Naisiúnta do eagraíochtaí do thionscadail fhorheasta dírithe ar fheabhsú an bhonneagair ina bhfeidhmíonn na hearnála capaill folúla agus neamhfhólúla agus san áireamh leis tá tacaíocht don mhéid seo a leanas:

- Táirgeadh Capaill Neamhfhóil de Ardchaighdeán - obair ar fhoirmiú innéacsanna géiniteacha do staileanna, sampláil fola/tástáil DNA chun folaíocht a fhíorú, uasghrádú na gcóras clárúcháin eachaí agus do chur chun cinn agus margáíocht capall neamhfhóil na hÉireann;
- Táirgeadh Capaill Fholúil de Ardchaighdeán – tionscnaimh i réimsí oideachais, traenála agus chur chun cinn maidir le Sláinte agus Riar Capall, Bainistiú agus Sábháilteacht Graí, Cothú agus Póru de Ardchaighdeán;
- Taighde ar ghalair agus póru capall agus costas caipitiúil na bhfoirgneamh agus an trealamh chun éascaíocht a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí fáthmheasacha agus coimhdeacha feabhsaithe ag Lárionad Capall na hÉireann;
- Forbairt ar bhunachar sonraí iontaobhach do thionscal na gcapall ina iomlán a fhoráilfaidh an t-eolas riachtanach ar phóru, dhíolachán, onnmhairithe, fheidhmíocht chapail na hÉireann agus iad thar lear agus ar fhostaíocht san earnáil.

*Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais a fháil ón Rannóg Tógála Beostoic, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Teil: 049 4368291*

##### TRAENÁIL DO THIONSCAL NA gCAPALL

Tá Ollscoil Luimní ag tairiscint Teastas/Dioplóma i gCláir Eolaíochta (Eolaíocht Eachaí) trí oideachas ar-champas agus cianoideachas. Comhordaítear forbairt agus seachadadh na gclár seo ag Institiúid Eachaí Idirnáisiúnta Ollscoil Luimní agus maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia faoin bPlean Forbartha Naisiúnta.

*Le haghaidh thuilleadh eolais déan teagmháil le Institiúid Eachaí Idirnáisiúnta Ollscoil Luimní. Teil: 061 202430, Facs: 061 202184. Suíomh idirlín [www.iei.ul.ie](http://www.iei.ul.ie)*



## 9. *SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE*

### **GALAIR INFHÓGARTHA**

Forálann an tAcht um Ghalar Aínmhithe, 1966 an bunreachtáocht do rialú agus díothú ghalair ainmhithe. Má tá amhras nó cinnteacht ann maidir leis na galair seo a leanas, caithfidh fógra a bheith tugtha don Roinn Talmhaíochta agus Bia nó do na Gardaí:

#### **GINEARÁLTA**

Antrasc, Bluetongue, Brúsalóis, Campylobacteriosis, Caseous Lymphadenitis, Contagious Agalactia, An Galar Crúibe is Béil, Galar Johnne, Claimhe Sheadánach, Peste des Petits Ruminants, Adenomatosis Scamhógach, Confadh, Fiabhras Rift Valley, Salmonella enteritidis agus typhimurium, Transmissible Spongiform Encephalopathies (seachas BSE/Scráibeach), Eitinn.

#### **EALLACH**

Liúcóis Bhólachta, BSE, Plá na mBó, Pliúra-niúmóine Tadhail Bólachta, Galar Craicinn Ghambaigh, Péirseog.

#### **MUCA**

Fiabhras Muc na hAfraice, Galar Aujeszky, Tinneas Muc Clasaiceach, Buinneach Muice Eipidéimigh, Víreas Corónach Muice, Siondróm Athghiniúna agus Análacha Muice, Fliú Mucra, Galar Boiliginéach Muca, Galar Teschen, Gaistreintríteas Gabhálach, Stomatitis Saicín.

#### **CAORAIGH**

Gimhilleadh Eansótach Caorach, Maedi Visna, an Scráibeach, Bolgach Caoirigh, Galar Scrathach

#### **ÉANLAITH CHLÓIS**

Galar Arizona, Claimhe Éanlaithe ina n-áirítear Galar Newcastle agus Plá Éanlaithe (Fliú na nÉan), Laryngo-Tracheitis Tógálach, Mycoplasma gallisepticum, meleagris agus synovia, Psittacosis, Salmonella gallinarum agus pullorum, Rhinotracheitis Turcaí, Galair a bhaineann le Yersinia spp.

#### **CAPAILL AGUS EACH-AINMHITHE EILE**

Tinneas Capall na hAfraice, Metritis Eachaí Gabhálach, Dourine, Epizootic Lymphangitis, Anaemacht Eachaí Tógálach, Arteritis Eachaí Víreasach, Boilg Fola nó Farcy, Encephalomyelitis Eachaí.

#### **GABHAIR**

Airtríteas Víreasach Caprine-Encephalitis, Bolgach Gabhair,x,

#### **FIANNA**

Galar Epizootic Haemorrhagic

I gcás briseadh amach de ghalair atá ceann de na cinn níos tromchúisí m.sh. Galar Crúib agus Béil nó Fiabhras Mucra ghlacfaí le polasaí maraithe an tréada (le cúiteamh) agus srianadh gluaiseachtaí ag an Roinn mar gheall ar nádúr tógálach na ngalar agus an dochar poitéinsíúil do thrádáil. Is é luath-múchadh an bealach is éifeachtaí chun dul i ngleic le cuid mhaith de na galair seo agus mar sin tá fógart láithreach rí-thábhachtach.

## SCÉIMEANNA UM DHÍOTHAITHE EITINNE AGUS BRÚSALÓISE

Tá rialú agus díothú deiridh Eitinne Bólacht agus Brúsáloise riachtanach do fholláin agus forbairt sa todhchaí dár dtáirgeadh beostoic do mhargaí onnmhairithe agus intíre araon.

### SOCRÚCHÁIN ATÁ ANN

Is iad príomh ghnéithe na Scéimeanna um Díothú Eitinn agus Brúsáloise ná mar seo a leanas:

- tástáil bhliantúil an tréada náisiúnta agus/nó catagóirí comharthaithe, leis an mbundualgas chun tástáil a shocrú agus íoc as tástálacha áirithe arna cheapadh do fheirmeoirí;
- tástáil bhreise straitéiseach dírithe agus leantach, ina n-áirítear úsáid tástála fola in cúinsí áirithe;
- clár rialaithe de ardchaighdeán maidir le gach gné de na Scéimeanna;
- clár cuimsitheach chun deireadh srianta gluaiseachta ar thréada áirithe a éascú;
- clár taighde cuimsitheach leis an aidhm chun forleathnú eitinne ag fiadhúlra a chosc;
- eipidéimeolaíocht feabhsaithe agus aiseolas do fheirmeoirí;
- leanúint taighde ar fhorbairt tástálacha fola, vacsaíní agus gléasra teicneolaíochta eile chun feabhas a chur ar éifeacht clár;
- fóram náisiúnta chun comhairle agus moltaí a thabhairt don Aire ar fheidhmiú na

Is é fócas lárnach na socrúchán ná go luíonn an freagrachas chun na céad tástálacha tréada a shocrú agus a íoc gach bliain leis na feirmeoirí. Chomh maith leis sin, ceapadh tuilleadh freagrachas ar fheirmeoirí as ucht cosaint a dtréada féin agus tá ionchas ann go dtabharfaidís gach cúnaimh do Oifigí Ceantrach Tréidliachta, de réir mar atá riachtanach.

### EITINN BHUAIBHEACH

Is galar ainsealach, an-tógálach é Eitinn Bhuuibheach de chuid eallaigh a bhíonn ann de dheasca *Mycobacterium bovis*. Is féidir leis an mbaictéar galar a thionscnamh in ainmhithe fiáine nó clóis eile agus i ndaoine chomh maith. Is riachtanas dlíthiúil é go mbeadh tástáil Eitinn ag eallaigh níos aosta ná 6 seachtain taobh istigh an 12 mí sula bhgann siad amach as do ghabháltas.

### Níor chóir go thomhlófaí riamh ámhbhainne neamhchóireáilte.

#### Cúiseanna galraithe in eallaigh

- Análú aeir a bhí fabhtach cheana féin ag ainmhithe galracha;
- Tomhaltas bia nó uisce fabhtach;
- Gluaiseacht ainmhithe agus teagmháil le hainmhithe galracha m.sh. thar fáлта;
- Roinnt meaisíní idir-fheirme (leantóirí eallaigh, scaradóir roide/sciodair, srl.) nó áiseanna feirme (gabhláigh eallaí);
- Úsáid leoraithe salacha chun ainmhithe a iompar;
- Is féidir go bhfuil fiadhúlra, broic ach go háirithe, arna ghalrú le *Mycobacterium Bovis* a bheith ina bhfachtóir suntasach i liostacht eitinne Bólacht i gceantair áirithe.

### Réamhchúraimí in aghaidh Galraithe Eitinn

- Bíodh claíocha teorann stocdhíonach agat;
- Seachain teagmháil le tréada eile agus stoc de stádas neamhaithnid;
- Bí cúramach agus tú ag ceannach isteach eallaí. Déan cinnte nach gceadaítear ach amháin eallaigh ar thástáilíodh le déanaí iad ar do fheirm chun comhlúadar a dhéanamh le do stoc;
- Seachain úsáid as trealamh conartha salach m.sh. iompar eallaigh, scaradóirí scioidair. Ba chóir a leithéid de threalamh a bheith sciomartha agus díghalraithe sula mbaineann tú úsáid as.

Is é an díothú an freagra fadtréimhseach is idéalaí do eitinn Bólacht. Le cur chuige comhordaithe iomchuí, in éineacht le teicneolaíocht nua atá á fhorbairt faoi láthair, is féidir le Éire céimeanna chun tosaigh a ghlacadh i dtreo díothú Eitinne Buaibhí.

### BRÚSALÓIS BHUAIBHEACH

Is galar an-ghabhálach é Brúsalóis in eallaigh a fhorleathnaítear trí ábhar galraithe tráth breithe lao nó tráth forlao agus gur féidir le seasc, galracht agus táirgeacht bhainne laghdaithe a bheith dá toradh. Maraítear an t-orgánach go réidh trí dhíghalrú. Tá rioscaí sláinte daonna ann chomh maith os rud é gur féidir leis an galar a bheith tarchurtha trí ól bainne neamhphaisteartha ó ba galraithe, trí ion-análú, trí ghearrthacha agus bristeacha cnis, nó trí ghalrú braonáin. Is é an t-aon chomhartha clínicíuil amháin de bhrúsalóis in eallaigh ná forlao agus tá sé riachtanach go dtuairisceofaí gach forlao do Oifig Tréadliachta Dúiche áitiúil na Roinne (DVO) (féach liosta an DVO ag Aguisín 1B).

Is é polasaí na Roinne ná chun foinsí deireanacha an ghalraithe a dhíothú trí dhídhaoinriú tréada brúsalóise a bhfuil galrú gníomhach acu. Déantar babhta lán de thástáil fola do (gach eallach bainneannach agus tairbh thar 12 mí d'aois) gach bliain chun na socrúcháin atá ann a chomhlánú ina n-áirítear tástáil bainne míosúil na dtréada déiríochta.

Caithfidh gach eallach bainneannach agus tarbh, thar 12 mí d'aois, atá á mbogadh isteach nó amach as gabháltas (seachas díreach chuig áitreabh seamlais) pas a bheith faighte acu laistigh 30 lá roimh an dáta gluaiseachta. Chomh maith leis sin, ní féidir le tairbh thar 12 mí d'aois agus eallaí bainneannacha thar 18 mí d'aois a bheith díolta níos mó ná uair amháin, cé acu trí dhíoladh poiblí nó príobháideach, de bhun tástáil brúsalóise agus caithfidh a leithéid de eallaí atá á dhíoladh a bheith bogtha ón ngabháltas ina mbíonn tástálacha déanta díreach go gabháltas ceannaitheora nó díreach chuig margadh agus ansin go gabháltas ceannaitheora.

### RÉIM CHÚITIMH DO EITINN AGUS DO BHRÚSALÓIS

#### Riachtanais

- Fiú má tá tréad glan faoi láthar, ba chóir do gach úinéir/coimeádaí a bheith aithnidiúil leis na réimí cúitimh do Eitinn agus do Bhrúsalóis.
- Is iad príomh eilimintí na réime cúitimh atá ann ná Scéim Luachála Margaidh-Feirme, Scéim Fhorlíontach Ioncaim, Scéim Dheontais Dhídhaoiníthe agus Scéim Dheontais Chruatain. D'fhonn cáilíocht a bhaint amach don scéim, caithfidh an t-úinéir/coimeádaí coinníollacha incháilithe áirithe a bhaint amach faoi gach Scéim.
- Tá teidlíocht do íocaíocht cúitimh coinníollach chomh maith ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta um Ghalair Ainmhithe, 1966, orduithe ar bith a rinneadh ina dtaobh agus rialaithe ar bith eile a leagadh síos faoi na Scéimeanna Díothaithe Galair, le rialacháin aitheantais agus riachtanais náisiúnta/reachtúil

AE eile a bhaineann le Beithigh atá á riaradh ag an Aire Talmhaíochta agus Bia. **Is féidir leis an Aire diúltú a dhéanamh ar íocaíocht cúitimh, ina iomlán nó i bpáirt, sa chás nach sásaíonn úinéir/coimeádaí na forálacha thuasluaite nó má tá an tAire míshásta gur chomhoibrigh an t-úinéir/coimeádaí leis na hoifigigh údaraithe nó Cigirí Tréidliachta na Roinne ó thaobh cuir i gcrích a gcuid dualgais faoi na Scéimeanna.**

- Bíonn íocaíochtaí cúitimh struchtúrtha chun tairbhe a thabhairt don úinéir/choimeádaí dá dtugann a gcuid cleachtadh feirmeoireachta cúnaimh ar chosaint sláinte tréada. Forálann Leabhrán na Roinne "Eolas Tábhachtach ar Eitinn Bhólacht agus Scéimeanna Díothaithe Brúsáloise agus an Leabhrán "Important Information for the Owner/Keeper" ar an Scéim Luachála Margaidh Ar-Fheirme eolas úsáideach maidir leis na socrúcháin luachála, Forlíonadh Ioncaim agus na riachtanais incháilithe Deontais Dhídhaoinithe, rátaí, srl. Bíonn an dá Leabhrán ar fáil ar iarratas ón D.V.O.
- Faoin Scéim Díothaithe Brúsáloise, caithfidh gach ainmhí incháilithe a bheith cóireáilte. Is é is brí le hainmhí incháilithe ná (i) ainmhí bainneannach 12 mí d'aois nó níos mó (ii) tarbh 12 mí nó níos mó.
- I gcás briseadh síos Brúsáloise, cuirfidh an DVO tús le críochnú na Foirme **ER 111** ag baint gach eolas atá ar fáil ar **ainmhithe incháilithe** a tháinig isteach chuig an tréada le linn na sainthréimhse faoi athbhreithniú d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar íocaíocht chúitimh. Cuirfear an Fhoirm **ER 111** ar aghaidh go dtí an t-úinéir/coimeádaí gur féidir go mbeadh sé riachtanach dó eolas breise a thabhairt ach beidh sé riachtanach dó dearbhú a shíniú. Beidh tréimhse athbhreithnithe uathúil ag gach úinéir/coimeádaí atá cleithiúnach ar, inter alia, dáta an scrúdaithe um bhriseadh síos agus ar dháta an scrúdaithe dheireanaigh don tréad go léir roimh an mbriseadh síos.
- Seachas an riachtanas dlíthiúil chun clárúcháin tréada a choinneáil ar ghluaiseachtaí ainmhithe go léir, tá sé riachtanach amach is amach ar mhaithe le socrúcháin chúitimh Brúsáloise go gcoinníonn an t-úinéir/coimeádaí taifid ar ghluaiseachtaí **ainmhithe incháilithe go léir** isteach/amach a t(h)réad trí úsáid clár tréada agus eolas ábhartha eile a choinneáil mar chruthúnas ceannacháin nó díolacháin. I gcás de bhriseadh síos Brúsáloise, beidh sé indéanta ansin don úinéir/choimeádaí eolas breise a thabhairt go tapaigh atá riachtanach chun an luacháil agus próisis chúitimh eile a chríochnú m.sh. dáta an cheannacháin. **Ní féidir leis an DVO cinneadh a dhéanamh ar an méid atá iníochta maidir leis an luacháil Brúsáloise agus catagóir an Deontais Dhídhaoinithe gan chomhoibriú lán an úinéara/choimeádaithe le comhlánú na Foirme ER 111 chomh luath agus is féidir i ndiaidh an briseadh síos agus le foráil an eolais go léir atá á lorg. Tá dualgas ar an úinéir/gcoimeádaí an t-eolas go léir a fhoráil leis an luachálaí agus leis an DVO. Is féidir go mbeadh an clár tréada agus/nó bundhíolachán nó doiciméadú ábhartha eile a bheith á iarraidh ón úinéir/gcoimeádaí ag an luachálaí agus/nó an DVO.**

### **SCÉIM LUACHÁLA MARGAIDH AR AN bhFEIRM**

Rinne an Scéim Luachála Margaidh Ar An bhFeirm ionadú ar eilimint Deontais Imoibreora na réime cúitimh le héifeacht ó 2 Aibreán 2002 do na himoibreoirí arna nochtadh de thoradh scrúdaithe déanta ar an dáta seo nó ina dhiaidh. Leanann rátaí deontais imoibreora, áfach, de bheith i bhfeidhm i gcás tréada ceannaí/díomuan.

D'fhonn cuspoir na luachálacha, is é is brí le "Luach Margaidh" ná **an praghas coibéiseach a bhfaigheadh an t-ainmhí ag am cinnidh cúitimh ó cheannaitheoir ar an margadh mura raibh éifeacht ag Eitinn nó Brúsálois ar an ainmhí nó mura raibh sé á dhíláithriú mar chuid de dhídhaoiniú faoin gclár díothaithe galair.**

San áireamh le príomh ghnéithe an chórais luachála beo tá:

- Luachálacha le bheith déanta ag luachálaithe atá cáilithe go hionchuí laistigh scálaí ama téachta agus trí thagairt le treoirlínte a chruthaigh foireann na Roinne;
- Uastheorann de **€2,540** (an praghas tarrthála monarchan san áireamh) chun a bheith i gceist le hÍocaíocht maidir le ainmhí anoir ar bith, ach amháin maidir le tarbh stoic folúil amháin i gcás gach feirm ina bhfuil uastheorann de **€3,175** (an praghas tarrthála monarchan san áireamh) i gceist;
- I gcás nach nglacann an t-úinéir/coimeádaí nó an Roinn leis an luacháil tionscantaigh, is féidir leis é seo a achomharc le luachálaí eile ar an bpainéal. Íocfaidh an páirtí a dhéanann an achomharc as an gcostas iomlán a bhaineann leis;
- I ndiaidh críochnú an phróisis luachála ar an bhfeirm (m.sh. an chéad luacháil nó achomharc), díláithrítear an t-imoibreoir/na himoibreoirí ó na feirmeacha ag an Seirbhís Bhailiúcháin Imoibreora;
- Mura bhfuil comhaontú ann i ndiaidh achomhairc; déantar tarchur ar an gceist chuig an bPainéal Eadrána a bhfuil a chinneadh críochnaitheach agus ceangailteach maidir leis an dá páirtithe.
- Baineann pionósacha grádaithe leis an íocaíocht chúitimh deireanach a dhéantar leis an úinéir/gcoimeádaí ina mhoilleann sé/sí go míréasúnta díláithriú na n-imoibreoirí nó mura raibh tástáil Brúsálóise iarghluaiseachta deonach déanta agus i gcás bristeacha eile de rialacháin;
- Ní íocfar íocaíochtaí luachála maidir le hainmhí ar bith ar tugadh isteach é (seachas tarbh stoic, athchur lao diúil nó i gcás tréad atá bunaithe go húrnu) agus atá ceaptha de bheith ina imoibreoir ar bogadh isteach é i ngabháltas le linn tréimhse srianta.

### LUACH LÁN MARGAIDH

Beidh luachanna lán margaidh faoi réir na teorainneacha thuas luaite iníoctha i gcás a mbíonn tréada miondealaithe **cobhsaí** (mar shampla. gan a bheith díomuan nó ina cheannaí) agus má chomhlíonann an t-úinéir/coimeádaí leis na riachtanais dlíthiúla agus eile a bhaineann leis na scéimeanna díothaithe galair agus le sainaitheint/clárú eallaigh agus riachtanais leighis tréidliachta. Maidir le **tréada ceannaithe/díomuana**, ní shárodh cúiteamh is cuma an cás na teorainneacha atá i bhfeidhm faoi Réim Cúitimh 27 Aibreán 1998.

### TÁSTÁIL IAR-GHLUAISEACHTA BRÚSALÓIS DHEONAIGH

De thoradh teipe ag an úinéir/gcoimeádaí chun Tástálacha Fola Iar-Ghluaiseachta 30 lá Brúsálóis Dheonaigh a dhéanamh ar gach **ainmhí incháilithe** ar bogadh isteach iad i ngabháltas le linn tréimhse athbhreithnithe beidh asbhaintí thart faoin raon **2%-25%** ar an luacháil **Ollmhéid Dífreálach** de réir na gcrítear seo a leanas:

Líon na nAinmhithe a Ceannaíodh Isteach	Stádas (Ag tástáil miondealaithe tionscantaigh)	Asbhaint
1 – 5	Glan	<b>2%</b>
6 – 10	Glan	<b>5%</b>
11 agus níos airde	Glan	<b>10%</b>
1 – 5	1 nó níos mó teipthe	<b>5%</b>
6 – 10	1 nó níos mó teipthe	<b>15%</b>
11 agus níos airde	1 nó níos mó teipthe	<b>25%</b>

## DEONTAS DÍDHAOINRITHE

Is féidir go gcáileofaí úinéir/coimeádaí a bhfuil a thréad dídhaoinithe (go hiomlán nó go páirteach) ar mhaithe le rialú galair do Dheontais Dhídhaoinithe. Íoctar Deontais Dhídhaoinithe do gach ainmhí díláithrithe leis an mbeart dídhaoinithe agus dóibh siúd ar dhíláithríodh iad mar imoibreoirí ón am a bhí an gabháltas srianta, ar an gcoinníoll go n-aontaíonn an t-úinéir/coimeádaí le dídhaoiniú ag am sonraithe ag an DVO. Mura bhfuil an comhaontú seo faighte, agus tarlaíonn dídhaoiniú ina dhiaidh sin, tá an t-úinéir/coimeádaí eisiata ó incháilitheacht do Dheontais Dhídhaoinithe ar na himoibreoirí uile san am atá caite, láithreach agus amach anseo le linn na tréimhse srianta, m.sh., ní íocfar Deontais Dhídhaoinithe ach amháin do ainmhithe i dtadhall díláithrithe ag an am a dhéantar dídhaoiniú ar bith ina dhiaidh sin. Íoctar Deontais Dhídhaoinithe maidir le gach mí na tréimhse sosa arna shainmhíniú ag an DVO.

Is iad seo na rátaí atá i bhfeidhm faoi láthair mar seo a leanas:

	Cobhsaí			Díomuan/Ceannaí/Eile
	Eitinn	Brúsalóis		Eitinn & Brúsalóis
	Ráta (€)	Ráta caighdeánach (€)	Ráta caighdeánach móide le (€)	Ráta eile
<b>(i) (Ba Deirí/Bearnaigh In-lao, Tairbh Fólúla &gt; 12 mí</b>	228.55	126.97	228.55 (2)	Neamhní
<b>(ii) Ba Eile/Bearaigh inlao</b>	126.97	126.97	126.97	Neamhní
<b>(iii) Ainmhithe Eile</b>	76.18	38.09	76.18	Neamhní

### Tabhair faoi deara:

Léiríonn na rátaí Deontais Dídhaoinithe atá luaithe thuas an uasmhéid atá ar fáil maidir le tréimhse sosa 4 mhí i ndiaidh dídhaoinithe. Déanfar asbhaintí nó méadaithe sa tréimhse sosa i ndiaidh dídhaoiniú de bheith níos lú nó níos mó ná 4 mhí

## FORLÍONADH IONCAIM

Tá Forlíonadh Ioncaim iníoctha i gcásanna ina thionscnaíonn torthaí miondealaithe díláithriú **níos mó ná 10%** na n-ainmhithe i dtréad agus i gcás nach gceaptar go bhfuil dídhaoiniú iomchuí. Íocaíocht maidir le gach ainmhí díláithrithe mar imoibreoir ó thréad, **faoi réir uasmhéid de 100 ainmhithe a cháilíonn do íocaíocht.**

Níl Forlíonadh Ioncaim iníoctha i gcás ainmhithe (seachas tarbh stoic, athchur lao diúil nó i gcás tréad atá bunaithe go húrnu) atá á gceannach nó á ngluaiseacht i ngabháltas srianta le cead an DVO **ag am ar bith le linn na tréimhse srianta. (Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil cosc ar ghluaiseacht ainmhithe ar bith go tréad srianta, ach amháin le cead scríofa an DVO agus de bhun cead gluaiseachta, más iomchuí).** Ina leithéid de chásanna, stadfaidh **incháilitheacht do íocaíocht** ón ndáta gluaiseachta isteach leis an tréad do fhuilleach na tréimhse srianta.

Stadfaidh incháilitheacht do Fhorlíonadh Ioncaim i gcás:

- Teip an úinéara/choimeádaí comhoibriú a dhéanamh leis na Cigirí Tréidliachta nó leis na hoifigigh údaráithe i ndéantú a gcuid dualgais faoi na Scéimeanna Díothaithe Galar;

- Ceapadh dídhaoinithe (iomlán nó páirteach) an tréada mar ghníomh iomchuí ag an Roinn;
- Dí-shrianadh an ghabháltais.

Is iad seo na rátaí atá i bhfeidhm faoi láthair:

Rátaí Míosúla Forlíontacha Ioncaim			
Ó 1 Eanáir go 31 Nollaig (i) Ba Eile (ii) Ba Déiríochta & Ainmhithe Eile	Cobhsaí		Díomuan/Eile
	Eitinn	Brúsalóis	
	Ráta (€)	Ráta (€)	Ráta (€)
	€38.09	€38.09	Neamhní
€25.39	€25.39	Neamhní	

### Tabhair faoi deara:

*Greamaíonn sainchoinníollacha leis an gcáilíocht do agus stad an íocaíocht Ioncaim Fhorlíontaigh. Ach go háirithe, tá íocaíocht de dhroim míonna amháin agus dá réir sin stadann incháilitheacht, ní eiseofar íocaíocht de réir an ráta maidir le fuilleach coda de mhí ar bith.*

### DEONTAS CRUATAIN

Reachtáiltear an tréimhse incháilithe don Deontas Cruatain ó 1 Samhain go 30 Aibreán. Tá an Scéim seo deartha chun an deacracht chostais roinnt úinéirí/coimeádaithe a éadromú a bhfuil a ngabháltais srianta de bhun aththástáil tréada agus i gcás a mbíonn ainmhithe coinnithe agus beathaithe le linn tréimhsí srianta. Caithfidh úinéirí/coimeádaithe incháilithe cloí le coinníollacha áirithe ina n-áirítear coinníollacha nach (i) bhfuil cead acu ioncam ar bith a fháil ó dhíolachán bainne agus (ii) nach mbeadh ioncam ar bith as-fheirme a bheith acu.

Is féidir go bhforálfadh úinéirí/coimeádaithe incháilithe ar bith le híocaíocht suas le €250.00 sa mhí do thréimhse nach sáraíonn **4 mhí** laistigh na tréimhse 1 Samhain 2005 go 30 Aibreán 2006.

Tá an dualgas ar na húnéirí/coimeádaithe atá incháilithe go féideartha chun a chinntiú go bhfaigheann siad agus go ndéanann siad taithíocht ar an gcáipéis théarmaí agus choinníollacha agus ar an bhfoirm iarratais **ER 97**. Eisítear chuig na húnéirí/coimeádaithe atá incháilithe go féideartha an cháipéis téarmaí agus coinníollacha, fógra tábhachtach agus foirm iarratais **ER 97** ag an DVO. Bíonn soláthair an doiceaméadaithe ábhartha ar fáil chomh maith ag DVO. **Tá an dualgas ar an úinéir/gcoimeádaí chun iarratas a dhéanamh ar an Deontas Cruatain.**

### SEIRBHÍS BHAILIÚCHÁIN IMOIBREORA

Is príomh choinníollach é do incháilitheacht íocaíochta cúitimh go mbeadh gach imoibreoir bainte láithreach roimh mharaithe trí shocrúchán de Sheirbhís Bhailiúcháin Imoibreora/Thairiscint Monarchana Feola amháin. Nuair a mheastar go bhfuil dídhaoiniú tréada iomchuí agus go n-aontaíonn an t-úinéir/coimeádaí go ndéanfadh sé dídhaoiniú ar a thréas, caithfidh an tréad iomlán a bheith díláithraithe d'fhonn marú pras i gcomhairliú leis an DVO.

### ILGHNÉITHEACH

- Má tá íocaíocht chúitimh níos mó ná **€650**, tá Uimhir Chánach riachtanach agus má tá sé níos mó ná **€6,500** i dtréimhse 12 mí, bíonn Teastas Imréiteach Chánach riachtanach ;

- De réir spriocanna íocaíochta arna chomhaontú maidir le hÍocaíochtaí Díreacha le Feirmeoirí faoin gCairt Cearta Feirmeoirí, íocfar cúiteamh Eitinn agus Brúsáloise de ghnáth laistigh de 2-3 seachtain ó dháta admhála an doiciméadaithe cúl-taca dá bhfuil riachtanach ón úinéir/gcoimeádaí agus an mhonarcha fheola. Tá an doiciméadú cúl-taca riachtanaigh do íocaíocht luachála sonraithe i Leabhrán na Scéime Luachála Margaidh Ar-Fheirme;
- Íocfaidh an Roinn cúiteamh, mar atá próiseáilte ag an DVO, de réir fhorálacha na réime cúitimh agus sainspriocanna íocaíochta. Ní bhaineann sé seo an bonn nó seasamh ón úinéir/gcoimeádaí maidir le hachomharc ar bith. I gcás achomhairc rathúil, íocfar an méid atá éilithe mar íocaíocht faoi leith;
- Déantar leasú ar na socrúcháin chúitimh agus ar na rátaí ó am go ham i gcomhairliú leis na heagraíochtaí feirme. Ba chóir go mbeadh ceisteanna ar bith maidir le hábhair chúitimh a bheith curtha ar an DVO iomchuí sa chéad dul síos.

*Is féidir tuilleadh eolais maidir leis na Scéimeanna Díothaithe Galair a fháil ó Rannóg ERAD na Roinne Talmhaíochta agus Bia, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara nó ó Oifigí Ceantracha Tréidliachta (DVO) na Roinne. (Féach Aguisín 1 B le haghaidh liosta iomlán na DVO)*

## FLIÚ ÉANÚIL

### Clárú Gabháltas agus Suímh ina gCoinnítear Éanlaithe Clóis nó Éin faoi Ghéibheann

Tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia ag cothú taifead lárnach ar na gabháltas nó suímh go léir ina gcoinnítear éanlaithe clóis nó éin faoi ghéibheann. Beidh an t-eolas seo mar chuid lárnach de phleanáil teagmhais do Fhlíú Éanúil de chuid na Roinne. Is riachtanas reachtúil é ó 31 Nollaig 2005, faoin Acht um Ghalair Ainmhithe 1966 (Clárú na nÁitribh Éanlaithe) Órdú 2005, do na gabháltas agus na suímh go léir ina gcoinnítear éanlaithe clóis nó éin faoi ghéibheann le bheith cláraithe leis an Roinn.

Mura bhfuil tú cláraithe leis an Roinn mar tháirgeoir éanlaithe tráchtála nó mar phróiseálaí agus má tá cosúlacht ann, faoi láthair nó san am díreach amach anseo:

- go mbeadh úinéireacht nó trádáil agat in éanlaithe clóis nó éin eile faoi ghéibheann (cosúil le piasúin, colúir, éin spóirt nó éin choimhthíocha ach ní éanlaithe peata i dteaghlaigh), nó
- go gcoinneofa éanlaithe clóis (fiú líon beag sicíní, cearca, turcaithe, lachan nó géanna do thomhaltas féin nó áitiúil),

beidh sé riachtanach duit de réir an dlí clárú leis an Roinn. Ba chóir do úinéirí éanlaithe a thabhairt faoi deara go ndlitear ionchúiseamh a dhéanamh air faoin Acht um Ghalair Ainmhithe 1966 má theipeann siad clárú a dhéanamh, mar atá riachtanach de réir I.R Uimh 677 de 2005.

Is féidir leat clárú a dhéanamh trí fhoirm iarratais a chomhlánú (ar fáil ag do oifig áitiúil de chuid na Roinne Talmhaíochta agus Bia (féach an liosta ag Aguisín 1B) agus ar láithreán gréasáin na Roinne: [www.agriculture.gov.ie](http://www.agriculture.gov.ie)). Ba chóir iarratais chomhlánaithe a bheith curtha thar n-ais chuig do oifig Roinne áitiúla.

### SCRÁIBEACH

#### CÚLRA

Is galar caoirigh é Scráibeach atá sa chineál galair chéanna agus atá BSE (Na hEinceifileapaite Spúineacha Intarchurtha nó ESI). Ceaptar go bhfuil ráta réasúnta ísil de Scráibeach in Éirinn, le clonadh geografach i dtreo an Oirdheisceart.

Anuas ar sin tá scráibeach intarchurtha go cothrománach, neamhchosúil le BSE, go háirithe le linn tráth breithe na n-uan.

#### BEARTA RIALAITHE AGUS DÍOTHAITHE

I mí Dheireadh Fómhair 2001, sula raibh bearta cothrománach an AE i bhfeidhm, thug an Roinn réim iomlán dídhainithe isteach do na tréada galraithe, ina n-áirítear cosc ar athstóicil le caoirigh ar feadh tréimhse dhá bhliana i ndiaidh an dhídhainithe.

Ó 1 Deireadh Fómhair 2003, d'fhorbair an polasaí do rialú agus díothú Scráibe de réir fhorbairt réim chomhoiriúnaithe ag leibhéal an AE. Is iad na príomh-eilimintí ná:

#### FAIREACHAS GNÍOMHACH

Déantar clár tástála cuimsitheach don ghalar ag seamlais agus ag Cnioglanna.

#### TRÉADA GALRAITHE

Déantar géinitíopa ar thréada galraithe agus faightear réidh le hainmhithe atá so-ghabhálach don Scráibeach. Bíonn sé riachtanach do úinéirí tréada ina dhiaidh sin go bpófaidís le hainmhithe amháin atá diúltach don Scráibeach agus bíonn roinnt srianta orthu, atá leagtha amach go léir ag reachtaíocht an AE. San áireamh le pacáiste na Roinne tá géinitíopa saor in aisce, luach margaidh do ainmhithe a bhfuil gá ann go ndíúscrófaí iad, agus íocaíocht “cruatain” de €28 do gach caor póraíochta.

#### CLÁR NÁISIÚNTA GÉINITÍOPA (NGP)

Tugann an Clár Náisiúnta Géinitíopa cúnadh do úinéirí tréada i roghnú caoirigh póraíochta nach bhfuil chomh so-ghabhálach don Scráibeach. Tá dhá saotharlann tráchtála formheasta ag an Roinn chun seirbhís tástála fola a chur ar fáil chun cinneadh a dhéanamh ar ghéinitíop na gcaorach.

Caithfidh úinéir tréada iarratas a dhéanamh don Roinn chun géinitíopú a dhéanamh ar chaoirigh aitheanta ag NSIS mar chuid de rannpháirtíocht leis an gClár Náisiúnta Géinitíopa. Ceapann sé/sí Cleachtóir Tréidliachta Príobháideach chun samplaí fola a thógáil. Ginfear agus eileofar “Foirm-Saotharlainne” ag cuimsiú sonraí a bhaineann leis an úinéir stoic, an Cleachtóir Tréidliachta Príobháideach atá ceaptha agus uimhreacha clibe na gcaorach atá le bheith tástáilte chuig an gCleachtóir Tréidliachta Príobháideach.

Roghnaíonn an Cleachtóir Tréidliachta Príobháideach i gcomhairliú leis an úinéir tréada ó liosta na saotharlann atá formheasta faoin gClár Náisiúnta Géinitíopa, an saotharlann gur mian leis/léi na samplaí a bheith tástáilte ann. Tá an saotharlann roghnaithe freagrach as soláthar na trealaimh samplála fola agus na treoracha dá n-úsáid. Is ceist é aistriú na samplaí fola chuig an saotharlann roghnaithe idir úinéir an tréada, an Cleachtóir Tréidliachta Príobháideach agus an tsaotharlann ceaptha.

Tarchuireann an tsotharlann go leictreonach leis an Roinn toradh gach tástáil aonair agus ansin eisíonn an Roinn chuig an úinéir tréada Teastas Chláir a shonraíonn go raibh tástáil déanta ar ghéinitíop na gcaorach go léir.

Déantar íocaíocht don seirbhís ghéinitíopa go díreach ag an úinéir tréada/Cleachtóir Tréidliachta Príobháideach le saotharlann tástála formheasta a rogha féin agus i 2005 laghdaigh an Roinn costas a leithéid de thástálacha trí ranníocaíocht de €10 do gach scrúdú don chéad 40,000 tástáil a dhéantar.

### **CLÁR PÓRAITHE ÉIGEANTAIGH**

Moltar go dtionscnófaí Clár Póraithe Éigeantaigh, atá mar riachtanas faoi rialacháin an AE, go luath i 2006.

*Líne-Chabhrach Náisiúnta Géinitíopa 1890 441 250*

### **GALAR SCRATHACH CAORACH**

I 1994, d'athfhormaigh Scéim Thumtha na gCaorach trí Orduithe de réir an Chláir do Iomaíochas agus Obair. Is iad na horduithe ná: An tOrdú um Ghlalar Scrathach na gCaorach (Éire) Ordú de 1905 (Leasú) Ordú, 1994 agus Ordú Tumtha na gCaorach, 1965 (Leasú) Ordú, 1994. Coinníonn na hOrduithe seo, a fheidhmítear ag na hÚdaráis Áitiúla, galar scarthach na gcaorach mar ghalar infhógartha agus forálann siad i gcónaí do chóireáil éigeantach ar thréada galraithe leis an ngalar scarthach agus san am chéanna cuireann sé tumadh coisctheacha mhí Lúnasa ar ceal. Faoi na socrúcháin nua, níl sé riachtanach teastais thumtha a fháil d'fhonn cáiliú do Scéim na hAoniócaíocht.

Ba chóir do úinéirí tréada aird faoi leith a thabhairt ar ghnéithe timpeallachta de thumadh caorach. Tá tumadh caorach aimhleasach do chaighdeán uisce, éisc, beatha srutha, beostoic agus éin fhiáine agus chlóis. Is coir í faoi na hAchtanna um Truailliú Uisce, 1977 agus 1990, Rialacháin (Truailliú Uisce) an Rialtais Áitiúil 1992 (I.R. Uimh. 271 de 1992), an tAcht lascaigh (Comhdhlúthú), 1959 agus an tAcht um Bhainistiú Dramhaíola, 1996 chun fáil réidh le tumadh caorach caite ar uisce dromchla nó screamhuisce.

### **BSE**

Is galar é seo a dhéanann éifeacht ar chóras na néaróg. Ní féidir dearbhú a dhéanamh ach amháin trí scrúdú iarbháis na hinchinne. Tá sé níos coitinne i measc bó 10 mbliana d'aois nó níos mó. I measc na comharthaí cliniciúla is féidir go mbeadh braodair agus eagla, gúngáil, crúbáil an talaimh nó leadhbhadh leantach na sróine, táirgeacht bhainne laghdaithe, báiní nó forrán. Déantar scríos ar ainmhithe faoi amhras ag an Roinn (le cúiteamh) agus tá srianadh ar thréada agus torthaí an scrúdaithe iarbháis ar feitheamh. Tá scéim chúinimh dídhaoinithe na dtréada atá bainteach ar fáil do úinéirí tréada i gcás a mbíonn dearbhú ann go bhfuil ainmhí dearfach.

Cuireadh tús le clár faireachais ghníomhach targaithe do BSE i 2000 le tástáil comhréire an stoic tite agus suirbhé randaim ar eallaí incháilithe do thomhaltas daonna. Forleathnaíodh an clár seo i 2001. Ó 1 Iúil 2001, déantar tástáil ar gach eallach tiolachta do mharú atá thar 30 mí d'aois agus déantar tástáil ar gach ainmhí tite agus taismeach thar 24 mí d'aois do BSE.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072407*

### PÉIRSEOG

Léiríonn péirseoga iad féin mar chnapán ag éirí ar dhromanna eallaí ó lár mí Fheabhra go dtagann an chuileog amach idir mí Aibreán agus mí Meitheamh. Caithfidh úinéirí tréada fógra a thabhairt mar gheall ar fhíniú ar bith agus níl cead acu eallaí galraithe a bhogadh mura bhfuil teastas cóireála acu. Níl aon fhianaise de phéirseoga sa tréad intíre sna blianta déanacha, ach fuarthas iad in eallaí a raibh allmhairithe agus is féidir go mbeadh forleathnú ann de dheasca sin agus cóireáil ceantair de dhíth. **Cosnaíonn allmhairiú freagrach an tréad: ná ceannaigh ach amháin ó fhoinshe chreidiúnach agus cuir do DVO ar an eolas maidir le hallmhairithe ar bith atá ar na bacáin.**

### PUCHÁN AE

Gach Fómhair, eisiíonn an Roinn réamhaisnéis maidir le teagmhas an phucháin ae a bhíonn á nuashonrú de réir mar is gá. Ba chóir do úinéirí stoic an chomhairle a thugtar a leanúint.

### LIÚCÓIS

Dearbhaíodh go hoifigiúil go raibh Éire saor ó liúcóis ón 1 Márta 1993 i ndiaidh babhta náisiúnta de thástálacha a rinneadh i 1991/1992. Sonraíonn Cinneadh Coimisiúin 1999/465/CE de 13 Iúil 1999 (IO L181, 1999, leathanach 32) stádas saor ó liúcóis bóilachta eansótaigh de chuid tréada bóilachta na hÉireann. Déantar faireachas go bliantúil chun stádas saor ó ghalair de chuid na hÉireann a chothabháil.

### GALAR AUJESZKY

#### Clár Rialaithe agus Díothaithe Galair Aujeszky (Muca)

Seoladh clár náisiúnta do rialú agus díothú an ghalair Aujeszky i mucanna i ndeireadh 2002. Ba é cuspóir an chláir ná chun galar Aujeszky a dhíothú ó thréad náisiúnta na muc. Beidh díothú an ghalair seo ó Éirinn do leas na hearnála mucanna ina iomlán trí ardú caighdeáin sláinte an tréada náisiúnta agus trí chosaint a thabhairt do rochtain na hÉireann ar mhargaí idirnáisiúnta.

Faoin gclár seo caithfidh gach tréad muca sa tír, is cuma cé chomh beag agus atá sé tástáil fola a fháil. Eisítear stádas galair Aujeszky do na tréada de réir torthaí na tástálacha fola, agus plean rialaithe ina n-áirítear vacsaín éigeantach á chur i bhfeidhm dóibh siúd a raibh dearfach. Is féidir le húinéirí tréada atá diúltach ó thaobh an ghalair de a stádas a chosaint trí cheannacháin a dhéanamh ó thréada diúltacha eile – roinntear eolas ar stádas galair Aujeszky i measc úinéirí tréada trí theagmháil le lárhbhunachar sonraí na muc.

*Líne Chabhrach Aujeszky: 1890 504 604 nó glaoigh ar 01 607 2827 (Aonad na dTionscnamh Tábhachtacha, Rannóg Sláinte agus Leas Ainmhithe, de chuid na Roinne)*

### RIALÚ BODARNACH

Coisceann an t-Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (mar a leasaíodh), an t-Ordú um Ghalair (Beathú agus Úsáid de Bhriodarnach) Ainmhithe, 1985 (IR Uimh 153 de 1985), an t-Ordú um Ghalair (Beathú agus an Úsáid de Bhriodarnach) (Leasú) Ainmhithe, 1987 (IR Uimh 133 de 1987) agus an t-Ordú um Ghalair (Cosc ar an Úsáid de Bhriodarnach) Ainmhithe, 2001 (IR Uimh. 597 de 2001) an bailiúchán agus an beathú de bhriodarnach dainmhithe go deo do chúiseanna sláinte ainmhithe, ach ceadáíonn sé an beathú de tháirgí neamh-ainmhithe agus táirgí bainne áirithe do ainmhithe. Tá ceadúnas ag teastáil chun briodarnach idirnáisiúnta a bhaint as

poirt agus as aerfoirt faoi na hOrduithe thuas ar Bhriodarnach. Ní chóir do bhriodarnach idirnáisiúnta a bheith bainte ó phort nó as aerfort ach amháin ag oibreoir ceadúnaithe. Bhí cosc riamh ar a leithéid de bhriodarnach/dríodar bia idirnáisiúnta a thabhairt do ainmhithe.

## SCÉIM BHAILITHE AINMHITHE TITE

Forálann an Scéim Bhailithe do Ainmhithe Tite ar tugadh isteach é in Iúil 2001 do bhailiú agus scrois foridheonaithe ainmhithe athchogantacha tite agus tá sé ar fáil i ngach ceann de na 26 contae. Déanann an scéim foirdheoiniú chomh maith ar scrios ainmhithe áirithe neamh-athchogantacha tite eile. Caithfidh monarchana idirmheánacha de Chatagóir 2 a thairgeann an tseirbhís seo do fheirmeoirí a bheith ceadúnaithe de réir Rialacháin (Fo-tháirgí Ainmhithe) na gComhphobal Eorpacha, 2003 (I.R. Uimh 248/2003).

Mar seo a leanas na táillí atá iníoctha ag feirmeoir le bailitheoir maidir le hainmhithe athchogantacha arna bhailiú faoin scéim:

- €12.70 móide CBL do gach lao le clibe (i. ainmhí suas le sé mhí d'aois);
- €19.05 móide CBL do gach bólacht fásta óg le clibe (i. ainmhithe idir sé mhí agus dhá bhliana);
- €31.74 móid CBL do gach ainmhí Bólacht fásta le clibe (.i. ainmhithe thar dhá bhliana d'aois).

Cuirtear i gcuimhne do fheirmeoirí maidir leis an oibleagáid chun na socrúcháin iomchuí a dhéanamh do aistriú ainmhithe tite gan mhoill.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg an Bhailithe d'Ainmhithe Tite, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Caisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil: 053 9170327*

## CNIOGAIRÍ

Forálann Rialachán CE 1774/2002 (IR 248 de 2003), a leagann síos na rialacha sláinte a bhaineann le Fo-tháirgí Ainmhithe nach bhfuil i ndán do thomhaltas daonna, do fhorpheas an áitribh cnioglainne mar Mhionarchana Idirmheánacha Catagóir 2 agus rialaíonn sé an modh bailiúcháin, cóireála agus diúscairt na bhfo-tháirgí ainmhithe. **Ní théann ábhair ó chnioglanna isteach sa tslabhra bia nó sa tslabhra cothaithe feirme.**

Is féidir le Catagóir 2 Monarchana Idirmheánacha (Cnioglanna) fotháirgí ainmhithe neamhpróiseáilte catagóir 2 a dhíol do ainmhithe áirithe mar atá leagtha amach in Airteagal 23 (2) (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (m.sh. conairt cúnna, ainmhithe zú). Dá réir sin bíonn áitribh áirithe ceadúnaithe mar Dhíoltóirí Feola Cnioglanna agus is féidir leo cothú a sholáthar do shealbhóirí ceadúnais (KNFo) cothaitheoir feola cnioglanna de réir IR. 248/2003.

Tá sonraí maidir le sealbhóirí ceadúnais do áitribh agus díoltóirí feola cnioglanna formheasta le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne

*Is féidir tuilleadh eolais ar chniogairí a fháil ón Rannóg Fotháirgí Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072249, 6072223, nó 6072312*

### SEIRBHÍSÍ SAOTHARLAINNE TRÉIDLIACHTA

Forálann an tSeirbhís Saotharlainne Tréidliachta feidhm faireachais ghalair ainmhithe atá cuimsitheach don tír agus é tacaíthe ag raon domhain de áiseanna diagnóiseach. Tá sonraí na seirbhísí agus táillí ar fáil ó gach saotharlann. (Féach Aguisín 1D do liosta iomlán na saotharlann)

### CÓGAIS TRÉIDLIACHTA

Cuireann an Roinn roinnt rialaithe maidir le cógais tréidliachta i bhfeidhm maidir le cógais tréidliachta d'fhonn sláinte poiblí a chosaint agus sláinte agus leasa ainmhithe. Forálann an tAcht um Cógais Ainmhithe 1993 agus Rialacháin a rinneadh faoi chun bunús reachtaíochta cuimsitheach a fhoráil do cheadúnú cógais tréidliachta. Faoin réim seo, gníomhann an IMB mar údarás ceadúnaithe do chógais tréidliachta (leighis ainmhithe), cé go bhfuil áitribh ceadúnas na Roinne fostaithe le dáileadh tráchtála na cógais tréidliachta. Caithfidh na leighis ainmhithe arna cheapadh do úsáid a bheith údaraithe sa Stát agus ní féidir leo a úsáid ach amháin de réir na coinníollacha atá greamaithe do údarú táirgthe.

Rinne an Roinn athbhreithniú fairsing ar an reachtaíocht náisiúnta ag tógáil san áireamh taithí oibriúcháin, forbairtí ábhartha óna achtú, ina n-áirítear Tuarascáil ón IMB ar infhaighteacht na gcógas tréidliachta idirshineach agus forálacha na reachtaíochta Eorpacha nua a rialaíonn cógais tréidliachta (Treoir 2004/28/CE de chuid na Parlaiminte Eorpaí agus na Comhairle). Ceapadh an reachtaíocht nua (a tháinig i bhfeidhm i Samhain 2005) chun freastal a dhéanamh ar chuid de na fadhbanna maidir le hinfaighteacht coireála ainmhithe trí sruthlíniú a dhéanamh ar na réimeanna ceadúnaithe, trí nuálaíochas a spreagadh srl. Tá sé riachtanach ón Treoir AE chomh maith go mbeadh na leighis go léir do ainmhithe táirgthe bia faoi réir oideas. Cuimsíonn an reachtaíocht meicníocht áfach do chatagóirí leighis chun a bheith díolúint ón riachtanas sin. Glacfaidh an AE le cinneadh ar dhíolúine critéir faoi 1 Eanáir 2007 agus, ar feitheamh ar an gcinneadh seo, fanann na réimí dáilte atá ann faoi láthair i bhfeidhm. Tá an Roinn ag lorg tairbhe a bhaint as meicníocht díolúine chun bunús na réime dáilte atá ag Éirinn a choinneáil faoina bhfuil táirgí cosúil le cógais frithphéiste agus vacsaíní áirithe ar fáil gan oideas agus tá sé socraithe an réim dháilte atá ann a choinneáil go dtí 1 Eanáir 2017. Cuirfeadh cógais tréidliachta idirshineach faoi réir oideas tréidliachta ón 1 Eanáir 2007.

Faoi láthair, tá níos mó ná 1,000 táirge aonarach ceadúnaithe de réir riachtanais mionshonraithe de chuid reachtaíochta an AE. Chomh maith leis sin, déantar rialú agus ceadúnú ar thar faoi 75 áitreabh mórdhiála agus 740 áitreabh miondhiála de réir na reachtaíochta ábhartha arna scrúdú ag an Roinn chun a chinntiú go bhfuil an caighdeán riachtanach bainte amach acu. Tá táirgeadh, dáileadh agus díol beathaithe mhíochnaithe, agus na dtáirgí idirmheánacha chun a dhéanta, faoi réir ag ceadúnú ón Aire faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leigheasanna d'Ainmhithe agus Beathú Míochnaithe), 1994, faoi mar a bhí sé leasaithe ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leigheasanna d'Ainmhithe agus Beathú Míochnaithe) (Leasú), 2003.. Tá cosc ar an úsáid d'ábhair beathaithe íocleasaithe seachas faoi agus de réir na téarmaí de threoir scríofa tréidliachta eisithe ag máinlia tréidliachta cláraithe. Caithfidh Bord Cógais na hÉireann réamh-mheascáin mhíochnaithe a údarú freisin.. Faoi láthair tá thart faoi 25 déantúsóirí cothaithe leigheasta ceadúnaithe agus 8 meascthoir baile arna cheadúnú chun cothú leigheasta a dhéanamh.

Cuireann an Roinn Plean Fúilligh Náisiúnta cuimsitheach i bhfeidhm chomh maith atá deartha chun tomhaltóirí a chosaint ó fhuilligh mídhleathacha, cá acu a bhfuil siad de chuid táirgí faoi chosc (cosúil le hormóin a chuireann fás chun cinn) leigheasra ceadúnaithe (tagann siad seo faoi aird má théann ainmhithe sa tslabhra bia roimh éagadh na tréimhse aistarraingthe téachta do cibé leigheas a bheadh i gceist), nó ábhair salaithe comhshaoil. Clúdaíonn an Plean Fúilligh aon chineál déag a tháirgeann bia (ina n-áirítear

dobharshaothrú, ina bhfuil feidhmiú an Phlean á bhainistiú ag an Roinn Mara agus Acmhainní Nádúrtha). Le linn 2004, bhí níos mó ná 50,000 sampla tógtha agus tástáilte ag saotharlanna a fhorhmeasadh go hoifigiúil do 18 grúpa fuilligh. Déantar leanúint ar gach toradh dearfach trí fhiosrúchán ar an bhfeirm bhunadh d'fhonn na bearta feidhmithe riachtanacha a dhéanamh ina n-áirítear ionchúiseamh sna Cúirteanna.

Ó 2000, bhí tástáil oifigiúil comhlánaithe ag réim bunaithe go reachtúil faoina bhfuil oibleagáid ar bhunphróiseálaithe chun bearta monatóireachta fuilligh a chur i bhfeidhm. Déanann an réim seo, lena mbaineann aighneacht bhliantúil don Roinn do fhorhmeas na bpleananna fuilleacha aonarach, go bhfuil sé éigeantach do phróiseálaithe soláthraithe, a bhfuil toradh dearfach ag a n-ainmhithe nó a dtáirgí ainmhithe, a chur faoi mhonatóireacht arna dhianú go suntasach. Tá an réim seo de fhéin-mhonatóireacht faoi réir grinnithe na Roinne.

## PIONÓIS

Is féidir leis na cúirteanna pionóis géire a ghearradh as ucht bristeacha reachtaíochta ar cuireadh i bhfeidhm iad do dhíoladh, sealbhú agus úsáid leigheasanna ainmhithe neamhúdaraith; is féidir go gcuirfí toirmeasc ar dhuine a fhaightear ciontach as ucht coir faoi ainmhithe a choinneáil. Is í réim na bpionós ó €1,270.00 agus/nó 1 bliain cimiú do dhuine ar ciontaíodh é/í ar ionchúiseamh achomair go fineáil €317,500.00 agus/nó 10 bliain príosúnacht do dhara cúisiú ar dhíotáil.

## TAIFID

De réir Rialachán na Leigheasanna Ainmhithe 2005, tá sé riachtanach do fheirmeoirí taifead a choinneáil (an "Taifead Leigheasanna Ainmhithe") ar na leigheasanna ag teacht ar an bhfeirm idir riaradh agus ainmhithe a tháirgeann bia. Tá cruth an taifid leagtha amach thíos:

Sonraí ceannacháin/isteach			
Cainníocht	Ainm údaraithé an leighis ainmhithe	Dáta admhála	Ainm & seoladh an tSoláthraí

Sonraí Riaracháin/Amach						
Dáta an Riaracháin	Ainm agus méid údaraithé an leighis ainmhithe ar tugadh é	Aitheantas an ainmhithe lena dtugtar an leigheas ainmhithe ina n-áirítear Uimh. Chlib Cluaise más iomchuí	Dáta éagaithe na tréimhse aistarraingthe	Ainm an duine a riar an Leigheas Ainmhithe	Ainm an Chleachtóra Tréidliachta foscraíofa (más infheidhmithe é)	Méideanna de leigheasanna nach n-úsáideadh ar cuireadh thar n-ais iad

## FORMHEAS AGUS CLÁRÚ DÉILEÁLAITHE

De réir an Achta um Ghalair Ainmhithe, 1966 go 2001 (Formheas agus Clárú déileálaithe agus Áitribh na gCeannaithe), caithfidh gach ceannaí a bhfuil baint acu le ceannach nó díolachán ainmhithe (eallach/caora/muca) agus nó éanlaithe a bheith ceadaithé agus cláraithe ag an Roinn. Ní cheadaítear do dhuine ainmhí nó éanlaith ar bith a cheannach/fháil/fhoinsíú ó cheannaí nó ainmhí nó éanlaithe ar bith a dhíol/sholáthar/

dhíuscairt do cheannaí mura bhfuil an ceannaí ceadaithe, cláraithe agus i seilbh uimhir fhormheasa reatha faoi I.R. Uimh. 79 de 2001.

Sainmhínítear déileálaí mar dhuine a cheannaíonn ainmhithe nó éanlaithe agus a dhíolann nó a sholáthraíonn a leithéid de ainmhithe nó éanlaithe do dhuine eile taobh istigh tréimhse 45 lá. Chomh maith leis sin má tá déileálaí ag cruinniú/coinneáil ainmhithe, caithfidh sé/sí áitreabh a bheith acu atá ceadaithe don sainchuspóir úd.

Féachtar ar dhaoine (gníomhairí nó bróicéirí) a fhaigheann ainmhithe ó chliaint do sholáthar le cliaint eile le bheith ina déileálaithe agus caithfidh siad dul faoi choimirce próisis formheasa agus chlárúcháin, cé nach bhfuil na hainmhithe ina seilbh go fisiciúil agus iad mar choimeádaithe dóibh ag am ar bith. Féachtar ar ghníomhairí a cheannaíonn ainmhithe do mhonarchana nó onnmhairiú beo le bheith ina déileálaithe agus caithfidh siad dul faoi choimirce próisis formheasa agus clárúcháin. Baineann an riachtanas chomh maith le marglanna beostoic a fhaigheann ainmhithe chun iad a sholáthar taobh amuigh na fáinne díolacháin.

Caithfidh gach déileálaí iarratas scríofa a dhéanamh do fhormheas agus chlárú mar cheannaí maidir le gach áitreabh dá n-úsáidtear dá (h)oiríochtaí. Beidh an t-iarratas (na hiarratais) scríofa déanta le hOifig Tréidliachta Dúiche (DVO) na Roinne ina raibh an áitreabh lonnaithe. Má tá an t-iarratas do fhormheas mar déileálaí gan áitreabh (gníomhaí), caithfidh an t-iarratas scríofa a bheith curtha faoi bhráid an DVO sa Chontae ina bhfuil an ceannaí ina chónaí nó ina dhéanann sé an chuid is mó dá oibríochtaí ceannaíochta. Caithfidh dhá ghrianghraf pasanna den déileálaí arna shíniú agus stampeáilte ag an nGarda áitiúil nó ag Coimisinéir Síochána (nó ag Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann i gcás iarrthóirí ó Thuaisceart Éireann) a bheith in éineacht gach iarratas.

*Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais a fháil ó Oifigí Ceantacha Tréidliachta na Roinne liostaithe ag Aquisín 1 B.*

### **RIALACHÁIN A RIALÁIONN DÍOLACHÁIN AINMHITHE AG MARGAÍ BEOSTOIC**

Tháinig Rialacháin 2002 (I.R. Uimh. 188 de 2002) an Achta um Mharglanna Beostoic 1967 (Dáta de Thástáil agus Aitheantas Uimh. chun éifeachta ar 1 Iúil 2002. Tá sé riachtanach faoin reachtaíocht seo go dtaispeánfadh marglanna beostoic uile an t-eolas seo a leanas ar aonad taispeána leictreonáil, nuair a díoltar ainmhí ar marglann:

- Ainm agus seoladh iomlán an úinéara agus an t-ainm cláraithe ar an dtréad nó ealbha gur as don ainmhí atá á thairiscint do dhíolachán;
- Áit atá an t-ainmhí tar éis a bheith tástáilte le haghaidh Eitinn buaibheach nó Brúsálóis buaibheach nó an dá cheann faoin tAcht um Ghalair Ainmhithe (Uimh. 6 de 1966);
- Áit a cuirtear ainmhí i láthair do dhíolachán ag an nó ar son an díoltóra, tá ráiteas á dhearbhu sin riachtanach.

Caithfidh an t-eolas seo a bheith soléite go soiléir do gach duine atá i láthair ag an nó i gcóngar láithreach don fáinne díolacháin ina bhí ainmhí á thairiscint do dhíolachán. I gcúinsí ina bhfuil caora á dhíol díreach ó phionnáil, tá sé mar riachtanas ag na Rialacháin go ndéanfaí na sonraí ábhartha a fhógairt go poiblí roimh an díolachán.

Is é cuspóir na reachtaíochta seo ná chun a chinntiú go bhfuil tréshoilseacht níos mó i bhfeidhmiú marglanna beostoic agus go bhfuil cliant soláthartha le caighdeán aonfhoirmeach seirbhíse.

## **RIALACHÁIN A RIALÁIONN IONAIÐ TIONÓLTA**

Feidhmíonn Rialacháin na Comhphobail Eorpach (Ionaid Tionólta) 2000 (I.R. Uimh. 257 de 2000) Treoir na Comhairle 97/12/CE de 17 Márta 1997. Is gabháltas, ionad bailiúcháin nó margadh é láthair tionóil ina cuirtear ainmhithe ó ghabháltais difriúla le chéile chun coinsíneachtaí a dhéanamh suas d'ainmhithe atá ceaptha le haghaidh onnmhairiú go Bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh. Caithfidh Ionaid Tionólta a bheith formheasta ar mhaithe le trádáil agus na riachtanais leagtha síos sa reachtaíocht thuas luaite a chomhlíonadh. Ní féidir le hIonaid Tionólta tús a chur le feidhmiú go dtí go bhfuil sé tar éis a bheith iniúchta agus formheasta ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia.

D'fhéadfadh an speicis, aicme agus cineál ainmhí formheasta le bheith láimhseáilte ag ionad tionólta a bheith teoranta go téarmaí agus coinníollacha áirithe a bhraiteann an tAire le bheith oiriúnach. Áit a fhorhmeasann an tAire ionad tionólta tabharfar uimhir fhorhmeasa mar aon le haon téarmaí agus coinníollacha bainteach.

## **ALLMHAIRE AGUS ONNMHAIRIÚ D'AINMHITHE FEIRME BEO**

Tá rialú coraintín ar ainmhithe feirme beo ag teacht ó thíortha eile an AE tar éis a bheith scríosta agus níl seicphointí na teorann bainteach lena leithéid de thrádáil níos mó. Tá ainmhithe beo faoi réir chigireacht tréidliachta agus deimhniúchán sláinte ag a mbunphointe sa tír onnmhairiú agus seiceáil ina gceann scríbe sa tír allmhairiú. Tá an méadú seo i saorghluaiseacht d'ainmhithe ina fhadhb bhreise do stádas sláinte ainmhí na hÉireann agus gaireann sé d'airdeall níos mó in allmhairioirí agus i bhfeirmeoirí chun a chinntiú nach nallmhairítear galair ainmhithe costasach. I roinn earnála, tá cód cleachtas deonacha i bhfeidhm a leagann amach bearta cosanta breise chomh fada agus a bhaineann le allmhairiú. Ar thaobh na honnmhairie de caithfidh, ainmhithe feirme ag dul go chinn scríbe AE, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann, a bheith scrúdaithe ag tréidliá oifigiúil in ionad tionóil formheasta roimh onnmhairiú chun eisiúint na dteastais sláinte riachtanacha a éascú.

Gearrann reachtaíocht tréidliachta an AE réimse leathan riachtanais lena gcaitheann feirmeoirí cloí. Caithfidh ainmhithe a bheith aitheanta i slí a chumasáionn dá ngabháltas dúchais a bheith rianaithe. I roinnt cásanna, caitheann feirmeoirí taifid a choinneáil d'ainmhithe coimeáda agus sonraí de ghluaiseachtaí stoic uile isteach chuig agus amach óna ngabháltais. Caithfidh feirmeacha uile a bheith cláraithe leis an Roinn agus beidh siad faoi réir seiceanna tréidliachta oifigiúla ar a stádas sláinte.

## **ALLMHAIRIÚ ÉANLAITH CHLÓIS**

Tá allmhairiú éanlaith ó Bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh ceadaithe, má tá siad deimhnithe agus i dteannta an teastais sláinte oiriúnach in larscríbhinn IV go Treoir na Comhairle 90/539/CEE atá droimscríofa ag Tréidliá Oifigiúil, arna údarú go cuí ag an tÚdarás Inniúil i mBallstát na honnmhairie.

*Ba chóir go mbeadh ceisteanna uile maidir le hallmhairiú ainmhithe feirme beo, lena n-áirítear éanlaith, a bheith dírithe ar Rannóg Trádála Beo, Rannóg Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 607 2466 /2062/2698.*

### ALLMHAIRE D'AINMHITHE NEAMH-THRÁDÁLACH

#### CAIT AGUS MADRAÍ - CÓRAS PAS PHEATAÍ AN AE

Ó 3 Iúil 2004, tá córas armónaithe ag clúdach an gluaiseacht neamh-thrádálach de pheataí madraí agus cait tar éis a bheith aontaithe don Aontas Eorpach uile. Faoin scéim nua seo beidh sé féideartha, faoi réir choinníollacha áirithe, chun peataí madraí agus cait a thabhairt díreach isteach in Éirinn ó raon de thíortha cáilithe (áiríonn tíortha cáilithe ballstáit uile an AE, tíortha agus dúichí Eorpacha eile, agus tríú thíortha áirithe) measta mar a bheith ísealriosca do chonfadh.

D'fhéadfadh peataí madraí agus cait taisteal díreach isteach in Éirinn chomh fada agus atá:

- An t-ainmhí ag taisteal ó thír cháilithe;
- An t-ainmhí aitheanta i bhfoirm micrishlis;
- An t-ainmhí tar éis a bheith vacsaínithe in aghaidh confadh;
- An t-ainmhí tar éis tástáil-foila a bheith acu le haghaidh frithchoirpíní, ar a laghad sé mhí roimh iontráil;
- An t-ainmhí tar éis a bheith cóireáilte i gceart in aghaidh sceartán agus péist ribíneach.

Beidh fianaise go gcloíeann an t-ainmhí leis an gceithre choinníoll deireanach coinnithe i **bPas**, cáipéis caighdeánaithe ar fud an AE.

Chomh maith leis na riachtanais leagtha amach thuas, beidh sé riachtanach freisin taisteal **ar iompróir formheasta agus ar bhealach formheasta go pointe iontrála formheasta**.

Leanann an chomhlimistéar taistil idir Éire agus an RA ar aghaidh ag feidhmiú.

#### SOCRUITHE DO PHEATAÍ CAIT AGUS MADRAÍ AG TEACHT Ó THÍORTHA NEAMH-CHÁILITHE

Leafaidh peataí cait agus madraí ag teacht ó thíortha seachas tíortha cáilithe a bheith faoi réir sé mhí choraintín ar iontráil isteach in Éirinn.

*Ba chóir go mbeadh ceisteanna uile maidir le hallmhairiú do pheataí cait agus madraí dírithe ar Aonad na dTionscnamh Speisialta, Rannóg Sláinte agus Leas Ainmhithe, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 607 2827 Sonraí ar fáil freisin ar [www.agriculture.gov.ie/pets](http://www.agriculture.gov.ie/pets)*

### ALLMHAIRIÚ DO THÁIRGÍ AINMHITHE

D'fhéadfaí táirgí ainmhithe\* a allmhairiú ó Bhallstáit an AE agus ó thíortha eile faoi réir choinníollacha áirithe. Is iad seo a leanas na coinníollacha príomha ainmhí agus poiblí agus sláinte a bhaineann:

- Caithfidh siad teacht ó áitreabh formheasta sna Ballstáit agus a bheith lipéadaithe sláinte agus pacáistithe go hoiriúnach;
- Caithfidh siad teacht ó thríú thír atá formheasta agus liostaithe ag an gCoimisiún Eorpach d'onnmhairiú an chineál sin de tháirge;
- Caithfidh sé teacht ó bhunaíocht, .i. seamhlas, monarcha gearradh, monarcha próiseála nó stór fuar atá tar éis a bheith formheasta agus liostaithe ag an gCoimisiún Eorpach d'onnmhairiú chuig an gComhphobal Eorpach.

- Tá sé riachtanach don allmhaireoir an Roinn a sholáthair le fógra i scríbhinn roimh ré de gach coinsíneacht le bheith allmhairithe;
- Caithfidh cáipéisíocht trádála (Stáit an AE) nó teastas sláinte samhail oiriúnach (tríú thíortha) atá riachtanach faoi dhlí an AE a bheith i dteannta gach coinsíneacht;
- Ní féidir coinsíneachtaí ó thríú tíortha a thabhairt isteach sa Chomhphobal ach trí phost cigireachta teorann ag calafort nó aerfort atá tar éis a bheith formheasta ag Choimisiún an AE d'allmhairiú na catagóirí ábhartha de tháirge ó thríú tíortha. Is iad na poist cigireachta teorann in Éirinn ná: Calafort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort na Sionna;
- Caithfidh allmhaireoirí uile de tháirgí ainmhí isteach in Éirinn a bheith cláraithe leis an Roinn.

*Tá foirmeacha um chlárú mar allmhaireoir agus tuilleadh eolais ar fáil ón Rannóg Idirchaidrimh Sábháilteachta Bia, (Rannóg na hAllmhaire), An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072892/6072896 agus ar láithreán gréasáin na Roinne: [www.agriculture.gov.ie](http://www.agriculture.gov.ie)*

Ba chóir d'allmhaireoirí go bhfuil sé i gceist acu allmhairiú a dhéanamh ar tháirgí ainmhí tagtha ó bheithigh ón Ríocht Aontaithe a thabhairt faoi deara faoi rialacha an AE chun cosaint in aghaidh BSE, go bhfuil srianta áirithe ar cad atá ceadaithe a onnmhairiú ón RA. (Féach thíos le do thoil.)

*\*Áiríonn táirgí ainmhí feoil úr ó bheithigh, mhuca, chaoirigh, ghabhair nó ainmhithe crúbacha tí (.i. capaill), feoil éanlaithe, feoil an choinín agus feoil ghéim a ndearnadh feirmeoireacht uirthi, táirgí feola, bainne, uibheacha agus táirgí uibhe, cásáil ainmhí, seithí/craicne, bia peataí, cnámha agus táirgí cnáimhe, próitéin ainmhí próiseáilte (.i. min éisc agus min fhola), fuil agus táirgí fola, séiream, blonag agus saille rindreáilte, amhábharr (.i. conamar), comhramh géime, leasú neamhphróiseáilte, leasú próiseáilte, agus táirgí leasaithe agus táirgí beachadóireachta próiseáilte, olann gruaig, guairí, agus cleití neamhphróiseáilte. Tá lasc agus táirgí iascaireachta (ag eisiáimh feoil an éisc) mar fhreagracht na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha.*

## **ALLMHAIRE PHEARSANTA DE THÁIRGÍ AINMHITHE - COMHAIRLE DO THAISTEALAITHE**

### **Ó Thíortha an AE**

Chun an leibhéal ard cosanta do shláinte ainmhí agus poiblí a choinneáil ní fhéadfaí ach táirgí ainmhithe, atá tar éis a bheith táirgthe faoi réir rialacha AE a allmhairiú ar mhaithe le tomhailt féin agus ansin caithfidh sé a bheith coinnithe i mbagáiste pearsanta na dtaistealaithe agus ceaptha dá dtomhailt pearsanta nó teaghligh. Go ginearálta, baineann sé seo le táirgí ainmhithe atá ar díol don pobal sa Bhallstát bunaidh atá tar éis a bheith pacáistithe go hoiriúnach agus go bhfuil marc sláinte aitheantais an AE acu.

### **Ó Thíortha Neamh-AE**

Tá an allmhaire phearsanta de tháirgí feola agus bainne ar mhaithe le tomhailt féin ó nach mór gach tír neamh-AE, trí bhagáistí pearsanta, coiscthe faoi rialacháin AE agus náisiúnta.

*Le haghaidh eolais níos sainiúla déan tagairt le do thoil de láithreán gréasáin na Roinne [www.agriculture.gov.ie](http://www.agriculture.gov.ie) nó déan teagmháil leis an Rannóg Idirchaidrimh Sábháilteachta Bia, (Rannóg na hAllmhaire), An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072892/6072896*

### LEAS AINMHITHE

Tá caighdeáin leasa níos doichte d'ainmhithe feirme i bhfeidhm anois agus caitheann iad a chur i bhfeidhm go mór ag leibhéal na feirme. Tá an tAcht um Chosaint Ainmhithe a Coinnítear le haghaidh Feirmeoireachta, 1984 tar éis a bheith forlionsa ag Rialachán na Comhphobail Eorpach (Cosaint Ainmhithe a Coinnítear le haghaidh Feirmeoireachta) 2000 (I.R. Uimh 127 de 2000) ag tabhairt éifeacht do Threoir na Comhairle 98/58/CE (mar atá leasaithe ag Rialachán na Comhairle (CE) Uimh 806/2003) a shocraíonn na caighdeáin maidir le cosaint ainmhithe a coinnítear le haghaidh feirmeoireachta agus a éilíonn ar úinéirí agus ar dhaoine i gceannas ainmhithe leas a gcuid ainmhithe a chinntiú.

### AN CHOMHAIRLE CHOMHAIRLEACH AR LEAS AINMHITHE FEIRME

I 2002, bhunaigh an tAire an Chomhairle Chomhairleach ar Leas Ainmhithe Feirme (FAWAC) a thug le chéile, don chéad uair in Éirinn, ionadaithe na ngeallshealbhóirí príomha (ó eagraíochtaí leasa ainmhithe go heagrais feirmeoireachta - ó Thuaidh agus ó Dheas - go heagrais ionadaíochta tréidlianna) in eagrais comhairleoireach chuíg an tAire ag a bhfuil sainordú leathan agus clár oibre mórthaibhseach.

I 2004 thug FAWAC isteach an Rabadh Luath/Córas Idirghabhála do Chásanna Leasa Ainmhithe leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus an Cumann Éireannach um Fhóirithint ar Ainmhithe. Is í aidhm an chórais seo ná chun creat a sholáthair inar féidir fadhbanna a aithint roimh a éiríonn siad criticiúil nó treascrach. Éascóidh sí seo idirghabháil tráthúil, éifeachtach agus íogair nó an soláthar cúnaimh trí ghníomhaireachtaí poiblí, chomharsana, eagrais feirmeoireachta agus grúpaí leasa, de réir mar atá oiriúnach. Ceadóidh an córas nua do dhaoine imníoch dul chuig a n-ionadaithe IFA áitiúla, a SPCA áitiúil nó gan dabht an Roinn agus a fhios acu go ndéileálfar leis an tábhar sa tslí is éifeachtaí, is tráthúla agus is íogaire. Ní féidir le seo ach a bheith chuíg leas na hainmhithe féin agus na daoine i gceist. Mar sin féin, san áit go bhfuil sé riachtanach, tá sé aitheanta go bhféadfadh an Roinn Talmhaíochta agus Bia ionchúisimh a thógáil. Tá ról an Garda Síochána faoin tAcht um Chosaint Ainmhithe 1911 (mar atá leasaithe) admhaithe freisin.

I 2005 tháinig FAWAC leabhrán dar teideal Treoirínte Leasa Ainmhithe do Chapail, Chapaillíní agus Asail. Tá na treoirínte seo tar éis a bheith forbartha agus é ar intinn acu úinéirí na hainmhithe seo a spreagadh chun na caighdeáin is airde fearachais a uchtú agus a choinneáil. Tá FAWAC tar éis trí leabhrán Treoirínte Leasa Ainmhithe eile a tháinig cheana féin le haghaidh Mairteoil, Cairigh agus feirmeoirí Déiríochta. Tá sé beartaithe treoirínte comhchosúla a fhoilsiú maidir le coinneáil síciní gríoscacháin. Tá cóipeanna de na foilseacháin seo ar fáil ón Rannóg Sláinte agus Leas Ainmhithe, Teileafón 01-6072706.

### COISTE COMHAIRLEACH EOLAÍOCHTA AR SHLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

Freisin bhunaigh an tAire i 2002 an Coiste Comhairleach ar Shláinte agus Leas Ainmhithe (SACAHW). Tá SACAHW cuimsithe de shaineolaithe eolaíochta atá ar fáil chun comhairle a chur ar an Aire maidir le ceisteanna éagsúla a bhaineann le sláinte agus leas ainmhithe, a fhéadfadh a theacht chun cinn ó am go ham.

### COSAINTE AINMHITHE LE LINN IOMPAIR

Leagann na hOduithe um Ghalair Ainmhithe (Cosaint Ainmhithe le linn Iompair) 1995 – 2003 amach caighdeáin docha le haghaidh láimhseáil ainmhithe agus staid na feithicle agus sláinteachas agus, ar thuras fhada, caighdeáin do bheathú, uisciú, tréimhsí sosa, amanna na dturas agus dlúis stóca le linn iompair.

Tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia tar éis tabhairt faoi chun feasacht na riachtanais dlíthiúla díobh siúd i gceannas ainmhithe le linn iompair a mhéadú. Tá córas cigireachtaí feithicle in áit, faoin reachtaíocht thuas luaite, atá á gcur i bhfeidhm ag baill foirne san allamuigh, ar fud na tíre, a imdhruideann foirmeacha uile d'iompar ainmhithe.

### **REACHTAÍOCHT NUA AN AE**

Tiocfaidh Rialachán na Comhairle 1 de 2005 ar chosaint ainmhithe le linn iompair agus oibriúcháin coibhneasacha chun éifeacht ar 5 Eanáir 2007. Bainfidh an reachtaíocht armónaithe seo le hiompar ainmhithe beo, lena n-áirítear eallach, caoirigh, gabhair, muca, éanlaithe agus capaill agus leagtar amach na coinníollacha mar seo a leanas:

- Ar leas ainmhithe, modh iompair agus áiseanna lódála le bheith comhlíonta ag iompróirí uile d'ainmhithe (lena n-áirítear feirmeoirí ag iompar a gcuid ainmhithe féin) is cuma cén fad a taistealaíodh;
- Traenáil agus údarú duine a iompraíonn ainmhithe beo thar fad níos mó ná 65km ar mhaithe le trádáil (lena n-áirítear feirmeoirí ag iompar a gcuid ainmhithe féin);
- Caithfidh oibríthe ag ionaid tionóil a chinntiú go bhfuil ainmhithe cóireáilte faoi réir rialacha teicniúla an Rialacháin;
- Cigireacht na bhfeithiclí agus coinneáil taifid de dhaoine a iompraíonn ainmhithe ar thurais fhada (sainmhínithe mar os cionn ocht n-uaire). Caithfidh a leithéid d'fheithiclí córais loingseoireachta satailít bhunaithe a bheith curtha isteach laistigh de spriocdhátaí leagtha síos sa Rialachán.

Tá Eagraíochtaí Feirmeoireachta, oibríthe ionaid tionóil agus marglanna beostoic, tarraingeoirí agus iompróirí idirnáisiúnta tar éis a bheith curtha ar an eolas trí an preas agus trí chomhfhreagracht faoi riachtanais na Reachtaíochta.

*Is féidir tuilleadh eolais ar Chosaint Ainmhithe le linn a nIompartha a fháil ó Rannóg na Scéime Gealltanais Mairteola Náisiúnta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053300*

### **COSC AR SCIOTA EIREABAILL BHEITHÍGH**

Coscann I.R. Uimh 263 de 2003, an tAcht um Chosaint Ainmhithe a Coinnítear le haghaidh Feirmeoireachta 1984 (Beithígh), Rialachán um Chosc Sciota Eireabail 2003, sciota eireabail bheithígh ach amháin i gcúinsí teoranta.

### **LEAS GAMHNA AGUS MUCA**

Tá leas gamhna agus muca faoi réir Rialacháin Pobail Eorpach (Leas Gamhna agus Muca) 2003 (I.R. Uimh 48 de 2003), a leag amach riachtanais íosta cóiríochta maidir le spás; soilsiú; aeráil; cóireáil trédliachta srl. chun cead a thabhairt do na hainmhithe iompar nádúrtha a nochtadh. Tá leabhrán dar teideal “Pig Welfare Requirements - On Farm and in Transit” ar fáil chun cúnaimh a thabhairt d'fheirmeoirí agus iompróirí chun iad féin a chur i dtaithí agus cloí leis an reachtaíocht ábhartha. Tá cóipeanna de na foilseacháin seo ar fáil ón Rannóg Sláinte agus Leas Ainmhithe, Teileafón 01-6072706.

### LEAS BÉARÓGA

Tá béaróga, lena n-áirítear iad siúd i gcásanna cúbarnaí, faoi réir na soláthairtí de Threoir na Comhairle AE Uimh. 1999/74/CE, atá tar éis a bheith trasuite isteach i ndlí náisiúnta trí Rialacháin na Pobail Eorpach (Leas Béaróga), 2002 (I.R. Uimh 98 de 2002). Soláthraíonn na Rialacháin seo do chaighdeáin íosta le haghaidh cosaint béaróga agus sainítear cóiríocht agus riachtanais leasa eile le haghaidh coinneáil agus tógáil béaróga.

### MAOINIÚ EX-GRATIA D'EAGRAIS LEAS AINMHITHE

Ó lár na 1990í tá an cleachtas tar éis a bheith coinnithe de sholáthar íocaíochtaí ex-gratia go réimse eagrais leas ainmhithe ar fud na tíre chun cúnaimh a thabhairt ina gcuid oibre ar feadh an 12 mhí le teacht i seachadadh seirbhísí cúraim agus leasa díreach go hainmhithe. Tá na híocaíochtaí seo tar éis a bheith admhaithe ag gach duine bainteach mar a bheith d'fhíor thairbhe praiticiúil do na heagrais i gceist agus do na hainmhithe lena dtagann siad i dteagmháil leo.

*Le haghaidh tuilleadh sonraí déan teagmháil le Rannóg Sláinte agus Leas Ainmhithe na Roinne;  
Teileafón: 01 6072680*

### AG DÉILEÁIL LE HADHARCA AR BHEITHÍGH – CLEACHTAS IS FEARR

Táirgeadh bileoga dar dteideal “Dealing with Horns on Cattle – Best Practice” agus póstaire dar dteideal “Horned Cattle Welfare Guidelines” i 2004. Choinnigh siad seo comhairle d'fheirmeoirí agus daoine eile bainteach sa thrádáil maidir le cad atá inghlactha i dtéarmaí adharca ar eallaí nuair atá siad curtha i láthair do dhíolachán nó onnmhaire. Scaipeadh na bileoga ar Eagraíochtaí Feirme, Marglanna, Oifigigh Teagasc agus Oifigí Thréidliachta Dúiche. Sainíonn na Bileoga an reachtaíocht a rialaíonn d'adharcáil eallaigh .i. an tAcht um Ghalair Ainmhithe 1966, Acht um Ghalair Ainmhithe 1966 (Rannóg 54) (Lá agus Díolúintí Ceaptha) Ordú 1967 (I.R. Uimh 217 de 1967) agus Acht um Ghalair Ainmhithe 1966 (Rannóg 54) Ordú (Díolúine) 2002 (I.R. Uimh 436 de 2002).



## *10. RIALÚ ÁBHAR BEATHÚCHÁIN*

### RIALÚ DÉANTÚIS

Tá an déantús le haghaidh díolachán d'ábhair bheathaithe chomhdhúile agus meascáin mianraí do bheathú ainmhithe rialaithe go hoifigiúil. Tá ar dhéantóirí a bheith formheasta nó cláraithe ar braith ar a ngníomhaíochtaí. Chun a chinntiú go gcomhlíonann cumascóirí an reachtaíocht riachtanach agus go gcomhfhóiríonn na táirgí chuig na dearbhuithe lipéid ar thuilleadh chomhábhair sainiúla, déanann oifigigh na Roinne cigireacht rialta ar áitribh déantóirí agus déantar taifid táirgeadh a scrúdú. Tóghtar samplaí de tháirgí déanta ag pointí táirgeadh, ag áitribh miondíoltóirí agus ar fheirmeacha agus cuirtear chuig an Saotharlann Stáit iad le haghaidh anailís. D'fhéadfaí táirgeoirí a leanann ag bearnú na rialacháin ag rialú an déantúis bheathuithe comhdhúile a ionchúiseamh.

### RIACHTANAIS LIPÉADÚ

I gcás ábhair bheathaithe uile, tá sé mar oibleagáid ag an díoltóir ráiteas reachtúil a thabhairt don cheannaí. I gcás ábhair bheathaithe nó meascáin mianraí i málaí, tá an ráiteas priontáilte ar an mála nó ar lipéad greamaithe chuig an mála, i gcás seachadtaí builc, caithfidh sé a bheith tugtha ar cháipéis ag dul le gach coinsíneacht.

Le haghaidh gach coinsíneacht d'ábhar bheathaithe comhdhúile, ba chóir don cheannaí ráiteas a fháil ag taispeáint:

- speicis an ainmhí lena bhfuil an bheathú ceaptha le haghaidh;
- treoracha d'úsáid;
- liosta de chomhábhair in ord tuirlingt de mheáchain coinnithe san ábhar bheathaithe;
- saol stórála íosta;
- meáchan glan;
- ainm agus seoladh an déantóra nó soláthraí;
- dearbhú tréithe comhdhéanamh.

### TEORANNÚ AR ÚSÁID PHRÓITÉINÍ ÁIRITHE

Tá cosc iomlán ar bheathú próitéiní ainmhithe go hainmhithe feirme. Coinnítear, ramhraítear nó póraithear ainmhithe feirme le haghaidh táirgeadh bia. Baineann an srian seo freisin le min éisc agus le fosfáit déchailciam faighte ó chnámha díshailte, ach amháin áit atá údaraithe faoi Rialachán AE (CE) Uimh. 999/2001. Caithfidh siad siúd uile gur mian leo min éisc nó fosfáit déchailciam a allmhairiú, a stóráil, a ionchorprú nó a thrádáil a bheith údaraithe faoin Rialachán thuas.

*Is féidir foirmeacha iarratais d'údarú chun aon cheann de na próitéiní seo a úsáid a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara  
Teil: 01 5053575*

## SLÁINTEACHAS BEATHAITHE

Baineann Rialachán AE (CE) Uimh. 183/2005 ag leagadh síos na riachtanais do shláinteachas bheathaithe le hoibríthe bheathaithe uile ó 1 Eanáir 2006. Ciallaíonn an cur chuige 'feirm go forc' seo go mbeineann sé le ghnóthaí uile lena n-áirítear táirgeadh príomhúil ábhair bheathaithe agus freisin an láimhseáil, iompar, déantús, margaíocht agus úsáid bheathaithe ainmhithe. Tá sí mar aidhm ag na rialacháin chun a chinntiú go dtógann gach duine bainteach na réamhchúraimí riachtanach chun sábháilteacht an bheathaithe a chinntiú. Tá eilimintí ríthábhachtacha na reachtaíochta mar seo a leanas:

- Tá sé riachtanach go mbeadh oibríthe uile formheasta nó cláraithe dá ngníomhaíochtaí. Áiríonn sé seo formhór feirmeacha beostoic agus curaíochta a fhásann, a úsáideann nó a dhíolann barra le haghaidh úsáid mar bheathú;
- Prionsabail HACCP le bheith uchtaithe ag oibríthe uile seachas le haghaidh táirgeadh príomhúil de bheathú agus an bheathú d'ainmhithe feirme;
- Cur i bhfeidhm dea-chleachtas talmhaíochta ag an leibhéal de tháirgeadh príomhúil ábhair bheathaithe agus an bheathú d'ainmhithe feirme;
- Caithfidh oibríthe beathú a fhoinsiú ó oibríthe formheasta nó cláraithe.

*Is féidir foirmeacha iarratais d'fhorhmeasa nó do chlárú faoin reachtaíocht thuas a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara  
Teil: 01 5053576*

## BREISEÁIN IN ÁBHAIR BHEATHÚCHAIN

Leagann rialacháin bhreiseáin AE rialacha sainiúla le haghaidh measúnú, cuir i gcúrsaíocht agus úsáid bhreiseáin in ábhair bheathaithe. Ní fhéadfaí ach breiseáin údaraithe faoi réir reachtaíocht AE a chuir i gcúrsaíocht agus ní fhéadfaí iad a úsáid ach amháin má tá siad ionchorpraithe in ábhair bheathaithe faoi na coinníollacha leagtha amach sa rialachán údarú. I gcás ábhair bheathaithe ina bhfuil breiseáin leighis agus vitimíní sailltuaslagtha, caithfidh feirmeoirí a bheith soláthartha le sonraí oiriúnacha ar nós ainm, leibhéal iniaimh agus dáta éaga de rátha an leibhéil sin agus coinníollacha úsáide freisin, .i. tréimhse aistarraingthe roimh mharaithe.

*Is féidir foirmeacha iarratais d'fhorhmeasa nó do chlárú faoin reachtaíocht thuas a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.  
Teil: 01 5053576*

## SUBSTAINTÍ NEAMH-INMHIANAITHE

Tá na huasleibhéil ceadaithe le haghaidh na cineálacha níos comóntaí de shubstaintí neamh-inmhianaithe faighte in ábhair bheathaithe leagtha síos. Áiríonn na substaintí seo miotail throma, aflatocsain, gossypol, síolta fiaile tocsaineach.

### LUACH COTHAITHE

Tá ráiteas an leibhéil amhphróitéin, amhola, garbhshnáthín, garbhluaith, agus méid taise áit ina mbíonn sé cothrom le nó os cionn 14% srl., mar threoir ar luach cothaithe an ábhair bheathaithe agus ba chóir é a áireamh go cúramach nuair atá beathú á cheannach.

### SEIRBHÍS SAMPLÁIL AGUS ANAILÍSIÚ D'FHEIRMEOIRÍ

D'fhéadfadh feirmeoir atá tar éis ábhar bheathaithe a cheannach iarratas a dhéanamh chun go mbeadh sampla tógtha agus anailísithe go hoifigiúil le haghaidh dearbhú go bhfuil na sonraí tugtha ag an díoltóir faoi reachtaíocht AE i gceart. Ba chóir go ndéanfaí iarratais, mar aon leis an táille ábhartha le haghaidh gach anailís ag teastáil, chuig Rannóg Táirgeadh Bairr agus Sábháilteachta na Roinne laistigh de seasca lá ó sheachadadh an ábhar bheathaithe lena mbaineann an t-iarratas. Níor chóir go gcuirfí samplaí leis an t-iarratas, toisc go bhfuil sé riachtanach de réir an dlí go mbainfeadh oifigeach údaraithe amach an sampláil i slí ordaithe. Tá sé riachtanach go mbeadh málaí nach bhfuil oscailte agus atá tar éis a bheith stóráilte i slí sásúil ar fáil le haghaidh sampláil, agus i gcás seachadtaí builc ba chóir go mbeadh eolas imleor ar fáil chun an t-oifigeach a shásamh gur ó choinsíneacht ar leith an ábhar bheathaithe i gceist agus go bhfuil sé tar éis a bheith stóráilte i slí oiriúnach.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053576*



## *11. BARRAÍ AGUS GORTÓIREACTH*

### BARRAÍ

#### SCÉIM DEIMHNITHE SÍOLTA

Faoi dhlí an AE agus dlí na hÉireann, tá sé mídhleathach margaíocht a dhéanamh ar shíol neamhdheimhnithe. Déanadh síolta eorna, coirce, cruithneachta, triteacál, seagalach ilbhliantúil, pónairí páirce agus prátaí póir a dheimhniú i 2005.

#### PRÁTAÍ PÓIR

Tá túsfhoinse an tsíl táirgthe faoi choinníollacha saotharlainne ag saothrán barr meristéama agus mionshíolrú. Déantar stoic uile a thástáil le linn síolrú le haghaidh láithreach vísir prátaí comónta. Leanann síolrú de mhionphlandaí saor ó ghalair faoi choinníollacha teach gloine chun miontiúbair prátaí saor ó vísir a tháirgeadh agus a díoltar ansin go saothróirí síl speisialaithe.

Ba chóir do shothróirí gur mian leo barra práta póir a tháirgeadh do dhíolachán iarratas a chur isteach chuig an Rannóg Táirgeadh Bairr agus Sábháilteachta, an Roinn Talmhaíochta, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Magh Nuad, Co. Chill Dara ar an bhfoirm iarratais oiriúnach (tá foirmeacha mar aon le coinníollacha ar fáil ar iarraidh). Caithfidh talamh ar a bhfuil bharra práta póir le bheith fásta a bheith tástáilte agus é faighte saor ó néimeatóid chist práta. Tugadh isteach táillí le haghaidh cigireacht bairr agus tiúbair i 2005.

Déantar cigireacht ar bharr gach saothróir le linn an séasúr fáis agus déantar é a dheimhniú má shroicheann siad caighdeáin ainmnithe de shaoirse ó ghalair agus lotnaidí agus má tá sé saothraithe go maith. Ar iarraidh dhuine cláraithe, déantar cigireacht ar tháirge an bhairr deimhnithe ag stáitsí an ghrádaithe agus na pacála agus ansin séalaíonn oifigeach de chuig na Roinne na málaí nó na háirde eile.

Caithfidh barra uile óna bhfuil sé ar intinn síol a choinneáil a bheith deimhnithe go hoifigiúil. Stopadh an deimhniú Aicme X de phrátaí póir i 2005. Ó 2006, caithfidh ábhar phlandála síol bunúsach deimhnithe ceannaithe nó síol bunúsach deimhnithe táirgthe sa bhaile a chuimsiú. Tá sé mídhleathach prátaí póir neamhdheimhnithe a dhíol.

Chun táirgeachtaí arda agus prátaí ardchaighdeáin a tháirgeadh, chun cosaint in aghaidh tabhairt isteach lotnaidí gan iarraidh agus damáisteacha go talamh, agus chun cailteanas stórála a laghdú, ba chóir do shaothróirí prátaí:

- síol deimhnithe a úsáid;
- uainíocht a mbarr bliain-amháin-i-gceithre a chomhlíonadh;
- prátaí a stóráil i stórtha oiriúnacha theochtrialaithe.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053342*

#### CÚNAMH DEONTAIS (PRÁTAÍ PÓIR)

Tá cúnadh deontais ar fáil faoin Scéim um Chúnadh Infheistíochta do Rannóg na bPrátaí (Prátaí Póir). Tá an scéim dírithe ar na táirgeoirí prátaí póir chun forbairt d'earnáil táirgeadh síl imharthana ar bhonn tráchtála a spreagadh. Tagann an clár faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Baineann pacáiste deontais de 35% faoin scéim.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053328*

## CLÁRÚ CINEÁL

Faoi reachtaíocht an AE ní féidir ach síol de chineálacha atá cláraithe sa Chatalóg Náisiúnta de Chineálacha Plandaí Talmhaíochta nó i gCatalóg Chomónta an AE a bheith margaithe anseo, agus caithfidh gach síol margaithe, lena n-áirítear meascáin síol féir, a bheith deimhnithe. Caithfidh cineálacha le bheith áirithe sa Chatalóg Náisiúnta a bheith tástáilte faoi rialú oifigiúil agus faoi réir riachtanais an AE.

*Foilsítear an Chatalóg Náisiúnta de Chineálacha Plandaí Talmhaíochta go bliantúil agus tá cóipeanna ar fáil ar chostas €3.81 ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053328*

## SEIRBHÍS TÁSTÁLA SÍOLTA

D'fhéadfadh feirmeoirí agus ceannaithe síolta a bheith tástáilte le haghaidh glaine agus péacadh agus méid síolta fialle, méid taise, tástáil bithcheimiceach d'innharthanacht, meáchan heictilítir srl., ag Stáisiún Tástála Síil na Roinne. Gearrtar táille le haghaidh na tástálacha seo.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Stáisiún Tástála Síil, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Cros an tSiúnaigh, Cill Droichid, Co. Chill Dara. Teil: 01 6157521*

## CLÁR TÁSTÁLA CINEÁL BARRAÍ

Faoi réir Treoracha an AE agus Reachtaíocht Náisiúnta araon tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia mar an t-údarás inniúil in Éirinn chun trialacha V.C.U. (Luach do Shaothrú agus Úsáid) do chineálacha bairr a bhaint amach. Tugtar stádas dearfach V.C.U. do chineálacha nua ag taispeáint feidhmíocht uachtarach do shaothrú nó maidir leis na húsáidí, gur féidir a bheith déanta de na barra nó táirgí, díorthaithe uatha sin.

Baintear amach na trialacha seo, ar a dtugtar **Trialacha um Liosta Náisiúnta** thar íostréimhse de dhá bhliain, go príomha ag ionaid tástála cineáil bairr na Roinne ag Bacastún (Ceanncheathrú), Moorpark, Baile Átha an Rí, Cill Daltún agus Ráth Bhoth. Tá chineálacha ag comhlíonadh caighdeáin inghlactha do VCU (agus DUS\*) araon incháilithe le haghaidh clárú sa Chatalóg Náisiúnta de Chineálacha Plandaí Talmhaíochta.

*\*Ní baintear amach tástálacha DUS (Soiléir, Aonfhoirmeach, Seasmhach) in Éirinn ach amháin ar chineálacha prátaí, fásta sa bhaile go ginearálta.*

Réimnítear cineálacha dea-gheallúnacha ó na Trialacha um Liosta Náisiúnta chuig **Trialacha um Liosta Molta**, a thógann íostréimhse 3-bliana. Baintear amach na trialacha seo ag na hionaid thuas agus ar fheirmeacha trádála ar fud na tíre molta ag Oifigigh Forbartha Teagasc. Is iad seo Trialacha REPS um liosta Molta le haghaidh cineálach eorna an earraigh á mheasúnú. Caithfidh cineálacha atá áirithe sna trialacha um Liosta Náisiúnta/Molta comhcheangailte a bheith tástáilte ar feadh íostréimhse de 3 bliana sular féidir breathnú orthu le haghaidh iontráil chuig an Catalóg Náisiúnta agus an Liosta Molta.

Faoi láthair tá trialacha á bhaint amach le haghaidh na barra seo a leanas; Arbhar (Cruithneacht, Eorna, Coirce, Triteacál), Grán Buí Foráiste, Luibhre (Féar agus Clóbhar), Prátaí, Biatas Siúcra agus Ráib Síil Ola.

Eisítear **Liosta Molta** de na cineálacha is ilbhuaiche i dtrialacha go bliantúil do phríomhspeiceas an bhairr.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053580*

### **ACMHAINNÍ GÉINITEACHA PLANDAÍ**

Soláthraíonn an Roinn Talmhaíochta & Bia cúnamh airgeadais i dtreo an caomhnú agus úsáid inbhuanaithe d'acmhainní géiniteacha plandaí agus ainmhithe. Déantar fógairt do thionscnaimh oiriúnacha go bliantúil.

Freisin coinníonn an Roinn banc géine de shean chineálacha arbhair agus prátaí agus comhordaítear tacaíochtaí ó Eagraíochtaí an AE agus Idirnáisiúnta dírithe ar acmhainní géiniteacha a chaomhnú.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053576*

## **PRÁTAÍ**

### **ACHT UM CHLÁRÚ FÁSÓIRÍ PRÁTAÍ AGUS PACÁLAIHE PRÁTAÍ**

Faoi na hAchtanna um Chlárú Fásóirí Prátaí agus Pacálaithe Prátaí, 1984 agus 2004, caithfidh gach duine atá mar sholáthróir prátaí do dhíolachán nó mar phacálaí prátaí do dhíolachán clárú leis an Roinn. Tá táille clárúcháin aon-uaire de €19.04 iníoctha.

Ní féidir le prátaí a bheith díolta mura bhfuil siad tar éis a bheith fásta ag saothróir cláraithe agus pacáilte ag pacálaí cláraithe. Ní féidir le duine prátaí a dhíol i bpacáiste mura mbíonn uimhir cláraithe an soláthróir cláraithe agus an pacálaí cláraithe araon ar an bpacáiste.

Tá sé riachtanach mar chuid de Rialachán déanta faoin Acht go gcoinneodh saothróirí agus pacálaithe araon taifid sonraithe de mhéid díolta/ceannaithe. Cinntíonn na taifid seo gur féidir le prátaí tairgthe do dhíolachán ag leibhéal an mhiondíola a bheith rianaithe ar ais chuig na soláthróirí nó pacálaithe indibhidiúla.

### **CAIGHDEÁIN DO DHÍOLACHÁN PRÁTAÍ**

Caithfidh prátaí tairgthe do dhíolachán riachtanais na Rialachán Caighdeáin Bhia (Prátaí) a chomhlíonadh. Caithfidh siad a bheith de chaighdeán maith, díolta ar leithligh de réir an cineál agus díolta sna réimsí méid ordaithe. Caithfidh pacáistí a bheith marcáilte leis an gcineál práta agus an réimse méid. Caithfidh pacáistí a bheith ábalta taiseacht a ionsú agus aer a lígean isteach. Ní bhaineann na Rialachán le prátaí do phróiseáil nó onnmhairiú.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053342*

## **SCÉIMEANNA CÚNAIMH**

### **CÚNAMH D'ÚSÁIDEOIRÍ STÁIRSE**

Is scéim de chuid an AE é seo faoina féidir le hiarratasóirí incháilithe éileamh a dhéanamh ar Aisíoc Táirgeadh le haghaidh úsáid stáirse tairgthe ó ghrán buí, cruithneacht nó rís. In Éirinn tá na príomh-úsáideoirí sna tionscail déantúis páipéar agus ceimiceacha.

## **SCÉIM CÚNAIMH D'FHODAR DÍHIODRÁITITHE**

Is scéim de chuid an AE é seo faoina féidir le próiseálaithe d'fhodar díhiodráitithe cúnamh a éileamh .i. féar triomaithe i bhfoirm mine nó pillíní bia. Tá sciar 5,000 tona de chuóta bliantúil an AE ag Éire.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg APS, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Caisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil 053 9163400*

## **CÚNAMH D'ÚSÁIDEOIRÍ SIÚCRA**

Is Scéim de chuid an AE é seo faoina féidir le hiarratasóirí incháilithe éileamh a dhéanamh ar Aisíoc Táirgeadh d'úsáid táirgí siúcra áirithe i ndéantús táirgí ceimiceacha formheasta.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Rannóg an tSiúcra, An Rannóg Beartas Barraí agus Comhlachtaí Stáit, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil(01)6072874*

## **CÚNAMH PRÓISEÁLA DO LÍON AGUS GHA BUÍ FÁSTA DO GHAIRBHSEACH**

Soláthraíonn Rialacháin an AE do chúnamh próiseála do líon agus gha buí fásta do ghairbhseach. Caithfidh conradh do phróiseáil a bheith conclúidithe ag an bpróiseálaí formheasta le saothróir. Tá sé riachtanach do shaothróirí sonraí dá mbarra lín agus ga buí a áireamh ar a n-iarratas Cúnamh Limistéir. Sular féidir le ga buí a bheith fásta caithfear ceadúnas a fháil ón Roinn Sláinte agus Leanaí.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Beartas Barraí agus Comhlachtaí Stáit, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, Teil: 01 6072037*

## **TORTHAÍ AGUS GLASRAÍ**

### **SCÉIM INFHEISTÍOCHTA DON EARNÁIL TRÁDÁLA GORTÓIREACHTA**

Tá cúnamh deontais ar fáil faoin Scéim Infheistíochta don Earnáil Trádála Gortóireachta chun infheistíocht sna frontair gortóireachta inmharthana ar bhonn trádála a spreagadh. Go bunúsach tá an scéim dírithe orthu siúd in áiteanna tuaithe atá bainteach i dtáirgeadh nó atá ag tosú tionscnaimh táirgeadh.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053580*

### **EAGRAÍOCHTAÍ TÁIRGEORA**

Ciallaíonn Eagraíocht Táirgeora aon eintiteas dlíthiúil atá cumtha ar thionscadal na saothróirí de thorthaí agus glasraí a thugann faoi chun margaíochta a dhéanamh ar a dtáirgeadh uile tríd an eagraíocht.

Chun aitheantas a fháil caithfidh íosmhéid de 5 bhall a bheith ag Eagraíocht Táirgeora le toirt táirgeadh bliantúil de ar a laghad €100,000.

Tá cúnamh airgeadais AE ar fáil d'Eagraíochtaí Táirgeora aitheanta i dtreo costas de chur i bhfeidhm clár oibriúcháin formheasta.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053578*

### SCÉIM DEIMHNIÚ

Tá Scéim Deimhniú i bhfeidhm d'ábhar plandála torthaí boga. Tá liosta déanta de tháirgeoirí deimhnithe de stoic sláintiúla de chineálacha molta de shútha talún.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053579*

### CAIGHDEÁIN MARGAÍOCHTA EORPACH DO THORTHÁÍ AGUS GLASRAÍ ÚRA

Tá Caighdeáin Margaíochta an Chomhphobail Eorpach ann do réimse leathan de thorthaí agus glasraí úra. Tá sé mar fheidhm ag na caighdeáin a chinntiú go bhfuil táirgí rialaithe tairgthe chuig an tomhaltóir de chaighdeán inghlactha agus lipéadaithe go cruinn. Déanann na caighdeáin soláthairtí maidir le caighdeán, méid, cur i láthair agus margaíocht de tháirge úr rialaithe. Baineann na caighdeáin seo le táirgí fásta sa bhaile agus allmhairithe tairgthe do dhíolachán ag leibhéal mórdhíola agus miondhíola ar fud na tíre agus le táirgí atá á onnmhairiú. is ar an dtrádálaí a thiteann an freagracht de chinntiú go gcomhlíonann táirge atá díolta nó tairgthe do dhíolachán na caighdeáin margaíochta. Déanann oifigí Roinne cigireacht ar tháirge chun a chinntiú go bhfuil aird a thabhairt ar na caighdeáin. Tá pionóis ann do shárú na gcaighdeán margaíochta.

*Is féidir sonraí de na caighdeáin fo-ordaithe le haghaidh na táirgí éagsúla a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053578*

### BEACHAIREACHT

Soláthraíonn Teagasc seirbhís comhairleoireachta do bheachairí. Tá eolas ar fáil ó oifigí Teagasc áitiúla.

I gcásanna cinntithe de ghalar Áil Bhréan, feidhmíonn an Roinn rialaithe reachtúla chun cosc a chur ar an ngalar ó scaipeadh go coirceoga nó beachlanna eile. Feidhmítear rialuithe galair breise faoi Ordú na mBeacha (Rialachán Allmhairithe), 1980 a choscann allmhairiú beacha, ach amháin faoi cheadúnas eisithe ag an Roinn.

Tá sé mar riachtanas de Rialachán an Chomhphobail Eorpach (Fógra de Varróis i mBeacha), 1996 go dtuairisceodh aon duine i mbun beachaireachta nó atá i gceannas ar bheacha cásanna nó cásanna amhrasta de varróis agus leagtar pionóis i gcás teipe amhlaidh a dhéanamh.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053578*

### SLÁINTE AGUS TRÁDÁIL/LOTNAIDICÍDE PLANDAÍ

Tá an tír saor ó go leor de na droch-ghalair agus lotnaidí go bhfuil tionchar acu ar phlandaí agus ar bharráí agus dá bharr sin tá ardchaighdeán de shláinte plandaí sa tír. Feidhmíonn an Roinn rialuithe faoi reachtaíocht náisiúnta agus an AE chun an ardchaighdeán sláinte seo a choinneáil. Ba chóir go gcuirfí fógra láithreach maidir le tarlú galair nó lotnaidí chuig Seirbhís Cosanta Plandaí na Roinne.

## **RIALACHA AN AE**

Feidhmíonn córas comónta de rialuithe sláinte plandaí laistigh den AE. Ceann de thréithe an chórais seo ná go gcaithfí cigireacht a dhéanamh ar ábhar (plandaí, táirgí plandaí agus rudaí áirithe eile), atá faoi réir rialú, ag leibhéal an táirgthe chun comhlíonadh na riachtanais leagtha síos maidir le gluaiseacht laistigh den AE a sheiceáil. Caithfidh lipéad, ar a dtugtar pas phlandaí, a bheith i dteannta roinnt den ábhar seo nuair atá siad á bhogadh. Sainchiallaíonn sé seo incháilitheacht do ghluaiseacht laistigh den AE agus go saineiúil do ghluaiseacht isteach chuig agus laistigh de chriosanna cosanta ainmnithe. Caithfidh daoine atá bainteach i dtáirgeadh agus i ngluaiseacht ábhar ábhartha a bheith cláraithe leis an Roinn agus a bheith údaraithe chun pasanna plandaí a eisiúint, nuair is cuí. Ní féidir ábhar faoi réir rialuithe sláinte plandaí ag teacht ó lasmuigh den AE ach a bheith allmhairithe ag allmhaireoirí cláraithe agus tá sé faoi réir chigireacht fíteashláintíocha sainordaitheach ar a iontráil isteach san AE.

*Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais um chlárú a fháil ón Rannóg Trádála Plandaí, Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.  
Teil: 01 5053342*

## **COSAINN PLANDAÍ AGUS TÁIRGÍ BITHICÍDÍ**

Coinníonn an Roinn comhoibriú dlúth leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, an Roinn Comhshaoil agus Rialtas Áitiúil, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhmiú na rialacháin éagsúla.

### **CLÁRÚ AGUS ÚDARÚ**

Tá táirgí cosanta plandaí, nuair a úsáidtear i gceart iad, mar ghléasra sár-luachmhar i dtáirgeadh bairr le haghaidh rialú fialí, galair agus lothaidí, ag cumasú do tháirgeacht mhaith de bharr ardchaighdeáin a bheith faighte. Soláthraíonn bithicídí, nuair a úsáidtear i gceart iad, modh éifeachtach de dhíghalrú agus chaomhnú de tháirgí, dhromchlaí agus ábhair i dtionscal agus sa teaghlach. Mar sin féin, toisc go bhfuil siad gníomhach go bitheolaíochta, caithfidh táirgí cosanta plandaí agus táirgí bithicídí a bheith láimhseáilte agus úsáidte go cúramach.

Feidhmíonn an Roinn rialuithe reachtúla thar táirgí cosanta plandaí agus bithicídí uile úsáidte in Éirinn agus ní féidir úsáid a bhaint ach as táirgí fógraithe faoi Rialacháin na Comhphobail Eorpach (Rangú, Pacáistiú agus Lipéadú de Tháirgí Cosanta Plandaí agus de Tháirgí Bithicíde), 2001 nó údaraithe nó cláraithe faoi réir Rialacháin na Comhphobail Eorpach (Údarú, Cur ar an Margadh, Úsáid agus Rialú Táirgí Cosanta Plandaí), 2003 mar atá leasaithe nó Rialacháin an Comhphobail Eorpach (Údarú, Cur ar an Margadh, Úsáid agus Rialú Táirgí Cosanta Plandaí), 2001. Coir is ea úsáid táirgí cosanta plandaí agus bithicídí i slí seachas sin atá soláthartha le haghaidh ar lipéadaí táirge agus atá faoi réir ionchúiseamh.

Baineann an Roinn amach cigireacht rialta chun a chinntiú go gcomhlíonann táirgí cosanta plandaí agus bithicídí uile margaithe agus úsáidte le rialacháin an AE. Ba chóir d'úsáideoirí táirgí cosanta plandaí agus bithicídí na teoracha a leanúint go cúramach.

Foilsíonn an Roinn liosta de tháirgí cosanta plandaí atá tar éis a bheith údaraithe, glanta, fógraithe nó ceadaithe chun margú faoi na Rialacháin.

### **LEIBHÉIL FÚLLIGH**

Tá sé mídhleathach margú a dhéanamh ar tháirgí bia ina bhfuil leibhéal fuílligh lotnaidicíde níos airde ná an uasmhéid ceadaithe atá leagtha síos ag Rialacháin. Foilsíonn an Roinn tuairisc bhliantúil ar fhuílligh lotnaidicíde i mbia.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053342*

### **AOLCHLOCH MHEILTE AGUS LEASACHÁIN**

Tá caighdeáin dlíthiúla ordaithe do dhíolachán aolchloch mheilte agus leasacháin chun a chinntiú go bhfaigheann feirmeoirí an caighdeán agus foirmiú ceart. Caithfidh an díoltóir ráiteas a thabhairt don cheannaí ag taispeáint anailís an ábhair. Déanann an Roinn seiceálacha ar ábhar ar díol agus tógtar samplaí d'anailísíú oifigiúil. Tógtar gníomh oiriúnach i gcás sárú na Rialacháin.

### **SEIRBHÍS ANAILÍSEACHA**

Is féidir le haon fheirmeoir a cheapann go bhféadfadh aolchloch mheilte ceannaithe a bheith lochtach, iarratas a chur chuig an Roinn chun go dtógfáí sampla oifigiúil d'anailísíú. Ba chóir d'iarratais ar shampláil/anailísíú oifigiúil an Roinn a shroicheadh laistigh d'ocht lá is fiche de sheachadadh an ábhair cheannaithe agus a bheith i dteannta táille de €6.35 i ngach cás.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Táirgeadh agus Sábháilteacht Barr, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Teil: 01 5053342*



## *12. TIONSCAL BIA AGUS DEOCH*

### PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA 2000 – 2006

Tá maoiniú ar fáil chuig an tionscal bia faoi na tionscadail seo a leanas sa Phlean Forbartha Náisiúnta:

- **Infheistíocht Chaipitil**  
Tá maoiniú riartha ag na Gníomhaireachtaí Forbartha Tionscail agus ag Rannóg Bia na Roinne
- **Taighde, Teicneolaíocht, Nuálaíocht**  
Riarann Rannóg Bia na Roinne taighde bia poiblí trí institiúid; Soláthraíonn na Gníomhaireachtaí Forbartha Tionscail maoiniú le haghaidh taighde agus aistriú teicneolaíochta inchomhlachta.
- **Margú agus Cur Chun Cinn**  
Soláthraítear maoiniú chun tacaíocht a thabhairt d'obair chur chun cinn bia an Bhoird Bia agus chun acmhainní margaíochta na comhlachtaí indibhidiúla a fheabhsú.
- **Forbairt Acmhainn Daonna**  
Láimhseálann na Gníomhaireachtaí Forbartha Tionscail maoiniú chun freastal ar riachtanais acmhainn daonna an tionscail bia, go háirithe traenáil sna limistéir sábháilteacht bia agus táirgiúlacht/iomaíochas.

### BEARTA FAOIN bPLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

#### Scéim Infheistíochta Caipitil

Tá cúnaimh deontais soláthartha chun cúnaimh a thabhairt do roinnt tionscnaimh caipitil chun margú agus próiseáil a fheasú sna hearnáil gortóireachta, prátaí, uibheacha, gráinne agus beostoic, nach dtiteann laistigh de théarmaí tagartha na nGníomhaireachtaí Forbartha Tionscail agus nach bhfuil clúdaithe an scéimeanna ar an bhfeirm na Roinne. Tugtar cuireadh d'iarraitais go rialta agus tá siad faoi réir phróiseas measúnú/roghnúcháin.

#### Taighde agus Forbairt Institiúideach

Soláthraítear tacaíocht faoin mbeart seo do thaighde "leas an phobail" bainte amach ag institiúidí, lena n-áirítear na hollscoileanna agus Teagasc. Craobhscaoiltear na torthaí go leathan do thairbhe an tionscail bia ginearálta. Tugtar cuireadh d'iarraitais go rialta agus tá siad faoi réir phróiseas measúnú/roghnúcháin. Tugtar tús áite do na téamaí de shábháilteacht bia, táirgí bia núálaíoch nua agus an fheabhsú d'ábaltacht na hinstitiúidí chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt i limistéir bhianna an tomhaltóra. Clúdaíonn cúnaimh deontais costais aontaithe.

*Tá sonraí breise ar na bearta seo tar éis a bheith foilsithe i leabhrán ar leithligh. Is féidir an leabhrán seo agus eolas breise a fháil ón Rannóg Bia, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072841*

### TREORACHA AGUS RIALACHÁIN BIA

Riarann an Roinn Treoracha agus Rialacháin an AE ag leagadh síos caighdeáin chomhshuímh/próiseála agus riachtanais lipéadú le haghaidh na táirgí seo a leanas:

- Fíonta;
- Deochanna Spioraid;
- Alcól Eitile;

- Deochanna Cumhraithe Fíon-bhunaithe ;
- Subha, Glóthacha agus Marmaláidí;
- Súnná Torthaí agus Neachtar Torthaí;
- Cócó agus Táirgí Seaclaíde;
- Caife agus Táirgí Siocaire.

Tá an Roinn freagrach freisin as feidhmiú Rialacháin an AE ar chosaint comharthaí/ainmniú de bhunús de tháirgí talmhaíochta agus ábhair bheathaithe agus ar theastais de nádúr sainiúil d'ábhair bhaithaithe/tháirgí talmhaíochta traidisiúnta. Faoi na Rialacháin seo, déantar na hainmneacha a úsáidtear chun na táirgí seo a ainmniú nó a mhargú a chosaint ag leibhéal an Chomhphobail in aghaidh míúsáide nó aithris agus tá an úsáid eisiach de chomhartha an Chomhphobail acu mar ráthaíocht na barántúlachta.

Riarann an Roinn Rialacháin (CE) 2826/2000 agus 2702/1999 mar atá leasaithe ar bhearta eolais agus cur chun cinn do tháirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú thíortha, faoi seach. Is é cuspóir na mbeart, atá comh-mhaoinithe ag an gComhphobal, an trádáil agus an Ballstát, ná cur chun cinn a dhéanamh trí fheachtais téarmacha nó dírithe, cáilíochtaí táirge intreacha, modhanna táirgeadh nó córais rialuithe sainiúla. Caithfidh na bearta a bheith géineasach i nádúr agus ní féidir leo a bheith bunaithe ar bhranda nó bhunús.

Eisítear ghlaonna do thograí i nDeireadh Fómhair gach bliana do chláir mhargú inmheánacha agus in Eanáir do chláir thríú thíortha.

## **CEADÚNAIS ALLMHAIRIÚ FÍONA**

Tá ceadúnas riachtanach chun fíon a allmhairiú ó thíortha neamh-AE áit a théann an méid os cionn 30 heictilítir.

Caithfidh iarratasóirí urrús a lóisteáil, €1.25 in aghaidh an heictilítir d'fhíonta uile. Níl aon urrús riachtanach áit a bheadh an luach ag €60 nó níos lú. Tá an t-urrús inaisíoctha ar fhilleadh an cheadúnais droimscríofa ag na húdaráis custaim chun a thaispeáint gur tharla allmhairiú laistigh den tréimhse cheithre mhí de bhailíocht an cheadúnais.

## **CEADÚNAIS ALLMHAIRIÚ ALCÓL EITILE**

Tá ceadúnas riachtanach chun alcól eitile a allmhairiú ó thíortha neamh-AE áit a théann an méid atá á allmhairiú thar 100 heictilítir.

Caithfidh iarratasóirí urrús a lóisteáil de €1.00 in aghaidh an heictilítir (Níl aon urrús riachtanach áit a thiofadh sé go €100 nó níos lú). Tá an t-urrús inaisíoctha ar fhilleadh an cheadúnais droimscríofa ag na húdaráis custaim chun a thaispeáint gur tharla allmhairiú laistigh den tréimhse cheithre mhí de bhailíocht an cheadúnais.

*Is féidir tuilleadh eolais ar aon cheann díobh seo thuas a fháil ó Rannóg Bia, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6072713, 6072371 nó ar láithreán gréasáin na Roinne: [www.agriculture.gov.ie](http://www.agriculture.gov.ie)*





## ***13. COMHLACHTAÍ AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ STÁIT***

### TEAGASC

Teagasc – an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia – is ea an eagrais náisiúnta le freagracht do sheirbhísí comhairleoireachta, traenála, taighde agus forbartha a sholáthar atá dírithe ar an dtionscal bia agus talmhaíochta Éireannach agus comhphobail tuaithe.

### STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL

Soláthraítear seirbhísí taighde, comhairleoireachta agus traenála comhtháthaithe trí ocht nIonad taighde, naoi gcoláiste agus líonra forleithheadach d'ionaid traenála agus oifigí comhairleoireachta contae agus áitiúla. (Féach Aguisín 2 le haghaidh sonraí iomlána). Tá taighde gortóireachta lonnaithe ag Ionad Kinsealy, Bóthar Mullach Íde, Baile Átha Cliath 17 (féach rannóg Traenála agus Forbartha).

*Príomhoifig: Teagasc, Páirc Darach, Ceatharlach, Teil: (059) 9170200; Facs: (059) 9182097. Stiúthóir: An tUas. Jim Flanagan; Láithreán gréasáin: [www.teagasc.ie](http://www.teagasc.ie)*

### SEIRBHÍSÍ TAIGHDE

Baintear amach taighde ar ghnéithe uile de thalmhaíocht, eacnamaíocht agus fhorbairt tuaithe ag sé ionad taighde, mar seo a leanas:

<b>Mairteol</b>	Ionad Taighde Mairteola an Ghráinseach, Teagasc, An Ghráinseach, Dún Samhnaí, Co na Mí Ceannasaí an Ionaid: Dr Eddie O'Riordan Teil. (046) 9061100; Facs (046) 9026154 Ríomhphost: <a href="mailto:eoriordan@grange.teagasc.ie">eoriordan@grange.teagasc.ie</a>
<b>Déiríocht</b>	Taighde Táirgeadh Déiríochta Moorepark, Teagasc, Moorepark, Mainistir Fear Máí, Co Chorcaí Ceannasaí an Ionaid : Dr Pat Dillon Teil. (025) 42222; Facs (025) 42340 Ríomhphost: <a href="mailto:pdillon@moorepark.teagasc.ie">pdillon@moorepark.teagasc.ie</a>
<b>Curaíocht</b>	Ionad Taighde Barra Páirc Darach, Teagasc, Páirc Darach, Ceatharlach Ceannasaí an Ionaid: Dr James Burke Teil. (059) 9170200; Facs (059) 9142423 Ríomhphost: <a href="mailto:jimburke@oakpark.teagasc.ie">jimburke@oakpark.teagasc.ie</a>
<b>Caoirigh</b>	Ionad Taighde Táirgeadh Ainmhithe, Teagasc, Baile Átha an Rí, Co na Gaillimhe Ceannaire na Roinne: Dr Seamus Hanrahan Teil. (091) 845845; Facs (091) 845847 Ríomhphost: <a href="mailto:shanrahan@athenry.teagasc.ie">shanrahan@athenry.teagasc.ie</a>
<b>Eacnamaíocht/ Forbairt Tuaithe</b>	Ionad Taighde Eacnamaíocht Tuaithe, Teagasc, Baile Átha an Rí, Co na Gaillimhe Ceannasaí an Ionaid: Dr. Cathal O'Donoghue Teil. (091) 845200; Facs (091) 844296 Ríomhphost: <a href="mailto:codonoghue@erc.teagasc.ie">codonoghue@erc.teagasc.ie</a>

## Comhshaoil

Ionad Taighde Comhshaoil Eastáit Chaisleáin Bhaile Sheonach, Teagasc,  
Loch Garman  
Ceannasaí an Ionaid: Dr Noel Culleton  
Teil. (053) 9171200; Facs (053) 9142213  
Ríomhphost: nculleton@johnstown.teagasc.ie

## TAIGHDE BIA

Baintear amach taighde agus forbairt bia ag dhá ionad:

Ionad Taighde Bia Baile na Fuinseoige, Teagasc, Baile na Fuinseoige, Baile Átha Cliath 15, Teil. (01) 8059500, Facs (01) 8059550. Ceannasaí an Ionaid: Dr. Declan Troy; Ríomhphost: dtroy@nfc.teagasc.ie

Ionad Taighde Bia Moorepark, Teagasc, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co Chorcaí, Teil. (025) 42222; Facs (025) 42340, a bhrásáilann Moorepark Technology Ltd, an monarcha treorach taighde agus forbairt. Ceannaire na Stiúthóireachta - Dr Liam Donnelly; ríomhphost: ldonnelly@moorepark.teagasc.ie

## SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA

Is é príomhról na Seirbhíse Comhairleoireachta ná chun iarracht a dhéanamh ar ioncam agus inbhuanaitheacht teaghlaigh feirmeoireachta laistigh de chomhphobail tuaithe a uasmhéadú trí fheidhmiú na cláir seo a leanas:

**An Clár Iomaíochas Teicneolaíochta agus Gnó**, a dhíríonn ar éifeachtacht teicniúil agus airgeadais agus measúnú infheistíochta ar an bhfeirm sna príomh-fhiontair feirme.

**An Clár Inmharthanacht Tuaithe** a chabhraíonn le feirmeoirí a dtodhchaí a mheasúnú agus a staideanna feirme agus teaghlaigh a choigeartú chun deiseanna agus dúshláin nua a shaothrú. Is í cloch choirnéil an chláir seo ná an clár Anailísiú Roghanna. Cabhróidh sé seo le teaghlaigh feirmeoireachta a roghanna ar agus as an bhfeirm a thaiscéaladh chun inmharthanacht todhchaí a chinntiú. Chomh maith le ioncam a uasmhéadú ó fhiontair eisigh, beidh béim mhór ar roghanna nua úsáid talaimh ar nós foraoiseacht agus táirgeadh fuinnimh agus deiseanna tuillimh ioncain nua lasmuigh de gheata na feirme.

**An Timpeallacht agus Clár Dea-Chleachtas Feirmeoireachta** a sholáthraíonn Pleanáil REPS agus réimse de sheirbhísí timpeallachta chun tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí go bhfuil orthu cloí le caighdeáin nua ag teacht chun cinn ón chlár leasú CAP

### Eochairphearsanra Comhairleoireachta

Ceannaire na Stiúthóireachta: Pat Boyle, Teagasc, Páirc Darach, Ceatharlach.  
Teil: (059) 9170200; Facs: (059) 918 2097; Ríomhphost: pboyle@oakpark.teagasc.ie

### Stiúthóirí Cúnta:

Tom Collins, Teagasc Páirc Darach, Ceatharlach.  
Teil: (059) 9170200; Facs: (059) 918 2097; Ríomhphost: tcollins@oakpark.teagasc.ie

Gerry Scully, Teagasc, Ionad Mellows, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.  
Teil: (091) 845200 Facs (091) 844296; Ríomhphost: gscully@athenry.teagasc.ie

Dermot McCarthy, Teagasc, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí.  
Teil: (025)42244 Facs: (025) 42384; Ríomhphost: dmccarthy@moorepark.teagasc.ie

### **Bainisteoirí Cláir Fiontair**

**Déiríocht:** Matt Ryan, Teagasc, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí.

Teil (024) 42244 Facs: (025) 42384; Ríomhphost: mryan@moorepark.teagasc.ie

**Stoc Tirim:** Bernard Smyth, Teagasc, An Ghráinseach, Dún Samhnaí, Co. na Mí

Teil. (046) 9061100; Facs (046) 902 6154; Ríomhphost: bsmyth@grange.teagasc.ie

**Curaíocht:** Jim O'Mahony, Teagasc, Páirc Darach, Ceatharlach.

Teil: (059) 9170200 Facs: (059) 9142423; Ríomhphost: jomahony@oakpark.teagasc.ie

**Comhshaoil:** Sean Regan, Teagasc, Ionad Mellows, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe

Teil: (091) 845200 Facs (091) 844296; Ríomhphost: sregan@athenry.teagasc.ie

**Teicneolaíocht & Bainistíocht Feirme:** Dr Tom Kelly, Teagasc, Coláiste Chill Daltún, Baile an Phoill, Co Chill Chainnigh.

Teil: 051-64400; Facs 051-643446; Ríomhphost: tkelly@kildalton.teagasc.ie

**Forbairt Tuaithe:** John Whiriskey, Teagasc, Ionad Mellows, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.

Teil: 091 845200; Ríomhphost: jwhiriskey@athenry.teagasc.ie

### **PLEANÁIL REPS**

Faidhmíonn Teagasc seirbhís pleanála an Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS) atá oscailte do chliant fheirmeora uile. Cinntíonn an tseirbhís go ndéantar ioncam a bharrfheabhsú trí REPS a chomhcheangal le cleachtais feirmeoireachta éifeachtach chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fheidhmí an phlean uaidh sin ag laghdú priacal na bpiónós.

**Ceannasaí Seirbhísí REPS:** Eugene Ryan, Teagasc, Caisleán Bhaile Sheonach, Loch Garman, Teil: (053)

9171200; Facs: (053) 9142004; ríomhphost: eryan@johnstown.teagasc.ie

### **SEIRBHÍSÍ DO HAGRAIGHNÓ**

Soláthraíonn Teagasc réimse de sheirbhísí comhairleoireachta, traenála agus sainchomhairliúcháin speisialaithe chuig an earnáil agraighnó. Tá clár chomh-fhorbartha i bhfeidhm anois le próiseálaithe déiríochta, próiseálaithe feoil, marglanna beostoic agus agraighnóthaí eile.

Ba chóir do chliant corparáideacha gur mian leo tairbhe a bhaint astu seo nó aon cheann de sheirbhísí comhairleoireachta, traenála, taighde nó saotharlainne de chuid Teagasc dul i dteagmháil leis an bPríomh Oifigeach Talmhaíochta ag oifig an chontae.

### **TRAENÁIL AGUS FORBAIRT**

Áiríonn na Stiúirthóireacht Traenála agus Forbartha aonaid forbartha ar Dheimhniú Churaclaim agus Cailíochta, Ghairneoireacht, Fhoraoiseacht agus Mhuca. I gcás Fhoraoiseacht, Muca agus Gortóireacht, tá comhairle agus taighde comhtháthaithe i mbainistíocht na haonaid nuabhunaithe seo.

**Ceannaire na Stiúirthóireachta:** Donal Carey, Teagasc, Kinsealy, Bóthar Mullach Íde, Baile Átha Cliath 17.

Teil: 01 8459000; Facs: 01 8460524; Ríomhphost: donal.carey@teagasc.ie

Paddy Browne, Teagasc, Príomhoifig, Páirc Darach, Ceatharlach.  
Teil: (059) 9170200; Facs: (059) 918 2097; Ríomhphost: pbrowne@hq.teagasc.ie

**Ceannaire an Aonaid Dearbhú Churaclaim agus Cáilíochta:** Eamon Tully, Teagasc, Coláiste Chill Daltún, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh.  
Teil: 051-644400; Facs 051-643446; Ríomhphost: etully@kildalton.teagasc.ie

**Ceannaire an Aonaid Forbairt Foraoiseachta:** Nuala Ni Fhlatharta, Teagasc, An Ionad Forbartha, Campas Mellows, Baile Átha na Rí, Co. na Gaillimhe.  
Teil: (091) 845200 Facs (091) 844296; Ríomhphost: nnifhlat@athenry.teagasc.ie

**Ceannaire an Aonaid Forbairt Muice:** Brendan Lynch, Teagasc, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí.  
Teil: (025) 42222 Facs: (025) 42340; Ríomhphost: blynch@moorepark.teagasc.ie

**Ceannaire an Aonaid Forbairt Gortóireachta:** Michael Conlon, Teagasc, Ionad Kinsealy, Bóthar Mullach Íde, Baile Átha Cliath 17.  
Teil: (051) 644000 Facs: (051) 643446. Ríomhphost: mconlon@kildalton.teagasc.ie

**Bainisteoir Cláir Oideachais:** Liam Myles, Teagasc, Kinsealy, Bóthar Mullach Íde, Baile Átha Cliath 17.  
Teil: 01 8459000; Ríomhphost: liam.myles@teagasc.ie

## **SEIRBHÍSÍ ANAILÍTEACHA**

Soláthraíonn Teagasc seirbhís anailíseach neamhspleách d'fheirmeoirí agus don tionscal mar seo a leanas:

Ionad Taighde Comhshaoil Caisleáin Bhaile Sheonach, Loch Garman, Teil: (053) 71200 Facs: (053) 42213 – ithreacha.

Ionad Taighde Barra Páirc Darach, Ceatharlach, Teil: (059) 9170200; Facs: (059) 9142423 - Iotnaidí agus galair plandaí.

## **SEIRBHÍSÍ TEICNEOLAÍOCHTA BIA**

Soláthraíonn Teagasc taighde conartha agus seirbhísí sainchomhairliúcháin do chomhlachtaí bia óna ionaid taighde bia mar seo a leanas: Ionad Taighde Bia Baile na Fuinseoige, Baile na Fuinseoige, Baile Átha Cliath 15. Teil: 01-8059500; Facs: 01- 8059550 agus Ionad Taighde Bia Moorepark, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Teil: 025-42222; Facs: 025-42340. Soláthraíonn Teagasc seirbhísí monarcha treorach do chomhlachtaí bia óna fochomhlacht Moorepark Technology Ltd., Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Teil: 025-42222; Facs: 025-42340.

## **OIDEACHAS AGUS TRAENÁIL**

Soláthraíonn Teagasc sraith traenáil d'iontrálaithe óga, fheirmeoirí, ghnó-eagraithe agus fheidhmeannaigh/oibríthe sa tionscal bia. Tá acmhainn ag Teagasc de os cionn 200 múinteoirí agus traenáilaithe ag feidhmiú ó choláistí, ionaid traenála áitiúla agus ionaid taighde. Freastalaíonn os cionn 10,000 duine ar chúrsaí traenála Teagasc gach bliain.

Le déanaí tá na cláir oideachais agus traenála uile tar éis a bheith measúnaithe, uasghrádaithe agus tagarmharcáilte chuig na caighdeáin idir náisiúnta is fearr.

Is iad tréithe tábhachtacha na forbairtí nua seo ná:

### **CREIDIÚNÚ NÁISIÚNTA**

Tá an creidiúnú de chlár oideachais agus traenála Teagasc laistigh de chreat Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí tar éis seasamh cúrsaí Teagasc a ardú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

### **CÚRSA ARDOIDEACHAIS**

Soláthraítear cláir ardoideachais i dtalmhaíocht, i ngortóireacht, in agraighnó agus i staidéar eachaí, le hearcaíocht trí chóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO), i gcomhpháirt leis na hInstitiúid Teicneolaíochta.

### **SEICHEAMH**

Is féidir le mic léinn a dhaingníonn dámhachtain dul ar aghaidh go leibhéal na céime.

### **CÚRSAÍ BREIS OIDEACHAIS AGUS TRAENÁLA**

Tá clár bhreisoideachais agus traenála ar fáil i dtalmhaíocht, i ngortóireacht, i bhforaoiseacht agus i gcapaill. Tá an cúrsaí seo ar fáil in ocht gcoláiste agus in ionaid áitiúla de chuid Teagasc ar braith ar éileamh. Chun freastal ar riachtanais líon na bhfeirmeoirí páirtaimseartha atá ag fás, soláthraítear roinnt cúrsaí istoiche, ag deireadh seachtainí agus le linn tréimhsí saoire bliantúla ag roinn ionaid

### **SCÉIM NA NASC ARDOIDEACHAIS**

Cumasaíonn Scéim na Nasc Ardoideachais do shealbhóirí dámhachtain bhreis oideachais iarratas a chur isteach ar chuóta de chúrsaí ardoideachais. Tá cúrsaí breis oideachais sainiúla nasctha le cúrsaí ardoideachais sainiúla. Déantar iarratais ar chúrsa ardoideachais, clúdaithe ag an scéim, trí fhoirm chaighdeánach an CAO.

### **CÚRSAÍ ARDOIDEACHAIS**

Anois tá aon déag chlár tríú leibhéal le feiceáil ar an liosta CAO agus tá sé seo le méadú sna blianta atá le teacht. Stiúrtar na cúrsaí uile seo i gcomhpháirt ag coláistí Teagasc agus Institiúid Teicneolaíochta, mar sin ag éascú an úsáid is fearr de phríomhinniúlacht ceachtar de na hInstitiúid comhpháirtithe.

Tá na cúrsaí seo creidiúnaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) agus tá an deis ag céimithe dul ar aghaidh go leibhéal na céime. Tá earcaíocht chuig na cúrsaí ann trí chóras an CAO le roinnt áiteacha curtha in áirithe do mhic léinn lánfhásta agus do shealbhóirí dámhachtainí de chuid Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC).

### **Ardteastas i dTalmhaíocht**

Tairgeann an cheithre chomhpháirtíocht seo a leanas an cúrsa dhá bhliain seo ag leanúint go hArdteastas i dTalmhaíocht:

- Coláiste Chloich na Coillte, Co Chorcaí agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Cód an Chúrsa CR010;
- Coláiste Chill Daltún, Co Chill Chainnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Cód an Chúrsa WD098;
- Coláiste an Chreagáin, Co. na Gaillimhe agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo;

- Coláiste Bhéal Átha hÉis, Co an Chabháin agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan. Cód an Chúrsa DK075.

Cuir iarratas isteach trí an CAO

Tá sealbhóirí an Ardteastais HETAC i dTalmhaíocht le pas le tuilleanas nó gradam incháilithe chun iarratas a chur isteach ar bhreisiú HETAC Bhaitisiléir Eolaíochta i dTalmhaíocht nó chuig an mBaitisiléir Talmhaíochta na hEolaíochta ag UCD.

### **Baitisiléir Eolaíochta i nGortóireacht**

Is cúrsa trí bliana é an Baitisiléir Eolaíochta Gortóireachta tairgthe i gcomhpháirt ag na coláistí gortóireachta agus Institiúidí Teicneolaíochta seo a leanas:

- Coláiste Chill Daltún, Co Chill Chainnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Cód CAO an Chúrsa: WD096;
- Coláiste de Ghortóireacht Taitneamhachta, Garraithe Náisiúnta na Lus, Baile Átha Cliath agus an Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhainséir, Baile Átha Cliath. Cód CAO an Chúrsa: BN008;
- Coláiste Gortóireachta Salesian, Warrenstown, Co na Mí agus an Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhainséir, Baile Átha Cliath. Cód CAO an Chúrsa: BN007.

Cuir iarratas isteach trí an CAO

### **Ardteastas in Eolaíocht Talmhaíochta**

Tá an cúrsa dhá bhliain seo seachadta i gcomhpháirt ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Coláiste Chill Daltún, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh. Cuir iarratas isteach trí an CAO.

### **Ardteastas in Agraíchnó**

Tá an cúrsa dhá bhliain seo tairgthe ag Choláiste na mBráithre Proinsiasaigh, An Creagán agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo. Cuir iarratas isteach trí an CAO.

### **Ardteastas i Meicniú Talmhaíochta**

Tá an cúrsa dhá bhliain seo seachadta i gcomhpháirtíocht ag an Choláiste Talmhaíochta Salesian, Pailís Chaonraí, Co Luimnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Cuir iarratas isteach trí an CAO.

### **Ardteastas i Staidéar Eachaí**

Tá an cúrsa dhá bhliain seo tairgthe i gcomhpháirt ag Coláiste Ghoirtín, Baile an Gharraí, Ros Cré, Co Thiobraid Árann agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. Cuir iarratas isteach chuig an CAO.

## ***BREISOIDEACHAS AGUS TRAENÁIL***

Tá cúrsaí breis oideachais agus traenála uile de chuid Teagasc tar éis a bheith tagarmharcáilte agus uasghrádaithe i mblianta déanacha agus anois tá siad creidiúnaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC).

Tá na cúrsaí seo oiriúnach do dhaoine gur mian leo gairm a bheith acu i dtalmhaíocht, i ngortóireacht, i gcapaill nó i bhforaoiseacht ach nach mian leo cúrsa tríú leibhéal a chomhlíonadh. Níl aon íos-riachtanas iontrála oideachais ach is ea is dóchúla ná go bhfaighidh siad siúd atá tar éis an Ardeistiméireacht a chomhlíonadh an méid is mó tairbhe. Osclaíonn na cúrsaí seo réimse leathan de roghanna gairme do rannpháirtithe. Fillfidh go leor daoine ar fheirmeoireacht in inniúlacht lánaimseartha nó páirtaimseartha ach tá ionchais fostaíochta iontacha sna hearnálacha gortóireacht taitneamhachta agus foraoiseachta atá ag forleathnú.

Tá taithí oibre díolta ar chuid comhtháite de na cúrsaí seo ina bhfuil an deis ag rannpháirtithe forbairt a dhéanamh ar na scileanna agus inniúlacht a bhaineann lena ngairm roghnaithe.

D'fhéadfadh rannpháirtithe a bhaineann amach na torthaí riachtanacha aistriú go díreach nó trí Scéim na Nasc Ardoideachais go cúrsaí tríú leibhéal nasctha.

### **Ardteastas i dTalmhaíocht**

Tá an cúrsa 2 nó 2½ bhliain, ag leanúint ar aghaidh go hArdteastas FETAC i dTalmhaíocht, á thairiscint ag sé choláiste talmhaíochta - Béal Átha hÉis, Cloich na Coillte, Goirtín, Cill Daltún, An Creagán agus Pailís Chaonraí. Tá an cúrsa á thairiscint freisin, ar bhonn pháirtaimseartha, ag roinnt ionaid traenála Teagasc. Déantar é a thairiscint istóiche agus ag an deireadh seachtaine do dhaoine a bhfuil postanna páirtaimseartha acu.

### **Ardteastas i nGortóireacht**

Tá an cúrsa seo, a leathnáionn thar dhá bhliain, á sholáthar ag trí choláiste gortóireachta - Garraithe na Lus, Cill Daltún & Warrenstown.

### **Teastas i Scileanna Gortóireachta**

Tá an réamh cúrsa bliana scileanna gortóireachta seo, urraithe ag fás, stiúrtha ag Ionad Teagasc Kinsealy, Bóthar Mullach Íde, Baile Átha Cliath 17.

### **Teastas i Maoirseacht Plásóige**

Soláthraíonn an bloc chúrsa dhá bhliain seo, forasú daingean i scileanna agus eolas praiticiúil agus teicniúil sa limistéar maoirseacht plásóige agus tá sé seachadta ag an gColáiste de Ghortóireacht Taitneamhachta, Garraithe Náisiúnta na Lus, Glas Naíon, Baile Átha Cliath.

### **Ardteastas i mBainistíocht Tréada Déiríochta**

Tá an cúrsa dhá bhliain seo á thairiscint ag Coláiste Talmhaíochta Chloich na Coillte agus Coláiste Talmhaíochta Bhéal Átha hÉis. Tá cuid d'obair an chúrsa seachadta ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT) agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DIT).

### **Ardteastas i mBainistíocht Bairr agus Innealra**

Tá an cúrsa seo tairgthe ag Coláiste Talmhaíochta Chill Daltún, Baile an Phoill, Co Chill Chainnigh. Tá cuid d'obair an chúrsa seachadta ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

### **Ardteastas i mBainistíocht Stoic Thirim**

Tá an cúrsa seo tairgthe ag Coláiste Talmhaíochta Ghoirtín, Baile an Gharraí, Ros Cré, Co Thiobraid Árann. Tá cuid d'obair an chúrsa seachadta ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain.

### **Ardteastas i mBainistíocht Feirme**

Soláthraíonn an clár trí bliana seo, ar mháistir-fheirmeacha formheasta, comhcheangailte le hobair tionscnaimh agus bloc chúrsaí ag Coláiste Chill Daltún, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh, mic léinn leis an deis chun an t-eolas agus na scileanna a fháil do bhainistíocht feirme.

### **Ardteastas i Marcaíocht**

Tá an cúrsa seo tairgthe ag Coláiste Chill Daltún, Baile an Phoill, Co Chill Chainnigh.

### **Ardteastas i bhForaoiseacht**

Tá an cúrsa dhá bhliain seo tairgthe ag Coláiste Teagasc, Béal Átha hÉis, Co an Chabháin.

## **TRAENÁIL AOSAIGH AGUS OIDEACHAIS**

Tá foghlaim ar feadh an tsaoil tábhachtach d'uile agus sa chás seo ní haon eisceacht iad feirmeoirí agus cónaitheoirí tuaithe. Chun freastal ar an t-éileamh seo, soláthraíonn Teagasc réimse cuimsitheach de chlár traenála ag oifigí áitiúla i ngach contae agus ag coláistí.

Gach bliain glacann os cionn 10,000 feirmeoirí agus/nó a bpáirtithe páirt i gcúrsaí ag réimsiú ó 12.5 uair suas go 100 uair. Tá na cúrsaí seachadta i modúil d'fhaid 12.5 nó 25 uair.

Tá na cúrsaí creidiúnaithe go náisiúnta ag FETAC agus tá an rogha ag rannpháirtithe chun modúil a thiomnú agus dul ar aghaidh go dámhachtainí FETAC.

Cúrsaí um:

### **Thalmhaíocht**

- Cúrsa Talmhaíochta 100 uair;
- Réamhchúrsa Bainistíochta 80 uair;
- Modúil Teicneolaíochta agus Gnó;
- Modúil Inmharthanacht Tuaithe;
- Modúil Teicneolaíocht Faisnéise;
- Modúil Timpeallachta/Sábháilteacht Bia;
- Grúpaí Díospóireachta.

### **Éagsúlú Tuaithe**

- Teastas i mBláthadóireacht;
- Teastas i bhFáilteachas Baile Éireannach;
- Modúil Fiontair Mhalarach

## **CÚRSAÍ TIONSCAIL BHIA**

Caithfidh tionscal bia na hÉireann a bheith ábalta caighdeán an tairge atá a sholáthar go tomhaltóirí sár-idirdhealaitheach a ráthú. Chun suíomh an mhargaidh a choinneáil agus a fheabhsú, caithfidh comhlachtaí bia a bheith geallta do thraenáil a bpearsana i dteicneolaíochtaí atá riachtanach i ndéantús bia.

Tá Teagasc mar an phríomhsoláthraí traenála chuig an earnáil próiseáil bia agus miondíola i sábháilteacht bia agus córais caighdeánach, nuálaíocht bia agus forbairt táirgí nua. Soláthraíonn Teagasc traenáil i ngnéithe uile de chaighdeán agus sábháilteacht bia d'fhonn cúnamh a thabhairt do ghnóthaí bia chun freastal ar dhualgais dlíthiúla, riachtanais custaiméara agus dea-chleachtas tionscail.

Tá príomh-láidreachtaí Teagasc faighte ó thairgí leathan san earnáil bia agus nádúr feidhmithe na cláir traenála soláthartha. Ionchorpraíonn go leor dár gclár eilimint phraiticiúil ar an bpost chun an t-aistriú eolais a bharrfheabhsú agus feidhmiú a uasmhéadú.

Tá traenáil tionscail bhia Teagasc soláthartha ag dhá phríomhionad, Ionad Taighde Bia Baile na Fuinseoige, Teagasc, Baile na Fuinseoige, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15, agus ag Ionad Taighde Bia Moorepark, Teagasc, Moorepark, Mainistir Fhear Maí, Co Chorcaí. Tá traenáil soláthartha freisin ag leibhéal áitiúil agus ar shuíomh áit a meastar go bhfuil sé oiriúnach.

### **EOLAS AR CHÚRSAÍ**

Tá eolas sonraithe ar chúrsaí Teagasc uile ar fáil ón Stiúrthóireacht Traenála agus Forbartha, Teagasc, Ionad Kinsealy, Bóthar Mhullach Íde, Baile Átha Cliath 17 agus Ceannoifig Teagasc, Páirc Darach, Ceatharlach chomh maith le coláistí agus oifigí Teagasc áitiúla.

Tá Réamheolaire bliantúil de chúrsaí Teagasc ina bhfuil próifílí d'iar mhic léinn ar fáil freisin ó aon cheann de na láithreacha thuas.

Tá eolas cuimsitheach ar thraenáil Teagasc ar fáil freisin ar láithreán gréasáin Teagasc ag [www.teagasc.ie](http://www.teagasc.ie)

### **FOILSEACHÁIN**

Tá réimse leathan foilseacháin – lámhleabhair, bileoga, feasacháin airgeadais, leatháin taifeadta agus físteipeanna – ar fáil ó Teagasc

*Is féidir sonraí iomlána na bhfoilseachán seo a fháil ó oifigí Teagasc áitiúla nó Oifig na bhFoilseachán., Teagasc, Príomhoifig, Páirc Darach, Ceatharlach. Teil: 059 9183409, Facs: 059 9183498, Ríomhphost: [publications@hq.teagasc.ie](mailto:publications@hq.teagasc.ie)*

## **BORD BIA**

Tá Bord Bia mar ghníomhaireacht forbairt trádála, eolais agus cur chun cinn ar thionscal bia, deoch agus gortóireacht na hÉireann. An misean atá aige ná chun seirbhísí forbairt margaidh, cur chun cinn agus eolais éifeachtach agus nualáioch a sheachadadh chun cúnaimh a thabhairt do chomhlachtaí fás agus gnó nua a bhuanachan.

Oibríonn Bord Bia i gcomhpháirtíocht leis an dtionscal seo chun díolacháin agus onnmhairiú de bhia, deoch agus gortóireacht Éireannach a mhéadú trí caidrimh fadtéarmacha a fhorbairt idir chomhlachtaí Éireannach agus ceannaitheoirí trádála. Baintear é seo amach trí sheachadadh príomhsheirbhísí chuig an chustaiméir - ceannaitheoirí trádála - agus chuig comhlachtaí bia, deoch agus gortóireacht (lena áirítear gortóireacht taitneamhacht) Éireannach.

Feidhmíonn Bord Bia cláir chun caidreamh idir cheannaitheoirí agus comhlachtaí Éireannach a fhorbairt agus a uchtú, lena n-áirítear rannpháirtíocht faoin mbranda an scátha 'Éire Oileán an Bhia' ag taispeántais trádála idirnáisiúnta, agus turais cheannach isteach a chomh-comhordú.

Tá cláir cur chun cinn forbartha chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí margú, ag tairiscint réimse réitigh chun éagsúlacht agus ciumhais iomaíochta a sholáthair do tháirgí Éireannach trí fhógraíocht, chumarsáid meáin agus pointe díolacháin ábhair agus uirlisí eile.

Braitheann rath trádála ar eolas agus conarthaí straitéiseacha iontaofa. Tá tuiscint críochnúil ag Bord Bia ar na hacmhainní agus straitéis ag comhlachtaí bia, deoch agus gortóireacht Éireannacha. Do chomhlachtaí Éireannacha, soláthraíonn Bord Bia eolas agus léargas cuimsitheach ar nósanna margaidh domhanda.

Tá clú de bhia, dheoch agus ghortóireacht Éireannach ríthábhachtach dá rath. Tá Bord Bia tar éis Scéimeanna Dearbhú Cáilíochta a fhorbairt do mhairteoil, mhucéoil, uibheacha agus éanlaithe. San earnáil gortóireachta imdhruideann an clár na príomhearnálacha uile de tháirgeadh lena n-áirítear glasraí páirce, beacháin, torthaí boga agus torthaí, barra cosanta agus prátaí uachtaracha. Tá clár do tháirgeoirí chruastóic phlandlainne, plandaí pota agus plandaí ceapaí i bhfeidhm freisin.

Tá cúnaimh airgeadais dírithe ar fáil chun cúnaimh a thabhairt do chomhlachtaí incháilithe chun a bpleananna agus a ngníomhaíochtaí a fhorbairt. Feidhmíonn Bord Bia dhá chlár deontais airgeadais chun cúnaimh a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a n-acmhainní margú a fheabhsú.

Fostaíonn Bord Bia 91 ball foirne, tá an Cheannoifig i mBaile Átha Cliath agus ocht n-oifig lonnaithe go straitéiseach i margaí onnmhairithe ríthábhachtacha. Tá na hoifigí lonnaithe in Amstardam, i Chicago, i nDüsseldorf, i Londain, i Maidrid, i Milano, i Moscó agus i bPáras.

*Do thuilleadh eolais déan teagmháil le Aonad Faisnéise, Bord Bia, Cúirt Chlann Liam, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01 6685155. Ríomhphost: [info@bordbia.ie](mailto:info@bordbia.ie) Láithreán gréasáin: [www.bordbia.ie](http://www.bordbia.ie)*

### COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN TEORANTA

Coinníonn Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teo réimse staileanna ardchaighdeáin d'fhonn fholaíocht caighdeánacha a chur ar fáil chuig tionscal na gcapall fholúil in Éirinn. Tá na Garraithe Seapánacha agus Garraí Naomh Fiachra, araon atá lonnaithe ar thailte na Graí, chomh maith leis an deis do chuirteoirí seasamh na gcapall ag an nGraí a fheiceáil tar éis a bheith mar dhíol mór spéise do thurasóirí tríd na blianta. Glacann an Graí páirt freisin i ngníomhaíochtaí feirmeoireachta agus traenálar dhaoine d'fhostaíocht san earnáil folaíochta

*Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le Graí Náisiúnta na hÉireann, Tulach, Cill Dara.  
Teil: 045 521251; Ríomhphost [stud@irish-national-stud.ie](mailto:stud@irish-national-stud.ie), Láithreán gréasáin: [irish-national-stud.ie](http://irish-national-stud.ie)*

### GNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA BAINNE

Leanann an Gníomhaireacht Náisiúnta Bainne ar aghaidh ag rialú, ar bhonn náisiúnta, an soláthar bainne do thomhaltas leachta. Tá an gníomhaireacht seo freagrach as clárú soláthraithe agus pasteurálaithe bainne ól agus as na conarthaí soláthair déanta eatarthu leis an gcuspóir de sholáthar bliantúil bainne ól iontaofa chuig an gcustaiméir a chinntiú.

*Tuilleadh eolais; déan teagmháil le Gníomhaireacht Náisiúnta Bainne, Teach IPC, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4. Teil: 01 6603396 [www.nationalmilkagency.ie](http://www.nationalmilkagency.ie)*

## COILLTE TEORANTA

Is comhlacht teoranta príobháideach é Coillte Teoranta, a fheidhmíonn i bhforaoiseacht agus i ngníomhaíochtaí coibhneasach ar bhonn trádála. Tá an comhlacht faoi chomh-úinéireacht ag an tAire Airgeadais agus an tAire Talmhaíochta agus Bia. Bunaíodh an comhlacht faoin tAcht Foraoiseachta, 1988 a leagann amach a aidhmeanna agus dualgais.

Príomh Aidhmeanna:

- Chun feidhmiú ar bhonn trádála agus de réir cleachtais silvicultúir éifeachtach;
- Chun bainistiú a dhéanamh ar na hacmhainní ar fáil i slí atá comhsheasmhach le haidhmeanna an chomhlachta;
- Chun tionscail coillearnaí a bhunú agus rannpháirtíocht le dreamanna eile i bhforaoiseacht agus i ngníomhaíochtaí coibhneasach chun feidhmiú brabúsach an chomhlachta a fheabhsú.

*Do thuilleadh eolais déan teagmháil le Coillte, Bord Foraoiseachta na hÉireann, Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin. Teil: 01 2011111 Láithreán gréasáin: [www.coillte.ie](http://www.coillte.ie)*

## COFORD (COMHAIRLE NÁISIÚNTA DO THAIGHDE AGUS D' FHORBAIRT FORAOISE)

Is gníomhaireacht neamh-reachtúil é COFORD faoi scáth na Roinne. Is iad téarmaí tagartha COFORD ná chun tionscnaimh forbartha a mhaoiniú agus a chomhordú leis an aidhm chun an tionscal foraoiseachta a fhorbairt trí nuálaíocht theicniúil agus dea-chleachtas silvicultúir.

Is iad aidhmeanna foriomlána COFORD ná:

- Chun naisc idir inniúlacht taighde agus riachtanais tionsclaíoch a bhunú agus a láidriú;
- Chun riachtanais taighde foraoise a aithint chun iomaíochas idirnáisiúnta a choinneáil, fostaíocht inbhuanaithe a sholáthar, nuálaíocht a spreagadh agus armóin timpeallachta a fheabhsú;
- Chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn taighde agus teicneolaíocht aistrithe chun uas-leas a chinntiú.

*Do thuilleadh eolais déan teagmháil le COFORD, Tigh Arena, Bóthar Arena, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18. Teil: 01 2130725 , láithreán gréasáin: [www.coford.ie](http://www.coford.ie)*





## *14. SEIRBHÍŚÍ EILE RIALTAIS*

### AN ROINN EALAÍON, SPÓIRT AGUS TURASÓIREACHTA

#### BORD NA gCON

Bunaíodh Bord na gCon ar 28 Bealtaine 1958 faoi Acht Tionscail na gCon, 1958 chun rásaíocht na gcon a rialú agus chun tionscal na gcon a fheabhsú agus a fhorbairt.

#### Feidhmeanna

- Rialú, cur chun cinn agus feidhmiú rásaíocht na gcon;
- Feidhmiú ghealltóireacht suimitheora;
- An rialachán de dhíolacháin phoiblí na gcon;
- Déanamh deontais de dhuaisairgead agus riaradh deontais chun na háiseanna ag raonta a fheabhsú;
- Ceadúnú raonta na gcon agus a n-oifigigh;
- Údarú na ngeallghlacadóirí chun gnó a réachtáil ag raonta agus an bailiúchán de thobhaigh ar gheallta cúrsa;
- An cur chun cinn de onnmhairithe na gcon;
- An rialú foriomlán de chúrsáil.

*Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le Bord na gCon – Bord na gCon, 104, Sráid Henry, Luimneach. Teil: 061 316788 Facs: 061 316739 Ríomhphost: admin@igb.ie Láithreán gréasáin: www.igb.ie*

#### RÁSAÍOCHT CHAPALL ÉIREANN (HRI)

Bunaíodh HRI ar 18 Nollaig 2001 faoi sholáthairtí an Achta um Thionscal Rásaíochta Capall na hÉireann 1994 agus an tAcht um Rásaíocht Capall agus Con 2001 chun áit Údarás Rásaíochta Capall na hÉireann a thógáil lena n-áirítear a Ráschúrsaí, Tote agus fochomhlachtaí Margú Capaill Fholúla na hÉireann agus chun ionchorprú a dhéanamh ar fheidhmeanna riaracháin áirithe an Irish Turf Club.

#### Feidhmeanna

- Forbairt agus cur chun cinn rásaíocht chapall na hÉireann;
- Cur chun cinn an chapail fholúil Éireannach;
- Riaradh socruithe ráis, cláir agus duaisairgead;
- Idirbheartaíocht díolachán cearta na meáin agus sonraí;
- Feidhmiú suimitheoir ag cruinnithe ráis;
- Ionadaíocht de rásaíocht na hÉireann go hidirnáisiúnta;
- Forbairt ráschúrsaí údaraithe;
- Feidhmiú ráschúrsaí atá faoi úinéireacht ag HRI;
- Rialú an fheidhmithe de gheallghlacadóirí údaraithe;
- Tacaíocht airgeadais agus eile chun cúnaimh a thabhairt do riachtanais traenála agus oideachais an tionscail;

- Geallshealbhóireacht de dhuaismhaoiniú lena n-áirítear táillí iontrála agus urraíocht;
- Ag ráthú an costas de sheirbhísí ionracais;
- Riarachán foriomlán de rásaíocht na hÉireann seachas na feidhmeanna sin sainithe i reachtaíocht le bheith bainte amach ag an gComhlacht Rialaitheach Rásaíochta;
- Clárú d'aitheantas, ainmneacha, úinéirí, dhathanna agus ghlacadh iontrálacha agus dearbhuithe na gcapall;
- Tiomsú agus foilsíú an fhéilire agus leabhair reachta rásaíochta;
- Soláthar agus cothabháil trealamh raoin soghluaiste, lena n-áirítear moilliú tosaithe, fótachríoch agus trealamh patróil ceamara.

*Do thuilleadh eolais déan teagmháil le Rásaíocht Chapall Éireann, Thoroughbred County House, An Chill, Co. Chill Dara. Teil: 045 842800 Facs: 045 842801 Ríomhphost: [info@horseracingireland.ie](mailto:info@horseracingireland.ie) láithreán gréasáin [www.horseracing.ie](http://www.horseracing.ie)*

### AN ROINN GNÓTHAÍ POBAIL TUAITHE AGUS GAELTACHTA

#### FIONTAR TUAITHE

Is é LEADER Tionscadal Comhphobail an AE d'Fhorbairt Tuaithe a sholáthraíonn Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta formheasta le maoiniú poiblí (AE agus Náisiúnta) chun pleananna gnó ilearnálacha a chur i bhfeidhm d'fhorbairt a limistéir féin.

Tá LEADER á sheachadadh sa tréimhse reatha 2000 go 2006 trí dhá chlár:

- **LEADER+;**
- **Clár Forbairt Tuaithe Náisiúnta LEADER.**

#### LEADER +

Is í aidhm riachtanach an bhirt, ag a bhfuil ranníocaíocht poiblí de €73.7 milliún, ná teacht chun cinn agus tástáil cur chuige nua go fhorbairt comhtháite agus inbhuanaithe i gcomhphobail tuaithe. Tá an tionscadal i bhfeidhm i 22 limistéir ar fud na tíre.

#### An Clár Forbairt Tuaithe Náisiúnta LEADER.

Tá an Clár Forbairt Tuaithe Náisiúnta LEADER, le ranníocaíocht poiblí de €75.6 milliún, mar chuid de an Clár Oibríocháin Réigiúnacha faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000 - 2006. Comhlánaíonn an Clár an Clár LEADER+ agus cinntíonn sé an infhaighteacht de mhaoiniú sa 13 limistéir nach raibh ainmnithe chun an Clár LEADER+ a sheachadadh. Chomh maith, faigheann an 3 eagrais comhchoiteann (Muintir na Tíre, Laethanta Saoire Feirme na hÉireann agus Laethanta Saoire Tuaithe na hÉireann) nach bhfuil incháilithe faoi LEADER+ cúnaimh faoin gclár seo

Tá maoiniú do Thurasóireacht Tuaithe/Agrai soláthartha ón Chlár seo ar bhonn forleithreach.

#### Conas a dhéanaim iarratas ar dheontas?

Ar dtús, ba chóir duit dul i dteagmháil le do Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta ag a bhfuil freagracht dod' limistéir. Ba chóir go ndéanfaí iarratais ar chúnamh deontais díreach chuig an ngrúpa. Déantar an formheasa de dheontais ag grúpaí laistigh de rialacha oibríocháin sonraithe dréachtaithe ag an Roinn agus formheasta ag Coimisiún an AE.

*Le haghaidh sonraí de Ghrúpaí Gníomhaíochta áitiúla déan teagmháil leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Teil: 01 6473000; Ríomhphost: eolas@pobail.ie; láithreán gréasáin: www.pobail.ie*

#### Cad iad na leibhéil cúnaimh deontais?

Níl LEADER ceaptha le haghaidh mór thionscnaimh forbartha agus bainfidh buaic pointe foriomlán de €65,000 in aghaidh an tionscnaimh le tionscnaimh uile de chuid LEADER+ agus Forbairt Tuaithe Náisiúnta. I gcúinsí eisceachtúla agus faoi réir réamh formheasa na Roinne, d'fhéadfadh cúnaimh suas le €100,000 a bheith bronnta. Mar riail ghinearálta beidh 50% mar an uasráta de mhaoiniú poiblí leis na heisceachtaí seo a leanas:

- Riarachán suas le 100%;
- Beochan suas le 100%;
- Traenáil suas le 100%;
- Anailís agus Forbairt do thionscnaimh comhphobail-bhunaithe suas le 80%.

## **Cad iad na catagóir atá maoiniú ar fáil le haghaidh?**

D'fhéadfadh cúnaimh faoin dá chlár a bheith i bhfoirm tacaíocht do na bearta seo a leanas:

- Traenáil;
- Anailís agus Forbairt;
- Fiontair Tuaithe nuálaíoch, fiontair cheirde agus seirbhísí/áiseanna áitiúla;
- Saothrú táirgí talmhaíochta, foraoiseachta agus iascaigh;
- Feabhsú an timpeallacht nádúrtha/tógtha/sóisialta/cultúrtha;
- Tionscadail neamhdhíobhálach don timpeallacht;
- Tógáil beochana agus inniúlachta.

## **Conas is féidir liom maoiniú a íostarraingt?**

Nuair atá d'arratas tar éis a bheith formheasta ag an mBord agus go bhfuil an litir tairisceana/conartha sínithe agat, is féidir leis an dtionscnamh tosú. Ní féidir le híocaíocht deontais a bheith déanta ach ar chomhlíonadh an tionscnaimh (nó céim so-aitheanta an tionscnaimh), ar ghéilleadh éileamh bailí, cáipéisithe go hiomlán agus ar chigireacht an Ghrúpa maidir le comhlíonadh sásúil an tionscnaimh.

## **CLÁR**

Tugadh an clár CLÁR isteach i 2001 chun freastal ar bhánú, chomh maith leis an laghdú agus easpa seirbhísí i limistéir tuaithe. Tá limistéir in 18 dtíortha, le daonra de 362,000, tar éis a bheith roghnaithe faoin gclár, lena n-áirítear limistéir curtha isteach in Eanáir 2003 i gcomhthéacs sonraí daonáirimh 2002. Is iad na limistéir sa chlár ná iad siúd a fhulaing an laghdú daonra is mó ó 1926 go 2002 le meán chaillteanas daonra de 50%. Tá Leithinis Uí Chúille mar an eisceacht, a cuireadh san áireamh ar bhonn na deacrachtaí dáiríre a bhí ann de bharr an Galar Crúibe is Béil.

Maoiníonn nó comh-mhaoiníonn CLÁR, i dteannta Ranna eile, gníomhaireachtaí Stát agus údaráis áitiúla, infheistíocht i bhforbairtí tosaíochta roghnaithe ag tabhairt tacaíocht do bhonneagar fisiceach, eacnamaíoch agus sóisialta thar réimse leathan de bhearta.

Caitheadh maoinuithe CLÁR de €14.139 milliún i 2002, €8.613 milliún i 2003 agus €12.116 milliún i 2004 ar na bearta seo le caiteachas poiblí agus príobháideach de nach mór €36.5 milliún. Riaradh buiséad de €13.7 milliún chuig an gclár do 2005.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó CLÁR, Rannóg Forbartha Tuaithe 1, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, 43/49 Bóthar Mespil, Baile Átha Cliath 4. Teil: 01 6473197*

### SCÉIM SHÓISIALTA TUAITHE (SST)

#### AIDHM NA SCÉIME

Is iad aidhmeanna na scéime ná chun na nithe seo a leanas a sholáthar:

- Seirbhísí áirithe tairbheach do chomhphobail tuaithe trí na scileanna agus tallanna ar fáil i measc feirmeoirí agus iascairí íseal-ioncain a ghabháil;
- Tacaíocht ioncain d'fheirmeoirí agus iascairí íseal-ioncain atá ag fáil íocaíochta leasa shóisialaigh speisialaithe, fadtéarmach go príomha.

#### CÉ ATÁ INCHÁILITHE?

Tá an scéim dírithe, go príomha, ar fheirmeoirí atá ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh fadtéarmach, ach ligfidh na rialacha feirmeoirí íseal-ioncain isteach freisin. Chun a bheith incháilithe chun rannpháirtíocht caithfidh an duine aonair a bheith ag fáil:

- Cúnamh Feirme\*; **nó**
- uimhir tréada a bheith acu agus a bheith ag fáil ceann de na híocaíochtaí Leasa Shóisialaigh fadtéarmach seo a leanas: Cúnamh Dífhostaíochta;  
Cúnamh Dífhostaíochta;  
Sochar Dífhostaíochta, má rabhtas ar Fhostaíocht Pobail cheana;  
Liúntas Míchumais.

Beidh céile cleithiúnaigh dhuine cáilithe incháilithe chun rannpháirtíocht sa scéim freisin mar ailtéarnach, .i. in ionad an céile lena bhfuil an uimhir tréada riartha.

Ní féidir le hiarratasóirí rathúla don scéim atá ag fáil Cúnamh Feirme, Cúnamh Dífhostaíochta nó Sochar Dífhostaíochta an íocaíocht seo a fháil ón Roinn chomh fada agus a bhíonn siad rannpháirteach sa scéim.

\* Féach leathanach 153 le haghaidh sonraí na Scéime Cúnamh Feirme

#### TÉARMAÍ AN SST

Oibreoidh rannpháirtithe 19.5 uair in aghaidh na seachtaine agus beidh an scéim riartha i tslí atá cairdiúil i dtreo feirmeoirí. Is féidir le rannpháirtithe a gcuid uaireanta a obair i slí solúbtha, .i. seachtain oibre/seachtain saor, ach beidh an solúbthacht seo faoi réir riachtanais an tionscnaimh ar a bhfuil siad ag obair an t-am ar fad. Ní bheidh cead ag rannpháirtithe dul i mbun aon obair suntasach eile, seachas feirmeoireacht nó iascaireacht, ag fáil íocaíocht os cionn €88.88 in aghaidh na seachtaine. Rachaidh rannpháirtithe i mbun na scéime ar feadh 1 bhliain i dtosach ach is féidir le seo a bheith forleathnaithe. Sa chás go bhfuil níos mó éileamh ná áiteanna ar fáil ag deireadh an chéad téarma tabharfar tús áite d'iontráilaithe nua. Mar sin féin, is féidir leo siúd atá tar éis a dtréimhse bliana de rannpháirtíocht ar an scéim athiarratas a dhéanamh an bhliain dar gcionn nuair a bhainfidh na coinníollacha céanna.

## **CÉN OBAIR A BAINFEAR AMACH?**

Titfidh an obair a bheidh le baint amach ag rannpháirtithe ar an scéim isteach sna catagóirí leathan seo a leanas:

- Tionscnaimh maidir le cothabháil agus feabhsú slite slímharcáilte, siúlóidí, bóithre portaigh aontaithe srl.;
- Tionscnaimh feabhsúcháin baille agus tuaithe;
- Obair cothabhála comhshaoil – cothabháil agus airíochas d'áiseanna comhphobail agus spóirt;
- Tionscnaimh bainte le hionaid chultúrtha agus oidhreachta neamh-bhrabúsacha;
- Obair chaomhnú fuinnimh do dhaoine aosta agus gan puinn airgid;
- Cúram Shóisialta agus cúram na n-aosach, grúpaí comhphobail tar éis na scoile agus grúpaí comhphobail

Beidh na catagóirí seo coimeáda faoi athbhreithniú.

## **BAINISTÍOCHT NA SCÉIME**

Beidh an SST seachadta ag leibhéal áitiúil ag na comhlachtaí LEADER agus sna limistéir Gaeltachta ag na comhlachtaí LEADER agus Údarás na Gaeltachta.

*Toisc go mbeidh an scéim seo riartha ar leibhéal áitiúil, ba chóir duit i ngach cás teagmháil le d'Oifig áitiúil de chuid LEADER, nó Údarás na Gaeltachta le haghaidh tuilleadh eolais, nó le haghaidh foirm iarratais.*

## AN ROINN FIONTAR, TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA

### ÍOS-MHÉID ÍOCAÍOCHTA AGUS COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA D'OIBRITHE TALMHAÍOCHTA

Tá íosrátaí pá agus coinníollacha fostaíochta dlíthiúla d'oibríthe talmhaíochta leagtha ag an gCúirt Oibreachais ar mholadh Comhchiste Oibreachais na n-Oibríthe Talmhaíochta. Tá sé mar dhualgas ag fostaíthe, faoi phionóis, rátaí pá a íoc agus coinníollacha fostaíochta a leanacht, nach bhfuil níos fabhraí ná iad a shainigh an t-Ordú Rialaithe Fostaíochta a rinne an Chúirt. Tá na hoibleagáidí a leag ginearáltacht reachtaíochta fostaíochta eile orthu freisin m.sh. an tAcht um Eagrú Ama Oibre, an tAcht um Chosaint Daoine Óga agus an tAcht um Íoc Pá agus srl.

Clúdaíonn an t-Ordú Rialaithe Fostaíochta oibríthe talmhaíochta atá i mbun feirmeoireachta déiríochta, feirmeoireachta éanlaithe, úsáide talaimh mar thalamh féaraigh nó talamh úlloird nó saileánaigh nó coillearnaigh, nó do ghairdíní margaidh, ghairdíní príobháideacha, talamh plandlainne nó talamh spóirt, gairneoireacht, táirgiú aon táirgí inchaite a fhástar le díol nó aon úsáid eile, cúram nó tógáil nó oiliúint ainmhithe agus aon ghníomhaíochtaí teagmhasacha a bhaineann le talmhaíocht.

Tá dualgas ar fhostóir aon oibrí (i.e. oibríthe atá clúdaithe ag an Ordú), faoi phionóis, taifead a choimeád ar phá, íocaíocht, uaireanta oibre agus srl. agus ní mór dó nó di na taifid sin a choimeád ar feadh trí bliana.

Cuireann Cigireacht Oibreachais an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta forálacha an Ordú Rialaithe Fostaíochta i bhfeidhm. Tá cumhacht ag cigirí dul isteach in áitreabh, leathanaigh pá agus taifid eile a scrúdú, agallamh a chur ar na fostóirí agus oibríthe atá i gceist agus imeachtaí dlíthiúla a chur ar bun (más gá).

*Tá cóipeanna d'Orduithe Rialacháin Fostaíochta Comhchiste Oibreachais na nOibríthe Talmhaíochta ar fáil ón Chúirt Oibreachais, Teach Tom Johnson, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4, Teil: 01 6136666 agus ón Aonad Faisnéise, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Teach Mhic Dhaibhéid, 65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2, Teil: 01 6313131. Ba chóir go gcuirfí fógra de ghearáin, maidir le sárú an Ordaithe agus sárú na reachtaíochta fostaíochta chuig Rannóg an Chigireachta Oibreachais na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.*

## AN ROINN COMHSHAOIL AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL

### SCÉIM FHEABHSÚCHÁIN ÁITIÚLA: OIBREACHA BÓTHAIR FEIRME

Faoin Scéim Fheabhsúcháin Áitiúla, cuirtear deontais stáit ar fáil do Chomhairlí Contae chun cur ar a gcumas bóithre garaíochta neamhphoiblí a fheabhsú. Iarrtar ar na tairbhíthe, eatarthu, cur le cuid de chostais na scéimeanna. Tá Comhairlí Contae freagrach as an Scéim a riar, as an ranníocaíocht a bhailiú agus as oibreacha incháilithe a roghnú agus a thabhairt chun críche. Mar sin ba cheart iarratais ar eolas, foirmeacha iarratais agus srl. a chur chuig an gComhairle ábhartha.

### CÁNACHAS AGUS ÚSÁID TARRACÓIRÍ

Is é an ráta caighdeánach mótarchánachais do tharracóirí tarlaithe ghinearálta ná €253 in aghaidh na bliana, ach féadann an t-úinéir arbh é feirmeoireacht an t-aon ghairm amháin nó príomhghairm atá aige nó aici, nuair a íocann sé nó sí ráta laghdaithe go mór de €78 in aghaidh na bliana, a t(h)arracóir a úsáid do tharlú a t(h)áirgí talmhaíochta féin, earraí atá ag teastáil dá f(h)eirm féin, teach feirme agus foirgnimh san áireamh, agus earraí cosúlachta do fheirmeoir eile ar choinníoll nach bhfuil luach saothair á fháil d'iad a iompar.

Cuireann lamháltais bhreise atá ar fáil d'úinéirí tarracóirí a ghearrtar cáin orthu ag an ráta €78 ar chumas na n-úinéirí sin:

- tarlú, le haghaidh luach saothair, bainne chuig uachtarlann nó stáisiún deighilte uachtair, bainne deighilte ó uachtarlann nó stáisiún deighilte uachtair, nó soithigh bainne chuig agus ó uachtarlann nó stáisiún deighilte uachtair;
- tarlú, le haghaidh luach saothair, beostoc le duine a chónaíonn gan níos faide ná dhá mhíle ó áit chónaithe an tarraingeora, chuig nó ó fheirm agus chuig nó ó cheant, mhargadh nó aonach beostoic. Coinnítear an lamháltas seo do laethanta ar a tharlaíonn an ceant, margadh nó aonach agus tá sé teoranta do fhaid fiche míle ag bóthar poiblí ó áit chónaithe an tarraingeora.

### Leathnaíonn an ráta cánach €78 freisin do tharracóirí le comharchumainn thalmhaíochta agus a úsáidtear do:

- tarlú do fheirmeoirí, ar choinníoll nach luach saothair lena aghaidh, táirgí a bhfeirmeacha agus earraí atá ag teastáil do na feirmeacha;
- tarlú do fheirmeoirí, le haghaidh luach saothair, bainne chuig uachtarlann nó stáisiún deighilte uachtair, bainne deighilte ó uachtarlann nó stáisiún deighilte uachtair agus soithigh bainne chuig agus ó uachtarlann nó stáisiún deighilte uachtair.

Níl trucaílí, veaineanna, jípeanna agus feithiclí eile gearrtha síos dá leithéid rangaithe mar tharracóirí talmhaíochtaí fiú amháin má tá innill nó gearbhoscaí athchóirithe acu.

Níor cheart paisinéir a iompar ar tharracóirí ach amháin má tá suíochán ceart ann. Níor cheart ach go háirithe paisinéir a iompar ar bharr tarraingthe ar bharr ualaigh (m.sh ualach féir) ar an leantóir. Ba cheart aire speisialta a thabhairt áit a bhfuil leanaí óga ann. Níor cheart tarracóirí agus innealra a fhágáil sa bhealach a d'fhéadfadh leanaí óga cur isteach orthu. Níor cheart ligean do leanbh tarracóir a thiomáint ar aon chúinse.

Níor cheart do fheirmeoirí, atá ag úsáid tarracóirí agus leantóirí talmhaíochta chun táirgí talmhaíochta a tharlú, na cleachtais ualaithe seo a leanas a úsáid:

- framaí an-arda a úsáid ar leantóirí –chun ualú táirgí a éascú ar ard a d'fhéadfadh seasmhacht, tiomáint agus coscánú meascán tarracóra/leantóra talmhaíochta a chur i mbaol;
- dul thar an uasmheáchan feithicle atá ceadaithe go dlíthiúil nó ollmheachán feithicle an dearaidh –tá Bileog Mhíniúcháin (Uimh. 1) ar uasmheáchain agus uasthoisí feithiclí de réir an dlí ar fáil, saor in aisce, ón Roinn Iompair, Rannóg Caihdeáin Feithicle, Urlár 1, 25 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2. Is é OMF an dearaidh ná an t-uasmheáchan ar a bhfuil an coscánú, stiúradh agus srl. deartha chun oibriú go slán; agus is féidir é a shocrú ó shonraíocht an déantúsóra don tarracóir nó leantóir (ar fáil ó dhíoltóirí nó dháileoirí).

Cuireann na cleachtais thuas an tiománaí tarracóra agus úsáideoirí bóthair eile i mbaol, d'fhéadfadh an t-úinéir nó tiománaí tarracóirí bheith faoi réir ionchúisimh mar thoradh air; agus, i gcás timpiste, d'íocaíocht aon chúiteamh mór do aon tríú páirtithe gortaithe.

### CLÁR UISCE TUAITHE

Riarann na húdaráis áitiúla an Clár Uisce Tuaithe agus tá sé déanta suas de roinnt beart chun dul i ngleic le heaspaí i:

- scéimeanna uisce tuaithe;
- gcórais bheaga uisce poiblí agus séarachais i sráidbhailte tuaithe;
- soláthair phríobháideacha aonar áit nach bhfuil soláthar grúpa nó poiblí eile ar fáil.

Caithear €644 mhilliún ar bhearta chun soláthair uisce tuaithe a fheabhsú faoin bPFN 2000-2006;

- Caithear €451 milliún sa Réigiún Teorann, Lártíre agus Iartharach;
- €193 milliún i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir.

Seo a leanas na deontais agus fóirdheontais atá ceaptha chun scéimeanna grúpa a bhfuil easpa cáilíochta iontu a thógáil suas le caihdeán sásúil agus forbairt agus méadú na hearnála uisce grúpa a chothú:

### SCÉIMEANNA UISCE GRÚPA

- Suas le 100% de chostas trealamh riachtanach cóireála agus díghalraithe uisce áit a bhfuil sé sin á gcur ar fáil trí mheán conartha Dear Tóg Oibrigh (Design, Build, Operate, DBO);
- Deontas caipitil do scéimeanna nua agus uasghrádú scéimeanna reatha suas le 85% de chostas faoi réir uaschostais de €7,618.43 in aghaidh tí a dhéantar freastal air.

### FÓIRDHEONTAS I DTREO COSTAIS OIBRIÚCHÁIN SCÉIMEANNA UISCE GRÚPA

Beidh méid an fhóirdheontais ionann le 100% den chaiteachas cáilithe mar atá faofa ag an údarás áitiúil, faoi réir teorann de :

- €50.79 do gach teach a sholáthraítear dó ó fhoinsé údarás áitiúil;
- €101.58 do gach teach a sholáthraítear dó ó fhoinsé phríobháideach;
- €196.81 do gach teach áit a chuirtear díghalrú agus/nó cóireáil uisce ar fáil faoi chonradh Dear, Tóg, Oibrigh nó áit a bhfuil an plána díghalraithe/cóireála uisce oibrithe ag coimeáda ag conraitheoir trí mheán Conartha bona fide Oibríúcháin agus Cothabhála.

## **SOLÁTHAIR UISCE AONAR**

Tá deontais ar fáil do sholáthar nó fheabhsú soláthar aonar i dtithe, atá níos mó ná 7 mbliana d'aois nach bhfuil ceangailte do sholáthar uisce scéime poiblí nó grúpa. Is é an t-uasdeontas teaghlaigh ná €2,031.58 faoi réir uasmhéid de 75% den chostas.

*Tá Foirmeacha Iarratais agus Meamraim Mínteach ag rialú coinníollacha na scéimeanna seo ar fáil trí teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Idirchaidrimh an Chláir Uisce Tuaithe ag do Chomhairle Chontae áitiúil.*

## **DEONTAIS EILE**

Íocann an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil an deontas seo a leanas go díreach freisin:

An deontas um athnuachan agus dheisiú díonta tuí tithe.

*Is féidir sonraí an deontais seo a fháil ón Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil ar 01 8882000, 096 24200 nó ar Lóghlao: 1890 305030*

Ina theannta, cuireann an Roinn maoiniú ar fáil d'údarás áitiúla chun cur ar a gcumas réimse roghanna tithíochta sóisialta a fheidhmiú, lena n-áirítear tionscnaimh tithíochta deonaí, clár tithíochta údarás áitiúil, scéimeanna tithíochta inacmhainne, an scéim úinéireachta roinnte, iasachtaí céannachta agus feabhsúcháin tí, deontas um dhaoine faoi mhíchumas agus dheisiúcháin riachtanacha agus an scéim oibreacha feabhsúcháin in áit tithíocht údarás áitiúil.

Tá sonraí na roghanna tithíochta sóisialta ar fáil ó d'údarás áitiúil.

### **AN ROINN IOMPAIR**

#### **SÁBHÁILTEACHT TARRACÓRA**

Ní mór frámaí sábháilteachta a fheistiú do gach tarracóir a úsáidtear in áit phoiblí agus tá siad faoi réir na ngnáthdlithe a rialaíonn trácht bóthair lena n-áirítear ceadúnú tiománaí, árachas, mótarachánachas, soilsiú feithicle, agus srl. Is ábhar rogha atá i cumhdach a fheistiú don fhráma i. cab sábháilteachta. Is é cuspóir an fhráma ná an tiománaí a chosaint ó iompú an tarracóra. Comhlíonfaidh frámaí sábhála riachtanais Treoracha Formheasa Cineáil an AE agus rialacháin um Thrácht ar Bhóithre na hÉireann.

Nuair atáthar ag iompar ábhair scaoilte mar shadhlas, sciodar, ghaineamh, ghairbhéal, agus srl., ba cheart aire speisialta a thógáil chun cinntiú nach ndoirteann ábhar ar bhóthar poiblí – d'fhéadfadh na doirtidh sin bheith freagrach as timpistí. Ba cheart ualaigh teile nó ábhair dheannachúla nó conamar nó ábhair urghrána eile a chlúdú ina n-iomlán le tarpól.

Feithiclí a ghluaiseann go mall atá sa chuid is mó de tharracóirí agus innealra talmhaíochta agus tá tábhacht faoi leith ag baint leis an riail ghinearálta mar atá coinneáil ar chlé.

## AN tÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Is iad talmhaíocht agus tógáil an dá earnáil d'eacnamaíocht na hÉireann is mó a bhfuil riosca ag baint leo fós. Anuraidh tharla thar 50% de gach bás láithreach oibre sa dá earnáil sin. Fuair 15 dhuine bás i dtimpistí ar fheirmeacha i 2005. Bhí naonúr a maraíodh níos mó ná seasca bliain d'aois; bhí seachtar acu níos mó ná seasca is a cúig bliana d'aois. D'fhulaing níos mó daoine díobhálacha troma.

Tá an tÚdarás Sláinte agus Sabhailteachta leagtha amach ar oibriú i gcomhpháirtíocht leis an bpobal feirmeoireachta chun an líon bás agus timpistí ar fheirmeacha a laghdú. Ní tharlaíonn cleachtas maith sláinte agus sábháilteacht gan aon iarracht, ní mór am a chaitheamh air agus iarracht a dhéanamh ach tá an luach saothair mór. Déan cinnte go dtugann tú an tús áite atá tuillte aige don tasc tábhachtach sin agus choinneois go léir slán ar an bhfeirm!

Is é an pointe tosaithe do bhainistíocht mhaith sláinte agus sábháilteachta ar fheirm ná ráiteas sábháilteachta a réitiú. De réir dlí caithfidh ráiteas sábháilteachta a bheith ag gach feirm. D'fhéadfadh ionchúiseamh bheith mar thoradh ar gan ráiteas a cheapadh. Aithníonn an ráiteas sábháilteachta na guaiseacha ar an bhfeirm agus leagann sé amach na céimeanna nach mór tógáil chun na rioscaí sin a laghdú.

Ceapadh Lámhleabhar ar Shábháilteacht Feirme agus cáipéis Féinmheasúnaithe ar Shábháilteacht Feirme nua athdhéanta chun an tAcht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag Obair 2005 a thógáil san áireamh. Freisin tá leagan feirme den Phlean Córas Slán Oibre beartaithe.

*Moltar d'fheirmeoirí cóip a fháil den Lámhleabhar ar Shábháilteacht Feirme – leabhrán deá-léirithe ag míniú conas sláinte agus sábháilteacht a láimhseáil ar an bhfeirm, nó aon fhoilseachán coibhneasach. Tá siad seo ar fáil ó Michael Neville, Rannóg an bhFoilseachán, Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, 10 Plás Uí Ógáin, Baile Átha Cliath 2. Teil: 1890 289 389/01 6147806 nó ríomhphost publications@has.ie*

## CLÁRLANN NA TALÚN

Tá oifigí ag Clárlann na Talún i mBaile Átha Cliath (ag Sráid na Seansaireachta, Baile Átha Cliath 7 ag Ionad Setanta, Sráid Nassau, Baile Átha Cliath 2, agus ag Bloc 1, Ionad Irish Life, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1) agus i bPort Láirge, ag Bóthar Chorcaí, Port Láirge.

Cuireann Clárlann na Talún an chéad chlárlú de gach maoin sa Stát ar fáil agus cláraíonn sé plé leis an maoin ina dhiaidh. Coimeádann an Chlárlann cláir d'úinéireacht talamh ruilse, leasa léasacha agus cearta agus dualgais a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar mhaoin.

<b>Sráid na Seansaireachta</b>	Lóghlao 1890 333001 nó Teileafón 01 6707500 An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, An Longfort, Lú, An Mhí, Muineachán agus an Iarmhí.
<b>Ionad Setanta</b>	Lóghlao 1890 333001 nó Teileafón 01 6707500 Baile Átha Cliath, An Clár, Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach.
<b>Irish Life</b>	Lóghlao 1890 333001 nó Teileafón 01 6707500 Cill Dara agus Cill Mhantáin
<b>Port Láirge</b>	Lóghlao 1890 333002 nó Teileafón 051 303000 Corcaigh, Ceatharlach, Ciarraí, Cill Chainnigh, Laoise, Luimneach, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann, Loch Garman agus Port Láirge.

I dteannta leis na hoifigí sin, tá oifig áitiúil i ngach contae (ach amháin Baile Átha Cliath agus Port Láirge) atá ceangailte le hOifig na Cúirte Cuarda. Cuireann gach oifig áitiúil bealach rochtana ar fáil do gach Fóiló, Léarscáil Plean Comhdaithe agus Innéacs Ainmneacha do gach contae.

Féadann coimeádaithe cuntas an t-eolas sin a fháil trí Sheirbhís Rochtana Leictreonaí Chlárlann na Talún. Do thuilleadh eolais ar an tSeirbhís sin seiceáil ár láithreán gréasáin [www.landregistry.ie](http://www.landregistry.ie) le do thoil.

Féadann an t-úinéir cláraithe aon cháipéis atá comhdaithe sa lár-oifig faoina ndéantar clárú a théann i bhfeidhm ar a m(h)aoin a scrúdú agus cóip den cháipéis a fháil. Freisin féadann úinéar cláraithe teastas dá t(h)eideal chun na maoin, ar a dtugtar Teastas Talún a fháil. Is féidir an Teastas Talún a fháil mar chomhthaobhach chun iasachtaí a fháil ó institiúidí airgeadais.

Coimeádtar léarscáil Clárlainne sa lár-oifig, ar a bhfuil gabháltais léirithe agus ar a bhfuil cearta, mar chearta slí sainithe. Is féidir an léarscáil Clárlainne a scrúdú agus is féidir léarscáileanna cóipe, a léiríonn pleananna faoi leith, a fháil.

Riartar an Scéim Céannachta Bunchíosa ó Chlárlann na Talún san Ionad Irish Life (Teileafón 01 6707500 nó Lóghlao 1890 333001).

*Is féidir tuilleadh eolais ar Chlárlann na Talún a fháil ó láithreán gréasáin na Clárlainne ag [www.landregistry.ie](http://www.landregistry.ie)*

## **MET ÉIREANN**

### **RAIDIÓ**

Tugtar réamhaisnéisí aimsire ‘beo’ sonraithe roinnt uaireanta go laethúil ar RTÉ Raidió 1. Tugtar réamhaisnéise aimsire ‘beo’ sonraithe roinnt uaireanta go laethúil ar RTÉ Raidió 1. Freisin áirítear réamhaisnéisí Met Éireann le Feasacháin Nuachta ar RTÉ Raidió 1, RTÉ 2FM, Today FM agus an chuid is mó de stáisiúin raidió Áitiúla.

### **TEILIFÍS**

Cuirtear réamhaisnéisí aimsire Met Éireann i láthair ar RTÉ 1 agus RTÉ 2 go leor uaireanta sa lá agus bíonn cuid acu ar siúl ag an am céanna leis na príomhamanna nuachta. Tugann an láithreachas roimh 14.00 ar an Domhnach réamhaisnéis don tseachtain atá romhainn agus tá sé dírithe go príomha, ar fheirmeoireacht. Bíonn réamhaisnéis ghearr aimsire ag an gcuid is mó d’achóimrí nuachta teilifíse.

### **RABHAIDH**

Áirítear rabhaidh seaca do shaothraitheoirí torthaí in Aibreán agus Bealtaine leis na gnáth-réamhaisnéisí nuair is gá. Cuirtear rabhaidh faoi choinníollacha aimsire atá oiriúnach do scaipeadh dúchan phrátaí leis na príomh-réamhaisnéisí, áit a bhfuil sé cuí, idir Bealtaine agus Meán Fómhair. Eisítear foláirimh aimsire troime do bháisteach an-trom (tuilte) gaotha láidre agus sneachta.

### **WEATHERDIAL Ó MET ÉIREANN**

Déantar nuashonrú ar an eolas aimsire is deireanaí 3 huairé sa lá, gach lá ach glaoch ar “1550 123” agus an uimhir do do limistéar:

MUMHAN	850
LAIGHEAN	851
CONNACHT	852
ULADH	853
BAILE ÁTHA CLIATH	854
CEANTAR NA FARRAIGE /RABHAIDH GÁLA	855

Réamhaisnéisí/cairteanna/táirgí eitlíochta trí fhacs. 1570 131 838 (Dialaigh ón tonfhón atá ceangailte le do mheaisín facs)

Cosnaíonn glaonna €0.95 (guth) in aghaidh an nóiméid, €1.75 (facs). CBL san áireamh.

S.P: iTouch, 3050 Céide an Locha, Páirc Dhigíteach Iarthar na Cathrach, Co Bhaile Átha Cliath.  
Teil: 01 411 2021

Do réamhaisnéisí deartha go speisialta (inmhuirir): Teil: 01 8064255, Facs: 01 8064275.

### **PÁIPÉIR NUACHTA**

Foilsítear réamhaisnéis don tseachtain romhainn, go feirmeoirí go speisialta, i roinnt nuachtán seachtainiúil náisiúnta, feirmeoireachta agus áitiúil.

## OIFIG NA gCOIMISINÉIRÍ IONCAIM

### IMPLEACHTAÍ CÁNACHA SCÉIME NA hAONÍOCAÍOCHTA

Dlítear cáin ar an aoníocaíocht mar **ioncam**. Gearrfaí cáin uirthi faoi Sceideal D, cé acu Cás I nó Cás IV, ag brath ar imthosca. Is sócmhainn inmhuirir í an teidlíocht íocaíochta chun críocha **gnóthachan caipitiúil**. Is féidir í a dhíúscairt trína díol, trína bronnadh srl. ach a sealbhaítear í. Na gnóthachain inmhuirir a eascraíonn ó idirbhearta sa teidlíocht íocaíochta; is leis an CGC ar an ngnáthbhealach a ghearrfar iad.

Dlítear cáin **fháltais caipitiúil** dála aon sócmhainne eile ar aistrithe na teidlíochta íocaíochta, bídfís trí bhronntanas nó trí oidhreacht, agus tagann siad faoi réir ghnáthrialacha na cánach fáltais caipitiúil. Is amhlaidh ámh a aithneofar aistrithe na teidlíochta íocaíochta mar aistrithe maoinne talmhaíochta chun críche Fhaoiseamh Talmhaíochta na cánach fáltais caipitiúil.

Is maoin do thadhail í an teidlíocht íocaíochta chun críocha **dhleacht stampa** agus tiocfaidh dlíteanas don dleacht stampa ag na rátaí maoinne neamhchonaithí aníos ar ionstraim aistrithe teidlíochta íocaíochta ar an gcomaoin a bheidh iníochta as aistriú na teidlíochta íocaíochta nó as luach margaidh na teidlíochta íocaíochta i gcás an bhronntanais. Féadann dlíteanas i leith an dleachta stampa éirí aníos freisin faoi alt 31 de Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, ar chonradh i leith dhíola teidlíochta íocaíochta.

Ní fheidhmíonn aoníocaíocht mar chomaoin as aon soláthar idir an feirmeoir agus an Stát, agus is amhlaidh dá réir í a bheith lasmuigh de scóip na **CBL**. Tá cúinsí ann ina dtiocfaidh dlíteanas CBL aníos, ámh, óir an teidlíocht íocaíochta a bheith inaistrithe leis an talamh nó gan é

### CÁIN IONCAIM/CÁIN CHORPARÁIDE/CÁIN GHNÓTHACHAN CAIPITIÚIL

Bíonn na brabúis ó cheird/thrádail na feirmeoireachta agus ó ghnóthachain chaipitiúla ar dhíúscairt sócmhainní áirithe inmheasta os coinne/i leith na cánach ioncaim agus na cánach gnóthachan caipitiúil, faoi seach; mar ar trádálaí aonair é an feirmeoir. Bíonn na brabúis agus na gnóthachain sin inmheasta os coinne na cánach corparáide i gcás na gcuideachtaí feirmeoireachta, seachas sa chás go ndéanann an chuideachta talamh a dhíúscairt, mar a mbaineann an muirear le cáin ghnóthachan caipitiúil.

### FAOISEAMH TALMHAÍOCHTA Ó CHÁIN FHÁLTAIS CAIPITIÚIL

**Alt 89 den Acht Comhdhlúite Cánach Gnóthachan Caipitiúil 2003 atá Infheidhmithe i leith Bronntanas agus Oidhreachtá Araon**

- 1) Sainmhínítear “Maoin Talmhaíochta” mar “thalamh talmhaíochta, féarach agus coillearnach atá suite sa Stát agus barra, crainn agus scrobarnach ag fás ar an talamh sin, agus áirítear léi na foirgnimh fheirme, tithe feirme agus tithe móra úd (i dteannta leis na tailte lena ngabhann) a n-oireann a gcarachtar go hionchúil leis an maoin, agus innealra feirme, beostoc agus eallach foláíochta ar an talamh sin”.
- 2) Chun críocha an fhaoisimh, ciallaíonn “feirmeoir” duine aonair a chónaíonn in Éirinn agus ar maoin talmhaíochta é 80% d’oll-luach margaidh a sócmhainní an Dáta Luachana, tar éis dóibh bronntanas nó oidhreacht a thógáil. Ní fheidhmíonn an critéar cónaitheacha agus an tástáil “80%” i gcás na maoinne talmhaíochta ar crainn agus scrobarnach atá uirthi.
- 3) Ríomhtar an faoiseamh i leith bronntanas agus oidhreachtá an 23 Eanáir 1997 nó ina dhiaidh trí luach margaidh na “Maoinne Talmhaíochta” a laghdú ag bunráta de 90%.

- 4) Aistarraingítear an faoiseamh má dhíoltar an mhaoin nó má soláthraítear go héigeantach é laistigh de shé bliana ó dháta an bhronntanais/na hoidhreacht, agus nach n-athcheannaítear maoin talmhaíochta eile laistigh d'aon bhliain amháin, **nó nach bhfuil an tairbhí ina gcónaí sa Stát ar feadh na dtrí bliana cánach go léir díreach tar éis na bliana cánach a dtarlaíonn an dáta luachana.**

Tá bileog mhínitheach ar fáil (Agricultural Relief -CAT 5) ina leagtar amach na sonraí iomlána ó Rannán na gCánacha Caipitiúla, An tSeirbhís Chomhairleach Cáiníocóra, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2, Lóghlao: 1890 201104 Facs: 01 6790049

*Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Rannóg na gCánacha Caipitiúla, An tSeirbhís Chomhairleach Cáiníocóra, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2, Lóghlao: 1890 201 104*

## **DLEACHTANNA STAMPÁLA**

Is cánacha inmhuirir iad na Dleachtanna Stampála ar cháipéisí tráchtála agus dlíthiúla áirithe, agus a úsáidtear le húinéireacht maoine a aistriú. Seasann stampaí múnlaíthe ar cháipéisí don dleacht féin. Mura stampáiltear go cúí gníomhas lena n-aistrítear an úinéireacht, ní féidir brath air le teideal don mhaoin a chruthú. Is iad na dleachtanna stampála is mó aithne ag daoine orthu na dleachtanna stampála ar iníochta iad ar sheiceanna, 15c, agus an dleacht stampa ar iníochta é ar dhíol agus an talaimh. Bíonn impleachtaí dleachta stampála ann i gcónaí le breithniú pé uair a cheannaítear maoin, ar nós talaimh agus foirgneamh. Gearrtar an dleacht ar an luach nó an chomaoin, a íoctar ar mhaoin nó, i gcás bronntanais, ar a luach margaidh oscailte. Ba cheart an CBL a eisiádh de réir mar is infheidhmithe ón gcomaoin inmhuirir. Is iad na rátaí reatha ar aistriú dhíol maoine seachas scaireanna nó urrúis indíolta:

## **DLEACHT STAMPA AR MHAOIN CHÓNAITHEACH**

<b>Comaoin Chomhiomlán</b>	<b>Ráta don Cheannaitheoir den Chéad Uair</b>	<b>Ráta Iomlán</b>
Níos lú ná €127,000	Díolmhaithe	Díolmhaithe
€127,001 - €190,500	Díolmhaithe	3%
€190,501 - €254,000	Díolmhaithe	4%
€254,001 - €317,500	Díolmhaithe	5%
€317,501 - €381,000	3%	6%
€381,001 - €635,000	6%	7.5%
Níos mó ná €635,000	9%	9%

## DLEACHT STAMPA AR MHAOIN NEAMHCHÓNAITHEACH

Comaoin Chomhiomlán	Ráta
Nach sáraíonn €10,000	Diólmhaithe
€10,001 - €20,000	1%
€20,001 - €30,000	2%
€30,001 - €40,000	3%
€40,001 - €70,000	4%
€70,001 - €80,000	5%
€80,001 - €100,000	6%
€100,001 - €120,000	7%
€120,001 - €150,000	8%
Níos mó ná €150,000	9%

Gearrtar an Dleacht Stampála freisin ar na nithe seo a leanas:

- Seiceanna ag 15c in aghaidh an tseic;
- Cártaí ATM ag €10 in aghaidh na bliana;
- Cártaí Laser ag €10 in aghaidh na bliana;
- Comhchártaí ATM/Laser ag €
- Cártaí creidmheasa agus muirir ag €40.

Bíonn an dleacht stampála iníoctha nuair a aistrítear maoin laistigh den neasteaghlach, ach gearrtar é ag leath an ráta is gnách a fheidhmítear.

Cuir i gcás: má aistríonn feirmeoir a f(h)eirm de luach neamhchónaitheach ar an margadh oscailte de €200,000 chuig a m(h)ac/(h)iníon, bíonn dleacht stampála inmhuirir ann ar €200,000 ag ráta éifeachtach de 4.5% (os coinne na 9% a luaitear sna rátaí féin.) Ní bhíonn aon dleacht stampála ar mhaoin a aistrítear trí mheán na n-oidhreachtaí.

Ní bhíonn dleacht stampála inmhuirir ann i leith aistrithe aon mhaoine idir céilí.

Tagann pionóis i bhfeidhm mura stampáiltear in am na cáipéisí imhuirir don dleacht stampála.

Níl aon dleacht stampála ann trí chéile ar aistrithe beostoic agus innealra feirme, ach sa chás go n-aistrítear an mhaoin sin in éineacht leis an talamh, is féidir méid an dleachta is iníoctha a mhéadú. Mar shampla, má cheannaíonn feirmeoir feirm ar €65,000 tiocfaidh muirear ar dhleacht stampála ón ngníomhas aistrithe ag ráta neamhchónaitheach 4%, i. €2,600. Má cheannaíonn sé/sí stoc agus innealra ag an am céanna agus mar chuid de cheannach na feirme, ámh; agus luach tuairim €20,000 aige, beidh an dleacht iníoctha ansin ar €65,000 ag 6% i. €3,900. Is amhlaidh é seo de bharr na comaoine iomláine a íocadh ar an tsraith idirbheart a bheith idir €80,001 agus €100,000.

## FAOISEAMH DON FHEIRMEOIR ÓG ATÁ OILTE

Foráiltear in alt 81A d'fhaoiseamh ó dhleacht stampála ar aistriú, trí mheán bronntanais nó díola talaimh thalmhaíochta (lena n-áirítear foirgnimh) d'fheirmeoirí óga oile a shásaíonn coinníollacha áirithe. Feidhmíonn an faoiseamh do ghníomhas a ritear roimh 31 Nollaig 2005 ach beidh síneadh leis ar feadh trí bliana breise mar chuid den Cháinfhaisnéis 2006, chuig 31 Nollaig 2008. Forálfar dó sin sa Bhille Airgeadais 2006.

Ní fheidhmítear an faoiseamh i leith léasanna nó mar a mbíonn cumhacht cúlghairme ann. Is ann don fhaoiseamh seo trí laghdú 100% sa dleacht stampa a chaithfí a íoc murach é. Caithfidh an t-aistrí bheith ina bhfeirmeoir óg oilte, de réir mar a shainítear san Acht, chun is go gcaileoidís. Ní foláir do na daoine sin, tráth an dáta a ritheadh an ionstraim féin:

- bheith faoi bhun 35 bliain d'aois;
- bheith i seilbh ceann de na cáilíochtaí mar a leagtar amach san fhoirm SD2A atá ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim ó aon cheann de na 3 hoifig a liostaítear thíos nó ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) faoin gceannteideal 'Leaflets and Guides' - 'Stamp Duty' – 'SD 2A'; agus
- dearbhú a thabhairt leis an éifeacht ar feadh na tréimhse chúig bliana ó dháta rite an aistrithe;
- nach gcaithfidh sé nó sí níos lú ná 50% dá g(h)náthuaireanta oibre ag obair ar an talamh féin;
- go gcoinneoidh sé nó sí úinéireacht an talaimh;
- go dtabharfaidh sé nó sí a (h)uimhir PSP.

I dteannta na gcoinníollacha sin, ní foláir teastas a bheith sa ghníomhas aistrithe leis an mbrí go bhfeidhmítear forálach Alt 81A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampála, 1999 don aistriú. Foráiltear san alt freisin d'aisíoc an dleachta a íocadh i líon teoranta imthosca.

### **FAOISEAMH COMHDHLÚITE FEIRME**

Is in Alt 81B den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampála 1999 a fhaightear na forálacha a bhaineann leis an bhFaoiseamh Comhdhlúite Feirme. Foráiltear leis an bhfaoiseamh nach ngearrfar aon dleacht stampála ar mhalartú tailte mar a bhfuil teastas comhdhlúite baili ann ina leith ag am mhalartú na dtailte sin, agus mar a bhfuil luach comhionann ag na tailte úd.

Is teastas é an teastas comhdhlúite arna eisiúint ag Teagasc chun críocha an fhaoisimh do gach feirmeoir lena mbaineann i gcás malartú tailte. Aithnítear sa teastas na tailte i gceist, úinéirí na dtailte sin, agus deimhnítear leis go bhfuil Teagasc sásta go gcomhlíonann an malartú tailte (nó go gcomhlíonfaidh sé) le coinníollacha an chomhdhlúite. Is féidir tuilleadh eolas faoi conas teastas comhdhlúite a fháil ó oifigí áitiúla Theagasc.

Sa chás nach bhfuil luach comhionann ag na tailte a mhalartaítear, ní ghearrfar dleacht stampála ach amháin ar mhéid an difir um luach na dtailte lena mbaineann. Is é an ráta neamhchónaitheach is íomchuí don mhéid inmhuirir seo an ráta dleachta stampála (m.sh. malartaíonn Feirmeoir A agus Feirmeoir B talamh dar luach €90,000 agus €65,000 faoi seach, agus íocann Feirmeoir B méid airgid de €25,000 mar chomluach. Is ionann an dlíteanas dleachta stampála agus €500 i. €25,000 @2%). Is é Feirmeoir B a íocfaidh an dleacht stampála seo, an té dá n-aistrítear an talamh is mó luacha. Mar a n-íoctar comaoin i ndáil leis an difear (nó le cuid den difear) sna luachanna sin, ní mór í a íoc i bhfoirm airgid.

Feidhmeoidh an faoiseamh d'ionstraimí a ritheadh an 1 Iúil 2005 nó ina dhiaidh agus an 30 Meitheamh 2007 nó ina dhiaidh sin.

Is féidir tuilleadh mionsonraí i leith an fhaoisimh seo a fháil sa bhileog 'SD81B' atá ar fáil ó aon cheann de na hoifigí a liostaítear thíos agus ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) freisin faoin gceannteideal "Leaflets and Guides" – "Stamp Duty" – "SD81"

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Réigiún Stampála Bhaile Átha Cliath, Réigiún Bhaile Átha Cliath, Foirgneamh Stampála, Caisleán Bhaile Átha Cliath, nó Oifig Dhleacht Stampála Chorcaí, Réigiún Thiar Theas, Títhe an Rialtais, Cé Uí Shúilleabháin, Corcaigh nó ó Oifig Dhleacht Stampála na Gaillimhe, Réigiún Teorann, Láirtire agus Iartharach, Teach an Chustaim, Sráid na Tuile, Gaillimh*

### CÁIN BHREISLUACHA

Is cáin ar chaitheamh na dtomhaltóirí í an Cháin Bhreisluacha (CBL). Is iad trádálaithe atá cláraithe i gcomhair CBL a bhailíonn í ar a soláthairtí earraí agus seirbhísí dá gcuid custaiméirí. Gearrann gach trádálaí sa slabhra soláthair ón táirgeoir go dtí an miondíoltóir CBL ar d(h)íolacháin inchánach, agus bíonn sé/sí i dteideal an CBL a íocadh ar c(h)eanacháin ghnó a asbhaint den tsuim sin (cé is moite de roinnt eisceachtaí m.sh. cairr, peitreal, béilí agus caiteachais siamsaíochta).

Chun críocha na CBL is feirmeoir é an duine a théann i mbun ghníomhaíochtaí táirgthe talmhaíochta ar thalamh leis/léi nó atá ina s(h)eilbh sa Stát. Tagraíonn 'táirgeadh talmhaíochta' chun críocha ginearálta na CBL, do tháirgeadh na n-earraí talmhaíochta (m.sh. táirgeadh barr; feirmeoireacht ghinearálta stoic; feirmeoireacht éanlaithe; an fhoraoiseacht; agus iascaigh) agus/nó soláthar seirbhísí talmhaíochta (m.sh. cur agus plandú; spraeáil barr; baint; aoireacht stoic, tógáil agus ramhrú; agus leagan crann).

### RÁTAÍ CBL

Ní mór don fheirmeoir atá cláraithe i gcomhair CBL ag an ráta iomchuí ar s(h)oláthairtí d'earraí agus seirbhísí inchánach. Taispeántar na rátaí a fheidhmíonn d'earraí agus seirbhísí éagsúla talmhaíochta sa tábla seo a leanas:

Ráta CBL	Earraí agus Seirbhísí Talmhaíochta
Ráta nialais	Plandáí/síolta/bleibeanna don táirgeadh bia; Plandú/cur don táirgeadh bia.
4.8%	Eallach, caoirigh, muca, capaill, fianna, gabhair agus cúnna beo.
13.5%	Obair thógála feirme; draenáil agus míntíríú talaimh; Plandú/cur seachas don táirgeadh bia; Spraeáil barr; Baint; Aoireacht stoic; tógáil agus ramhrú; Leagan crann; Seamhan buaibheach.
21%	Fruiliú innealra; Léasú cuóta bainne (gan an talamh); lompar; Stóráil.

### FEIRMEOIRÍ – DUALGAS CHUN CLÁRÚ DON CBL

Ní mór d'fheirmeoir clárú i gcomhair CBL má sháraíonn na láimhdeachas ó sholáthairtí áirithe, nó más dócha go sáróidh siad, an tairseach ábhartha do na soláthairtí úd thar thréimhse dhá mhí dhéag. Is iad seo a leanas na soláthairtí sin, in éineacht leis na tairseacha láimhdeachais ábhartha:

- soláthairtí seirbhísí talmhaíochta (seachas seirbhísí inseamhnaíthe, aoireacht stoic nó tógáil stoic) a sháraíonn, nó ar dócha go sáróidh siad €27,500;
- soláthairtí seamhain bheostoic, seachas d'fheirmeoirí atá ceadúnaithe mar ionad don Inseamhnú Saorga, nó do dhuine faoi rial an fheirmeora, agus a sháraíonn, nó ar dócha go sáróidh, €55,000;
- soláthairtí táirgí gairneoireachta miondíola a sháraíonn, nó ar dócha go sáróidh siad, €55,000;

**Nóta:** Mar a bhfuil soláthairtí an fheirmeora ina seirbhísí dá dtagraítear chomh maith in (a), chomh maith leis na hearraí dá dtagraítear in (b) nó (c), is í an tairseach ábhartha €27,500

- (d) éadálacha in-Phobail<sup>1</sup> a sháraíonn, nó ar dócha go sáróidh siad, €41,000;
- (e) Seirbhísí an Ceathrú Sceideal<sup>2</sup>, beag beann ar a luach
- (f) soláthairtí d'earraí inchánach, seachas earraí talmhaíochta, a sháraíonn, nó ar dócha go sáróidh siad €55,000;
- (g) soláthairtí seirbhísí inchánach, seachas seirbhísí talmhaíochta, a sháraíonn nó ar dócha go sáróidh siad €27,500.

Má tá dualgas ar fheirmeoir éigin clárú i leith a s(h)eirbhísí Cheathrú Sceideal (dá dtagraíonn alt (e)), ní foláir dó/di cuntas a thabhairt don CBL freisin i ndáil lena n-éadálacha in-Phobail (dá dtagraíonn alt (d)), beag beann ar luach na n-éadálacha in-Phobail.

Má tá dualgas ar fheirmeoir clárú i leith a (h)éadálacha in-Phobail ar sheirbhísí Cheathrú Sceideal, déantar an clárú sin a 'imfhálú' go héifeachtach i leith na n-éadálacha in-Phobail agus/nó na seirbhísí Cheathrú Sceideal. Níl aon dualgas ar an bhfeirmeoir clárú i leith a g(h)níomhaíochtaí feirmeoireachta.

Ar ndóigh, sa chás go bhfuil dualgas ar fheirmeoir clárú don CBL i ndáil le soláthairtí aon earraí nó seirbhísí eile, mar a imlínítear in ailt (a), (b), (c), (f) agus (g) thuas, ní mór dó/di cuntas a thabhairt don CBL i ndáil le gach gníomhaíocht dá c(h)uid, lena n-áirítear an fheirmeoireacht.

## **FEIRMEOIRÍ – ROGHA CHUN CLÁRÚ DON CBL**

An feirmeoir nach gá dóibh clárú i gcomhair CBL, is féidir leo roghnú chun clárú.

Más mian le feirmeoir a roghnaigh chun clárú i gcomhair CBL a c(h)lárú a chealú ina dhiaidh sin, féadann sé/sí cealú trí shocrú lena c(h)eantar áitiúil de chuid na gCoimisinéirí loncaim. Féadann na Coimisinéirí loncaim aisghabháil chuid éigin nó iomlán na CBL glaine a aisíocadh leis an bhfeirmeoir le linn na tréimhse ar roghnaigh sé/sí clárú ina leith ag na Coimisinéirí loncaim teacht as seo, ámh.

## **TAIFID AGUS AISCHUIR**

Tá iallach ar fheirmeoir CBL-cláraithe chun taifid a choinneáil ar cheannacháin agus dhíolacháin ionas gur féidir leis/léi aischuir CBL démhíosúil a chríochnú (m.sh. Eanáir/Feabhra, Márta/Aibreán, Bealtaine/Meitheamh, Iúil/Lúnasa, Meán Fómhair/Deireadh Fómhair agus Samhain/Nollaig). Tá aischur CBL do gach tréimhse dé-mhíosúil dlite ar an 19ú lá an mhí i ndiaidh deireadh na tréimhse ábhartha. Má sháraíonn CBL gearrtha ar dhíolachán an CBL a tabhaíodh ar cheannacháin, ba chóir íocaíocht a bheith in éineacht leis an aischur mar atá iomchuí. Má sháraíonn an CBL a tabhaíodh

<sup>1</sup> Is earraí iad 'éadálacha In-Phobail' ó trádálaithe CBL-cláraithe i mBallstáit eile an AE. Le haghaidh tuilleadh sonraí faoi éadálacha in-phobal maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta, féach ar dhuilleog eolais na gCoimisinéirí loncaim, *Farmers and Intra-EU Transactions* (CBL uimh. 12/01).

<sup>2</sup> Is seirbhísí áirithe iad 'seirbhísí an Ceathrú Sceidil' a fhaightear ó thar lear agus atá san áireamh ar liosta na seirbhísí a fhoráladh sa Cheathrú Sceideal don Acht CBL, 1972. Is samplaí iad ar a leithéid de sheirbhísí gur féidir leo a bheith faighte ón iasacht le linn gníomhaíochta feirmeoireachta ná seirbhísí cuntasíochta seirbhísí dlí innealtóireacht/aitireacht seirbhísí comhairliúcháin seirbhísí teileachumarsáide agus formáil hire nó innealra agus trealamh. Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach ar bhileog eolais de chuid na Coimisinéirí loncaim, *Fourth Schedule Services* (CBL uimh. 2/04).

### 'MÉID BREISE AR RÁTA COMHRÉIDH'

Níl feirmeoirí nach bhfuil cláraithe do CBL i dteideal aighabháil a dhéanamh ar an CBL a gearradh ar a gcuid costais feirmeoireachta (m.sh. innealra feirme, leictreachas srl.) I gcoitinne, tugtar cúiteamh do a leithéid de fheirmeoirí as ucht na táillí CBL trí úsáid méid ar ráta comhréidh (4.8% faoi láthair) a bhíonn á chur leis na praghsanna lena dhíolann siad a gcuid táirgí agus seirbhísí le daoine atá CBL-cláraithe (m.sh. margaí, comharchumainn talmhaíochta agus monarchana feoil). Cuirtear an 'méid breise ar ráta comhréidh' ar an méid cúitimh seo. Cuirtear 'feirmeoirí ar ráta comhréidh' ar fheirmeoirí nach bhfuil cláraithe do CBL, agus atá i dteideal íocaíochta an mhéid bhreise ar ráta comhréidh dá réir sin.

Mar shampla,

Díolann feirmeoir ar ráta comhréidh méid áirithe bainne a tháirgeadh ón a t(h)réad déiríochta le comharchumann talmhaíochta CBL-cláraithe do €1,000.

Is é an méid breise ar ráta comhréidh ag 4.8% ná €48.

Gearrann an feirmeoir €1,048 ar an gcomharchumann.

### AISIÓCAÍOCHTAÍ CBL AR FHOIRGNIMH FHEIRME AGUS OIBREACHA DRAENÁLA TALAIMH

I gcoitinne, tá sé de theideal feirmeora ar ráta comhréidh aisíoc a fháil ar CBL a dhéanann sé/sí maidir le caiteachas ar fhoirgnimh fheirme agus oibreacha draenála talaimh.

Caithfidh éilimh do aisíoc a bheith críochnaithe ar an bhfoirm iomchuí (Foirm CBL 58). Bíonn éilimh singil a thagann chuig níos lú ná €125 neamhcheadaithe. Is féidir go mbeadh a leithéid de éilimh léirithe le héilimh eile ón éilitheoir céanna chomh fada agus a sháraíonn an comhluach an éilimh iomlán €125.

Má tá feirmeoir ar ráta comhréidh cláraithe do CBL maidir le éadálacha In-Phobal agus/nó seirbhísí na Ceathrún Sceidil amháin, bheadh sé/sí fós i dteideal aisíoc CBL a rinne sé maidir lena leithéid de oibreacha. É sin ráite, seachas a bheith ag déanamh éilimh faoi leith do aisíoc, ba chóir don aisíoc a bheith éalaithe mar asbhaint ón méid CBL iníochta ag an bhfeirmeoir leis a (h)aischuir féiltiúil CBL.

### COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ TÁIRGTHE BAINNE

Is féidir go bhfaigheadh feirmeoirí ar bith atá ag smaoineamh ar bhunú Chomhpháirtíochta Táirgthe Bainne é a bheith úsáideach chun bileog eolais na gCoimisinéirí loncaim a léamh, "VAT Issues for Milk Production Partnerships" (Uimh. CBL. 1/04).

*Is féidir tuilleadh eolais ar seo nó ar aon cheist eile ó láithreán gréasáin na gCoimisinéirí loncaim ag [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) nó ó do réigiún áitiúil de chuid na gCoimisinéirí loncaim.*

### AN PLEAN BAINISTÍOCHTA COTHAITHE FEIRME FAOI ALT 659 DEN ACHT UM CHOMHDHLÚTHÚ CÁNACHA, 1997

Is féidir le gach feirmeoir ag leanúint Plean Bainistíochta Cothaithe Feirme leas a bhaint as an liúntas rialaithe truaillithe feirme do chaiteachas capitiúil in Alt 659 den Acht um Chomhdhlúthú Cánacha, 1997 faoi réir srianta áirithe.

Beidh an Plean Bainistíochta Cothaithe feirme de réir ceann den mhéid seo a leanas:

- plean Agra-thimpeallachta arna ullmhú faoin Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS);
- plean arna ullmhú faoin Scéim Bainistíochta Cothaithe Dobharcheantair an Éirne;
- Plean Bainistíochta Cothaithe Feirme arna ullmhú de réir na treoirlínte a eisíodh ag an Roinn

*Is féidir na treoirlínte d'ullmhú Plean Bainistíochta Cothaithe Feirme a fháil ó Oifigí Talmhaíochta, Comhshaoil agus Struchtúr (AES) na Roinne (féach liosta d'oifigí AES ag Aguisín 1B).*

*Is féidir tuilleadh eolais maidir le soláthair Alt 659 den Acht um Chomhdhlúthú Cánacha, 1997 a fháil ó oifigí áitiúla na gCoimisinéirí Ioncaim.*

## **SUIRBHÉIREACTH ORDANÁIS NA hÉIREANN**

Tairgeann Suirbhéireacht Ordanáis Éireann raon leathan de léarscáilíocht i bhformáidí páipéir agus digiteacha. Is iad ár gcuid léarscáileanna ar scála-mór de cheantair tuaithe na rudaí is mó spéise don phobal feirmeoireachta– tá na léarscáileanna seo ar scála 1:2500/1:5000 do cheantair tuaithe agus cheantair leath-tuaithe agus ar scála 1:10,000 do réigiúin sléibhtiúla. Tá an tír go léir clúdaithe beagnach ag léarscáilíocht ar scála 1:2500 le léarscáileanna níos sin ar scála 1:2500 athchurtha anois ag léarscáilíocht nua ar scála 1:5000. Mar shampla, clúdaíonn gach 1:2500 ceantar thart faoi 300 heicteár agus léiríonn sé foirgnimh, fála, lintéir, aibhneacha agus bóithre srl. Os rud é go léiríonn léarscáileanna 1:2500 ceantair pháirceanna is féidir leo a bheith fíor úsáideach mar bhunús do phleanáil feirme: is féidir úsáid a bhaint astu chun taifid a choinneáil ar sciota, ar áitribh na lintéar nó seochanna faoi thalamh agus ar thorthaí an tsuirbhé chré. Is táirgí iad aerfótagrafaíocht agus aera-ortagrafadóireacht gur féidir úsáid a bheith bainte astu mar fhoinse eolais don phobal feirmeoireachta, is féidir le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann clúdach náisiúnta a sholáthar de aerfótagrafaíocht agus aera-ortagrafadóireacht a tógadh i 1995 (D/B) agus 2000 (ildaite) óna oifigí díolacháin i bPáirc an Fhionnuisce.

Is féidir le léarscáilíocht a bheith curtha ar fáil ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus a ngréasán de ghníomhairí mar dhuillíní caighdeánacha nó mar sheirbhís suímh lárnaigh de réir éilimh, i bhfoirm pháipéir nó digiteach.

San áireamh leis na roghanna tá:

- Scála ar bith;
- Ceapa páipéir nó in roinnt formáidí digiteacha;
- Léarscáileanna ilchodacha;
- Tomhas páipéir A4 go A0;
- Téamaí roghnaithe do tháirgí digiteacha;
- Pacanna Pleanála.

Tá léarscáileanna stairiúla de 6 orlach agus 25 orlach ar fáil chomh maith, ach ní thaispeánann na léarscáileanna 6 orlach na blúirí talaimh áfach.

### **SONRAÍ Ó LÉARSCÁILEANNA DIGITEACHA**

Tá sonraí den tsaghais Íomhá Digiteach (gréasán) agus sonraí den tsaghais Gnéithe Digiteach (veicteoir) ar fáil i roinnt formáidí caighdeánacha tionsclaíocha agus cuirtear ar fáil iad i roinnt roghanna meáin. Is féidir leis na sonraí den tsaghais veicteoir digiteach agus gréasán a bheith ceaptha le sonraíochtaí an chustaiméara. I 2006, beidh gréasán gníomhairí Léarscáileanna Áite de chuid Suirbhéireacht Ordanáis Éireann in ann léarscáilíocht a sholáthar i bhformáid digiteach. Beidh sé indéanta léarscáilíocht digiteach a cheannach chomh maith ó phríomh-oifig díolacháin de chuid Suirbhéireacht Ordanáis Éireann ag Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath.

### **AERFÓTAGRAFAÍOCHT**

Tá clúdach náisiúnta ar scála-ghrianghrafadóireachta 1:30,000 agus 1:40,000 ar fáil. Tógadh an ghrianghrafadóireacht seo i 1995 agus 2000 agus cruthófar sraith nua le linn 2005/06 ; tá ceantair roghnaithe eile ar fáil idir scála-ghrianghrafadóireachta 1:5000 go 1:20,000. Tá aerfótagrafaíocht ar fáil mar phríontaí dubh agus bán agus il daite araan.

### **CONAS TEACHT AR LÉARSCÁILEANNA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Tá gníomhairí Léarscáileanna Áite Suirbhéireachta Ordanáis i mBaile Átha Cliath, Muileann gCearr, bPort Láirge, gCill Chainnigh, gCill Airne, gCorcaigh, Gaillimh, Luimneach, gCabhán, mBaile Átha Luain agus i Sord ina bhfuil léarscáilíocht i bhformáid páipéir nó digiteach ar fáil le bheith ceannaithe, glacann cuid mhaith de na daoine seo na horduithe trí ghuthán agus facs. Mura bhfuil a leithéid indéanta, is féidir léarscáilíocht a fháil ó Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath. Teil: 01 8025349, Facs: 01 8220979. Nuair a ordaíonn tú léarscáileanna ar scála mór - léarscáileanna ar scála 1:1000, 1:2500, 1:5000, 25 orlach nó 6 orlach, bíonn sé riachtanach ionad an ghabháltais a shonrú nó gnéithe eile atá á chlúdach ag an léarscáil, bheadh sé níos fearr má shonraítear an baile fearainn ina bhfuil an gabháltas.

Is féidir le raon táirgí Turasoireachta agus Áineasa Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann a bheith ceannaithe ar líne ónár siopa léarscáileanna ar líne [www.irishmaps.ie](http://www.irishmaps.ie) agus ó siopaí leabhair maithe. Is féidir níos mó eolas a fháil maidir lenár ár gcuid táirgí agus seirbhísí ónár láithreán gréasáin [www.osi.ie](http://www.osi.ie) nó trí teagmháil a dhéanamh lenár Roinn Díolacháin Léarscáileanna - Teil: 01 8025349.

*Is féidir ainmneacha agus seoltaí ár ngníomhairí Léarscáileanna Áite a fháil ar ár láithreán gréasáin nó trí glaoch a chur ar ár láthair fáiltithe i bPáirc an Fhionnuisce: Teil: 01 8025300 Teil: 01 8025300*

## AN ROINN GNÓTHAÍ SÓISIALACHA AGUS TEAGHLAIGH

### SCÉIM UM CHÚNAMH FEIRME

#### Cad is Cúnamh Feirme ann?

Is é is brí le cúnamh feirme ná íocaíocht seachtainiúil faoi thástáil acmhainne d'fheirmeoirí ar ioncam íseal.

#### Cé h-íad gur féidir leo a bheith incháilithe do Chúnamh Feirme?

Cáileoidh tú má:

- Tá tú i do fheirmeoir;
- Tá tú idir 18 agus 66 bliana d'aois;
- Sásaíonn tú tástáil acmhainne.

#### Conas a oibríonn an tástáil acmhainne?

D'fhonn cáiliú do Chúnamh Feirme, caithfidh tú tástáil acmhainne a shásamh, is é sin, go bhfuil do acmhainn faoi bhun leibhéal áirithe.

San áireamh le do acmhainn tá:

- Ioncam ar bith atá agat féin nó ag do chéile/pháirtí;
- Maoin atá agat féin nó ag do chéile/pháirtí (seachas do theach);
- Sócmhainn(i) eile a d'fhéadfadh ioncam a fhoráil duit.

#### Cé mhéid gur féidir liom a fháil?

Má cháilíonn tú, cuimseoidh do íocaíocht ráta pearsanta duit féin le méideanna breise do dhuine fásta lán cháilithe agus cleithiúnaigh leanaí. Déantar ríomhaireacht ar do ráta seachtainiúil íocaíochta trí dhealú ó do mheasúnú acmhainne seachtainiúil ón uasráta Chúnamh Feirme a bheadh iníoctha duit mura raibh acmhainn ar bith agat.

Is iad na rátaí seachtainiúla do Chúnamh Feirme ná

	€
Uasráta Pearsanta	165.80
Liúntas do Dhuine Fásta Cáilithe (*)	110.00
Gach Cleithiúnach Linbh Lán Ráta (**)	16.80
Leath Ráta	8.40

#### Tabhair faoi deara:

(\*) Tá an méid seo iníoctha má tá ollsaothar ioncam seachtainiúil de €88.88 nó níos lú ag do chéile/pháirtí (is é an neamhaird seachtainiúil ná €100.00 ó Bhealtaine 2006). Is féidir go mbeadh méadú ar ráta laghdaithe a bheith iníoctha má tá ollsaothar/ioncam seachtainiúil idir €88.89 agus €240.00 ag do chéile/pháirtí (méadú ar ráta laghdaithe iníoctha má tá saothair seachtainiúla idir €100.00 agus €250.00 ó Bhealtaine 2006).

(\*\*) Tá méadú de €16.80 iníoctha do gach leanbh cleithiúnach má fhaigheann tú méadú do dhuine fásta cáilithe. I gcás mura gcáilíonn tú do a leithéid de mhéadú is féidir go mbeadh méaduithe ar leath ráta do leanbh cleithiúnach iníoctha.

#### Conas a n-íoctar é?

Má cháilíonn tú, íocfar íocaíochta ar bhonn seachtainiúil. Is féidir go ndéanfá rogha go mbeadh do airgead íoctha go díreach i do chuntas bainc (Aistriú Ciste Leictreonaigh) nó trí Dhréacht Poist ag do Oifig Phoist áitiúil.

### Conas a ndéanfainn iarratas?

Is féidir leat iarratas a dhéanamh do Chúnamh Feirme trí fhoirm iarratais a chomhlánú, FARM 1, atá ar fáil ó:

- Do Oifig Áitiúil Leasa Sóisialta;
- Líne Bileoga Lóghlao na Roinne - 1890 20 23 23;
- Nó ar-líne ag [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

*Le haghaidh tuilleadh eolais ar Chúnamh Feirme déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh Áitiúil (féach eolai teileafóin áitiúil le haghaidh sonraí). Tá eolas ar fáil freisin ar láithreán gréasáin na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)*

### Ranníocaíochtaí Deonacha

Níl feirmeoirí a fhaigheann Cúnamh Feirme inárachais níos mó de réir Aicme S. Is féidir go mbeifeá i dteideal Ranníocaíochtaí Deonacha a íoc áfach.

*Le haghaidh tuilleadh sonraí déan teagmháil le Rannóg na Ranníocaíochtaí Deonacha, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Seirbhís Leasa Shóisialaigh, Bóthar Chorcaí, Port Láirge Teil: 051 356000*

## ÁSPC DO CHÉILÍ FEIRME

### Céilí Feirme & ÁSPC: An Seasamh Ginearálta Reatha

Eisiann reachtaíocht leasa sóisialta reatha céilí ó dhliteanas ÁSPC mar ranníocóirí fostaithe agus féinfhostaithe araon. Aithníonn an t-eisiámh seo na deacrachtaí praiticiúla i socrú nádúir chaidrimh fostaíochta dílis in imthosca áirithe mar shampla nuair a rangáitear duine a fhostáitear faoi chonradh seirbhíse (m.sh. mar fhostaí) ag a c(h)éile mar ranníocóir “eisiata” faoi dhlí an leasa shóisialaigh. De thoradh sin, ní féidir le céilí feirmeoireachta ÁSPC a íoc ach amháin má tá siad bainteach le ceann de thrí chás.

